


Luach Fadtéarmach Inbhuanaithe a Sholáthar

Tuarascáil Bhliantúil agus
Ráitis Airgeadais
2022



Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta
National Treasury Management Agency



Is comhlacht Stáit é GBCN a sholáthraíonn seirbhísí bainistíochta sócmhainní agus dliteanais don Rialtas. Is é cuspóir na Gníomhaireachta sócmhainní agus dliteanais phoiblí a bhainistiú ar bhonn tráchtála agus stuama.



Clár Ábhar

Réamhrá

- 4 Ráiteas an Chathaoirligh
- 6 Athbhreithniú an Phríomhfheidhmeannaigh

Athbhreithniú Gnó


- 10 Cistiú agus Bainistiú Fiachais
- 22 Ciste Infheistíochta Straitéisí na hÉireann
- 30 An Gníomhaireacht Náisiúnta Forbartha Airgeadais
- 42 NewERA
- 48 An Gníomhaireacht um Éilimh ar an Stát

Faisnéis Rialachais agus Chorporáideach

- 58 Baill den Gníomhaireacht
- 60 An Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí na Gníomhaireachta
- 66 Tuarascálacha Coiste
- 70 Bainistíocht Riosca
- 78 Foireann Bainistíochta Feidhmiúcháin
- 79 Ionchuimsiú, Éagsúlacht agus Muintearas
- 81 Gníomhú ar son na hAeráide agus Inbhuanaítheacht

Ráitis Airgeadais

213 Punann Infheistíochtaí - CISE



Fiosraigh ar líne

Tabhair cuairt ar ár láithreán gréasáin chun teacht ar eolas breise: www.ntma.ie Lean sinn agus glac páirt sa chomhrá

GBCN

Sracfhéachaint ar 2022

Cistiú agus Bainistiú Fiachais



Tá GBCN freagrach as iasacht thar ceann an Rialtais agus an Fiachas Náisiúnta a bhainistiú d'fhonn a chinntiú go mbeidh leachtacht ar fáil don Státhchiste agus an t-ualach úis a íoslaghdú sa mheántéarma

Cistiú Fadtéarmach

€7.3bn

Eisíodh €7.1bn de bhannaí tagarmhairc ar mheántoradh ualaithe 1.10% agus baineadh meánaibíocht ualaithe 14.8 bliain amach. Tiomsaíodh €0.2bn sa bhreis ó dhá shocrúchán phríobháideacha ag a raibh aibíochtaí 60 agus 100 bliain.

Eisíodh Banna Nua 10 mBliana trí Shindeacáitiú

€3.5bn

Tiomsaíodh €3.5bn den chistiú fadtéarmach €7.3bn ó bhanna nua 10 mbliana a dhíol in idirbheart sindeacáite in Eanáir.

Banna	Ainmniúil €bn	Toradh	Dáta Aibíochta
0.35% 2032	3.5	0.387%	18/10/2032

Laghdú ar Fhiachais

€11bn

Tháinig laghdú €11bn anuas go dtí €225bn ar an Fhiachas an Rialtais Ghinearálta ag deireadh 2022. Ba é seo an chéad laghdú a tháinig air ó 2019 agus ba é an fiachas ba mhó ó bhí 2014 ann.

Is féidir níos mó a léamh **ar leathanach 10**

Ciste Infheistíochta Straitéisí na hÉireann



Rialaíonn agus bainistíonn GBCN Ciste Infheistíochta Straitéisí na hÉireann (CISÉ) ar a bhfuil sainordú reachtúil chun infheistiú a dhéanamh ar bhonn tráchtála ar bhealach atá ceaptha chun tacú le gníomhaíocht eacnamaíoch agus fostaíocht sa Stát.

Feidhmíocht Infheistíochta

€2bn

torthaí carntha ó cuireadh tús leis faoi dheireadh 2022, 2.9% sa bhliain ó cuireadh tús leis.

Infheistiú in Éirinn

€16.7bn

atá i gceist leis an méid iomlán a gealladh d'Éirinn, ina gcuimsítear comhinfeistíocht ag comhpháirtithe san earnáil phríobháideach. Scaoil ceangaltas €6.5bn CISÉ i measc 188 infheistíocht le ceangaltas chomhinfeistíochta €10.2bn ó cuireadh tús leo.

Tionchar Geilleagrach

39,686 post

an líon iomlán post lenar thacaigh infheistíochtaí CISÉ i mbliain airgeadais 2021.

Is féidir níos mó a léamh **ar leathanach 22**

An Gníomhaireacht Náisiúnta Forbartha Airgeadais



Ag gníomhú mar an Gníomhaireacht Náisiúnta Forbartha Airgeadais (an GNFA), cuireann an GNFA seirbhísí comhairleacha airgeadais, soláthair agus seachadta tionscadal ar fáil d'údarás Stáit maidir le tionscadail bhonneagair phoiblí.

Tionscadail a Sholáthar

€2bn

Soláthraíodh tithíocht shóisialta agus tionscadail oideachais Comhpháirtíochta Príobháidí Poiblí (CPP) agus bhonneagair neamh-CPP go príomha ar a raibh luach caipitiúil measta thart ar €2bn.

Comhairle Airgeadais a Sholáthar

€6bn

Comhairle airgeadais a sholáthar ar CPP (soláthar, tógáil agus oibríochtaí) agus tionscadail eile bhonneagair in earnálacha éagsúla, sláinte, iompar, gníomhú ar son na haeráide, oideachas agus tithíocht san áireamh ar a raibh luach caipitiúil measta thart ar €6bn.

CPPanna Tithíochta Sóisialta

480

Tús curtha leis an bpróiseas soláthair do Tithíochta Sóisialta Bheart 3, a bhfuil súil leis go soláthróidh sé thart ar 480 áit chónaithe i measc sé láithreán i mBaile Átha Cliath, Cill Dara, Sligeach agus Cill Mhantáin.

Is féidir níos mó a léamh ar leathanach 30

NewERA



Trí NewERA, cuireann GBCN ionad tiomnaithe saineolas airgeadais chorpáraidigh ar fáil don Rialtas, a chuireann comhairle airgeadais agus tráchtála ar fáil d'Airí maidir lena scairshealbhú i gcomhlachtaí móra san earnáil tráchtála Stáit.

Cuideachtaí san Earnáil Tráchtála Stáit

21

An líon cuideachtaí san earnáil tráchtála Stáit laistigh de scóip shainchúram comhairleach NewERA, 18 gcomhlacht ainmnithe san áireamh.

Gníomhaíocht Sainordaithe Chomhairligh

167

sannachán cuideachta Phunainne déanta ar chuir NewERA anailís airgeadais ar fáil dóibh agus, nuair ba chuí, ina ndearnadh moltaí do na hAirí Rialtais (2021: 163).

Comhairle – Caiteachas Caipitiúil, Maoiniú Fiachais agus Earraí Eile

€7.6bn

de shannacháin chomhairleacha maidir leis na Cuideachtaí Punainne, lena n-áirítear €4.6bn de bhuiséid chaipitil agus infheistíochtaí, €2.7bn de mhaoiniú fiachais le hoibríochtaí agus infheistíochtaí caipitil a chistiú agus €0.3bn de shannacháin eile cosúil le comhfhiontair agus diúscairtí.

Is féidir níos mó a léamh ar leathanach 42

An Gníomhaireacht um Éilimh ar an Stát



Ag gníomhú mar an Gníomhaireacht um Éilimh ar an Stát (an GÉS), bainistíonn GBCN éilimh ar dhíobháil phearsanta agus ar dhíobháil a rinneadh do réadmhaoin tríú páirtí in aghaidh an Stáit agus cuireann sé seirbhísí a bhaineann le bainistíocht riosca ar fáil. Déanann sé bainistiú freisin ar éilimh ar chostais dlí in aghaidh an Stáit agus údarais an Stáit, pé bealach a thabhaítear iad.

Dlíteanas Measta atá le hÍoc

€4.96bn

Bhí bainistiú á dhéanamh ag an nGníomhaireacht um Éilimh ar an Stát ar 11,204 éileamh gníomhach ag a raibh dlíteanas measta €3.15bn a bhí le hÍoc go fóill ag deireadh 2022.

Éilimh a Réiteach

58%

Réitigh an Gníomhaireacht um Éilimh ar an Stát an céatadán seo d'éilimh in 2022 gan imeachtaí cúirte a sheirbheáil.

Costais Dlí a Laghdú

41%

Shocraigh an Gníomhaireacht um Éilimh ar an Stát billí costas a fuarthas ó thríú páirtithe arbh ionann iad agus €97.9m – laghdú 41% ar an méid a éilíodh.

Is féidir níos mó a léamh ar leathanach 48

Ráiteas an Chathaoirligh



Ceapaimid go bhfuil an cultúr atá ann sa Ghníomhaireacht agus na luachanna a dhéanaimid iarracht a bhaint amach an-tábhachtach.



Cheap an tAire Aire Airgeadais mé i mo Chathaoirleach ar GBCN i mí na Nollag 2022, agus tháinig mé i gcomharbas ar Maeve Carton. Ba Chathaoirleach den scoth i Maeve a sholáthair saíneolas ollmhór agus léargas fairsing ar a ról i rith a téarma ceithre bliana. Gabhaim buíochas léi thar ceann chomhghleacaithe mo Bhoird agus guím gach rath uirthi amach anseo.

Faoi mar is eol dúinn go léir, ba bhliain é 2022 a chuir dúshlán mór romhainn, in Éirinn agus go domhanda araon. Chuir na himeachtaí uafásacha agus tubaisteacha san Úcráin an dóchas ó mhaith a bhí le braistint go tréan sna chéad cúpla mí sa bhliain fad a thosaigh meath ag teacht ar éifeachtaí na paindéime.

Tugann an Príomhfheidhmeannach Frank O'Connor cuntas ina ráiteas ar iarmhairtí diana daonnúla agus geilleagracha ionradh na Rúise. Ba mhaith liom tiomantas agus inoiriúnaitheacht dhaoine GBCN a aithint arís eile, de réir mar a dhéileáil an Ghníomhaireacht dealt leis na dúshláin a chruthaigh seo agus leis na héiginnteachtaí gaolmhara domhanda airgeadais agus an luaineacht sa mhargadh.

Ceapaimid go bhfuil an cultúr atá ann sa Ghníomhaireacht agus na luachanna a dhéanaimid iarracht a bhaint amach an-tábhachtach. Mar fhostóir, ní mór dúinn a chinntiú gur féidir linn na daoine cearta a mhealladh agus a choinneáil a bhfuil an meascán ceart scileanna, saíneolais, cruthaitheachta agus diongbháilteachta acu leis an méid a bhaint amach a bhfuil sainordú ar an nGníomhaireacht a bhaint amach. Anuas air sin, aithnímid an tábhacht a bhaineann leis an tallann atá ar fáil dúinn a shaothrú agus meas agus luach a léiriú ar an éagsúlacht inár n-eagraíocht agus a chinntiú go mbraitheann gach duine go bhfuil siad á gcur san áireamh.

Táimid meáite a bheith mar fhostóir solúbtha, tacúil agus iontaofa - agus ar aghaidh a thabhairt ar an dúshlán a chruthaíonn cianoibriú i rith na paindéime agus samhail sholúbtha hibrideach oibre a dhéanamh de - trí éisteacht go cúramach leis an méid a bhíonn le rá ag daoine, chun gur féidir linn athruithe a shainaithint chun go bhfeidhmíonn an eagraíocht fiú níos éifeachtaí.

Léiríonn ár bpróiseas rannpháirtíochta fostaithe, atá bunaithe ar shuirbhé bliantúil agus ar thionscnaimh leanúnacha agus rialta rannpháirtíochta, an dícheall a dhéanaimid chun éisteacht agus nuálú agus athrú a dhéanamh ar mhaith le gach duine. Cé go n-aithnímid gur féidir leis an bhfóirleibhéal d'ionchuimsiú san ionad oibre a thomhas a bheith dúshlánach, is deas a fheiceáil gur thug ár ndaoine ardleibhéil mhuintearais, chothroime agus iontaoibhe le fios sa suirbhé is déanaí a rinneamar ar fhostaithe.

Is í ár bhfís go n-aithníonn ár ndaoine agus iad siúd sinn a d'fhéadfadh bheith ag machnamh faoi ghairm a thosú leis an nGníomhaireacht, mar cheannaire san éagsúlacht agus ionchuimsiú, forbairt gairm bheatha, obair sholúbtha, folláine fostaithe, cothromaíocht inscne agus comhionannas deiseanna a chur chun cinn, agus fíorbhraitint chómhuintearais a chothú.

Limistéar mór eile ar a ndírínn Bord GBCN is ea tiomantas na heagraíochta maidir le hinbhuanaitheacht, d'eagraíocht féin GBCN agus sa bhealach a sholáthraíonn sí sainorduithe na Ghníomhaireachta.

Mar gheall go bhfuil réimse chomh fairsing sin de shainorduithe ag an nGníomhaireacht, tá deis uathúil aici ceannaireacht fhíor agus a imríonn tionchar a léiriú i limistéar na hinbhuanaitheachta. Tagann an deis seo aníos nuair a chuirtear saíneolas na Ghníomhaireachta, a haimsiú i measc earnálacha iolracha agus a peirspictíocht ilghnéitheach a thagann chun solais ó ról iolracha na heagraíochta san áireamh. Aithnímid go bhfuil an tasc práinneach agus rithabhachtach. Tá an Ghníomhaireacht bródúil as a bheith tacú go gníomhach agus go feiceálach le cuspóirí Phlean um Ghníomhú ar son na hAeráide de chuid an Rialtais.

“

Ní mór dúinn a chinntiú gur féidir linn na daoine cearta a mhealladh agus a choinneáil a bhfuil an meascán ceart scileanna, saíneolais, cruthaitheachta agus diongbháilteachta acu leis an méid a bhaint amach a bhfuil sainordú ar an nGníomhaireacht a bhaint amach. Anuas air sin, aithnímid an tábhacht a bhaineann leis an tallann atá ar fáil dúinn a shaothrú agus cumas gach duine a chur san áireamh chun gur féidir linn cur lena chéile.

Ba mhaith liom aird a thabhairt ar cheithre thionscnamh ach go háirithe.

Uimhir a haon: bannaí glasa a eisiúint, foinse airgeadais a shaothrú atá ag éirí níos tábhachtaí i gcónaí a spreagann infheistíocht i ngníomhú ar son na haeráide. Thosaigh ár gcomhghleacaithe Bainistíochta Cistithe agus Fiachais, mar shampla, lena gclár eisiúna fiachais don bhliain 2023 le hidirbheart aitheanta banna ghlaís a thiomsaigh €3.5bn.

Uimhir a dó: Creat um Ghníomhú ar son na hAeráide a chur i bhfeidhm agus monatóireacht a dhéanamh air do chuideachtaí na hearnála Stáit tráchtála faoi shainchúram NewERA.

Uimhir a trí: próisis soláthair inbhuanaithe a chur chun feidhme ag GNFA mar chuid den infheistíocht in airgeadas príobháideach a spreagann sé i mbonnagar poiblí.

Uimhir a ceathair: obair CISE chun infheistíochtaí i bhforaoiseacht a chur chun cinn agus astaíochtaí carbóin a mhalú san earnáil agraibhia agus infheistíochtaí leanúnacha na foirne a bhaineann leis an aeráid. Nuair a chuirtear iad seo agus téamaí gaolmhara san áireamh, gheall CISE breis agus €235m a sholáthar d'ardáin a bhaineann leis an aeráid in 2022.

Chuir an Ghníomhaireacht leis na tionscnaimh ardhphróifíle seo le clár tionscadal, sruthanna oibre agus nuálaíochtaí ní ba lú ach a bhí chomh fiúntach céanna i measc a sainorduithe uile, agus é mar aidhm chomhroinnte aistriú na hÉireann chuig geilleagar neodrach ó thaobh fuinnimh a éascú.

Cheap mé riamh anall gurb é ceann de na rudaí is saíniúla faoi GBCN ná an cumas freastal ar ghnólaachtaí iolracha éagsúla lena sainorduithe féin ar leith faoi aon díon amháin, agus bheith in ann é seo a dhéanamh ar bhealach a chruthaíonn deiseanna agus sineirgí. Rinne oibriú i measc an iomaí ardáin choitinn ag a bhfuil foireann bainistíochta chomhtháite agus feidhmeanna tacaíochta a phléann le gach ceann de na haonaid ghnó samhail a chruthú a n-éiríonn léi agus léiríonn ár dtionscnaimh inbhuanaitheachta é seo.

Cuirfidh mé deireadh le mo ráiteas agus é seo faoi chaibidil agam agus ba mhaith liom buíochas a ghlacadh leis an bhfoireann bainistíochta faoi cheannaireacht an Phríomhfheidhmeannaigh as a rannpháirtíocht, gairmiúlacht, agus athléimneacht i gcaitheamh 2022.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil freisin le mo chomhalta Boird agus le comhaltaí ár gcoistí as a dtiomantas agus a ndícheall leanúnach.

Ar deireadh, thar ceann chomhaltaí an Bhoird, cuirim mo bhuíochas ó chroí in iúl do gach duine dár gcomhghleacaithe as a n-obair dhian agus a ranníocaíocht le bliain anuas.

Susan Webb

Cathaoirleach | Bealtaine 2023

Athbhreithniú an Phríomhfheidhmeannaigh



Nuair a dhéantar machnamh siar ar 2022, is soiléir gur léirigh geilleagar na hÉireann athléimneacht mhór in ainneoin drochdhálaí geilleagracha.



Ba mhór an onóir dom gur ceapadh i mo Phríomhfheidhmeannach mé ar GBCN le héifeacht ón 1 Iúil 2022.

Ba mhaith liom buíochas agus aitheantas a chur in iúl, i dtosach, don tiomantas as cuimse d'ardchaighdeán agus don ghairmiúlacht agus an dúthracht a thugaim faoi deara i measc mo chomhghleacaithe gach lá ar fud na heagraíochta.

Leagadh réimse fairsing agus casta sainorduithe ar GBCN agus ábhar mór bróid dom an dícheall, an scil agus an aire a chuireann siad chun feidhme chomh comhsheasmhach sin chun tabhairt faoi obair na Gníomhaireachta.

Ba mhaith liom ómós a léiriú freisin ar mo réamhtheachtaí, Conor O'Kelly, as an gceannaireacht a sholáthair sé don eagraíocht i rith tréimhse a bhí an-dúshlán dár sochaí agus dár ngeilleagar.

Nuair a dhéantar machnamh siar ar 2022, is soiléir gur léirigh geilleagar na hÉireann athléimneacht mhór in ainneoin drochdhálaí geilleagracha.

Is cinnte go ndéanfaidh staraithe cur síos ar an mbliain i ngeall ar ionradh na Rúise ar an Úcráin, imeacht a chruthaigh fulaingt agus caillteanas ollmhór beatha agus a leanann le hamhlaidh a dhéanamh. Seachas ón tubaiste dhaonnúil, áfach, bhí iarmhairtí diana ag an ionradh i leith an gheilleagair dhomhanda agus ar gheilleagar na hÉireann dá bharr sin.

Tá na hiarmhairtí seo á dtabhairt faoi deara i dteaghlach agus i ngnólaíochtaí ar fud na hÉireann, atá ag streachailt le costais níos airde, ioncam indiúscartha laghdaithe agus brúnna airgeadais níos fairsinge. Tá méaduithe tugtha faoi deara againn ar luaineacht sa mhargadh, anuas ar rátaí úis níos airde agus luaineacht ghéar i bpraghsanna agus i gcothromas tráchtairraí.

Tá geilleagar beag oscailte ag Éirinn agus tá sé an-nochta d'imeachtaí domhanda agus bíonn GBCN an-chúramach lena chinntiú go ndéantar athbhreithniú leanúnach ar ár bpleanáil teagmhais agus go gcuirtear dúshlán faoi agus go mbíonn sé ag amharc chun cinn.

Feidhmíonn an teannadh suntasach ar bheartas airgeadaíochta ag bainc cheannais le bliain anuas mar mheabhrúchán nach féidir talamh slán a dhéanamh de nach dtiocfaidh athrú ar rudaí, den chuid is mó, nó nach dtiocfaidh ach athrú de réir a chéile orthu.

Ba bheag duine a thuarfadh bliain ó shin go n-ardódh an BCE a bhonnráta a mhéid le 3.5% i gcaitheamh tréimhse díreach naoi mí agus go gcuirfeadh bainc cheannais mhóra eile a mhacasamhail de mhéaduithe i bhfeidhm, ar an ní ba shuntasáí, méadú 4.75% ar na rátaí úis ag Cúlchiste Cónaidhme SAM i rith tréimhse 12 mhí.

Is ag tráthanna dá mhacasamhail seo gur soiléire a thugtar faoi deara na sochair a bhaineann lenár bpleanáil teagmhais. Déantar na hullmhúcháin seo i bhfad sula dtéann imeachtaí amach, cosúil leis an bpaindéim, ionradh na hÚcráine, boillsiú níos airde ná 10 faoin gcéad agus teannadh dian beartas airgeadaíochta ag bainc cheannais.

Ó thaobh cúrsaí Bainistithe Cistithe agus Fiachais inár ngnólaíocht, thugamar faoi straitéis inar réamhchistíomar ár ndlitanais sula raibh siad le híoc le rátaí úis ísle, a chruthaigh deis chun iasachtú fadtéarmach a bhaint amach ar théarmaí fabhracha. Tá iarmhéideanna airgid thirim tiomsaithe againn a d'fhéadfaí a úsáid mar mhaolán i gcás go mbíonn luaineacht gan choinne ann samhargadh, a sholáthraíonn solúbthacht níos fearr in iasachtú ag do rogha ama.

“

Bíonn GBCN an-chúramach lena chinntiú go ndéantar athbhreithniú leanúnach ar ár bpleanáil teagmhais agus go gcuirtear dúshlán faoi agus go mbíonn sé ag amharc chun cinn.

Le cur leis an gcur chuige seo, chuireamar barr feabhais ar ár straitéis iasachta le iasacht a fháil ar rátaí níos ísle do théarmaí níos fadtéarmaí – a dhéanann ár bpróifíl aibíochta a shíneadh agus a chothromú, go bunúsach, agus an meánchostas ar iasacht a laghdú dúinn i gcomhthráth.

Ciallaíonn seo gur chaitheamar go leor blianta agus árachas á cheannach go héifeachtach againn in aghaidh costais iasachtaithe níos airde, a chosnaíonn an Stát ó na héifeachtaí a bhíonn ar rátaí úis atá ag dul i méid.

Tá tairbhe á baint againn freisin as an tsaoirse bhreise a chruthaigh suíomh fioscach neamhurchóideach an Stáitchiste. Fuair an Rialtas creidmheas ó infheisteoirí dá bheartais fhioscacha fhrith-thimthriallacha mar fhreagairt do phaindéim COVID-19; chuaigh suíomh láidir fioscach na hÉireann chun mórshochair infheisteoirí le déanaí de réir mar a d'fhill an Stáitchiste ar bharrachas a bheith aige.

Ónár peirspictíocht mar bhainisteoirí fiachais, tá aiseolas dearfach á thabhairt faoi deara againn ó infheisteoirí idirnáisiúnta a aithníonn athléimneacht an gheilleagair, an borradh faoi fháltais chánach agus a aithníonn suíomh láidir na hÉireann de réir gníomhaireachtaí rátálacha ónár eascair sraith rátálacha uasghrduithe.

Is dearfach a thabhairt faoi deara gur iontráil Éire an chatagóir AA nó a comhionann athuair den chéad uair ó 2010.

Dar ndóigh, tá i bhfad níos mó i gceist le réimse sainchúram GBCN ná Bainistiú Cistithe agus Fiachais.

Chuir Ciste Infheistíochta Straitéisí na hÉireann (CISÉ) caipiteal suntasach chun feidhme in 20 infheistíocht in Éirinn i rith 2022, ar aon dul lena shainordú uathúil "bunlíne dhúbailte" ina ndéantar infheistíocht do thoradh tráchtála agus tacú le gníomhaíocht agus fostaíocht gheilleagrach in Éirinn.

I gcomhthéacs luaineacht shuntasach i margáí cothromais domhanda, tháinig meath 6.7% ar phunann CISÉ in 2022, a rinne na gnóthachain infheistíochta a aisiompú a gineadh in 2021. Ach is suntasach go bhfuil gnóthachain infheistíochta charnacha CISÉ ó cuireadh tús leis in 2014 agus nach mór €2bn.

D'fhógair CISÉ straitéis infheistíochta tionchair nua i rith na bliana, ina gcuimsítear ceithre phríomhthéama: Infheistíochtaí Tithíochta agus Cumasaithe; Aeráid; Gníólaíochtaí Dúchasacha a Scálú; agus Bia agus Talmhaíocht. Príomhghné den straitéis seo is ea uaillmhian le €500m a infheistiú i gcathracha réigiúnacha na hÉireann lena bhféidearthacht iomlán gheilleagrach a shaothrú.

Maidir leis an nGníomhaireacht Náisiúnta Forbartha Airgeadais (an GNFA), dhírigh siad i dturas an ama in 2022 ar sholáthar na píblíne tionscadail bhonneagair phoiblí a chur chun cinn sna hearnálacha oideachais agus tithíochta. Rinne

Athbhreithniú an Phríomhfheidhmeannaigh (ar lean)

obair phleanála agus sholáthair ar dara Clár na Scoileanna Cistithe de chuid an Státhiste dul chun cinn i rith na bliana, agus baineadh scor airgeadais amach ar an gcéad bheart den Chlár Ardoideachais CPP. Tosaíodh an próiseas soláthair sa chlár Tithíochta Sóisialta CPP ar an tríú beart agus rinne gníomhaíochtaí réamhsholáthair dul chun cinn ar an gceathrú agus an cúigiú beart.

Bhí bliain tháirgiúil eile ag NewERA agus mhéadaigh siad réimse agus líon na sannachán comhairleach a soláthraíodh i rith 2022. Rinne an fhoireann comhairle agus cabhair a thabhairt d'Airí agus do Ranna Rialtais maidir le 167 sannachán, ar luach iomlán €7.6bn. D'fhill brabúis chomhiomlána i ndiaidh cánach ar a phunann 18 gcuideachta ainmnithe, ina bhfuil breis agus 38,000 fostaí, ar leibhéal roimh an bpaindéim €1.1bn agus gineadh comhioncaim €11.0bn. Leanann NewERA ag díriú ar aeráid agus fuinneamh agus ba phríomh-bhuaicphointe nuair a d'fhaomh an Rialtas an Creat um Ghníomhú ar son na hAeráide don earnáil Stáit tráchtála.

Leanadh de shainorduithe breise a leagan ar an nGníomhaireacht um Éilimh ar an Stát agus rinne sé bainistiú i gcaitheamh 2022 ar 11,204 éileamh cliniciúil agus ginearálta ag a raibh dliteanas iomlán measta €4.96bn. Fuair sé 2,699 éileamh nua agus réitigh sé 3,082 éileamh i rith na bliana.

I measc na bpríomhghnéithe dá chlár oibre, bhí scéimeanna neamhsháraíochta réitigh atá dírithe ar idirghabháil a úsáid le feabhas a chur ar rochtain éilítheoirí, atá clúdaithe ag na scéimeanna siúd, agus cúiteamh tráthuile do dhíobhálacha pearsanta a raibh siad thíos leo, chomh maith le hullmhúcháin chun glacadh le freagracht as Scéim Cúitimh an Gharda Síochána nua reachtuil a bhainistiú.

Ag féachaint chun cinn chuig an gcuid eile den bhliain 2023 agus níos faide ar aghaidh, tá ar chumas gan stró GBCN leanúint dá shainorduithe a sholáthar.

Tá an t-ádh orainn go dtreoraíonn ár mBord agus ár gCathaoirleach sinn, a thugann léargas, eolas agus taithí mhór i dteannta a chéile ar an maoirseacht a dhéanann siad ar an nGníomhaireacht agus a chuireann dúshlán dian roimh an bhfoireann feidhmiúcháin lena chinntiú go soláthraímid i leith na n-ardchaighdeán a bhfuil súil leo agus a chúis leis sin.

Táimid dírithe go diongbháilte air seo a bhaint amach agus ar leanúint d'fhreastal ar an leas náisiúnta trinár sainorduithe a chomhlíonadh a fheabhas agus is féidir linn.

Nuair a dhéanaim machnamh ar theacht chun cinn na gníomhaireachta ón tráth a thosaigh mé ag obair léi ar dtús in 2010, is suntasach gur leag an Rialtas an cúram uirthi i leith sainorduithe suntasacha breise i gcaitheamh an ama sin. Tá eagraíocht i bhfad níos mó déanta di mar thoradh air sin.

Is iomaí rud a bhí i gceist leis an mborradh sin – i ndiaidh gur tháinig fairsingiú ar shainchúram na Gníomhaireachta um Éilimh ar an Stát ó 50 comhlacht 13 bliana ó shin go breis agus 150 anois, agus nuair a chuirtear san áireamh na feidhmeanna tábhachtacha nua cosúil lena Aonad Costais Dlí; gur cruthaíodh NewERA ó thús seasta go ndéanfaí ionad saineolais airgeadais chorpáidigh don Stát de a bhfuil meas air; agus gur cruthaíodh eagraíochtaí tábhachtacha cleamhnaithe, SBCI agus HBFI, a bhraitheann ar na feidhmeanna luachmhara soláthair foirne agus tacaíochta a sholáthraíonn GBCN.

Mar chuid den bhorradh a tháinig faoi GBCN, cruthaíodh CISÉ le caipiteal an cháiniocóra a stiúradh chun tacú le geilleagar na hÉireann ar bhonn tráchtála; leis an lúfaireacht, an saineolas agus an cumas oibríochtúil le hinfeistíochtaí ardluacha a chumasú don Stát. Cuireadh an cumas sin chun feidhme go héifeachtach le freagairt CISÉ don phaindéim a bharrfheabhsú trí Chiste Cobhsaithe agus Téarnaimh Paindéime an Rialtais.

Rinne na sainorduithe breise seo eagraíocht níos fairsinge agus níos éagsúla de GBCN. Eagraíocht ar tháinig fás aníos uirthi ó 200 duine 13 bliana ó shin go dtí beagnach 800 duine inniu. Agus eagraíocht a chuireann solúbthacht, iontaofacht agus ullmhacht eagraíochta ar fáil chun freastal ar an Stát ar bhealaí breise sa chás go dtiocfaidh sainorduithe nó tionscadail casta nua chun solais amach anseo.

An tIar-Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin John Corrigan

Mar fhocal scoir, déanfaidh mé machnamh ar an nuacht bhrónach a cuireadh in iúl dúinn ag deireadh Mhí an Mhárta faoi bhás anabáí John Corrigan, a d'oibrigh leis an nGníomhaireacht le sárghradam ó 1991 go 2015, a rinne an Ghníomhaireacht a stiúradh mar Phríomhfheidhmeannach ó 2009 go dtí go ndeachaigh sé ar scor.

Chuaigh an iomaí ómós a léiríodh do John go mór i gcion orm, iad siúd go háirithe a luaigh an rannchuidiú a thug sé do sheirbhís phoiblí ar feadh go leor blianta agus an ról rithabhachtach a bhí aige le fillleadh na hÉireann ar na margat idirnáisiúnta bannaí a bhainistiú tar éis na géarchéime airgeadais.

Tá an rannchuidiú seo le fónamh don Stát agus a shaoránaigh i gceartlár gach rud a dhéanaimid in GBCN. Rannchuidiú é a bhfuil bród orainn a dhéanamh.

Frank O'Connor

Príomhfheidhmeannach | Bealtaine 2023

“

Ag féachaint chun cinn chuig an gcuid eile den bhliain 2023 agus níos faide ar aghaidh, tá ar chumas gan stró GBCN leanúint dá shainorduithe a sholáthar.



Tá GBCN freagrach as iasachtú thar ceann an Rialtais agus an Fiachas Náisiúnta a bhainistiú d'fhonn a chinntiú go mbeidh leachtacht ar fáil don Státchiste agus an t-ualach úis a íoslaghdú sa mheántearma.

Cistiú agus Bainistiú Fiachais

Athbhreithniú ar Mhargadh Bannaí na hÉireann

Bliain ina raibh luaineacht shuntasach agus inar tháinig athrú suntasach ar mhargaí domhanda airgeadais. Ba iad na príomhthionchair a imríodh ar mhargaí domhanda bannaí ionradh na Rúise ar an Úcráin, boillsciú atá ag dul i méid agus na borrrtha a tháinig faoin ráta úis dá thoradh a chuir bainc cheannais i bhfeidhm - féach *Tagann Ré an Bheartais Airgeadaíochta Fáis chun Deiridh* ar leathanach 12 chun teacht ar bhreis sonraí.

Bhí torthaí bannaí ardcheannasacha Éireannacha fós a laghad agus a bhí riamh nuair a d'eisigh GBCN banna nua 10 mbliana ar thoradh díreach faoi bhun 0.4% go luath in Eanáir.

Ach thosaigh torthaí ardcheannasacha ag dul i méid ansin, áfach, de réir mar a lean an chéad ráithe den bhliain ar aghaidh. Rinne an Rúis ionradh ar an Úcráin go déanach i bhFeabhra, agus tugadh luaineacht shuntasach faoi deara sna margaí, fad a d'imir smachtbhannaí tionchar ar an earnáil fuinnimh, ach go háirithe. Tháinig laghdú anuas go dtí 0.5% ar thorthaí banna 10 mbliana na hÉireann, ar tháinig méadú breis agus faoi dhó orthu ón sindeacáitiú in Eanáir, go luath i Márta fad a rinne margaí a ndearcthaí a athmhéas maidir le luas agus scála mhéaduithe ar rátaí an Bhainc Ceannais Eorpaigh (an BCE) i measc na n-imeachtaí leanúnacha geopholaitiúla.

Tháinig méadú géar arís eile ar thorthaí, áfach, de réir mar a dhírigh margaí ar bhoillsciú domhanda; agus bhain toradh bannaí 10 mbliana na hÉireann breis agus 1% amach faoi lár mhí an Mhárta.



D'eascair brúnna suntasacha ar phraghas as ionradh na Rúise ar an Úcráin, anuas ar gheilleagair níos buaie agus níos marthanai a oscailt tar éis phaindéim COVID-19. D'aistrigh buarthaí boilscithe ó bheith neamhbhuan ó thaobh cineáil de go dtí buarthaí a raibh bonn ní ba dhaingne fúthu. Thosaigh Banc Shasana (BOE) a thimthriall méadaithe rátaí go déanach in 2021, agus lean Cúlchiste Cónaidhme SAM amhlaidh freisin i Márta de réir mar a rinne bainc cheannais iarracht chun an boilsciú a smachtú.

Tháinig méadú ar thorthaí ardcheannasacha i limistéar an euro i rith an dara ráithe sa bhliain, de réir mar a chuaigh tuairimíocht maidir le hathruithe ar ráta úis an BCE i méid. D'fhógair an BCE a chéad ardú ar ráta úis in Iúil agus b'ionann an toradh ar bhanna 10 mbliana na hÉireann ag an bpointe sin agus breis agus 1.8%.

Tháinig cobhsú ar na margai i rith mhionna an tsamhraidh. Ach tháinig méadú arís eile, áfach, ar thorthaí i Meán Fómhair, a fhad le sraith bhreise arduithe ar ráta. I gcodarsnacht leis an tráth a eisíodh ar dtús é in Eanáir, b'ionann ceant bhanna nua 10 mbliana Rialtas na hÉireann agus toradh 2.22%. Tháinig méadú breise ar thorthaí i rith ráithe dheiridh na bliana, nuair a bhain banna 10 mbliana na hÉireann beagán de bhreis ar 3% amach, an toradh ab airde le hocht mbliana anuas.

De réir mar a chuaigh torthaí ar bhannaí ardcheannasach in airde ar fud limistéar an euro, níor tháinig aon leathnú suntasach ar leataí creidmheasa na hÉireann i rith 2022. Thosaigh leathadh 10 mbliana na hÉireann don Ghearmáin an bhliain ag thart ar 0.35% agus chríochnaigh sé an bhliain ag 0.5%. Rinne leathadh bhanna 10 mbliana na hÉireann trádáil ar aon dul le comhionann sa Fhrainc agus sa Bheilg i rith na bliana agus rinneadh é a thrádáil trí na comhionann siúd, go deimhin, i rith na bliana.

Torthaí bannaí ardcheannasacha 10 mBliana



Tagann Ré an Bheartais Airgeadaíochta Fáis chun Deiridh

Déanann Bainc Cheannais Dhomhanda an Beartas Airgeadaíochta a Theannadh mar fhreagairt do Bhrúnna Boilscithe


Bliain inar tháinig athrú ar bheartas domhanda airgeadaíochta a bhí in 2022. Díríodh go géar ar bhoilsciú nuair a athosclaíodh geilleagair ar bhonn ní ba bhuaine tar éis phaindéim COVID-19, agus ionradh na Rúise ar an Úcráin. Caitheadh leis mar rud neamhbhuan ó thaobh cineáil, nuair a tháinig sé chun solais ar dtús go déanach in 2021, agus cuireadh iallach ar bhainc cheannais gníomhú go trodach chun níos mó brúnna seasmhacha praghais a chur faoi smacht de réir mar a lean an bhliain ar aghaidh.

Thosaigh BOE le rátaí a ardú i mí na Nollag 2021 agus ba é an ráta oifigiúil bainc ag deireadh na bliana 3.5% tar éis gur tháinig ocht méadú ar leith ar rátaí i gcaitheamh na bliana 2022.

Tosaíodh le timthriall ardaithe an Chúlchiste Fheidarálaigh i SAM ní ba dhéanaí, i Márta 2022, ach bhí sé i bhfad ní b'iomáiche. Mhéadaigh sé a rátaí seacht n-uaire in 2022, faoi mhéid carnach 4.25%. Idir 4.25% agus 4.5% a bhí Spriocréimse an Chúlchiste Fheidarálaigh ag deireadh na bliana 2022.

Tháinig an chéad ardú ar ráta ag an BCE in Iúil, nuair a tháinig méadú 0.5% air, agus chuir sin deireadh le tréimhse ina raibh rátaí úis diúltacha ann a thosaigh i lár 2014. Lean arduithe 0.75% i Meán Fómhair agus i Samhain araon, anuas ar mhéadú breise 0.5% i mí na Nollag. B'ionann na príomhoibríochtaí athmhaoiniúcháin (POA) agus 2.5% ag deireadh na bliana.

Athruithe ar Ráta Úis an Bhainc Ceannais



Mhéadaigh gach ceann de na trí bhanc cheannais a rátaí oifigiúla ní ba mhó ó thús 2023.

Maidir le hÉascú Cainníochtúil (ÉC), chuir an BCE críoch le glancheannach faoi Chlár Ceannaithe d'Éigeandáil na Paindéime (CCÉP) agus faoin gClár Ceannaithe Sócmhainní (CCS) in 2022 de réir mar a thosaigh sé leis an tacaíocht bheartais airgeadaíochta thar na bearta a chur chun feidhme a bhí i bhfeidhm ó 2015.

Tháinig deireadh i Márta le glancheannach faoin CCÉP. Tá athinfheistiú príomhíocaíochtaí atá ag aibiú le leanúint go dtí deireadh 2024, ar a laghad.

Tháinig deireadh le glancheannach faoin CCS i Meitheamh. Nocht an BCE na sonraí faoi Theannadh Cainníochtúil (TC), nó an próiseas ina laghdaítear méid a chlár comhardaithe, ag cruinniú a Chomhairle Rialaithe i Mí na Nollag. Déanfar seo i dtosach trí laghdú céimnithe ar mhéid fáiltais bhannaí atá i mbun aibiú a dhéantar a athinfheistiú faoin CCS, ó Mhárta 2023. Is ionann a bheidh an meath agus €15bn sa mhí, ar an meán, go dtí deireadh Mheithimh 2023. Tá súil ag an BCE scor de na hathinfheistiúcháin faoin CCS ó Iúil.

Faoi dheireadh 2022, b'ionann glancheannach carnach bhannaí Éireannacha faoin CCS – a tugadh isteach in 2015 – agus €43bn agus faoin CCÉP – a tugadh isteach in 2020 – agus thart ar €26bn, ar an iomlán.

Chuir BOE agus Cúlchiste Feidearálach SAM araon tús lena gclár chomhardaithe a laghdú in 2022.

Gníomhaíocht Chistithe

Cistiú Fadtéarmach

Ba é réimse bunúil cistithe bannaí GBCN don bhliain 2022 idir €10bn go €14bn. Ach, nuair a chuirtear láidreachtaí airgid thirim an Stáitchiste san áireamh, sa mhullach ar an mbarrachas don bhliain a tuaradh i mBuiséad 2023, dheimhnigh GBCN, go déanach i Meán Fómhair, gur chríochnaigh sé a chlár cistithe 2022 tar éis €7bn a eisiúint. Eisíodh €0.1bn sa bhreis trí cheantanna bannaí neamhiomaíocha, a mhéadaigh an méid iomlán bannaí a eisíodh don bhliain aníos go dtí €1bn. Bhí meántoradh ualaithe 1.10% agus meánaibíocht ualaithe 14.8 bliain ag an gcistiú seo.

Thiomsaigh GBCN €0.2bn sa bhreis i bhfiachas eile fadtéarmach a eisíodh faoin Chlár Meántearma an Euro (CMTE). Bhí dhá shocrúcháin phríobháideacha ráta sheasta ann ag a raibh meántoradh 60 agus 100 bliain beagán de bhreis ar 2%. Mhéadaigh seo an cistiú ainmniúil fadtéarmach iomlán aníos go dtí €7.3bn.


€bn	Ainmniúil	Airgead tirim
Sindeacáitiú/ceantanna	7.0	6.8
Ceantanna neamhiomaíocha	0.1	0.1
1. Eisiúint Bannaí Iomlán Tagarmhairc	7.1	6.9
- Meántoradh ualaithe	1.10%	
- Meánaibíocht ualaithe	14.8yrs	
2. Socrúcháin Phríobháideacha	0.2	0.2
Fadtéarmach Iomlán	7.3	7.1

Ceantanna Bannaí GBCN in 2022

Ainm an Bhanna	Méid an Cheant (€m)	Ceant Neamhiomaíoch (€m)	Toradh (%)	Cóimheas Clúdaigh
An 10 Márta				
0.35% Banna Stáitchiste 2032	400	0	0.778	3.46
1.7% Banna Stáitchiste 2037	600	0	0.984	2.03
An 12 Bealtaine				
0.35% Banna Stáitchiste 2032	400	0	1.500	2.84
2% Banna Stáitchiste 2045	850	11	1.789	1.41
An 1 Meán Fómhair				
0.35% Banna Stáitchiste 2032	350	41	2.216	2.23
1.5% Banna Stáitchiste 2050	900	64	2.646	1.71

Thug GBCN faoi shindeacáitiú bannaí amháin in 2022, a d'eisigh banna nua tagarmhairc 10 mbliana in Eanáir. Bainfidh an banna aibíocht amach i nDeireadh Fómhair 2032. Eisíodh €3.5bn ar thoradh 0.387%. B'fhiú breis agus €27bn an leabhar orduithe agus áiríodh leis breis agus 180 cuntas aonair. Ghlac infheisteoirí thar lear le nóch a trí faoin gcéad den eisiúint agus ghlac infheisteoirí sa RA leis an dáileadh ba mhó 30% di.

Dáileadh Tíreolaíoch Infheisteoirí i leith Sindeacáitiú Bannaí 2022



Chuir GBCN trí cheant bannaí ar siúl freisin i rith na bliana a d'eisigh suim ainmniúil iomlán €3.6bn, eisiúint na gceantanna neamhiomaíocha san áireamh. Décheant a bhí i ngach ceann de na ceantanna seo inar cuireadh dhá bhanna éagsúla ar tairiscint. Ar an iomlán, i measc na dtrí cheant, díoladh ceithre bhanna éagsúla, agus bainfear aibíochtaí amach in 2032, 2037, 2045 agus 2050.

Cistiú agus Bainistiú Fiachais (ar lean)

Aisceannach Bannaí Ráta Chomhlúthaigh

Rinneadh luach iomlán ainmniúil €3bn de Bhannaí Ráta Chomhlúthaigh a bhí a gcoimeád ag Banc Ceannais na hÉireann a cheannach ar ais agus a chealú i rith 2022. Aisceannaíodh agus cealaíodh €22.5bn de na bannaí seo, ar an iomlán, faoi dheireadh 2022, agus d'fhág sin iarmhéid gan íoc €2.5bn, ón €25bn a eisiódh i dtosach in 2013. Bhí seo chun cinn ar an sceideal íosta diúscartha, straitéis atá á cur chun cinn ag an timpeallacht ráta íseal úis atá á tabhairt faoi deara le roinnt blianta anuas. Trí bhannaí ráta sheasta a chur in ionad na mbannaí seo, tá an Stát á chosaint ag GBCN in aghaidh arduithe amach anseo ar an ráta úis.

Cistiú Gearrthearma

Chuir GBCN seacht gceant Bille Státhchiste ar bun in 2022. Faoi mar a tharla leis na ceantanna bannaí agus an seasamh láidir airgid thirim agus an dearcadh láidir fíoscach á gcur san áireamh a bhí ann sa chuid eile den bhliain 2022, thit ceant deiridh an Bhille Státhchiste amach i Meán Fómhair. Seachas ó cheant lúil, ag a raibh méid eisiúna €1bn, eisiódh €0.75bn gach uair. Ar an iomlán, eisiódh €5.5bn ar mheántoradh ualaithe -0.08% agus bhí meán-saolré ualaithe beagnach cúig mhí aige. Ní raibh aon Bhillí Státhchiste gan íoc ag deireadh na bliana 2022 agus dheimhnigh Plean Cistithe Bliantúil GBCN don bhliain 2023 nach bhfuil súil leis, de bharr sheasamh láidir cistithe GBCN, go n-eiseofar Billí Státhchiste i rith 2023.

D'eisigh GBCN beagnach €9.1bn ó chlár Pháipéar Tráchtála Euro (PTE) na hÉireann in 2022. Rinneadh an eisiúint seo ar mheántoradh comhionann ualaithe euro -0.43% agus ar mheánaibíocht ualaithe beagnach dhá mhí. Ní raibh aon PTE le híoc go fóill ag deireadh na bliana 2022 i gcomparáid le €1.9bn ag deireadh 2021.

Léiríonn na meánrátaí diúltacha euro ar eisiúint chomhiomlán an Bhille Státhchiste agus PTE in 2022 dlús na heisiúna sa chuid ní ba luaithe den bhliain, sular thosaigh an BCE lena shraith méaduithe ar ráta úis in Iúil.

Eisiódh fiachas gearrthearmach, chomh maith, i bhfoirm Nótaí Státhchiste agus Nótaí Státhchiste Láir. Tá formhór na nótaí seo á gcoimeád ag aonáin eárnála poiblí intíre. Ba é an t-iomlán comhiomlán a bhí le híoc go fóill ag deireadh 2022 €9.9bn, i gcomparáid le €4.9bn ag deireadh 2021.

Coigilteas Stáit

Is é Coigilteas Stáit an t-ainm branda a thugann GBCN ar an réimse táirgí coigiltis de chuid Rialtas na hÉireann a chuirtear ar fáil do choigilteoirí pearsanta. Bhí insreabhadh €0.7bn ann i rith 2022 isteach i dtáirgí Coigiltis an Stáit, i gcomparáid le €1.3bn in 2021. B'ionann an tsuim iomlán a bhí fós le híoc i dtáirgí ráta sheasta agus Duaisbhannaí ag deireadh na bliana 2022 agus €20bn. Nuair a chuirtear cuntais taisce san áireamh, ba é €24.8bn an t-iomlán a bhí le híoc go fóill ag deireadh na bliana.

Coigilteas Stáit – Clár Claochlúcháin Leanúnach

Thug Coigilteas Stáit Ríomhaistrithe Leictreonacha (EF Tanna) isteach i rith 2022 mar rogha aisíocaíochta do chustaiméirí Téarma Sheasta agus Duaisbhanna, ar líne agus as líne araon. Bhí glacadh mór leis an rogha seo, agus roghnaigh thart ar 50% de chustaiméirí aisíocaíocht trí EFT, in ionad seiceanna.

Tugadh deimhniú nuashonraithe Duaisbhanna isteach i Meán Fómhair 2022 do gach Ceannach Duaisbhanna. Cuimsítear sa dearadh nua eochaireolas ar pháipéar athchúrsáilte agus cuireann sé ar chumas Coigilteas Stáit an méid páipéir a úsáidtear i gcomhfhreagras poist a laghdú.

Díreoidh forbairtí amach anseo do Choigilteas Stáit ar fhorbairtí breise digiteacha chun barr feabhais a chur ar thairiscint na seirbhíse do chustaiméirí agus gnólacht inbhuanaithe a thógáil don todhchaí.

Táirgí Coigiltis Stáit

	Iomlán Gan Íoc ag Deireadh 2022 €m	Glan- Insreabhadh/ (Glan-Eis- Sreabhadh) in 2022 €m
Bannaí Coigiltis	2,417	34
Bannaí Dlúthpháirtíochta 4 Bliana	1,586	120
Bannaí Dlúthpháirtíochta 10 mBliana	4,859	137
Deimhnithe Coigiltis	5,903	(184)
Coigilteas Tráthchoda/ Stampaí Coigiltis	551	6
Duaisbhannaí	4,693	253
Cuntais Taisce	4,768	348
Iomlán	24,777	714

D'fhéadfadh sé nach dtiocfadh na figiúirí leis an suimiú iomlán de bharr slánú.

Foinsí agus Riachtanais Chistithe an Stáitchiste 2022

Bhí iarmhéideanna airgid thirim agus sócmhainní leachtacha €23.3bn ag an Stáitchiste ag deireadh na bliana 2022. Ba laghdú breis agus €4bn é seo i gcomparáid le deireadh na bliana roimhe sin. B'airde an t-iarmhéid ag deireadh 2022 ná mar a raibh súil leis, de bharr neart an airgeadais phoiblí agus an bharrachais €5bn dá thoradh sin, go príomha.

Anuas ar bharrachas an Stáitchiste, b'eisiúint fiachais fhadtéarmaigh na príomhfhoinsí cistithe (bannaí agus socrúcháin phríobháideacha) a thiomsaigh breis agus €7bn agus insreabhadh €0.7bn Coigiltis Stáit (éarlaisí i mBanc Coigiltis Oifig an Phoist (POSB) san áireamh).

Ba iad na príomhriachtanais chistithe dhá aibíocht bhanna ar luach iomlán €11.8bn anuas ar luach ainmniúil €3bn (praghas airgid thirim €4.5bn) a cheannach de Bhannaí Ráta Chomhlúthaigh ó Bhanc Ceannais na hÉireann.

Iarmhéid Airgid Thirim agus Sócmhainní Leachtacha

€27.5bn

Foinsí Cistithe

€13.5bn

Riachtanas Cistithe

€17.7bn

Iarmhéid Deiridh Airgid Thirim agus Sócmhainní Leachtacha

€23.3bn

Próifíl Fiachais agus Cóimheasa Fiachais

Is ionann an Glanfhiachas Náisiúnta agus an glanfhiachas atá tabhairte ag an Stáitchiste tar éis iarmhéideanna airgid thirim agus sócmhainní airgeadais eile a chur san áireamh. Ollfhiachas Náisiúnta – is é sin an fiachas sula ndéantar glanluacháil ar na hiarmhéideanna airgid thirim agus ar shócmhainní airgeadais eile – arb é sin an ghné is mó den Fhiachas Rialtais Ghinearálta (FRG). Cé go mbaineann freagrachtaí bainistíochta fiachais GBCN leis na bearta Fiachais Náisiúnta, dírtear sa mhír seo ar FRG, ar thomhas é ar ollfhiachas comhdhlúite iomlán an Stáit agus ar an tomhas caighdeánach a úsáidtear do chuspóirí comparáideacha ar fud an AE.

Comhdhéanamh an Fhiachais Náisiúnta agus Fiachas an Rialtais Ghinearálta ag Deireadh 2022

	€bn
Bannaí Rialtais	
<i>Ráta Seasta</i>	142.5
<i>Ráta Comhlúthach</i>	2.5
<i>Amúchadh</i>	0.4
<i>Nasccha le Boilsciú</i>	1.2
Iomlán	146.6
Iasachtaí an AE (an SECA agus an SCAE)	40.9
SURE	2.5
Fiachas Meántéarmach agus Fadtéarmach Eile	5.4
Scéimeanna Coigiltis Stáit*	20.0
Páipéar Gearrthearma	9.9
Iasachtaí ó Chistí Aire	6.0
Ollfhiachas Náisiúnta	231.2
Lúide Airgead Tirim agus Sócmhainní Leachtacha an Stáitchiste	23.3
Lúide Sócmhainní Airgeadais Eile	3.0
Glanfhiachas Náisiúnta	204.9
Ollfhiachas Náisiúnta	231.2
Coigeartuithe ar an bhFiachas Rialtais Ghinearálta	-6.5
Fiachas Rialtais Ghinearálta	224.8


D'fhéadfadh sé nach dtiocfadh na figiúirí leis an suimiú iomlán de bharr slánú.

Foinse: GBCN agus an Phríomh-Oifig Staidrimh (an POS)

* Áirítear le Scéimeanna Coigiltis Stáit freisin éarlaisí i mBanc Coigiltis Oifig an Phoist (BCOP). Cé nach gné shoiléir iad seo den Fhiachas Náisiúnta, tugtar na cistí seo ar iasacht go príomha leis an Stáitchiste mar fhoinsé mhalartach de chistiú agus de leachtacht an Stáitchiste. Nuair a chuirtear san áireamh Éarlaisí an BCOP, bíonn an Coigiltéas iomlán Stáit a bhí fós le hioc ag deireadh 2022 agus €24.8bn.

Cistiú agus Bainistiú Fiachais (ar lean)

Cóimheasa Fiachas Rialtais Ghinearálta 2005-2022



Foinse: GBCN, an POS agus an Roinn Airgeadais maidir le OIN* 2022

Lean cóimheas FRG/OTI na hÉireann lena threocht anuas in 2022 agus b'ionann é ag deireadh na bliana agus 45%, ar laghdú beagnach 11 phointe céatadán é sin ar an seasamh ag deireadh 2021. Ba é an cóimheas 120% deich mbliana ó shin.

Ba é ba chúis leis an titim ar an gcóimheas in 2022 ná meascán de laghdú ar an leibhéal fiachais gan íoc, ar tháinig laghdú breis agus €11bn air, agus borradh breise láidir ainmniúil OTI 18%.

Tá an laghdú seo ar an dearbhleibhéal fiachais phoiblí ina thoradh páirteach leis an mbarrachas buiséid a baineadh amach anuraidh, ónar eascair gur laghdaigh GBCN a leibhéal iasachta.

Glactar go fairsing leis, áfach, nach bhfuil an cóimheas FRG/OTI ina táscaire iontaofa i leith inbhuanaitheachta d'Éirinn, áfach. Sa chomhthéacs sin, is gá díriú ar mhéadracht eile le híomhá níos fearr a chruthú d'ualach fiachais na hÉireann.


Méadracht mhalartach amháin dá chineál sin é FRG mar chéatadán d'Ollioncam Náisiúnta Modhnaithe, nó OIN*. Meastar gurb é OIN an treoir is fearr, cé nach bhfuil sé gan locht, maidir le méid gheilleagar na hÉireann fad a mhaolaíonn sé tionchar gníomhaíochtaí ilnáisiúntach áirithe. Faoi mar a bhí i gceist leis an treocht sa chóimheas FRG/OTI, tá meath géar tagtha freisin ar an gcóimheas FRG/OIN*, anuas ó bhuaic 165% ag deireadh 2012. Tháinig laghdú breise ar an gcóimheas in 2022, arbh ionann é agus 101% ag deireadh 2021, agus b'ionann é agus figiúr measta 83% faoi dheireadh na bliana.

Áirítear le méadracht eile thábhachtach nuair a scrúdaítear ualach an fhiachais phoiblí, fiachas agus ús mar chéatadán den Ioncam Rialtais Ghinearálta (IRG). Léirigh IRG borradh láidir in 2022, agus tháinig méadú 17% air i rith 2021. Fáltais mhóra chánach ioncaim agus CBL anuas ar mhéadú suntasach ar fháltais chánach corparáidí, ar tháinig méadú 48% orthu i gcomparáid le leibhéil 2021, ba mhó ba chúis leis an mborradh seo.

B'ionann an cóimheas FRG/IRG agus 195% ag deireadh 2022, agus tháinig laghdú 44 pointe céatadán air i gcomparáid le deireadh na bliana roimhe sin. Tá seo i bhfad faoi bhun na buaice 351% in 2012.

Bhí an bille úis cobhsaí tríd is tríd anuraidh, agus lean an cóimheas idir ús/IRG lena threocht anuas in 2022 freisin, ar tháinig laghdú anuas ó 3.3% in 2021 go 2.8%, de bharr an tréanbhorrtha ar IRG. Os a choinne sin, b'ionann an cóimheas seo agus beagnach 13% in 2013. Déantar plé níos mionsonraithe ar an mbille ús fiachais ar leathanach 18.


Méadracht Fiachas Rialtais Ghinearálta 2005-2022



Foinse: GBCN agus an POS

Olltomhas é FRG ar fhiachas. Ní chuirtear iarmhéideanna airgid thirim agus sócmhainní airgeadais eile a ghlanluacháil san áireamh. Soláthraíonn an POS meastachán ar Ghlanfhiachas Rialtais Ghinearálta, áfach. B'ionann é ag deireadh 2022 agus €185bn, a chiallaíonn gurbh fhiú sócmhainní Rialtais Ghinearálta agus €39bn. Is é an phríomhshócmhainn a dhéantar a ghlanluacháil ar mhaithe le Glanfhiachas a ríomh iarmhéid airgid thirim an Stáitchiste, arbh ionann é agus €23.3bn ag deireadh 2022. I measc na sócmhainní eile, tá infheistíochtaí airgid thirim agus neamhchothromais CISE. Níl bunanna cothromais an Rialtais in earnáil bhaincéireachta na hÉireann, Bainc-Aontas Éireann ach go háirithe, mar chuid de na sócmhainní seo.

Ollfhiachas agus Glanfhiachas Rialtais Ghinearálta 2005-2022



Foinse: GBCN agus an POS

Cistiú agus Bainistiú Fiachais (ar lean)


Bille Ús Fiachais

Is iad príomhchuspóirí bainistíochta fiachais GBCN a chinntiú go mbeidh dóthain leachtachta ann don Státchiste agus an t-ualach úis sa mheántéarma a íoslaghdú.

Tháinig titim beagnach 60%, go €3.3bn faoi 2021 ar an mbille úis Rialtais Ghinearálta anuas ó bhuaic €7.8bn in 2013. Mar gheall go bhfuil formhór an fhiachais chostasaigh géarchéime airgeadais aisíochta anois, áfach, agus gur tháinig méadú ar rátaí úis in 2022, bhí an bille úis mórán mar an gcéanna leis an leibhéal a tugadh faoi deara in 2021.

Ba é meántoradh ualaithe na mbannaí tagarmhairc a eisíodh in 2022 1.1% i gcomparáid le 0.2% in 2021. Cé gur tháinig méadú ar an gcostas ar fhiachas a eisiúint in 2022, tháinig laghdú suntasach ar an méid fiachais a eisíodh de réir mar a cuireadh tacaíochtaí COVID-19 ar fáil agus mar a tháinig borradh láidir faoi ioncam, ar cháin chorparáide, ach go háirithe, agus d'eisigh GBCN beagán de bhreis ar luach €7bn de bhannaí dá bharr. B'ionann an figiúr comhionann in 2021 agus breis agus €19bn. Tháinig laghdú anuas go dtí 1.4% in 2022 i gcomparáid le 3.8% in 2012 ar an méanráta úis¹ i stoc fiachais na hÉireann.

Ús Rialtais Ghinearálta agus an Meánráta 2010-2022



Foinse: GBCN agus an POS

¹ Ús Rialtais Ghinearálta mar chéatadán den stoc fiachais gan íoc ag deireadh na bliana roimhe sin.

Margadh Bannaí Rialtas na hÉireann

Banna		Dáta Aibíochta	Gan Íoc Deireadh 2021 €m*	Gan Íoc Deireadh 2022 €m*	Athrú in 2022 €m*
0.8%	Banna Státhchiste 2022	An 15 Márta 2022	6,788	-	-6,788
0%	Banna Státhchiste 2022	An 18 Deireadh Fómhair 2022	5,040	-	-5,040
3.9%	Banna Státhchiste 2023	An 20 Márta 2023	7,006	7,006	0
3.4%	Banna Státhchiste 2024	An 18 Márta 2024	8,031	8,031	0
5.4%	Banna Státhchiste 2025	An 13 Márta 2025	11,490	11,490	0
1.0%	Banna Státhchiste 2026	An 15 Bealtaine 2026	11,639	11,639	0
0.2%	Banna Státhchiste 2027	An 15 Bealtaine 2027	7,251	7,251	0
0.9%	Banna Státhchiste 2028	An 15 Bealtaine 2028	8,458	8,458	0
1.1%	Banna Státhchiste 2029	An 15 Bealtaine 2029	10,228	10,228	0
2.4%	Banna Státhchiste 2030	An 15 Bealtaine 2030	9,409	9,409	0
0.2%	Banna Státhchiste 2030	An 18 Deireadh Fómhair 2030	8,088	8,088	0
1.35%	Banna Státhchiste 2031	An 18 Márta 2031	6,848	6,848	0
0%	Banna Státhchiste 2031	An 18 Deireadh Fómhair 2031	9,193	9,193	0
0.35%	Banna Státhchiste 2032	An 18 Deireadh Fómhair 2032	-	4,691	+4,691
1.3%	Banna Státhchiste 2033	An 15 Bealtaine 2033	5,085	5,085	0
0.4%	Banna Státhchiste 2035	An 15 Bealtaine 2035	5,366	5,366	0
1.7%	Banna Státhchiste 2037	An 15 Bealtaine 2037	6,137	6,737	+600
0.55%	Banna Státhchiste 2041	An 22 Aibreán 2041	4,133	4,133	0
2.0%	Banna Státhchiste 2045	An 18 Feabhra 2045	9,707	10,568	+861
1.5%	Banna Státhchiste 2050	An 15 Bealtaine 2050	7,125	8,089	+964

*Gan maoin athshealbhaithe a áireamh.
D'fhéadfadh sé nach dtiocfadh na figiúirí leis an suimiú iomlán de bharr slánú.

Bhí 18 mbanna ráta sheasta ag a raibh réimse aibíochtaí a fhaide le 2050 i gceist le cuairt bhannaí tagarmhairc na hÉireann ag deireadh 2022. Ba é an t-iarmhéid iomlán gan íoc €142.5bn.

Tá príomhghrúpa déileálaithe láidir ag margadh bannaí Rialtas na hÉireann, ina bhfuil bainc infheistíochta idirnáisiúnta a bhfuil tionchar domhanda acu den chuid is mó. Tá teacht eisiach ag na 14 dhéileálaí príomha ar cheantanna bannaí Rialtas na hÉireann, agus iarrtar orthu praghsanna leanúnacha a lua i mbannaí tagarmhairc na hÉireann.

Próifíl Aibíochta

Léirítear próifíl aibíochta phunann fiachais mheántearmaigh-fhadtearmaigh (MTFT) na hÉireann, amhail deireadh 2022, sa ghraf ar leathanach 20.


Bhí dhá aibíocht bhanna tagarmhairc ann in 2022:

- Bhain banna 0.8% 2022 aibíocht amach an 15 Márta agus iarmhéid €6.8bn aige; agus
- Bhain banna 0% 2022 aibíocht amach an 18 Deireadh Fómhair agus iarmhéid €5bn aige.

Faoi mar a tharla le fuascailtí roimhe seo le blianta beaga anuas, thapaigh GBCN an deis na haibíochtaí seo a réamhchistiú. Ba é meánaibíocht ualaithe na punainne fiachais MTFT 10.4 bliain ag deireadh 2022.


Cistiú agus Bainistiú Fiachais (ar lean)

Próifíl Aibíochta Fiachas Mheántearmaigh agus Fhadtéarmaigh na hÉireann ag Deireadh 2022



Rátálacha Creidmheasa

Thit gluaiseachtaí dearfacha amach in 2022 i rátálacha creidmheasa na hÉireann. Rinne Fitch rátáil na hÉireann a uasghrádú céim amháin go AA-, agus bhí dearcadh cobhsaí ann. Rinne Moody's uasghrádú freisin ar rátáil na hÉireann faoi chéim amháin i mBealtaine, aníos go A1, agus leanadh leis an dearcadh dearfach. Ba iad na huasghráduithe ó na gníomhaireachtaí rátála na chéad chinn a rinneadh ón mbliain 2017. D'fhill Éire ar an gcatagóir rátála AA den chéad uair ó 2010 a bhuíochas le huasghrádú Fitch agus bairde rátáil Moody's ó 2010. D'athraigh Standard & Poor's (S&P) an dearcadh i leith rátáil na hÉireann go rátáil dhearfach i Samhain 2022, agus leanadh leis an rátáil AA- a bhronnadh. Léirítear sa ghráf thíos rátálacha stairiúla na hÉireann do na trí phríomhghníomhaireachtaí rátála a fhaide le deireadh na bliana 2022 agus an tráth sin san áireamh.



Rinne DBRS Morningstar agus R&I rátáil na hÉireann a uasghrádú freisin, go AA (iseal) agus AA- faoi seach i míonna luatha 2022.

Luaigh na gníomhaireachtaí rátála athléimneacht gheilleagar na hÉireann, an fheidhmíocht láidir ioncaim, agus an mhéadracht fheabhsaithe i dtaobh inbhuanaitheacht fiachais ina measúnuithe.

D'uasghrádaigh Moody's rátáil na hÉireann in Aibreán 2023 don dara huair laistigh de bhliain, a mhéadaigh an rátáil aníos go Aa3 agus a bhronn dearcadh cobhsaí. Ciallaíonn seo go rátáiltear Éire anois sa chatagóir AA leis na gníomhaireachtaí móra rátálacha domhanda go léir.

Rátálacha Creidmheasa Ardcheannasacha na hÉireann – amhail Aibreán 2023

Gníomhaireacht Rátála	Rátáil Fhadtéarmach	Rátáil Ghearrthéarmach	Dearcadh/Treocht
S&P	AA-	A-1+	Dearfach
Moody's		P-1	Cobhsaí
Rátálacha Fitch	AA-	F1+	Cobhsaí
DBRS Morningstar	AA (íseal)	R-1 (meánach)	Cobhsaí
R&I	AA-	a-1+	Cobhsaí
KBRA	AA-	K1+	Cobhsaí
Rátálacha Scóipe	AA-	S-1+	Dearfach

Caidreamh le hInfheisteoirí

Is é sprioc chlár Caidrimh le hInfheisteoirí GBCN caidreamh fadtéarmach a fhorbairt agus a chothú le hinfheisteoirí. Tugann sé trédhearcacht don mhargadh maidir le cás maicreacnamaíoch na hÉireann agus plean cistithe GBCN. D'fhill an clár ar mheascán de chruinnithe i bpearsan agus fíorúla ó Mhárta 2022 ar aghaidh.

I gcaitheamh na bliana, chas GBCN le hinfheisteoirí ó na hionaid mhóra airgeadais go léir, agus ó ionaid thánaisteacha cosúil leis an Iodáil, an Eilvéis agus an Ostair. Chas GBCN le hinfheisteoirí ó 17 dtír, i gcruinnithe i bpearsan san áireamh le hinfheisteoirí sna Stáit Aontaithe agus san Áise den chéad uair ó 2019.

Ciste Eascró Apple na hÉireann

Leanann GBCN ag tabhairt faoi fheidhmeanna áirithe an Aire Airgeadais maidir le hinfheistiú Chiste Eascró Apple na hÉireann ('an Ciste') i gcomhréir le horduithe toscaireachta a rinne an tAire agus in ordúcháin ghaolmhara Aire. Tá Coiste Infheistíochta ina bhfuil líon cothrom comhaltaí ceaptha ag GBCN (mar ghníomhaire an Aire) agus ag aonáin ábhartha Apple, atá freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar infheistíocht agus monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht na mbainisteoirí infheistíochta agus as an ngníomhaire/taisceánach eascró. Chas an Coiste ar a chéile ceithre huair le linn na bliana 2022.

I gcomhréir le hAlt 28 den Acht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (Leasú), 2000 agus faoi lánrogha an Aire Airgeadais, ceanglaítear ar GBCN cuntais a ullmhú agus a choimeád don Chiste, atá faoi réir iniúchta ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste. Léirítear sna cuntais seo, a chuirtear faoi bhráid an Aire Airgeadais gach bliain luach foriomlán, ioncam agus caiteachas an Chiste trí chaighdeán chuntasaíochta an CITA) (na Caighdeáin Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais) a úsáid. Déantar an t-ioncam, na costais, na gnóthachain agus na caillteanais go léir a thabhtú leis an gCiste. Foilsítear na cuntais go leithligh le cuntais GBCN.

Tá eolas breise ar an gcúlra atá leis an gCiste, agus le bunú an Chiste, chomh maith le heolas ar an straitéis infheistíochta don Chiste, ar fáil i dTuarascáil Bhliantúil 2020 GBCN.



Rialaíonn agus bainistíonn an GBCN Ciste Infheistíochta Straitéisí na hÉireann (CISÉ) ar a bhfuil sainordú reachtúil chun infheistiú a dhéanamh ar bhonn tráchtála ar bhealach atá ceaptha chun tacú le gníomhaíocht eacnamaíoch agus fostaíocht sa Stát.

Ciste Infheistíochta Straitéisí na hÉireann

Léargas Ginearálta

Ciste ina bhfuil €15bn is ea Ciste Infheistíochta Straitéisí na hÉireann (CISÉ), atá rialaithe agus bainistithe ag Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (GBCN). Is éard atá in CISÉ ná an Phunann Lánroghnach (€8.7bn) agus an Phunann faoi Threoir (€6.3bn).

Tá sainordú "bunlíne dhúbailte" ag an bPunann Lánroghnach chun infheistiú a dhéanamh ar bhonn tráchtála ar bhealach atá ceaptha chun tacú le gníomhaíocht eacnamaíoch agus fostaíocht in Éirinn. Ó aistríodh sócmhainní chuig CISÉ ón gCúlchiste Náisiúnta Pinsean (an CCNP) i mí na Nollag 2014, thug CISÉ faoi straitéis infheistíochta a chur i gcrích atá ceaptha an sainordú sin a chomhlíonadh. I mBealtaine 2020, mar fhreagairt do phaindéim COVID-19, d'fhógair an tAire Airgeadais go mbunófaí Ciste Cobhsaithe agus Téarnaimh Paidéime €2bn (CCTP) le hinfheistiú i ngnólachtaí meánscála agus mórscaála in Éirinn ar imir COVID-19 tionchar orthu. Lean CISÉ ag tacú le hiarrachtaí cobhsaithe agus téarnaimh gnólachtaí laistigh de phríomhearnálacha an gheilleagair go dtí deireadh na Bealtaine 2022 nuair a tháinig deireadh leis an CCTP.

Seoladh Straitéis Tionchair leasaithe CISÉ i Meitheamh 2022, inar díriodh ar cheithre phríomhthéama infheistíochta: an aeráid, infheistíochtaí titheochta agus cumasaithe; gnólachtaí dúchasacha a scálú; agus bia agus talmhaíocht.

Leantar leis an bPunann faoi Threoir (infheistíochtaí beartais phoiblí i mBainc-Aontas na hÉireann agus Banc na hÉireann go stairiúil) a choimeád laistigh de CISÉ ar ordú an Aire Airgeadais.



Straitéis Tionchair CISE

D'fhógair CISE a straitéis infheistíochta leasaithe i Meitheamh 2022. Cé nár athraíodh sainordú reachtúil CISE le hinfeistiú a dhéanamh do thoradh tráchtála in infheistíochtaí a thacaíonn le gníomhaíocht gheilleagrach agus infheistíocht in Éirinn, díreann sa straitéis leasaithe ar infheistíochtaí fadtéarmacha claochlaitheacha a théann i ngleic le príomhdhúshláin straitéiseacha atá roimh an tír. Áirítear leo seo an aeráid, infheistíochtaí tithíochta agus cumasaithe, gnólaíocht dúchasacha a scálú, agus bia agus talmhaíocht. Dúnadh an CCTP go foirmiúil chomh maith faoin straitéis seo. Tá an tsolúbthacht ag CISE i gcónaí infheistiú lasmuigh de na ceithre phríomhthéama infheistíochta, más gá, faoi théama an-Láidir agus Náisiúnta de réir na Straitéise Tionchair a foilsíodh in 2022, a bheidh tiomnaithe d'imeachtaí maicreacnamaíocha asáitithe gan choinne, cosúil leis an suaitheadh a chruthaigh paidéim COVID-19 nó riachtanais eile náisiúnta straitéiseacha.

Tá infheistiú chun tacú le borradh cothrom fud fad réigiúin uile na hÉireann ina ghné thábhachtach de straitéis CISE go fóill. Áirítear le díriú ar leith ar chlár infheistíochta leasaithe CISE uailmhian chun €500m a infheistiú in infheistíochtaí réigiúnacha chun feabhas breise a chur ar acmhainn gheilleagrach Chorcaí, na Gaillimhe, Luimnigh, Phort Láirge agus Cill Chhainnigh agus caitear leo seo mar bhunchloch straitéis infheistíochta leasaithe CISE. Díreofar, dá bharr seo, infheistíocht mhór ar gach cathair i bhfoirm áiteanna nua le hoibriú iontu, le cónaí iontu agus ar infheistíochtaí cumasaithe a mbeidh athghiniúint láir réigiúnacha chathrach mar thoradh orthu. Díreoidh CISE infheistíochtaí freisin ag atá ag teacht chun cinn agus ar ghnólaíocht a scálú sna cathracha réigiúnacha chomh maith le deiseanna eile chun tacú le borradh inbhuanaithe. Déantar seo anuas ar an ngealltanas a thug CISE in 2021 go lorgófar luach €1bn a infheistiú i dtionscadail aeráide i rith tréimhse cúig bliana, a lorgaíonn soláthar bonneagair inbhuanaithe a chistiú chun tacú le spriocanna 2030, agus samhlacha nua teicneolaíochta agus gnó a sholáthar mar bhealach a fhaide leis an gclaochlú agus le dícharbónú iomlán.

Punann Lánroghnach

Mar gheall ar shainordú "bunlíne dhúbailte" CISE, tá sé ar cheann de líon beag cistí ar fud an domhain a dhéanann infheistíocht chun tacú le gníomhaíocht gheilleagrach agus fostaíocht, anuas ar thorthaí tráchtála a sholáthar. Lorgaíonn CISE toradh a ghiniúint san fhadtéarma a sháraíonn costas fhiachas Rialtas na hÉireann (*faoi mar a shainmhínítear san Acht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (Leasú), 2014*).


Áirítear leis an bPunann Lánroghnach luach €3.6bn d'infheistíochtaí atá ceaptha tionchar gheilleagrach intíre (Punann na hÉireann) a imirt agus luach €5.2bn d'infheistíochtaí domhanda atá ceaptha baol íseal a chruthú agus atá an-leachtach (an Phunann Dhomhanda) chun gur féidir leo iad a chur ar fáil d'infheistíochtaí Phunann na hÉireann agus/nó do thionscnaimh Rialtais eile faoi mar a ordaítear. Tá fás tagtha ar luach na Punainne Lánroghnaí ó cuireadh tús léi aníos go luach margaidh €8.7bn* ag deireadh mhí na Nollag 2022. Chuir meascán de ghnóthachain infheistíochta (ar luach €2bn faoi láthair), instealltaí airgid thirim agus iar-aistrithe chuig tionscnaimh Rialtais eile, chuig Cúlchiste an Bharrachais Náisiúnta (Teagmhais Eisceachtúla) san áireamh é seo chun cinn.

Feidhmíocht

Ba é toradh infheistíochta CISE -6.7% in 2022. Tháinig meath ar thorthaí in 2022 de bhun buarthaí margaidh maidir le níos tuartha níos ísle ar bhorradh, boilsciú níos airde, athruithe ar bheartas airgeadaíochta, ionradh na Rúise ar an Úcráin agus teannas geopholaitiúil. Ghin CISE has toradh infheistíochta bliantúlaíthe 2.9% sa bhliain ó cuireadh tús leis go deireadh 2022. Is í sprioc infheistíochta CISE costas rollach fhiachas an Rialtais (2.8% ag deireadh 2022) san fhadtéarma.

Leithdháileadh Sócmhainní

Léargas Ginearálta ar CISE ag Deireadh 2022



Léirítear sna figiúirí nochtadh gheilleagrach gach aicme sócmhainne agus b'fhéidir sé nach dtiocfadh na figiúirí leis an suimiú iomlán de bharr slánú.

Gheall CISE suim iomlán €6.5bn d'Éirinn go díreach agus go hindíreach trína chomhpháirtithe infheistíochta ó cuireadh tús leis i mí na Nollag 2014. Meastar gur fiú €3.6bn luach margaidh reatha Phunann na hÉireann de chuid CISE. Gheall CISE €823m do 20 infheistíocht ar leith i rith 2022 (meánmhéid na hinfeistíochta: €41m), agus tugtar níos mó sonraí fúthu seo ar leathanach 24. Tá punann CISE éagsúlaithe de réir aicme shócmhainne faoi mar a shonraítear thuas agus tá a ghníomhaíocht infheistíochta scaipthe i measc a cheithre phríomhthéama infheistíochta - infheistíochtaí aeráide, tithíochta agus cumasaithe, gnólaíocht dúchasacha a scálú, agus bia agus talmhaíocht. Áirítear leis seo infheistíochtaí i measc na réigiún go léir.

*D'fhéadfadh nach dtiocfadh na figiúirí leis an suimiú iomlán de bharr slánú.

Ciste Infheistíochta Straitéisí na hÉireann (ar lean)

De bhreis air sin, déantar luach €5.2bn de shócmhainní a infheistiú go domhanda, a ndéantar beagán de bhreis ar €1.5bn díobh a choimeád do thionscnaimh a dtugann an Rialtas tús áite dóibh (€1.15bn don Ghníomhaireacht Forbartha Talún (an GFT) agus €0.4bn do Mhaoiniú Tógála Tithíochta Éireann (MTTÉ)). Is é príomhchuspóir na n-infheistíochtaí domhanda leachtacht a sholáthar d'infheistíochtaí Phunann na hÉireann chomh maith le haistarraingtí ordaithe nó ionchasacha (maidir le MTTÉ agus an GFT san áireamh) agus toradh cuí a thuilleamh a dhéantar a choigeartú ó thaobh riosca de a chabhróidh le feidhmíocht CISE le hinghlachtacht íseal riosca. Tugtar cuntas ar thábla na mbainisteoirí infheistíochta domhanda ar leathanach 25.

Infheistíochtaí Éireannacha i rith 2022

Infheistíocht	Cur Síos ar an Infheistíocht	Ceangaltas €m
Aer Lingus Teoranta	Saoráid fiachais chun tacú le riachtanais leachtachta an ghnólaigh (leantach).	200
BioDiscovery 6	Ciste á bhainistiú ag Andera Life Sciences ("Andera"), ceann de na príomhfhoirne fiontair san Eoraip, ina bhfuil speisialtóirí a bhfuil scileanna láidre eolaíochta, airgeadais agus oibriúcháin.	20
Ciste Forbraíochta Bunúsai	Ciste forbraíochta bunúsai a dhíríonn ar dheiseanna eastáit réadaigh tráchtála.	50
Ciste Caipitil Fáis Eorpaigh Claret III	Claret Capital Partners ("Claret"), fiontar bainisteoir fiachas bainisteora a phléann go sonrach le hiasachtú le gnólaigh teicneolaíochta agus le eolaíochtaí beatha ardfháis.	15
ClonBio Green Gas Limited (Green Generation)	lasacht chun tacú le cuideachta atá bunaithe i gCill Dara chun an gnólaigh reatha bithmheataín a fhairsingiú.	12
Cuideachta Ghníomhaíochta Sainithe DRES Finance	Infheistíocht a éascóidh DRES láithreáin straitéiseacha chónaithe a éadail ar fud Bhaile Átha Cliath agus Chill Mhantáin.	25
Emerald Airlines Ireland Limited	Infheistíocht fiachais chun tacú le borradh faoin aerlíne réigiúnach nua Éireannach - Emerald Airlines.	6
Ciste Tionchair Fuinnimh SCSp	Ceangaltas maidir le ciste caipitil fiontair a sholáthar do chiste caipitil fiontair céime déanaí atá á bhainistiú ag Energy Impact Partners, príomhinfeisteoir i dteicneolaíochtaí dícharbónaithe.	34
Ciste Teorann um Dhícharbónú Domhain na Comhpháirtíochta Eorpaí um Nuáil (EIP) I	Ceangaltas maidir le ciste caipitil fiontair luathchéime atá dírithe ar theicneolaíochtaí agus ar shamhlacha gnó a dhíríonn ar thionchair réabhlóideacha chun dícharbónú a luathú. Tá an ciste á bhainistiú ag Energy Impact Partners, príomhinfeisteoir i dteicneolaíochtaí dícharbónaithe.	34
Housing Infrastructure Services DAC	Saoráid creidmheasa imrothlach do HISCó, comhfhiontar 50:50 CISE le Comhairle Contae Chorcaí a sholáthraíonn bonneagar le forbairt cónaithe a chumasú (leantach).	40
Ciste Infheistíochta Óstán	Ciste gnáthscaire atá tiomnaithe d'infheistiú in óstáin a bhíonn thíos le tionchair gheilleagracha.	50
Ciste Foraoiseachta Straitéiseach na hÉireann	Ceangaltas maidir le ciste nua le sócmhainní foraoiseachta na hÉireann a éadail agus a fhorbairt.	25
Kilkenny Cheese Limited	Saoráid fiachais do chomhfhiontar idir an próiseálaí cáise ón Ísiltír, Royal A-ware, agus Glanbia Éire DAC, le tógáil ionad cáise ilchríche a chistiú.	66
Ciste Eastáit Réadaigh Quadrant III	Ciste a sholáthraíonn airgeadas amhantrach eastáit réadaigh tráchtála d'fhorbairtí d'fhorbairtí nua oifige i gCorcaigh agus Gaillimh.	70
Ciste Fuinnimh Inbhuanaithe Solas ICAV	Ceangaltas maidir le ciste a sholáthraíonn maoiniú nuálach fiachais do thionscadail éifeachtúlachta fuinnimh cónaithe agus tráchtála.	20
Stacycity Investments Limited	Infheistíocht chun tacú le hoibríochtaí leanúnach agus le borradh faoin bpríomhchuideachta árástáin Éireannach (leantach) amach anseo.	10
AMCS International Limited	Infheistíocht leantach d'institiúid infheistiúcháin reatha a fhorbraíonn bogearraí don earnáil dramhaíola, athchúrsála agus acmhainní.	52
Ciste Caipitil Beach Point II (BPC Ireland Lending II DAC)	Ciste lasachta a sholáthraíonn fiachas do FBManna Éireannacha ar chéim fáis (leantach).	10
Greystones Media Campus Limited	Ceangaltas gnáthscaire leantú d'institiúid infheistiúcháin reatha chun tacú le láithreán 44 acra sna Clocha Liatha, Contae Chill Mhantáin a éadail agus a fhorbairt ina champas stiúideo scannáin den chéad scoth.	24
Ciste Fiachais Phríobháidigh Uile-Eorpach Muzinich II SCSp	Ciste a sholáthraíonn iasachtaí do chuideachtaí sa mheánmhargadh íseal / FBManna.	60
Iomlán		823

D'fhéadfadh sé nach dtiocfadh na figiúirí leis an suimiú iomlán de bharr slánú.

Bainisteoirí Infheistíochta Domhanda agus Cistí Comhthiomsaithe ag Deireadh 2022

Ciste Bainisteora/Comhthiomsaithe	Sainordú
Goldman Sachs Asset Management International	Ilsócmhainn
Ruffer LLP	Ilsócmhainn
Irish Life Investment Managers Limited	Gnáthscair, Ioncam Seasta agus Dearbhthoradh
Amundi Asset Management	Ioncam Seasta
Mackay Shields ECO Funding DAC (á bhainistiú ag MacKay MacKay Shields Europe Investment Management Limited)	Ioncam Seasta
UBS Asset Management (UK) Ltd.	Gnáthscair, Ioncam Seasta agus Tráchtearraí
Acadian Asset Management LLC	Cothromas
Generation IM Fund plc. (á bhainistiú ag Generation Investment Management LLP)	Cothromas
ISIF BAAM Alpha Fund Ltd. (á bhainistiú ag Blackstone Alternative Asset Management L.P.)	Dearbhthoradh
Bridgewater Pure Alpha Major Markets Fund III, Ltd. (á bhainistiú ag Bridgewater Associates LP)	Dearbhthoradh
AHL Alpha (Cayman) Limited (á bhainistiú ag AHL Partners LLP)	Dearbhthoradh
Bainisteoirí Eastáit Réadaigh Domhanda*	Eastát Réadach

*Infheistíochtaí leagáide an CCNP.

Soláthraíonn coimeádaí CISE, BNY Mellon, seirbhísí coimeáda, cuntasáíochta, praghsála agus idirbhearta do GBCN. Tá BNY Mellon freagrach as idirbhearta a shocrú agus as sealbhuithe scartha shócmhainní margaí poiblí CISE atá faoi úinéireacht dhíreach a choimeád.

Téamaí Infheistíochta

Aeráid

Lorgaíonn Straitéis Infheistíochta Aeráide CISE le tionscnaimh a imríonn tionchar dearfach ar an aeráid a chistiú a thacaíonn le haistriú na hÉireann chuig geilleagar ísealcharbóin atá neodrach ó thaobh fuinnimh. Cur chuige dhá cholún é seo:

- Ar an gcéad dul síos, tacaítear le riachtanais bhonneagraha inbhuanaithe gheilleagar na hÉireann go dtí 2030 i bpríomhlímitéir ina bhfuil astaíochtaí carbóin le tabhairt faoi dara, faoi mar a dtugtar cuntas air i bPlean um Ghníomhú ar son na hAeráide an Rialtais.
- Ar an dara dul síos, cistítear teicneolaíochtaí nua agus samhlacha gnó nua a fhorbairt a thacóidh le haistriú níos fadtéarmaí gheilleagar na hÉireann go geilleagar atá neodrach ó thaobh fuinnimh tar éis 2030 agus roimh 2050.

Chuaigh CISE i gcomhpháirt le hinfeisteoirí idirnáisiúnta ardleibhéil a bhfuil saíneolas domhain acu i limistéar na haeráide, a chuireann caipiteal cliste agus tallann den chéad scoth ar fáil chun díriú ar aistear dícharbónaithe na hÉireann. In 2021, d'fhógair CISE a uailmhian €1bn a infheistiú in infheistíochtaí a bhaineann leis an aeráid i gcaitheamh tréimhse cúig bliana. Rinne CISE infheistíochtaí ar luach thart ar €500m a bhaineann leis an aeráid go dtí seo chun tacú leis an straitéis dícharbónaithe seo, agus infheistíodh €235, de ó 2021.

Infheistíochtaí Tithíochta agus Cumasaithe

Díríonn téama infheistíochtaí tithíochta agus cumasaithe Straitéis Tionchair CISE ar infheistíocht i measc forbairt cónaithe, athghiniúint uirbeach, eastát réadach tráchtála agus bonneagair.

Tá CISE ag díriú ar 25,000 áit chónaithe nua a sholáthar faoin mbliain 2030 trí infheistíochtaí gnáthscaire agus fiachais. Bhí €1.2bn² geallta ag CISE faoi dheireadh 2022 do thithíocht chónaithe agus díoladh breis agus 11,250 áit chónaithe.

Sheol CISE tionscnaimh nua €500m i Meitheamh 2022 a bhí dírithe ar chúig chathair réigiúnacha na hÉireann – Corcaigh, Gaillimh, Luimneach, Port Láirge agus Cill Chainnigh. Díreofar, de bharr an tionscnaimh nua seo, infheistíocht mhór ar gach cathair i bhfoirm áiteanna nua le hoibriú iontu, le cónaí iontu agus ar infheistíochtaí cumasaithe a mbeidh athghiniúint láir réigiúnacha chathrach mar thoradh orthu. Tugadh infheistíochtaí tosaigh a thacaíonn le forbairt oifige réigiúnach agus athghiniúint uirbeach chun críche go déanach in 2022 agus go luath in 2023.

Gnólachtaí Dúchasacha a Scálú

Trí théama um scálú gnólachtaí dúchasacha, lorgaíonn CISE le réimse fairsing, dinimiciúil agus iomaíoch de roghanna cistithe a chruthú chun tacú le pleananna borrrtha gnólachtaí Éireannacha.

Bainfidh CISE é seo amach tríd na rudaí seo a leanas a dhéanamh:

- Infheistiú chun tacú le héiceachóras daingean cistithe a sholáthraíonn réitigh oiriúnacha chaipitil do chuideachtaí i ngach earnáil, ag gach céim den saolré borrrtha agus ar fud an struchtúir chaipitil; agus
- Rogha infheistíochta díri a chur ar tairiscint do ghnóthais a bhfuil an uailmhian agus an acmhainn fhadtéarmach acu tabhairt faoi bhorradh ar an amlíne is mó a oireann don ghnólacht agus dá húnéirí.

Gheall CISE breis agus €200m in 2022 i measc réimse straitéisí, cistí agus deiseanna díreacha, a thacaigh le borradh leanúnach an tírdhreacha dhúchasaigh cistithe agus leis na gnólachtaí laistigh de. Áirítear leo seo gnáthscair €24m chun tacú le chéad chéim Champas Meán na gCloch Liath (an campas scannán agus meán is nua in Éirinn), ceangaltas €50, a thacaíonn le ciste gnáthscaire atá tiomnaithe d'infheistiú in óstáin ar imir COVID-19 tionchar orthu agus infheistíocht fiachais €6m chun tacú le borradh teacht faoi aerlíne nua Éireannach ghearraistir, Emerald Airlines.

2 Áirítear leis an bhfigiúr seo comhréir de cheangaltas leagáide atá tiomnaithe do thithíocht (QREA Financing Limited - Saoráid A agus Ciste Forbraíochta Bunúsai WLR L.P.).

Ciste Infheistíochta Straitéisí na hÉireann (ar lean)

Bia agus Talmhaíocht

Is é bia agus talmhaíocht an earnáil dhúchasach is mó in Éirinn a dhéanann luach €16.7bn d'easpórtálacha chuig 180 tír arb ionann sin agus 38% d'easpórtálacha na ngnóthas uile atá faoi úinéireacht Éireannach agus a fhostaíonn 170,040 duine ar fud cheantair thuaithe na hÉireann.

Tá sprioc i straitéis agraibhia náisiúnta na hÉireann, Fís don Bhia 2030, go ndéanfar ceannaire domhanda d'Éirinn i gcórais bhia inbhuanaithe sna deich mbliana amach romhainn trí chothromaíocht a bhaint amach idir an aeráid, talmhaíocht chliste, an comhshaoil agus inbhuanaitheacht gheilleagrach, sláinte, agus nuálaíocht. Ba cheart go soláthródh seo tairbhí suntasacha d'earnáil agraibhia na hÉireann, do shochaí na hÉireann agus don timpeallacht. Ba cheart go gcuirfeadh sé an bonn faoi bhuntáiste iomaíoch amach anseo freisin.

Tá mar chuspóir ag straitéis infheistíochta bia agus talmhaíochta CISE tacú le haistriú earnáil bhia agus talmhaíochta na hÉireann go ndéanfar ceannaire domhanda di i gcórais bhia inbhuanaithe. Tacóidh CISE le cuideachtaí bia dúchasacha na hÉireann chun scálú agus fás go hidirnáisiúnta, infheistiú i ndeiseanna teicneolaíochta bia agus i dteicneolaíocht na talmhaíochta a thacóidh leis an aistriú chuig inbhuanaitheacht agus a sholáthróidh réitigh nuálacha chun tacú leis na spriocanna uailmhianacha aeráide don talmhaíocht. Infheisteoidh CISE freisin chun tacú le hearnálacha nua a fhorbairt inar féidir le hÉirinn buntáiste iomaíoch a fhorbairt chun tabhairt faoi scálú agus fás.

Gheall CISE beagán de bhreis ar €100m in 2022 d'infheistíochtaí a thacaíonn le cuideachtaí dúchasacha Éireannacha margaí idirnáisiúnta nua a bhaint amach agus aistriú ó mhargaí traidisiúnta, spriocanna aeráide a bhaint amach agus cabhrú le hearnáil nua atá ag teacht chun cinn a scálú. Cuireann na hinfeistíochtaí seo le hinfeistíochtaí reatha i measc ardáin cuideachtaí dúchasacha, teicneolaíochta talmhaíochta, teicneolaíochta bia, foraoiseachta agus mhaoinithe.

Tionchar Geilleagrach

Lorgaíonn CISE an tionchar geilleagrach ó infheistíochtaí a uasmhéadú agus a chinntiú i gcomhthráth go sásaíonn gach infheistíocht a chuspóirí brabúis tráchtála.

Tá difríocht idir an tionchar geilleagrach agus an fhostaíocht a fhaigheann tacaíocht ó infheistíocht CISE agus gnáthchaiteachas an Rialtais. Ídítear acmhainní poiblí mar thoradh ar chaiteachas Rialtais mar thoradh ar an airgead a chaitear, ach i dtaobh infheistíocht tráchtála, bíonn súil leis go ndéantar acmhainní poiblí a aiscur agus gnóthachan arna bhaint amach ag deireadh na tréimhse infheistíochta. Is féidir caipiteal infheistíochta a aischiureadh a athchúrsáil ansin agus tionscadail thairbhíúla bhreise a dhéanamh díobh.

Ag teacht le sainordú "bunlíne dhúbailte" CISE, cuid lárnach de dhícheall cuí CISE roimh an infheistíocht is ea measúnú cuimsitheach a dhéanamh ar acmhainn tionchar gheilleagraigh gach idirbheart. De ghnáth, déantar measúnú ar thionchar geilleagrach i measc thoisí na breisióchta, an dlíáithrithe agus an mharbhuachas.

Tagraíonn breisiócht do na buntáistí eacnamaíocha breise a bhaineann le hOll-Bhreisluch is dóigh a thiocfaidh chun cinn mar thoradh ar an infheistíocht atá á breithniú, de bhreis ar an méid tharlódh beag beann air sin. Déanann CISE breithniú freisin ar mhéadracht a bhaineann go sonrach le hearnáil, cosúil le tithíocht agus aeráid.

Tagraíonn dlíáithriú do chásanna ina laghdaítear an bhreisiócht a chruthaítear ó infheistíocht nó ina laghdaítear é ar leibhéal foriomlán an gheilleagair i ngeall ar laghdú ar thairbhí den sórt sin in áiteanna eile sa gheilleagar.

Tagraíonn marbhualach do chásanna ina mbainfí amach na tairbhí eacnamaíocha a cruthaíodh ó infheistíocht ar aon chaoi in éagmais idirghabhála.

Trína infheistíochtaí, lorgaíonn CISE le tionchar geilleagrach dearfach a sholáthar trí bhreisiócht a chruthú, dlíáithriú a íoslaghdú, agus marbhluach a sheachaint trí chur le foinsí caipitil san earnáil phríobháideach (seachas dul in iomaíocht leo). I ndiaidh na hinfeistíochta, cuireann CISE suirbhé bliantúil i gcrích ar na hinfeisteoirí ar fad chun an tionchar geilleagrach agus sonraí fostaíochta a bhaillú le cur ar a chumas dul chun cinn ó thaobh tionchar geilleagrach na n-infheistíochtaí go léir a fhaire.

Léirítear sna sonraí thíos sonraí mionsonraithe suirbhé don bhliain fhioscach 2021. Nuair a chuirtear méid na n-institiúidí infheistiúcháin, castacht na bhfreagairtí agus na hanailíse ina dhiaidh sin san áireamh, tá foilsiú na sonraí tionchair gheilleagraigh seo ag titim ar gcúl 6 mhí (foilsíodh na torthaí ar dtús i Meán Fómhair 2022).

Tionchar Geilleagrach CISE ag Deireadh 2021



Poist lena dtacaíonn caipiteal CISE

39,686



Oll-Bhreisluch (OBL)*

€1.53bn



Lámhdeachas

€3.78bn



Fostaíocht de réir réigiúin

**53% Baile Átha Cliath/
47% lasmuigh de BÁC**



Bille pá


€1.25bn



Easpórtálacha

€1.03bn

Tionchar Geilleagrach Réigiúnach CISE in BF 2021



	Ulaídh	Mumha	Connachta	Laighean Lasmuigh de BÁC	Baile Átha Cliath
Poist	4%	19%	5%	19%	53%
Caipiteal CISE a Cuireadh chun Feidhme	3%	20%	6%	11%	60%
OBL	7%	25%	5%	25%	38%
*Deighilt OBL Réigiúnach an POS (2019)	3%	35%	4%	18%	40%


*Is é Oll-Bhreislúach (GVA) an tomhas ar leibhéal fiontair nó earnála ar earraí nó ar sheirbhísí a tháirgtear atá, nuair a dhéantar iad a chomhiomlánú ar fud gach fiontar agus a choigeartú le haghaidh cánacha agus fóirdheontas, ionann le hOlltáirgeacht Intíre (OTI).

Tionchar CISE a Ghiaráil

Leag CISE sprioc chomhinfeistíochta amach chun caipiteal tríú páirtí €1m a mhealladh anuas ar gach €1m de chaipiteal a infheistíonn CISE.

Agus ceangaltas chomhinfeisteora i measc tríú páirtithe san áireamh, bhí €16.7bn san iomlán tiomnaithe lena infheistiú in Éirinn ag eascairt as infheistíochtaí CISE. Sháraigh CISE a sprioc amhail an 31 Nollaig 2022 tar éis gur baineadh ráta chomhinfeistíochta €1.6m amach sa mhullach ar gach €1m a bhí geallta ag CISE.

Ceangaltas CISE d'Éirinn 2014-2022



*Bhí sócmhainní Éireannacha a aistríodh ón CCNP i mí na Nollag 2014 ar aon dul le sainordú CISE tríd is tríd. D'fhéadfadh sé nach dtiocfadh na figiúirí leis an suimiú iomlán de bharr slánú.

Ciste Infheistíochta Straitéisí na hÉireann (ar lean)

Inbhuanaitheacht agus Infheistíocht Fhreagrach

Úinéir uilíoch é CISÉ, a chiallaíonn go mbraitheann a thorthaí fadtéarmacha ar shláinte fhoriomlán an gheilleagair, agus tá tosca Comhshaoil, Sóisialta agus Rialachais (CSR) a chomhtháthú i gceartlár a chur chuige infheistíochta. Cruthaíonn CSR tairbhí do CISÉ ní hamháin trí gach infheistíocht aonair, ach freisin ar leibhéal punainne fhoriomláine, a chuireann feabhas, i ndeireadh na dála, ar luach fadtéarmach an Chiste agus ar an gcáil atá ar GBCN i leith aghaidh a thabhairt ar a shainordú.

Cuimsítear i gcur chuige uileghabhálach CISÉ i leith Inbhuanaitheachta agus Infheistíocht Fhreagrach (I agus IF):

- Tá CISÉ dírithe ar a chinntiú go measann an phunann iomlán, na bainisteoirí tríú páirtí, agus na cuideachtaí institiúide infheistiúcháin rioscaí agus deiseanna aeráide féideartha (mar is cuí) agus go ndéantar rioscaí den sórt sin a mheas go cuí mar chuid de bhainistíocht punainne agus cinnteoireacht CISÉ.
- Féachann CISÉ le hidirchaidreamh a dhéanamh le hinfeisteoirí agus eagraíochtaí atá ar aon intinn leo a bhfuil uailmhian CISÉ acu chun tosaíochtaí GSF a bhaint amach. Is sinitheoir bunaithe é CISÉ do Phrionsabail na hInfheistíochta Freagraí (PIF), a thacaíonn le CDP (an Tionscadal um Nochtadh Carbóin roimhe seo) agus Ag Gníomhú ar son na hAeráide 100+ agus a d'fhorghuinnigh an tionscnamh One Planet Sovereign Wealth Funds (OPSWF) agus Prionsabail Santiago.

Cur chuige Uile-Chiste i leith Inbhuanaitheachta agus Infheistíocht Fhreagrach

Is iad na príomhuirlisí a úsáideann CISÉ le CSR a chur i bhfeidhm ar bhealach atá comhsheasmhach tríd is tríd i measc a bpunann:

- Comhtháthú: Úsáideadh Uirlis an Chreata Aeráide agus CSR chun cabhrú le rioscaí ábhartha CSR i measc Phunann na hÉireann a shainaithint, a mhaolú agus le monatóireacht a dhéanamh orthu. I gcaitheamh a phróisis cinnteoireachta faoi infheistíocht, tá de chuspóir ag CISÉ saincheisteanna CSR a mhaolú agus a bhainistiú.
- Úinéireacht Gníomhach: Tá stair fhada ag CISÉ d'uinéireacht ghníomhach agus soláthraíonn EOS ag Federated Hermes seirbhísí Úinéireachta Gníomhaí don Phunann Dhomhanda agus déantar na tairbhí vótála go léir a thuairisciú go ráithiúil ar láithreán gréasáin CISÉ.
- Anailís: Úsáideann CISÉ seirbhísí RSC-CSR chun tabhairt faoi anailísíocht mhionsonraithe punainne, lorg carbóin agus anailís tionchair ina measc atá ar aon dul le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na NA (SFIanna).
- Dífheistiú agus Eisiamh: D'fhorbair CISÉ liosta 260 cuideachta bhreosla iontaise nach ndéanfaid sé infheistiú iontu faoi dheireadh na bliana 2022 i gcomhréir lena oibleagáidí faoin Acht um Dífheistiú Breosla Iontaise, 2018. Anuas air sin, tá straitéis eisiatach á coimeád ag CISÉ maidir le cnuasmhuinisin agus mianaigh frithphearsanra (ar infheistíochtaí coiscthe iad faoin Acht um Chnuas-Mhuinisin agus Mianaigh Fhrithphearsanra, 2008), táirgeadh agus próiseáil guail, agus déantúsaíocht tobac agus infheistíocht dhíreach i gcuideachtaí atá bainteach le déantúsaíocht agus tástáil arm nó a gcodanna rithábachtacha comhábhair.

Cuid lárnach de shainordú CISÉ é infheistiú le tionchar. Tugann CISÉ tús áite d'úsáid a bhaint as a chaipiteal agus a acmhainní chun dul i ngleic le dúshláin straitéiseacha agus díriú ar infheistíochtaí claochlaitheacha a dhéanamh i measc a phríomhthéamaí infheistíochta, an aeráid san áireamh. Thosaigh CISÉ clár infheistíochta aeráide cúig bliana €1bn.

Cuimsítear i Straitéis Aeráide CISÉ gach limistéar den gheilleagar ina bhfuil astaíochtaí carbóin, cosúil le fuinneamh, iompar, an timpeallacht thógtha, dramhaill agus fiontraíocht, agus cuimsítear limistéir eile théamacha ann a bheidh lárnach san aistriú chuig geilleagar atá neodrach ó thaobh fuinnimh. D'fhoilsigh CISÉ a Nuashonrú ar an Aeráide maidir le hinfeistíocht CISÉ san aeráid agus conas atá riosca aeráide ina phunann infheistíochta á bhainistiú agus á mhaolú aige. Tá é seo ar fáil ar láithreán gréasáin CISÉ. Léirítear sa Nuashonrú Aeráide tábhacht mhéadaithe na haeráide do CISÉ agus tá príomh-mhéadracht ann maidir le hastaíochtaí carbóin ó infheistíochtaí CISÉ, a chuireann le nochtadh reatha comhshaoil CISÉ, anuas ar shonraí faoi spriocanna aeráide CISÉ.

Éagsúlacht, Cothroime agus Ionchuimsiú

Tháinig méadú in 2022 ar ainmniúcháin stiúthóirí inmheánacha CISÉ aníos ó chóimheas ban 33% go 42% (0% nuair a tomhaiseadh i dtosach é in 2019) in aghaidh na sprice bliantúla 30%. Athbhreithníodh an sprioc seo i mí na Nollag 2022 agus tá sé leasaithe go dtí 40% ó shin. Ball é CISÉ chomh maith de Level 20 (eagraíocht neamhbhrabúsach a bunaíodh agus é mar aidhm aici éagsúlacht inscne a fheabhsú sa tionscal gnáthscaire príobháidí) agus de ghrúpa tionscail an 30% Club don earnáil seirbhísí airgeadais.

Leagtar amach sa phlean gníomhaíochta éagsúlachta inscne chomh maith sprioc íosta 30% i dtaobh ionadaíocht bhan ar bhoird cuideachtaí institiúide infheistiúcháin CISÉ ar fud Phunann na hÉireann, a leanann le dul chun cinn a dhéanamh ina n-aghaidh.

Gnóthais Infheistíochta faoi stiúir Ban

D'fhógair CISÉ a uailmhian €50m, ar a laghad, a infheistiú i gcaitheamh na chéad dhá bhliain eile trí ghnóthais ghnáthscaire príobháidí a bhfuil a dtromlach faoi úinéireacht bhan. Trí uailmhian a bhunú d'infheistiú i ndeiseanna infheistíochta faoi stiúir ban, lorgaíonn CISÉ a thiomantas do neamhionannas inscne agus éagsúlacht níos mó ar leibhéil shinsearach – araon laistigh de CISÉ agus sna cuideachtaí agus sna cistí ina n-infheistíonn sé.

Treoracha ón Aire Airgeadais

Tá beagnach faoi bhun €2.0bn de chaipiteal leithdháilte ag CISÉ do thionscnaimh Rialtais eile; an Gníomhaireacht Forbartha Talún (LDA) (€1.25bn), agus Maoiniú Tógála Tithíochta Éireann (HBFÍ) (€730m). Baineadh beagán de bhreis ar €0.4bn den chaipiteal seo ón gCiste amháin an 31 Nollaig 2022.

- **An Gníomhaireacht Forbartha Talún:** Chuir an tAire Airgeadais GBCN ar an eolas i scríbhinn an 22 Deireadh Fómhair 2018 ar thogra chun cúlchiste a mhéid le €1.25bn a leithdháileadh chun tacú leis an nGníomhaireacht Forbartha Talún. D'ordaigh an tAire Airgeadais GBCN an 10 Márta 2022 €100m as sócmhainní an CISÉ a aistriú chuig an GFT tráth nach déanaí ná an 24 Márta 2022 chun críche dliteanas an Aire a chomhlíonadh a eascraíonn mar thoradh

ar shuibscríobh an Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht agus ar shuibscríobh an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe³ le haghaidh scaireanna sa LDA de réir Alt 25(2) den Acht um Fhorbairt Talún, 2021. D'ordaigh an tAire Airgeadais GBCN an 15 Márta 2023 €250m breise as sócmhainní an CISE a aistriú chuig an GFT tráth nach déanaí ná an 24 Feabhra 2023 chun críche dliteanas an Aire a chomhlíonadh a eascraíonn mar thoradh ar shuibscríobh an Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht³ le haghaidh scaireanna sa LDA de réir Alt 25(3) den Acht um Fhorbairt Talún, 2021.

- **Maoiniú Tógála Tithíochta Éireann (MTTÉ):** D'ordaigh an tAire Airgeadais GBCN an 8 Aibreán 2019 comhaontú saoráid iasachta a chur i gcrích le Cuideachta Gníomhaíochta Ainmnithe Cuideachta Maoiniú Tógála Tithíochta Éireann (lasachtú) (HBFIL) agus saoráid iasachta a mhéid le €730m ó CISE go HBFIL a chur ar fáil. Ó bunaíodh HBFIL, rinneadh €366m, ar an iomlán, a tharraingt anuas. Nuair a chuirtear san áireamh ús agus aislocaíochtaí €39m ag HBFIL, bíonn an iasacht gan úc ag deireadh 2022 agus €330m.

An Phunann faoi Threoir

Leantar leis an bPunann faoi Threoir – infheistíochtaí beartais phoiblí i mBainc-Aontas na hÉireann cuideachta phoiblí theoranta (AIB) agus Corparáid Baincéireachta Straitéisí na hÉireann (SBCI) agus HBFIL – a choimeád laistigh de CISE ar ordú an Aire Airgeadais. Le linn na géarchéime airgeadais, d'infheistigh an CCNP suim iomlán €20.7bn i mBainc-Aontas Éireann agus i mBanc na hÉireann faoi threoir an Aire Airgeadais agus ar chúiseanna beartais phoiblí. Aistríodh na sócmhainní seo chuig CISE nuair a bunaíodh CISE.

Baineann na figiúirí sa mhír seo le hinfeistíochtaí díreacha a bhí á gcoimeád ag CISE amháin agus ní áirítear leo infheistíochtaí beartais phoiblí in institiúidí airgeadais na hÉireann a rinne an tAire Airgeadais tríd an Státchiste.

D'ordaigh an tAire Airgeadais GBCN in 2021 agus 2022 díol cuid de scairsealbhú an Stáit i mBanc na hÉireann, an díol an scairsealbhú iomlán le himeacht ama, a éascú, a coimeádadh mar infheistíocht dhíreach laistigh de CISE, agus glanfháltais an díola a aistriú ina dhiaidh sin (i ndiaidh aon táillí, costais agus táillí úis a íoc) chuig an Státchiste. Aistríodh na fáilais deiridh chuig an Státchiste an 29 Meán Fómhair 2022. Laghdaíodh scairsealbhú díreach CISE i mBanc na hÉireann anuas ó thart ar 8% an 31 Nollaig 2021 go dtí 0% an 23 Meán Fómhair 2022.

D'eisigh an tAire Airgeadais ordúcháin do GBCN go déanach in 2021, agus ina dhiaidh sin in 2022, le díol cuid de scairsealbhú an Stáit i mBainc-Aontas Éireann a éascú, a choimeádtar mar infheistíocht dhíreach laistigh de CISE, trí phlean trádála réamhshocraithe a bhí ar bun ag deireadh 2022. Tosaíodh le scaireanna a dhíol go luath in 2022. D'eisigh an tAire ordúcháin freisin do GBCN in 2022 maidir le codanna breise de scairsealbhú díreach an Stáit a dhiúscairt trí rannpháirtíocht i gclár aiscéannaigh scaireanna AIB agus scaireanna breise a chur i roinnt próisis luathaithe leabharbhunaithe ("ABB").

Laghdaíodh scairsealbhú díreach CISE amháin an 31 Nollaig 2022 in AIB anuas ó thart ar 71% an 31 Nollaig 2021 go dtí thart ar 57%.

Bhí an méid seo a leanas sa Phunann faoi Threoir ag deireadh 2022:

- Gnáthscaireanna i mBainc-Aontas Éireann ar luach praghas margaidh €3.62 an scair;
- Airgead tirim €453m, ceangaltais €165m leis an SBCI san áireamh; agus
- Iasacht €330m le HBFIL.

Bhí luacháil €6.3bn ag an bPunann faoi Threoir ag deireadh 2022. Ba é an toradh a bhain sé amach in 2022 56%. Ag eascairt as an €20.7bn a rinneadh a infheistiú i mBainc-Aontas Éireann agus i mBanc na hÉireann, bíonn torthaí airgid thirim ar infheistíochtaí go dtí seo agus €12.7bn, agus bíonn luachálacha infheistíochta ag deireadh 2022 agus €5.5bn, a mhéadaíonn an tsuim iomlán (ioncam agus luach) aníos go dtí €18.2bn.

An Phunann faoi Threoir ag deireadh 2022

	Airgead tirim a infheistíodh €bn	Airgead tirim faighte €bn	Luach ag Deireadh 2021 €bn	Luach ag Deireadh 2022 €bn	Iomlán (Ioncam agus Luach) €bn	Scairsealbhú ag Deireadh 2022 %
Banc na hÉireann	4.7	5.1	0.4	0	5.1	0
Bainc-Aontas Éireann (AIB)	16	7.6	4	5.5	13.1	57
Infheistíochtaí iomlána Bainc	20.7	12.7	4.4	5.5	18.2	
HBFIL		0.0	0.1	0.3		
Airgead tirim agus ceangaltais do SBCI			0.2	0.5		
An Phunann faoi Threoir iomlán			4.8	6.3		

D'fhéadfadh sé nach dtiocfadh na figiúirí leis an suimiú iomlán de bharr slánú.

3 An tAire Caiteachais Phoiblí, um Sholáthar an Phlean Forbartha Náisiúnta (an PFN) agus Athchóirithe anois.



Ag gníomhú mar an Ghníomhaireacht Náisiúnta Forbartha Airgeadais (an GNFA), cuireann an GNFA seirbhísí comhairleacha airgeadais, soláthair agus seachadta tionscadal ar fáil d'údaráis Stáit maidir le tionscadail bhonneagair phoiblí. Tá an GNFA freagrach sa ról seo as tionscadail a sholáthar agus a thógáil a cuireadh faoina bhráid sula n-aistreofar an tsócmhainn chríochnaithe chuig an Roinn/ghníomhaireacht ábhartha urraíochta.


An Ghníomhaireacht Náisiúnta Forbartha Airgeadais

Bonneagar CPP agus Neamh-CPP a Sholáthar

Soláthraíodh tithíocht shóisialta agus tionscadail oideachais Comhpháirtíochta Príobháidí Poiblí (CPP) agus bhonneagair neamh-CPP go príomha ar a raibh luach caipitiúil measta thart ar €2bn.

Tithíocht Shóisialta

Tar éis gur soláthraíodh thart ar 1,000 áit chónaithe i mBearta CPP Tithíochta Sóisialta 1 agus 2 in 2021, atá faoi chonradh agus á mbainistiú anois ag an GNFA, soláthrófar thart ar 2,600 áit chónaithe bhreise faoin gclár tithíochta sóisialta CPP. Méadóidh seo an soláthar faoin gclár aníos go dtí thart ar 3,600 teach. Leanadh i rith 2022 le gníomhaíochtaí réamhsoláthair maidir le Beart 3, a sholáthróidh thart ar 480 áit chónaithe i measc sé láithreán i mBaile Átha Cliath, Cill Dara, Sligeach agus Cill Mhantáin. Seoladh soláthar Bheart 3 i Nollaig 2022.



D'fhógair an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachtá Bearta 4 agus 5 freisin i Meitheamh 2022, a sholáthróidh thart ar 1,600 áit chónaithe⁴ i measc 18 láithreán i gceantar Bhaile Átha Cliath/Mórcheantar Bhaile Átha Cliath. D'fhógair an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachtá Beart 6, ina bhfuil 520 áit chónaithe i measc ocht láithreán i gCorcaigh, Cill Dara, Sligeach agus Cill Mhantáin, in Eanáir 2023. Tá an GNFA ag oibriú go dlúth freisin le páirtithe leasmhara ábhartha le láithreáin údaráis áitiúil a shainaitheint do Bheart 7 agus bearta ina dhiaidh sin.

Oideachas

Tá dhá thionscadal CPP a sholáthar san earnáil ardoideachais agus clár tionscadail scoileanna neamh-CPP atá cistithe ag an Státchiste ar siúl. Tosaíodh leis an tógáil ar an gcéad bheart den Chlár CPP Ardoideachais i mí na Nollag 2022 tar éis gur tugadh scor airgeadais chun críche agus gur síníodh an conradh. Cuirfidh Beart 1 Ardoideachais sé fhoirgneamh nua acadúla ar fáil i measc roinnt campas sa réigiúin thoir, theas agus lár tíre agus tá súil leis go gcríochnófar an tógáil idir tráth déanach in 2024 agus lár na bliana 2025, ag brath ar an tsaoráid. Tá céim phlé iomaíoch bainte amach ag an dara beart sa chlár CPP Ardoideachais seo agus tá súil leis an gcéim sheolta i ráithe 2/ráithe 3 2023.

Tosaíodh céim thairisceana an chéad bhirt de chlár scoileanna cistithe ag an Státchiste i ráithe 1 2022 agus fuarthas tairiscintí i nDeireadh Fómhair 2022. Eisíodh litir intinne chuig an rogha fortháirgeora don bheart seo in Aibreán 2023 agus tá súil leis an gceapadh i ráithe 3 2023. Leanadh le gníomhaíochtaí réamhsholáthair sna bearta ina dhiaidh sin sa chlár seo i rith 2022.

Comhairle Airgeadais a Sholáthar

Comhairle airgeadais a sholáthar ar CPP (soláthar, tógáil agus oibriochtaí) agus tionscadail bhonneagair neamh-CPP in earnálacha, sláinte, iompar, gníomhú ar son na haeráide, oideachas agus tithíocht san áireamh ar a raibh luach caipitiúil measta thart ar €6bn.

Sláinte

Comhairle airgeadais a sholáthar d'Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte ar thionscadail, an CPP Aonaid Altranais Pobail san áireamh.

Iompar

Comhairle airgeadais a sholáthar ar roinnt tionscadail iompair, ach go háirithe sna hearnálacha iarnróid agus bóithre.

Oideachas

Comhairle airgeadais a sholáthar ar roinnt tionscadail oideachais CPP agus Neamh-CPP.

Tithíocht

Comhairle airgeadais a sholáthar d'údaráis áitiúla áirithe maidir le forbairtí tionachta measctha, anuas ar roinnt tionscadail tithíochta sóisialta CPP don Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachtá.


Gníomhú ar son na hAeráide

Comhairle airgeadais a sholáthar i measc réimse tionscnaimh um ghníomhú ar son na haeráide, cistiú deontais um ghníomhú ar son na haeráide san áireamh.

4 Faoi réir forbairt dearaidh.

An Ghníomhaireacht Náisiúnta Forbartha Airgeadais (ar lean)

Tionscadail an GNFA maidir le réamhsholáthar/soláthar/tógáil in 2022



Scoileanna agus saoráidí Ardoideachais

-  Clár na Scoileanna atá cistithe ag an Státhchiste
-  Clár CPP Ardoideachais

Láithreáin Tithíochta

-  Bearta Tithíochta Sóisialta 3, 4, 5 agus 6

Saoráidí Ceartais

-  Láithreacha CPP Ceartais*

*Dheimhnigh an Roinn Dlí agus Cirt i mBealtaine 2023 go bhfuil an CPP Ceartais ag leanúint ar aghaidh leis an tsaoráid cúirte teaghlaigh ag Lána an Chrochaire amháin.

Cuireann an GNFA comhairle airgeadais ar fáil d'údaráis Stáit maidir le tionscadail infheistíochta poiblí a gcuirtear faoina bhráid, ar a bhfuil luach caipitiúil breis agus €75m. Cuireann an GNFA comhairle airgeadais ar fáil freisin d'údaráis Stáit maidir le roinnt tionscadal faoin tairseach seo. Déanann sé tionscadail Chomhpháirtíochta Poiblí Priobháidí (CPP) a fháil agus a sholáthar nuair a bhíonn sé fostaithe ag údaráis Stáit. Déanann sé tionscadail atá maoinithe ag an Státchiste (neamh-CPP) a fháil agus a sholáthar freisin thar ceann na Roinne Oideachais.

Tacaíonn an GNFA le fáil agus le soláthar inbhuanaithe ar bhonneagar trí phleananna soláthair ghlais a ullmhú. Sonraítear sna pleananna seo tionscnaimh um ghníomhú ar son na haeráide agus inbhuanaitheachta atá á ndéanamh ar thionscadail, lena n-áirítear measúnú oifigiúil iomchuí ar an gcomhshaol, scóráil inbhuanaitheachta i measúnú tairisceana agus úsáid teicneolaíochtaí digiteacha chun áiseanna a dhearadh, a thógáil agus a oibriú chun éifeachtúlacht acmhainní níos fearr a éascú.

Tionscadail a Sholáthar

Dhírigh gníomhaíochtaí an GNFA in 2022 go príomha ar thionscadail CPP agus tionscadail atá cistithe ag an Státchiste a sholáthar agus a fháil.

Dul chun cinn ar Thionscadail CPP a Sholáthar an GNFA ag deireadh 2022

Tionscadal	Cur Síos	Stádas
Clár CPP Tithíochta Sóisialta - Beart 3 	Thart ar 480 áit chónaithe a fhorbairt i mBaile Átha Cliath, Cill Dara, Sligeach agus Cill Mhantáin.	Tosaíodh an próiseas soláthair i mí na Nollag 2022 nuair a foilsíodh cáipéisí do chéim réamhcháilithe an phróisis. Fuarthas léiriú spéise sa tionscadal in Aibreán 2023.
Clár CPP Tithíochta Sóisialta - Beart 4 	Thart ar 850 áit chónaithe a fhorbairt i measc ocht láithreán i gceantar Bhaile Átha Cliath.	Thosaigh an GNFA gníomhaíochtaí réamhsholáthair in 2022 agus tá siad ag leanúint leo. Ceapadh comhairleoirí teicniúla (an fhoireann dearaidh san áireamh) i mBealtaine 2023. Tá súil leis go dtosófar leis an bpróiseas soláthair don tionscadal i Ráithe 4 2023.
Clár CPP Tithíochta Sóisialta - Beart 5 	Thart ar 750 áit chónaithe a fhorbairt i measc 10 láithreán i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath.	Thosaigh an GNFA gníomhaíochtaí réamhsholáthair in 2022 agus tá siad ag leanúint leo. Ceapadh comhairleoirí teicniúla (an fhoireann dearaidh san áireamh) i mBealtaine 2023. Tá súil leis go dtosófar leis an bpróiseas soláthair don tionscadal i Ráithe 2 2024.
Clár CPP Tithíochta Sóisialta - Beart 6 	Thart ar 520 áit chónaithe a fhorbairt i measc ocht láithreán i gCorcaigh, Cill Dara, Sligeach agus Cill Mhantáin.	D'ullmhaigh an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht an beart in Eanáir 2023 agus tá tús á chur le gníomhaíochtaí réamhsholáthair.
Clár CPP Ardoideachais - Beart 1 	Sé shaoráid ardoideachais a fhorbairt, atá dírithe go príomha ar STEM, ar fud ceithre chontae.	Thit scor airgeadais amach i Nollaig 2022. Tosaíodh leis an tógáil i ngach láithreán agus tá súil leis go gcríochnófar i idir tráth déanach in 2024 agus lár 2025, ag brath ar an tsaoráid.
Clár CPP Ardoideachais - Beart 2 	Cúig shaoráid ardoideachais a fhorbairt, atá dírithe go príomha ar STEM, ar fud cúig chontae.	Tá céim phlé iomaíoch bainte amach ag an tionscadal seo faoi láthair agus tá súil leis an gcéim aighneachta i ráithe 2/3 2023.
CPP Ceartais 	Saoráid chúirte teaghlaigh a fhorbairt ag Lána an Chrochaire i mBaile Átha Cliath 7 agus dhá shaoráid an Gharda Síochána a fhorbairt ag Cluain Meala agus Maigh Chromtha.	Bhí tús á chur ag deireadh 2022 le gníomhaíochtaí réamhsholáthair. Dheimhnigh an Roinn Dlí agus Cirt i mBealtaine 2023 go bhfuil an CPP Ceartais ag leanúint ar aghaidh leis an tsaoráid chúirte teaghlaigh ag Lána an Chrochaire amháin.

An Gníomhaireacht Náisiúnta Forbartha Airgeadais (ar lean)

Clár CPP Tithíochta Sóisialta: Léargas Ginearálta

Tá an GNFA ag oibriú i ndlúthchomhar leis an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, an Oifig Chomhordaithe Soláthair Tithíochta agus le roinn údaráis áitiúla chun an Clár CPP Tithíochta Sóisialta a thabhairt chun cinn.

Luaitear i bplean *Tithíocht do Chách* an Rialtais i Meán Fómhair 2021: “Agus muid ag tógáil ar mhúnla rathúil na tithíochta sóisialta a thug CPPanna isteach le blianta beaga anuas, atá ag soláthar thart ar 1,500 teach sóisialta ar fud thrí bheartán náisiúnta idir 2020 agus 2024, méadóimid a n-úsáid chun tithíocht shóisialta a sholáthar. Cuirtear sa mhúnla CPP struchtúr soláthair ar féil lena mbíonn tithe tithíochta sóisialta faoi úinéireacht an Stáit i gcónaí. Beidh na CPPanna dírithe ar chathracha, go háirithe i mBaile Átha Cliath, chun tacú le brostú an tsoláthair ó na leibhéil reatha go dtí na leibhéil atá ag teastáil faoin scéim Tithíocht do Chách. Soláthrófar na CPPanna i gcomhpháirt leis an nGníomhaireacht Airgeadais d’Fhorbairt Náisiúnta agus soláthróirí seirbhísí um bainistíocht tionóntachtaí, ag a bhfuil taithí, amhail CCTanna.”

Clár CPP Tithíochta Sóisialta: tionscadail a críochnaíodh agus an phíblíne a fógraíodh

Bhain CPP Tithíochta Sóisialta Bhearta 1 agus 2 críochnú tógála amach in 2021 agus sholáthair siad beagnach 1,000 áit chónaithe sa Chlár, Corcaigh, Baile Átha Cliath, Gaillimh, Lú, Cill Dara, Ros Comáin, Baile Átha Cliath Theas agus Cill Mhantáin.

Tosaíodh an próiseas soláthair do CPP Tithíochta Sóisialta Bheart 3 i mí na Nollag 2022 agus tá súil leis go soláthróidh sé thart ar 480 áit chónaithe bhreise i mBaile Átha Cliath, Cill Dara, Sligeach agus Cill Mhantáin.

D’fháiltigh an tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, Darragh O’Brien, TD, roimh CPP Tithíochta Sóisialta Bheart 4 agus 5 den chlár nua CPP do sholáthar tithíochta sóisialta a sheoladh.


Cheadaigh an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta ocht láithreán in CPP Tithíochta Sóisialta Bheart 4, agus 10 láithreán in CPP Tithíochta Sóisialta Bheart 5 i gCathair Bhaile Átha Cliath, Dún Laoghaire-Ráth an Dúin, Cill Dara, Lú, agus limistéir Chomhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas. Soláthróimid le chéile a mhéid le thart ar 1,600⁴ áit chónaithe. Thosaigh an GNFA gníomhaíochtaí réamhsoláthair in 2022 don dá bheart agus tá siad ag leanúint leo. Tá súil leis go dtosófar leis an bpróiseas soláthair don tionscadal i Ráithe 2 2023.

D’fhógair an tAire O’Brien in Eanáir 2023 sonraí faoi CPP Tithíochta Sóisialta Bheart 6, a bhfuil súil leis go soláthróidh sé thart ar 520 áit chónaithe nua i measc ocht láithreán i gCorcaigh, Cill Dara, Sligeach agus Cill Mhantáin.

Leanann an GNFA le hidirchaidreamh a dhéanamh leis an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta agus le príomhpháirtithe leasmhara údaráis áitiúil maidir le láithreáin chuí a shainaithint do Bheart 7 agus bearta ina dhiaidh sin.



Léaráid ealaíontóra ar láithreán CPP Tithíochta Sóisialta Bheart 3 i mBaile Átha Í, Contae Chill Dara



Clár CPP Tithíochta Sóisialta	B3 Beart 3	B4 Beart 4	B5 Beart 5	B6 Beart 6
Dáta ionchasach sínithe conartha:	2024	2025	2025	2026
Soláthar ionchasach áiteanna cónaithe*	R1 2026	R1 2026	R1 2027	R1 2027
Líon áiteanna cónaithe sa bheart**	c. 480	c. 850	c. 750	c. 520
Údaráis áitiúla	Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath Comhairle Contae Chill Dara Comhairle Contae Shligigh Comhairle Contae Chill Mhantáin	Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath	Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath Comhairle Contae Dhún Laoghaire- Ráth an Dúin Comhairle Contae Chill Dara Comhairle Contae Lú Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas Comhairle Contae Chill Mhantáin	Comhairle Contae Chorcaí Comhairle Contae Chill Dara Comhairle Contae Shligigh Comhairle Contae Chill Mhantáin

*Tá dátaí sínithe conartha agus soláthair áiteanna cónaithe nua measta agus tá siad faoi réir dálaí margaigh ag tráth an tsoláthair.

**Tá líon na n-áiteanna tascach agus faoi réir dearaidh agus planála do gach beart.

An Ghníomhaireacht Náisiúnta Forbartha Airgeadais (ar lean)

Clár CPP Ardoideachais

Tá an GNFA ag oibriú i ndlúthchomhar leis an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta agus leis an Údarás um Ard-Oideachas leis an gClár CPP Ardoideachais a thabhairt chun cinn. Tá dhá bheart sa chlár ina ndírítear ar STEM, TFC, innealtóireacht agus eolaíochtaí beatha ag 11 institiúid ardoideachais, atá lonnaithe timpeall na tíre.

Bronnadh an conradh CPP i mí na Nollag 2022 do Bheart 1 ar Chomhpháirtíocht Enbarr, ina bhfuil Macquarie Capital Group Limited (soláthraí gnáthscaireanna), JJ Rhatigan & Company (conraitheoir tógála) agus Sodexo Ireland Limited (soláthraí seirbhísí bainistíochta saoráidí). Tá an tionscadal á chistiú ag AIB, Banc na hÉireann, Nord/LB, Korea Development Bank agus Norinchukin Bank. Tosaíodh an tógáil tar éis gur cuireadh scor airgeadais i gcrích agus gur síníodh an conradh.


Bhí an GNFA freagrach as an tionscadal CPP seo a sholáthar thar ceann na Roinne Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta agus leanfaidh sé de pháirt a ghlacadh i rith céimeanna amach anseo den tionscadal.

Faoi mar atá i gceist le tionscadail CPP eile san earnáil oideachais, is é an saghas conartha do Bheart 1 dearadh, tógáil, maoinigh agus cothaigh. Tógfaidh an Chomhpháirtíocht Enbarr na foirgnimh agus úsáid á baint as maoiniú príobháideach agus déanfaidh siad na foirgnimh a oibriú agus a chothabháil i gcaitheamh tréimhse 25 bliain. Déanfaidh an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta íocaíocht trí mhúirear míosúil aonadach i gcaitheamh na tréimhse 25 bliain, a thosófar a luaithe a críochnófar an tógáil.

Tá céim phlé iomaíoch bainte amach ag Beart 2 faoi láthair agus tá súil leis an gcéim aighneachta i ráithe 2/3 2023.



Léaráid ealaíontóra – Institiúid Ealaine, Deartha agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire – Beart 1

**B1****Beart 1
Á Thógáil**

Láthair	Méid m ²	Áiteanna Mic Léinn	Sonraí
Ollscoil Teicneolaíochta na Sionainne <i>Campas Lár na Tíre</i>	6,000	c. 1,317	Saoráid STEM
Ollscoil Teicneolaíochta na Mumhan <i>Campas Chorcaí</i>	6,660	c. 1,000	Ionad acmhainní foghlama
Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire	7,208	c. 590	Foirgneamh Meán Digiteach
Ollscoil Teicneolaíochta (OT) Bhaile Átha Cliath <i>Campus Bhaile Bhlainséir</i>	4,067	c. 600	Saoráid mhúinteoireachta ginearálta
OT Bhaile Átha Cliath <i>Campas Thamhlachta</i>	5,210	c. 1,200	Saoráid ealaíona cócaireachta, innealtóireachta agus múinteoireachta
Ollscoil Teicneolaíochta na Mumhan <i>Campas Chiarraí</i>	8,913	c. 440	Saoráid STEM

B2**Beart 2
Á Sholáthar**


Láthair	Méid m ²	Áiteanna Mic Léinn	Sonraí
Ollscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt <i>Bóthar Chorcaí, Campas Phort Láirge</i>	12,800	c. 1,037	Innealtóireacht, ríomhaireacht agus múinteoireacht ghinearálta
Ollscoil Teicneolaíochta na Sionainne <i>Campas Mhaoilis</i>	5,200	c. 649	Foirgneamh eolaíochta feidhmí agus TF
Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh <i>Campas Leitir Ceanainn</i>	5,100	c. 616	Saoráidí Leabharlainne, TF agus múinteoireachta
Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh <i>Campas na Gaillimhe</i>	5,500	c. 800	Saoráid STEM
Ollscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt <i>Campas Cheatharligh</i>	6,100	c. 500	Saoráid eolaíochta

An Gníomhaireacht Náisiúnta Forbartha Airgeadais (ar lean)

Tionscadail Neamh-CPP a Sholáthar

Tosaíodh soláthar an chéad bhirt de chlár scoileanna cistithe ag an Státchiste i rith 2022 agus fuarthas tairiscintí i nDeireadh Fómhair 2022. Idir tógáil nua agus sintí/tionscadail athchóirithe d'oibreacha ar leibhéal bunscoile agus iar-bhunscoile araon in 11 chontae ar fud na hÉireann iad na forbairtí sa chlár agus tá súil leis go soláthróidh siad breis agus 24,000 áit scoláire.

Tá seacht scoil ar shé láithreán ar fud ceithre chontae sa chéad beart, ar a dtugtar Tionscadal na Feoire, agus áirítear leis tógáil nua, sintí agus athchóirithe ar bhunscoileanna, iar-bhunscoileanna agus ar scoileanna speisialta. Eisíodh litir intinne chuig an rogha fortháirgeora in Aibreán 2023 agus tá súil leis an gceapadh i ráithe 3 2023. Leanadh le gníomhaíochtaí réamhsholáthair ar an dara, an tríú agus an ceathrú beart in 2022.



Comhairle Airgeadais a Sholáthar

Cuireann an GNFA comhairle airgeadais ar fáil d'údaráis Stáit maidir le tionscadail infheistíochta poiblí a gcuirtear faoina bhráid, ar a bhfuil luach caipitiúil breis agus €75m.

I rith 2022, chuir an GNFA comhairle ar fáil do pháirtithe leasmhara thar raon earnálacha lena n-áirítear sláinte, iompar, gníomhú ar son na haeráide, oideachas agus tithíocht san áireamh. I measc na samplaí suntasacha, tá an méid seo a leanas:

Sláinte: sholáthair an GNFA comhairle airgeadais d'Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte maidir lena CPP Aonad Altranais Pobail a sholáthar, a bhain scor airgeadais amach i mí na Nollag 2022. Áiríodh leis seo tuairim faoi luach ar airgead a sholáthar don tionscadal.

Oideachas: sholáthair an GNFA cúnamh comhairle airgeadais don Roinn Oideachais agus don Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath (UCD) maidir le daingne airgeadais chonraitheoirí maidir le roinnt tionscadal.

Tithíocht: sholáthair an GNFA comhairle airgeadais do roinnt údaráis áitiúla maidir le forbairtí tionachta measctha, anuas ar roinnt tionscadail tithíochta sóisialta CPP don Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht.

Iompar: chuir an GNFA comhairle ar Bhonneagar Iompair Éireann maidir lena scéimeanna iompair phoiblí, cosúil le MetroLink, nuair atá gníomhaíochtaí réamhsholáthair ar bun ag Bonneagar Iompair Éireann agus an tÚdarás Náisiúnta Iompair, anuas ar scéimeanna áirithe bóithre.

Gníomhú ar son na hAeráide: chuir an GNFA comhairle ar an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide maidir le bailíochtú tionscadal a roghnaíodh le haghaidh tacaíochta ag an gCiste um Gníomhú ar son na hAeráide. Chuir an GNFA comhairle ar Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath maidir lena scéim téimh ceantair agus ghlac sé páirt sa ghrúpa stiúrtha ar a ndéanann Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide cathaoirleacht le rialáil, beartas agus struchtúir chistithe do théamh ceantair a fhiosrú.

Grúpa Comhairleach Tionscadal Mór: ghlac an GNFA páirt i rith 2022 sa Ghrúpa Comhairleach Tionscadal Mór (ar a ndéanann an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe cathaoirleacht⁵), atá freagrach as athbhreithniú a dhéanamh ar thograí tionscadail agus as athbhreithnithe seacht tracha do thionscadail ar scála (ar a bhfuil luach níos mó ná €200m) sula lorgaítear faomhadh Rialtais chun leanúint ar aghaidh.


Dul chun cinn ar Thionscadail Roghnaithe inar Gníomhaigh an GNFA mar Chomhairleoir Airgeadais ag Deireadh 2022

Tionscadal	Cur Síos	Stádas
Sláinte 	Sholáthair an GNFA comhairle airgeadais d'Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte maidir lena dtionscadal CPP Altranais Pobail. Soláthróidh an tionscadal seacht saoráid cúraim chónaithe ina bhfuil leapacha gearrchónaithe agus fadchónaithe araon do dhaoine breacaosta ar fud sé chontae.	Bhain an tionscadal scor airgeadais amach in Nollaig 2022 agus tosaíodh ina dhiaidh sin leis an tógáil. Tá súil leis go mbeidh an tsaoráid deiridh i mbun feidhme faoi dheireadh 2024.
Oideachas 	Tá comhairle á cur ag an GNFA ar an Roinn Oideachais agus ar UCD maidir le roinnt tionscadail chaiteachais chaipitiúil ar scála beag agus mór.	Rinne an GNFA measúnú ar dhaingne airgeadais maidir le conraitheoirí in 2022.
Tithíocht 	Tá comhairle á cur ag an GNFA ar údaráis áitiúla áirithe a lorgaíonn tithíocht tionachta measctha a fhorbairt ar a dtailte.	Chuir an GNFA comhairle ar Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath faoi réimse roghanna atá á dtógáil le tithíocht shóisialta agus inacmhainne a fháil ar iarláithreán Irish Glass Bottle sa Pholl Beag Thiar, an Rinn, Baile Átha Cliath 4.
Iompar 	Tá comhairle airgeadais á soláthar ag an GNFA do Bhonneagar Iompair Éireann maidir le tionscadal MetroLink.	Tá obair réamhsholáthair ar bun go leanúnach ag Bonneagar Iompair Éireann agus an tÚdarás Náisiúnta Iompair. Sholáthair an GNFA tacaíocht i rith 2022 maidir le gníomhaíochtaí cosúil le sainchomhairleoirí a sholáthar agus ghlac sé páirt i gcruinnithe plé ar an margadh.
Gníomhú ar son na hAeráide 	Tá comhairle á tabhairt ag an GNFA don Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide maidir le bailíochtú tionscadal a roghnaigh an Ciste um Gníomhú ar son na hAeráide.	Ag deireadh 2022, rinneadh cúig cinn as na sé iarratas tionscadail do chistiú deontais a bhí á n-athbhreithniú ag an GNFA a bhailíochtú.

5 Tugtar an Roinn Caiteachais Phoiblí, um Sholáthar an Phlean Forbartha Náisiúnta (an PFN) agus Athchóirithe anois ar an Roinn.

An Ghníomhaireacht Náisiúnta Forbartha Airgeadais (ar lean)

Tionscadail CPP Oibríochtúla



CPPanna Oibríochtúla

-  CPP Scoileanna Bearta 1-5, Scoileanna Píolótacha, Ionad Comhdhála, Baile Átha Cliath
-  OT Bhaile Átha Cliath
-  Clár CPP Tithíochta Sóisialta Bearta 1 agus 2

CPPanna Oibríochtúla faoi bhainistíocht conartha ag an GNFA nó nuair a soláthraíodh seirbhísí tacaíochta in 2022

- Saoráidí oideachais ina bhfuil 33 scoil ar fud na tíre, Coláiste Náisiúnta Mara na hÉireann, Scoil Cheoil Chorcaí (cuid d'Ollscoil Teicneolaíochta na Mumhan) agus dhá fhoirgneamh acadúla de chuid OT Bhaile Átha Cliath ar Champas Ghráinseach Ghormáin
- Ionad Comhdhála, Baile Átha Cliath
- Thart ar 1,000 áit chónaithe i measc 14 láithreán in CPP Tithíochta Sóisialta Bearta 1 and 2

Seirbhísí Bainistíochta Conartha

Tugann an GNFA, ar iarraidh na Roinne Oideachais, faoi bhainistíocht conartha ar gach scoil CPP oibríochtúil. Tá sé thionscadal CPP ann seo faoi láthair ina bhfuil 33 saoráid oideachais ar fud na tíre.

Oibrítear faoi chomhaontú seirbhíse agus is éard a bhaineann leis seo ná monatóireacht a dhéanamh ar na cuideachtaí ábhartha CPP i dtabhairt faoina n-oibleagáidí faoin gconradh CPP, agus a chinntiú go ndéantar luach fadtéarmach na gconarthaí seo a bhaint. Faoi chonradh CPP, mura bhfuil na saoráidí ar fáil i rith na tréimhse oibríochtúla d'úsáideoirí agus/nó ní sholáthraítear seirbhísí ar an gcaighdeán riachtanach, déantar asbhaintí as na hiocaíochtaí leis an gcuideachta CPP (ar a dtugtar táillí aonadacha nó iocaíochtaí fála).

Cuireann an GNFA tacaíocht bainistíochta conartha ar fáil don Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht do gach láithreán in CPP Tithíochta Sóisialta Bhearta 1 agus 2. Cuireann an GNFA seirbhísí bainistíochta conartha CPP ar fáil d'Ionad Comhdhála, Baile Átha Cliath thar ceann OOP. Cuireann he an GNFA seirbhísí tacaíochta bainistíochta conartha don Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta do thionscadail CPP Scoil Cheoil Chorcaí agus do Choláiste Náisiúnta Mara na hÉireann (tá an dá cheann laistigh d'Ollscoil Teicneolaíochta na Mumhan) agus do OT Bhaile Átha Cliath d'fhoirgnimh CPP na Cearnóige Láir agus Thoir ar Champas Ghráinseach Ghormáin.

Ar an iomlán, ba é comhluach na dtionscadal seo faoi bhainistíocht conartha ag an GNFA ag deireadh 2022 €1.2bn.



Trí NewERA, cuireann GBCN ionad tiomnaithe saineolas airgeadais chorparáidigh ar fáil don Rialtas, a chuireann comhairle airgeadais agus tráchtála ar fáil d'Airí maidir lena scairshealbhú i gcomhlachtaí móra san earnáil tráchtála Stáit.

Léargas Ginearálta

Is é croiról NewERA comhairle airgeadais agus tráchtála a sholáthar d'Airí agus Ranna Rialtais maidir lena scairshealbhú in 21 cuideachta faoi úinéireacht an Stáit⁶ i measc réimse earnálacha. Astu seo, liostaítear 18 mar "comhlachtaí ainmnithe" faoi Chuid 3 den *Acht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (Leasú)*, 2014, agus soláthraíonn NewERA comhairle do na hAirí agus na RRialtais cuí ar na trí chuideachtaí trí chomhaontú. Tagraítear do na cuideachtaí seo i dteannta a chéile mar an Phunann nó na Cuideachtaí Punainne.

Feidhmeanna Comhairleacha NewERA

- Feidhmíocht airgeadais, toradh ar chaipiteal agus beartas díbhinne;
- Dul i ngleic le húsáid éifeachtach agus éifeachtúil caipitil;
- Straitéis Chorporáideach;
- Caipiteal agus pleananna infheistíochta;
- Éadálacha, diúscairtí, atheagrú, athstruchtúrú; agus
- Ceapacháin bhoird agus luach saothair.

NewERA

⁶ Áirítear leis an tagairt do chuideachtaí comhlachtaí reachtúla agus áirítear le scairshealbhú aon leas úinéireachta.



Díriú ar Fhuinneamh agus ar an Aeráid

Príomhlímistéar ar ar dhirigh NewERA i rith 2022 ná monatóireacht a dhéanamh ar an tionchar a bhí á imirt ag an ngéarchéim fuinnimh, ar chuir ionradh na Rúise ar an Úcráin leis. Rinneadh go leor idirchaidrimh le Ranna Rialtais agus leis na Cuideachtaí Punainne le breithniú a dhéanamh ar thionchair fhéideartha na géarchéime ar na Cuideachtaí Punainne agus ar an tionchar a imríodh ar an soláthar fuinnimh, go háirithe dóibh siúd a oibríonn san earnáil fuinnimh. Príomhshannachán a bhaineann le soláthar fuinnimh a bhí in athbheithniú a dhéanamh ar roghanna fuinnimh do na Ranna Rialtais ábhartha chun cabhrú le EirGrid thart ar 450MW de thuilleadh breise sealadach éigeandála giniúna a fháil do Gheimhreadh 2023/24. D'ordaigh an Coimisiún um Rialáil Fóntais (an CRF) EirGrid an tuilleadh breise seo a fháil, agus cheadaigh an Rialtas cistiú caipitil a sholáthar do EirGrid i Meitheamh 2022.

Bhí an spreagadh mór ann leis an aistriú chuig todhchaí fuinnimh ísealcharbóin ann sular tháinig phaindéim COVID-19 i láthair agus táthar ag díriú air fiú níos déine mar thoradh ar an ngéarchéim fuinnimh. Tá príomhról le glacadh ag na Cuideachtaí Punainne ina leith seo, agus bhí leibhéil mhóra ghníomhaíochta ann i rith 2022 ag roinnt de na Cuideachtaí Punainne i dtaobh tionscadail chaipitil a thabhairt chun cinn chun cabhrú leis an aistriú seo. Áirítear le roinnt príomhshannacháin eile san earnáil fuinnimh inar sholáthair NewERA comhairle do na hAíri agus Ranna ábhartha Rialtais:

- Infheistíocht EirGrid i dtionscadal an Idirnascaire Cheiltigh, cábla cumhachta 700 MW a nascann Éire agus an Fhrainc. Bhain an tionscadal seo, atá á fhorbairt ag EirGrid agus ag a chomhionann Francach, Réseau de Transport d'Electricité (RTE), scor airgeadais amach i Samhain 2022. Is é costas measta an tionscadail thart ar €1.6bn agus cisteoidh Saoráid um Chónascadh na hEorpa de chuid an AE (thart ar €0.5bn), roinnt banc, Banc Infheistíochta na hEorpa, Danske Bank, Barclays agus BNP Paribas (thart ar €0.8bn) san áireamh é, chomh maith le hiarmhéid an chistithe ó EirGrid agus RTE (thart ar €0.3bn);
- Infheistíocht BSL i dteicneolaíochtaí a chumasóidh níos mó fuinnimh ar an eangach, a thionscadal stórála cadhnra in Áth Fhada san áireamh; agus
- Infheistíochtaí Bhord na Móna i bhfeirm ghaoithe 105 MW a fhorbairt ag Dóirín an Locha, Contae Uíbh Fhailí, agus comhfhiontar le Ocean Winds⁷ le tionscadail ghaoithe amach ón gcósta a fhorbairt amach ó chósta na hÉireann.

Cheadaigh an Rialtas in Iúil 2022 an Creat um Ghníomhú ar son na hAeráide don earnáil Stáit tráchtála, a d'fhorbair NewERA i gcomhar leis an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide agus an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe⁸. Mar gheall go bhfuil ról tábhachtach á glacadh ag go leor de na cuideachtaí san earnáil tráchtála Stáit le sochaí na hÉireann a dhícharbónú, cabhróidh an Creat um Ghníomhú ar son na hAeráide le gach ceann de na cuideachtaí seo lena thaispeáint conas a shásóidh siad a ról ceannaireachta i ngníomhú ar son na haeráide. Iarradh ar NewERA monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na ngealltanais a leagtar amach sa Chreat um Ghníomhú ar son na hAeráide agus i dtuarascáil leis an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide ar a bhonn débhlantúil. Tá NewERA ag oibriú leis na Ranna ábhartha le litreacha an Chreata lonchais Scairshealbhóir⁹ a nuashonrú leis na gealltanais a chur san áireamh a léirítear faoin gCreat um Ghníomhú ar son na hAeráide.

Sannacháin Chomhairleacha in 2022

Sholáthair NewERA comhairle airgeadais agus tráchtála in 2022 agus, sa chás gur chuí, moltaí d'Aíri agus Ranna ábhartha Rialtais maidir le 167 sannachán Cuideachta Phunainne, ar méadú beag é seo ar na 163 sannachán faoinar tugadh in 2021.

7 Is iad na scairshealbhóirí na ceannairí fuinnimh, ENGIE agus EDP Renewables.

8 Tugtar an Roinn Caiteachais Phoiblí, um Sholáthar an Phlean Forbartha Náisiúnta (an PFN) agus Athchóirithe anois ar an Roinn.

9 Tá an Creat lonchais Scairshealbhóirí in úsáid ar fud na hearnála tráchtála Stáit agus léirítear ann ionchais an Rialtais, mar scairshealbhóir, do Chathaoirleach agus bord gach cinn de na cuideachtaí trí litir ó na hAíri Rialtais ábhartha. Is gnách go mbíonn ceithre phríomhghné i gceist leis an gCreat lonchais Scairshealbhóirí, na rudaí seo a leanas ina measc: tosaíochtaí straitéiseacha, cuspóirí beartais earnála, riachtanais feidhmíochta airgeadais agus riachtanais tuairiscithe.

Léargas Ginearálta ar Shannacháin Chomhairleacha

I measc na sannachán de réir luacha (€bn), bhí:



Maoiniú Fiachais

€2.7bn



Buiséid agus Ceangaltais Chaipitil

€2.8bn



Infheistíocht Chaipitil

€1.8bn



Comhfhiontair agus Diúscairtí

€0.3bn

Maoiniú Fiachais

Sholáthair NewERA anailís agus comhairle d'Airí agus Ranna ábhartha Rialtais ar roinnt idirbhearta maoinithe fiachais faoinar thug roinnt de na Cuideachtaí Punainne, an méid seo a leanas ina measc:

- Riachtanais chistithe BSL 2022, a dara banna glas san áireamh (€500m) agus eisiúintí eile bannaí (€1bn) agus saoráidí breise creidmheasa imrothlaigh (€750); agus
- Athbhreithniú a dhéanamh ar an rogha a bhaineann le síneadh bliana ar théarma iasacht €30m ón Aire Airgeadais le An Post.

Infheistíocht Chaipitil

Sholáthair NewERA comhairle airgeadais agus tráchtála d'Airí agus Ranna Rialtais ábhartha maidir le tionscadail thábhachtacha infheistíochta caipitil leis na Cuideachtaí Punainne i rith 2022, an méid seo a leanas ina measc:

- Infheistíocht EirGrid i dtionscadal an Idirnascaire Cheiltigh (sonraí ar leathanach 43);
- infheistíocht BSL in:
 - giniúint sholúbtha theirmeach leictreachais (190 MW), atá ceaptha méadú agus laghdú go tapa chun tacú le toilleadh in-athnuaite i gcóras leictreachais na hÉireann agus cur leis an acmhainneacht níos mó giniúint in-athnuaite a sholáthar;
 - tionscadal stórála cadhnra (75 MW), a sholáthraíonn stóráil fuinnimh a ghníomhaíonn go tapa chun tacú cobhsaíocht eangaí agus a sholáthraíonn níos mó athnuaiteán ar chóras leictreachais na hÉireann; agus
 - céim thógála an tionscadail feirme gaoithe Neart na Gaoithe sa Ríocht Aontaithe (450 MW).

- Réimse tionscadail chaipitil ag Uisce Éireann (UÉ) fad a lean sé lena chlár mór leanúnach infheistíochta, an méid seo a leanas ina measc:
 - saotharlann nua náisiúnta bunaithe i Luimneach chun tabhairt faoi thástáil uisce/fuioilluisce;
 - príomhscéim draenála i mBaile Átha Luain;
 - céimeanna breise d'uasghrádú leanúnach UÉ ar ionad cóireála fuioilluisce na Rinne; agus
 - ionad cóireála fuioilluisce i Ráth Maoláin, Contae Dhún na nGall.
- Tionscadal uasghráduithe slándála Chóras Cladaigh Iardheisceart na hAlban de chuid Líonraí Gáis Éireann (LGÉ)¹⁰; agus

Infheistíocht thart ar €150m Bhord na Móna i bhfeirm ghaoithe 105 MW a fhorbairt ag Dóirín an Locha, Contae Uíbh Fhailí.

Comhfhiontair agus Diúscairtí

Sholáthair NewERA comhairle airgeadais agus tráchtála freisin d'Airí agus Ranna ábhartha Rialtais maidir le roinnt comhfhiontar agus diúscairtí i rith 2022. Áiríodh leo seo:

- Infheistíocht ag Bord na Móna i gcomhfhiontar le Ocean Winds (sonraí ar leathanach 43) le tionscadail ghaoithe amach ón gcósta a fhorbairt amach ó chósta na hÉireann;
- Infheistíocht bhreise ag BSL i gcomhfhiontar le Red Rock Power Limited¹¹ le tionscadal feirme gaoithe Inch Cape a fhorbairt (thart ar 1.1GW), a bheidh lonnaithe amach ó chósta thoir na hAlban; agus
- Scairshealbhú BSL i d Tionscadal Áis Aisghabhála Fuinnimh Thameside sa Ríocht Aontaithe (fuinneamh ó ionad dramhaíola) a dhíol.

Roinnt Sannacháin Eile

Sholáthair NewERA comhairle airgeadais agus tráchtála freisin d'Airí agus Ranna ábhartha Rialtais maidir le roinnt sannacháin eile in 2022, agus áiríodh leo:

- Idirscaradh Uisce Éireann ó Ervia Group inar ghlac NewERA páirt i roinnt grúpaí oibre chun maoirseacht a dhéanamh ar an idirscaradh agus é a thabhairt chun cinn (e.g. ceapacháin bhoird, bunreachtaí nua, pinsin). Rith an tOireachtas reachtaíocht i mí na Nollag 2022 a chumasaigh an t-idirscaradh, agus rinne Uisce Éireann scaradh foirmiúil an 1 Eanáir 2023 ó Ervia Group agus rinneadh aonán aonair Stáit de agus athainmníodh é mar Uisce Éireann, agus ceapadh cathaoirleach agus bord nua; agus
- Sannacháin chomhairleacha pinsin agus fuarthas roinnt iarrataí maidir le méaduithe a bheartaítear ar phinsin i gcomhthéacs na timpeallachta boilscithe. Príomhlíonmáiríodh iad pinsin ó pheirspictíocht scairshealbhóra, agus spreagtar Cuideachtaí Punainne leanúint ag díriú ar phleananna cuí agus inbhuanaithe cistithe agus bainistíochta riosca a chur i bhfeidhm chun dlíteanais scéime amach anseo agus riachtanais an Údaráis Pinsean a shásamh.

¹⁰ Tá úinéireacht ag LGÉ agus a fochuideachta GNI (UK) ar agus oibríonn siad dhá idirnascaire gáis idir an RA agus Éirinn sa mhullach ar an mbonneagar gaolmhar ar an gcladach a nascann le líonra tarchuir an RA (ar a dtugtar líonra Chóras Cladaigh Iardheisceart na hAlban).

¹¹ Is é Red Rock Power Ltd. an fochuideachta sa RA de chuid SDIC Power Holdings Co. Ltd., ar cuideachta Shineach chumhachta i atá faoi úinéireacht stáit den chuid is mó a bhfuil a ceanncheathrú i mBéising.

Comh-Bhuaicphointí Airgeadais na gCuideachtaí Punainne

Leagtar amach thíos an chomhfhaisnéis airgeadais do thréimhse 2022¹² taobh leis na buaicphointí airgeadais ó Athbheithniú Airgeadais Bliantúil 2021¹³.

BUAICPHOINTÍ AIRGEADAIS 2022¹⁴ (táscach)

€1.7bn

D'fhill leibhéal an chomhbhrabúis oibriúcháin ar leibhéal roimh an bpaindéim 2019 agus tháinig méadú 42% orthu in 2022 i gcomparáid le 2021. Is é is príomhchúis leis seo ná brabús oibriúcháin thuairiscithe níos airde do na cuideachtaí earnála eitleochta agus fuinnimh.

€3.3bn

Méadú foriomlán 13% ar chaiteachas caipitiúil in 2022 maidir le 2021, a léiríonn go príomha an caiteachas níos airde ag na cuideachtaí uisce agus earnála fuinnimh. Is ionann ollchaiteachas caipitiúil na gcuideachtaí seo agus 73% den ollchaiteachas caipitiúil iomlán in 2022.

€209m

€209m de na díbhinní iomlána a d'íoc na Cuideachtaí Punainne in 2022, ar íocadh €204m de sin leis an Státchiste. Is ionann seo agus méadú 33% i gcomparáid le 2021 mar gheall ar bhrabúsacht níos airde.

BUAICPHOINTÍ AIRGEADAIS 2021¹⁵

Brabús Oibriúcháin €1.2bn

Tháinig méadú suntasach ar an gcomhleibhéal brabús oibriúcháin a ghin na Cuideachtaí Punainne in 2021 maidir le 2020 (+60%) ach is ionann fós é agus thart ar 70% de leibhéal 2019. Ach leanadh le caillteanais oibriúcháin a thabhairt le fios, mar sin féin, sna hearnálacha eitleochta agus poist, agus cé gur tháinig laghdú orthu i gcomparáid le 2020 i gcás na gcuideachtaí eitleochta, léirítear na dúshláin leanúnacha a bhaineann le COVID-19 i rith 2021.

Ollchaiteachas Caipitiúil €2.9bn

Bhí caiteachas caipitiúil níos airde ná 2020 agus 2019, a léirigh leibhéal méadaithe de dhéine chaipitil agus níos lú cur isteach ar ghníomhaíocht tógála ná mar a tháinig chun solais in 2020 mar gheall ar phaindéim COVID-19. Bhain beagnach 70% de leibhéal infheistíochta 2021 leis na cuideachtaí san earnáil fuinnimh agus UÉ, a léirigh scála a gclár infheistíocht sócmhainní rialaithe, faoi seach.

Díbhinní €157m

€157m de dhíbhinní iomlána a d'íoc na Cuideachtaí Punainne in 2021, ar íocadh €151m de sin leis an Státchiste. Is ionann seo agus méadú 15% i gcomparáid le 2020. Bhí sé 41% ní ba lú, áfach, ná leibhéal íocaíochta díbhinne 2019 mar gheall ar bhrabúsacht i bhfad ní b'isle a d'eascair as COVID-19 ach a chuireann an easpa íocaíochtaí díbhinne speisialta in 2021 san áireamh freisin.

Tá feabhas tagtha ar na torthaí comhiomlánaithe don bhliain 2022 i gcomparáid le 2021. Tháinig méadú 42% aníos ó €1.2bn in 2021 go €1.7bn in 2022 ar bhrabús oibriúcháin tháscacha agus tá siad anois ar leibhéal roimh an bpaindéim leibhéil (2019: €1.7bn). D'imir paindéim COVID-19 tionchar suntasach oibriochtúil agus airgeadais ar roinnt de na Cuideachtaí Punainne. Mar shampla, thug ÚABÁC caillteanais oibriúcháin le fios in 2021, a léirigh na dúshláin leanúnacha de bharr COVID-19 roimh dhálaí trádála san earnáil seo, ach chruthaigh sé brabús oibriúcháin i rith 2022, a léirigh an teacht aniar in aerthrácht agus ar líonta paisinéirí i rith 2022. Rinne tromlach na gCuideachtaí Punainne eile caillteanais oibriúcháin laghdaithe nó leibhéil níos airde de bhrabús oibriúcháin i rith 2022, agus thug na cuideachtaí san earnáil fuinnimh, ach go háirithe, méaduithe ábhartha le fios. D'eascair feabhsú suntasach as seo ar ghlanbhrabús chomhiomlána i ndiaidh cánach, a mhéadaigh ó €0.6bn in 2021 go €1.1bn in 2022, arb ionann é agus leibhéal roimh an bpaindéim. (2019: €1.1bn).

Ionadaíocht Inscne

Oibríonn NewERA go dlúth leis an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí agus Ranna Rialtais chun a ról comhairleach a chomhlíonadh maidir le ceapacháin ar bhoird na gcomhlachtaí tráchtála Stáit a ainmniú dó, agus an próiseas ceapacháin ar na boird seo á rialú ag na Treoirínte um Cheapacháin chuig Boird Stáit. Ag deireadh mhí an Mhárta 2023, bhí céatadán na mban ar bhoird na gcomhlachtaí earnála Stáit seo 36%, faoi bhun na sprice foriomláine 40%, agus bhí ionadaíocht ban 40% nó níos mó ag cúig cinn de na boird. Tá méadú ar ionadaíocht na mban ina phríomhfhócas i gcónaí i gcomhthéacs sprioc bheartais an Rialtais a bhaint amach maidir le hionadaíocht ban agus fear 40% ar gach Bord Stáit agus leanfaidh NewERA ag obair go dlúth le páirtithe leasmhara ábhartha chun iarracht a dhéanamh é seo a sholáthar.

¹² I dteannta a chéile, tá an bhliain 2022 agus, i gcás amháin, go dtí Márta 2023 i gceist leis na deirí bliana airgeadais bliantúla ba dhéanaí a ndearnadh tuairisciú orthu do na Cuideachtaí Punainne (gan LDA, RTE agus VHI a áireamh). Ar mhaithe le simplíocht, tagraíonn na buaicphointí airgeadais don thréimhse thuairiscithe ina gcuimsítear 2022/23 mar 2022.

¹³ Cuireadh léargas mionsonraithe ar fheidhmíocht airgeadais chomhiomlánaithe na gCuideachtaí Punainne (gan LDA, RTE agus VHI a áireamh) maidir leis na tréimhsí tuairiscithe ina gcuimsítear 2021, i láthair in Athbheithniú Airgeadais Bliantúil 2021/22 NewERA, a foilsíodh i mí na Nollag 2022

¹⁴ Tá an fhaisnéis airgeadais cháipéis táscach mar gheall go n-áirítear léi faisnéis airgeadais atá bunaithe ar dhréachtráitis airgeadais na gCuideachtaí Punainne (gan LDA, RTE agus VHI a áireamh) amhail ag dáta foilsithe na cáipéise seo.

¹⁵ I dteannta a chéile, tá an bhliain 2021 agus, i gcás amháin, go dtí Márta 2022 i gceist leis na deirí bliana airgeadais bliantúla ba dhéanaí a ndearnadh tuairisciú orthu do na Cuideachtaí Punainne (gan LDA, RTE agus VHI a áireamh). Ar mhaithe le simplíocht, tagraíonn na buaicphointí airgeadais don thréimhse thuairiscithe ina gcuimsítear 2021/22 mar 2021.



amhail an 31 Márta 2023

40%

Sprioc an Rialtais maidir le hionadaíocht a dhéanamh ar mhná agus ar fhir ar Bhoird Stáit.

36%

An céatadán de mhná ar bhoird na gCuideachtaí Punainne¹⁶ amhail deireadh mhí an Mhárta 2023.

5/18

Líon bhoird na gCuideachtaí Punainne a shásaíonn/a sháraíonn an sprioc 40%.

5/18

Líon bhoird na gCuideachtaí Punainne a bhfuil Cathaoirleach baineann acu.

An Creat um Ghníomhú ar son na hAeráide

Tá príomhról le glacadh ag NewER trí na seirbhísí comhairleacha airgeadais a sholáthraíonn sé d'Airí agus Ranna Rialtais, maidir leis na Cuideachtaí Punainne san áireamh, chun cabhrú leis an Stát a chuspóirí aeráide a bhaint, agus le go leor de na cuideachtaí earnála tráchtála Stáit a ghlacann le ról tábhachtach i ndíchcarbónú shochaí na hÉireann. Aithnítear, áfach, go ndéanann an t-aistriú chuig todhchaí fuinnimh ísealcharbóin difear níos mó do roinnt de na cuideachtaí ná mar a dhéanann sé do chinn eile, agus is suntasach an tionchar ina measc siúd a oibríonn san earnáil fuinnimh, nuair a chuirtear san áireamh cineál agus scála coibhneasta na rioscaí a bhaineann leis an aeráid agus na deiseanna atá chuirtear ar fáil dóibh.

Bronntar bunús dlíthiúil sna hAchtanna um Ghníomhú Aeráide agus Forbairt Ísealcharbóin (Leasú), 2015-2021 (na hAchtanna) ar ghníomhú ar son na haeráide ag an earnáil phoiblí. Ceanglaítear sna hAchtanna ar chomhlachtaí poiblí, cuideachtaí san áireamh laistigh den earnáil tráchtála Stáit, tabhairt faoina bhfeidhmeanna a mhéid agus is indéanta ar bhealach atá comhsheasmhach le pleananna agus straitéisí náisiúnta aeráide. Leagtar amach sa Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2021 (PGA 2021), sainordú sonrach earnála poiblí ag a bhfuil spriocanna dícharbónaithe, sprioc laghdaithe astaíochtaí gás ceaptha teasa 51% faoin mbliain 2030, agus geilleagar aeráide atá neodrach ó thaobh na haeráide de a bheith ann faoi 2050 san áireamh. Níl an earnáil tráchtála Stáit cumhdaithe ag sainordú um ghníomhú ar son na haeráide na hearnála poiblí de chuid an PGA 2021, agus d'fhorbair NewERA creat ar leith dá bharr do na cuideachtaí seo chun dul i ngleic le cuspóirí um ghníomhú ar son na haeráide (an Creat um Ghníomhú ar son na hAeráide), i gcomhar leis an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide agus an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe⁸. Lorgaíonn sé ról a chomhlíonadh atá cosúil le ról shainordú um ghníomhú ar son na haeráide atá ag an earnáil phoiblí agus a chabhróidh le gach ceann de na cuideachtaí seo lena thaispeáint conas a shásóidh siad a ról ceannaireachta i ngníomhú ar son na haeráide. Neartaítear sa Phlean um Ghníomhú ar son na hAeráide 2023 tábhacht an Chreata um Ghníomhú ar son na hAeráide agus dul chun cinn a dhéanamh i dtreo a chuir i bhfeidhm.

Cheadaigh an Rialtas an Creat um Ghníomhú ar son na hAeráide in Iúil 2022 agus ghlac formhór mór na gCuideachtaí Punainne leis (agus tá súil leis go nglacfaidh an fuilleach eile díobh leis in 2023). Iarradh ar NewERA monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na ngealltanais a leagtar amach sa Chreat um Ghníomhú ar son na hAeráide agus i dtuarascáil leis an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide ar a bhonn débhlantúil. Tá NewERA ag oibriú le gach Cuideachta Phunainne agus le Ranna ábhartha le litreacha an Chreata lonchais Scairsealbhoirí a nuashonrú lena ngealltanais a chur san áireamh a léirítear faoin gCreat um Ghníomhú ar son na hAeráide.

Limistéir Ghealltanais an Chreata um Ghníomhú ar son na hAeráide

- Rialachas Cuspóirí um Ghníomhú ar son na hAeráide
- Sprioc Laghdaithe agus Tomhais Astaíochtaí
- Luacháil Astaíochtaí i mBreithmheas Infheistíochta
- An Geilleagar Ciorclach agus Soláthar Glas
- Nochtadh a bhaineann leis an Aeráid

"Tá ról ceannais ag an earnáil phoiblí trí chéile in aistriú na hÉireann chuig geilleagar agus sochaí atá neodrach ó thaobh carbóin de. Tá ról tábhachtach á ghlacadh ag go leor dár gcuideachtaí tráchtála leathstáit cheana féin chun sochaí na hÉireann a dhícharbónú. Is í ár n-uailmhian leis an gCreat seo iarracht níos mó a dhéanamh trí dhualgas a leagan ar gach cuideachta thráchtála leathstáit dul i mbun gnímh – ar aon dul lenár n-uailmhianta aeráide chun laghdú 51% ar astaíochtaí foriomlána gás ceaptha teasa a bhaint amach faoin mbliain 2030 agus sinn a thabhairt ar aistear i dtreo astaíochtaí gás ceaptha teasa a bhaint amach faoin mbliain 2050.

Cabhróidh an Creat le gach cuideachta a dtiomantas agus na bearta faoina dtabharfaidh siad a léiriú go poiblí chun aghaidh a thabhairt ar an dtiomantas seo."

An tAire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide, Éamon Ryan, T.D., Lúnasa 2022

¹⁶ Cuideachtaí Punainne, gan RTÉ, VHI agus LDA a áireamh.

Fóram Aeráide NewERA

I gcomhthéacs ghealltanais an Chreata um Gníomhú ar son na hAeráide, agus ar mhaithe le plé maidir le forbairtí spéise a éascú maidir le gníomhú ar son na haeráide agus ábhair inbhuanaitheachta i gcoitinne, d'éascaigh NewERA dhá fhóram in 2022 do na cuideachtaí tráchtála san earnáil Stáit. Bhain iad seo leis na limistéir seo a leanas:

- **An Geilleagar Ciorclach agus Soláthar Glas:** sholáthair an fóram seo léargas ginearálta ar phríomhfhorbairtí a tháinig le déanaí ar bheartas an gheilleagair chiorclaigh, cleachtais an gheilleagair chiorclaigh agus soláthair ghlais agus roinnt príomhthionscnamh sna hearnálacha iompair agus foraoiseachta, agus bhí aoichainteoirí i láthair ó CIÉ, Coillte, an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide agus an Gníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (an GCC).
- **Nochtadh a bhaineann leis an Aeráid:** sholáthair an fóram seo léargas ginearálta ar na riachtanais nochta a bheartaítear sa Treoir maidir le Tuairisciú Inbhuanaitheachta Corparáideach de chuid an AE a bheartaítear, na gnéithe siúd san áireamh a bhaineann le Tacsanomaíocht an AE, agus bhí aoichainteoir ann ó Thascfhórsa Tionscadail an Ghrúpa Chomhairligh Eorpaigh um Thuairisciú Airgeadais.

D'éascaigh NewERA ceardlann freisin idir príomheagraíochtaí eolaíochta aeráide agus príomhchuideachtaí earnáil tráchtála Stáit na hÉireann maidir leis na rioscaí fisiciúla a bhaineann le hathrú aeráide.

Tá díriú méadaitheach ar an bhfaisnéis a bhaineann leis an aeráid a nochtann cuideachtaí, mar infheisteoirí, rialálaithe, ceannaitheoirí agus páirtithe leasmhara eile a éilíonn teacht ar eolas a cheadóidh dóibh ceistanna a bhaineann leis an aeráid chur san áireamh i gcinnteoireacht. Tá roinnt creataí reatha nochta ann san AE agus go hidirnáisiúnta. Cé nach sonraítear sa Chreat um Gníomhú ar son na hAeráide cén creat tuairiscithe nach mór do na cuideachtaí earnáil tráchtála Stáit a chur i bhfeidhm, beidh ar an bhformhór díobh in am agus i dtráth glacadh le caighdeáin tuairiscithe éigeantaigh de réir scóip riachtanais tuairiscithe fhairsingithe an AE sa limistéar seo faoin Treoir um Thuairisciú Inbhuanaitheachta Corparáidí (an CSRD). Is í aidhm an CSRD a chinntiú go bhfuil faisnéis iontaofa agus inchoimparáide inbhuanaitheachta á nochtadh ag cuideachtaí. Buntacaíonn Tacsanomaíocht an AE leis seo, ar córas coiteann aicmithe a úsáideann critéir eolaíochtbhunaithe chun measúnú a dhéanamh ar cibé acu an gcuireann nó nach gcuireann gníomhaíochtaí geilleagracha le cuspóirí comhshaoil.

Sula gcuirfean an CSRD i bhfeidhm agus ar mhaithe lena lorg dea-chleachtas a chur i bhfeidhm, tugtar faoi deara gur thug roinnt de na Cuideachtaí Punainne tacaíocht do chreataí reatha nochta dheonaigh, cosúil leis an Tionscnamh Tuairiscithe Dhomhanda, an Tionscadal Nochta Carbóin, an Tionscnamh Spriocanna Eolaíochtbhunaithe agus/ nó an Tascfhórsa ar Nochtadh Airgeadais a bhaineann leis an Aeráid. Leanann NewERA chun dul i gcomhairle le Cuideachtaí Punainne chun ullmhú don CSRD a chur i bhfeidhm (a bhainfidh le formhór na gcuideachtaí ó bhliain airgeadais 2025 ar aghaidh).



Tugtar an Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát (an GÉS) ar GBCN nuair a bhíonn éilimh ar dhíobháil phearsanta agus ar dhíobháil a rinneadh do réadmhaoin tríú páirtí in aghaidh an Stáit agus údaráis Stáit á mbainistiú aige, agus nuair a bhíonn seirbhísí a bhaineann le bainistíocht riosca á gcur ar fáil aige. Mar an GÉS, bainistíonn GBCN éilimh ar chostais dlí i gcoinne an Stáit agus údaráis Stáit, de réir mar a shanntar dó, ach, mar sin féin, tabhaítear a leithéid de chostais.

An Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát

Tá oibleagáid de bhua reachta ar an GÉS éilimh tharmligthe agus frithéilimh a bhainistiú ar bhealach a dhéantar cinnte de gurb ar an leibhéal is ísle is féidir atá dliteanas na n-údarás Stáit. Agus an fheidhm seo á comhlíonadh aige, féachann an GÉS le gníomhú go cóir, go heiticiúil agus go hógair agus é ag déileáil le daoine a d'fhulaing gortuithe agus/nó damáiste, agus lena dteaghlaigh. I gcásanna ina mbaintear de thátal as in imscrúdú an GÉS go bhfuil roinnt den dliteanas nó é ar fad ar an údarás Stáit iomchuí, féachann an GÉS le héilimh a shocrú go tapa agus ar théarmaí cothroma agus réasúnacha.

Má mheasann sé, in éilimh aonair nó in aicmí éilimh, nó gurb iomarcach an tsuim atá á hiarraidh mar chúiteamh nó nach bhfuil an Stát faoi dhliteanas, is é beartas an GÉS cur in aghaidh an éilimh nó leibhéal an éilimh.



Soláthraíonn an GÉS seirbhísí éilimh agus bainistíochta riosca trí dhá scéim slánaíochta Stáit:



An Scéim Slánaíochta Cliniciúla

Faoin Scéim Slánaíochta Cliniciúla, bainistíonn an GÉS éilimh faillí cliniciúla a dhéantar i gcoinne fiontair cúraim sláinte, ospidéal agus cleachtóirí cúraim sláinte, altranaís agus cúraim sláinte gaolmhara atá clúdaithe faoin scéim.



An Scéim Slánaíochta Ginearálta

Faoin Scéim Slánaíochta Ginearálta, bainistíonn an GÉS éilimh ar dhíobhálacha pearsanta agus agus ar dhamáiste réadmhaíne tríú páirtí a dhéantar i gcoinne comhlachtaí Stáit atá clúdaithe ag an scéim.

Is forleathan an réimse rioscaí atá slánaithe ag an Stát trí na scéimeanna seo. Cuimsíonn sé níos mó ná 200,000 fostaí Stáit chomh maith le gach uile úsáideoir seirbhíse cúraim sláinte phoiblí. Cuimsíonn sé seirbhísí poiblí lena ngabhann gníomhaíochtaí riosca níos airde de bharr a gcineáil, amhail cúram cliniciúil a sholáthar in ospidéal, pearsanra Óglaigh na hÉireann atá ar oibríochtaí thar lear, baill den Gharda Síochána atá ar dualgas oibríochtúil, cigireachtaí custam, seirbhísí freagartha éigeandála agus coimeád príosúnach.

Bhí 11,204 éileamh á mbainistiú ag an GÉS ag deireadh 2022. B'ionann an dliteanas measta le hóc i dtaca le punann éileamh an GÉS ag deireadh 2022 agus €4.96bn.

An Phunann Éileamh ag deireadh 2022




Cé nach raibh i gceist le héilimh chliniciúla ach 35% de líon iomlán na n-éileamh gníomhach amhail deireadh 2022, is ionann iad agus 78% den dliteanas iomlán measta gan íoc. Is é an chúis phríomhúil leis seo ná na leibhéil níos airde socraíochtaí agus dámhachtainí a bhaineann le héilimh faillí cliniciúla i gcomparáid le héilimh ghinearálta agus, ach go háirithe, an leibhéal an-ard socraíochtaí nuair a bhíonn pairilis cheirbreach naíonáin agus éilimh díobhála tubaistí eile á réiteach.

An Gníomhaireacht um Éilimh ar an Stát (ar lean)

Éilimh a Fuarthas agus a Réitíodh

Fuair an GÉS 2,699 éileamh agus réitigh sé 3,082 éileamh in 2022. Is féidir leis na huimhreacha ceannteidil maidir le héilimh ghníomhacha a bheith luaineach agus tá tionchar láidir ag an líon éilimh ollchaingne a fhaightear agus a réitítear gach uile bhliain orthu. Cé gurb isle líon na n-éileamh a réitíodh in 2022 ná an líon in 2021, is fiú a thabhairt faoi deara go ndearna an Scéim Socraíochta ithe difear suntasach do na figiúirí ceannlíne a cuireadh i bhfeidhm chun an easpa ollchaingne sláintíochta i gcealla a réiteach (leagtar eolas breise amach ar an Scéim Réitigh seo sa mhír Gníomhartha Ollchaingne den Tuarascáil seo ar leathanach 51). Tugann líon na n-éileamh a fhaightear gach bliain gan éilimh ollchaingne san áireamh léiriú níos fearr ar an treocht iomlán.

Éilimh a Fuarthas 2018-2022 (gan Éilimh Ollchaingne a Áireamh)




Mhéadaigh líon na n-éileamh ginearálta a fuarthas sa bhliain (gan éilimh ollchaingne a áireamh) aníos ó 2,223 in 2018 go 2,374 in 2019, agus ansin tháinig laghdú orthu aníos go 1,934 in 2021 agus lean siad lena mhacasamhail de leibhéil a bhaint amach arís in 2022. Is é is dóchúlra is cúis leis an laghdú i gcaitheamh na tréimhse ó 2020 go 2022 laghdú ginearálta ar ghníomhaíocht in údarais Stáit mar thoradh ar shrianta COVID-19.

Mhéadaigh líon na n-éileamh clínicíúil (gan éilimh ollchaingne a áireamh) a fuarthas gach bliain aníos ó 738 go 798 idir 2018 agus 2020, agus ansin tháinig laghdú orthu aníos go 626 a fuarthas in 2021 agus 552 éileamh a fuarthas in 2022. D'fhéadfadh seo an ghníomhaíocht chlínicíúil ní ba lú idir 2020 agus 2022 mar gheall ar COVID-19 a léiriú. Faoi mar a thugtar faoi deara i dTuarascáil Bhliantúil 2021 GBCN, bheifí ag súil le tionchar moillithe den sórt sin, i bhfianaise na tréimhse níos faide de ghnáth idir tarlú teagmhais agus éileamh a dhéanamh i gcás éilimh chlínicíúla i gcomparáid le héilimh ginearálta.

B'ionann an cóimheas idir na héilimh a réitíodh agus na héilimh a fuarthas (gan éilimh ollchaingne a chur san áireamh) in 2022 agus 1.06, figiúr a bhí cosúil leis an bhfeidhmíocht a baineadh amach in 2021.

Réitíodh caoga a hocht faoin gcéad de na héilimh a réitigh an GÉS in 2022 gan imeachtaí cúirte a sheirbheáil, i gcomparáid le 59% in 2021. D'íoc an GÉS damáistí in 57% de na cásanna go léir a réitíodh in 2022 i gcomparáid le 58% in 2021. Bhí díreach faoi bhun 2% de na cásanna a réitigh an GÉS in 2022 faoi réir breithiúnas cúirte.

Conas a Réitíodh Éilimh in 2022



*Fágadh éilimh inar baineadh an Toradh Cáis amach 'Lasmuigh de Shainchúram an GÉS' as an áireamh

Is fearr i bhfad leis an GÉS idirghabháil, nuair is féidir, mar rogha mhalartach ar an bpróiseas foirmiúil cúirte. Tá idirghabháil thar a bheith oiriúnach d'éilimh chasta chlínicíúla. Bhí próiseas idirghabhála i gceist le tríocha a ceathair faoin gcéad de na héilimh a chuir an fhoireann éileamh clínicíúil i gcrích in 2022 inar íocadh damáistí¹⁷, i gcomparáid le 37% in 2021 agus 25% in 2020. Tá idirghabháil mar chuid lárnach freisin den Scéim Socraíochta a chuir an GÉS i bhfeidhm chun éilimh ar vacsaíní fliú H1N1 a réiteach (le haghaidh tuilleadh eolais ar an Scéim Socraíochta seo féach an mhír Ollchaingne sa Tuarascáil seo ar leathanach 51).

¹⁷ Is éard is éilimh críochnaithe ná éilimh ar aontaíodh le damáistí, más ann dóibh, cibé trí phlé socraíochta nó trí dhámhachtain cúirte, ach ina bhféadfadh nach ndearnadh plé go fóill ar chostais.

Éilimh Ollchaingne

Tá an GÉS ag bainistiú roinnt ollchaingne éagsúla i gcoinne an Stáit. As na 11,204 éileamh gníomhach ag deireadh 2022, bhain 1,795 (16%) ceann díobh le hollchaingne.

Leagtar amach achoimre ar an staid maidir le héilimh ar leith ar ollchaingean sa tábla thíos. Déantar plé ar leith ar éilimh maidir le CervicalCheck ar leithligh.

Ollchaingean	Gníomhach Deireadh 2022	Gníomhach Deireadh 2021
An Scéim Slánaíochta Ginearálta		
Vacsáiní Fliú H1N1 Seo cásanna a rinne gearánaithe linbh agus fásta, den chuid is mó, a thionscnamh ina líomhnaítear gur tháinig narcailéipse agus cataipléis orthu tar éis dóibh vacsaín a fháil i gcoinne víreas an fliú H1N1. Tar éis an dara cás a bheith socraithe, agus tar éis idirghabhála i mí na Samhna 2020, bhunaigh an GÉS Scéim Socraíochta le haghaidh na n-éileamh eile ar théarmaí cosúil leis na cinn lenar aontaíodh sa chás sin. Rinneadh dul chun cinn maith ar shocrú éileamh faoin Scéim, trí idirghabháil i ngach cás, agus chuaigh 115 gearánaí isteach sa Scéim faoi dheireadh na bliana. Críochnaíodh seasca a ceathair éileamh maidir le cionroinnt dlíteanais agus candam faoi dheireadh 2022 agus socraíodh 70 éileamh maidir le cionroinnt dlíteanais.	140	137
Mí-Úsáid i Scoileanna Lae agus Institiúidí Cónaithe Stairiúla Seo cásanna a dhéanann daoine a thionscnamh a líomhnaíonn go ndearna daoine mí-úsáid fhisiciúil agus/nó ghnéasach orthu fad a bhí siad ar scoil nó in institiúidí cónaithe. I mí Iúil 2021, bhunaigh an Rialtas scéim leasaithe ex-gratia do dhaoine áirithe a rinne éilimh um an drochúsáid ghnéasach scoile lae i gcoinne an Stáit chun Breithiúnas na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine a chur i bhfeidhm in O'Keeffe vs Éire. Gheobhaidh iarratasóirí a éiríonn leo íocaíocht €84,000 móide costais, de réir mar a aontaítear. Is í an Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát a riarann an Scéim.	73	99
Easpa Sláintíochta i gCillíní Seo cásanna a rinne príosúnaigh (príosúnaigh reatha agus iarphríosúnaigh) a thionscnamh in 2014 agus ina dhiaidh sin i gcoinne Sheirbhís Phríosúin na hÉireann ina líomhnaítear, inter alia, gur sáraíodh a gcearta bunreachtúla i ngeall ar easpa sláintíochta ina gcillíní. Tugadh breithiúnas sa phríomhchás, Gary Simpson vs Gobharnóir Phríosún Mhuinseo agus Daoine Eile, sa Chúirt Uachtarach an 14 Samhain 2019. Éisteadh leis an gcás san Ard-Chúirt ar dtús inar maíodh gur sháraigh an Stát an ceart bunreachtúil chun na príobháideachta/chun na dínite atá ag an ngearánaí. Níor íocadh aon damáistí leis an ngearánaí, d'ainneoin an Chúirt a bheith ina fhabhar ar an tsaincheist phríobháideachais. Chinn an Chúirt Uachtarach, ar achomharc, gur cheart damáistí cúiteacha ar fiú €7,500 a íoc leis an ngearánaí. Ag eascairt as an mbreithiúnas sin, chuir an GÉS Scéim Socraíochta i bhfeidhm lenar féidir damáistí agus costais dlí mheáite a íoc leis na héilitheoirí/gearánaithe a cháilíonn. Rinne an Scéim Socraíochta dul chun cinn leanúnach i rith 2022. Ag deireadh 2022, bhí 2,786 éileamh bainteach le cás Simpson faighte agus, díobh sin, bhí 79% socraithe, scortha nó curtha i gcrích ar bhealach eile, agus bhí 21% fós ar oscailt agus ar bun.	575	934
Lariam Seo cásanna a dhéanann iarbhaill agus baill reatha d'Óglaigh na hÉireann a thionscnamh ina líomhnaítear gur fhulaing siad comharthaí éagsúla fisiciúla gus siceolaíochta tar éis dóibh Lariam a thógáil, ar druga próifíolacsach frithmhaláireach é a ordáíodh dóibh lena úsáid fad a bhí siad ar dualgas san Afraic fho-Shaharách. Cuireadh 11 éileamh Lariam i gcrích in 2022, agus rinneadh deich gcinn díobh a scor/a chur faoi urchosc reachta agus rinneadh ceann amháin a dhíol (roimh an triail).	150	158

An Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát (ar lean)

Ollchaineán	Gníomhach Deireadh 2022	Gníomhach Deireadh 2021
An Scéim Slánaíochta Ginearálta		
Árais Mháithreacha agus Naíonán Déanann iarchónaitheoirí árais mháithreacha agus naíonán éagsúla na héilimh seo a rinne agairt ar an Roinn Oideachais, Tusla, FSS, an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus ar chosantóirí eile neamh-Stáit, mar thoradh ar an tréimhse ama a chaith siad i suíomhanna cúraim institiúide thar thréimhsí éagsúla ó na 1940idí go dtí na 1980idí. Líomhnaíonn siad go ndearnadh mí-úsáid fhisiciúil, mí-úsáid bhriathartha agus mhothúcháinach agus sárúithe ar a gcearta bunreachtúla a bhaineann le huchtú nó le haltramú ina leith, agus, agus gur imir deimhnithe báis, a líomhnaíodh a bhí bréagach, tionchar ar a gcearta nádúrtha freisin. Baineann éileamh freisin le máthair a líomhnaíonn gur tugadh an leanbh mícheart di tráth breithe an linbh, rud atá cruthaithe ag tástáil DNA ar an leanbh atá ina leanbh fásta anois. Fuarthas éilimh freisin ó dhaoine a líomhnaíonn go raibh an Bord Uchtála, ag an tráth sin, faillíoch agus maoirseacht á déanamh ar chumainn uchtála éagsúla a líomhnaítear a d'éascaigh clárú mídhleathach a mbreitheanna. D'fhógair an Rialtas i Samhain 2021 gur aontaigh sé le Scéim Íocaíochta Árais Mháithreacha agus Naíonán le cúiteamh a sholáthar d'iarchónaitheoirí árais mháithreacha agus naíonán agus institiúidí cónaithe contae. Bunaíodh Grúpa Idir-Roinne um Aitheantas Aisiríoch d'iarchónaitheoirí Árais Mháithreacha agus Naíonán tar éis gur foilsíodh Tuarascáil an Choimisiúin Imscrúdúcháin ar Árais Mháithreacha agus Naíonán le breithniú a dhéanamh, i measc rudaí eile, ar thograí do scéim sásaimh airgeadais íocaíochtaí aitheantais aisiríoch ina gcuirtear moltaí an Choimisiúin Imscrúdúcháin san áireamh a bhaineann le sásamh (ach a mb'fhéidir nach mbíonn ach na moltaí siúd amháin i gceist leo). Tá an Bille um Scéim Íocaíochta na bhForas Máithreacha agus Naíonán, 2022 á thabhairt chun cinn ag an Rialtas.	150	136
Eitinn Phríosúnbhunaithe (Mainistir Shelton) Is cásanna iad seo a dhéanann príosúnaigh reatha agus iarphríosúnaigh araon a thionscnamh, chomh maith le hoifígh phríosúin i bPríosún Mainistir Shelton agus baill dá dteaghlach a bhain toradh dearfach tástála amach d'eitinn folaigh, tar éis moill a bheith ar dhiagnóisiú cás amhrasta eitinne ag foireann leighis Sheirbhís Phríosúin na hÉireann in 2018.	27	27
Tailidimid Seo cásanna a dhéanann daoine a rugadh faoi mhíchumas fhisiciúil a thionscnamh a raibh an ullmhóid tailidimid tógtha ag a gcuid máithreacha nuair a bhí siad á n-íompar. Anuas ar na cásanna atá á mbainistiú ag breitheamh de chuid na hArd-Chúirte, atá ag céim follasaithe, tá roinnt cásanna á dtionscnamh freisin ag daoine nach n-aithníonn Foras Contergan, an Ghearmáin amhail bheith thíos le gortú a bhaineann le tailidimid.¹⁸	37	37
An Scéim Slánaíochta Cliniciúla		
Simfiseatóime Seo cásanna a rinne mná ar a ndearnadh gnáthamh máinliachta cnáimhseach chun a bpeilbheas a leathnú a thionscnamh. Roghnaigh roinnt gearánaithe gan an scéim ex-gratia a úsáid, scéim a bhunaigh an Rialtas in 2014 chun mná a ndearnadh an gnáthamh orthu a chúiteamh agus fuair an Chúirt Eorpach um Chearta an Duine (an ECHR) trí iarratas lena mbreithniú. Dhearbhaigh an ECHR go raibh gach ceann de na trí iarratas neamh-inghlactha an 10 Nollaig 2020.	33	33
Epilim (Valpróáitsóidiam) Baineann na cásanna seo le hoideas Epilim, drugaí a úsáidtear le cóir leighis a chur ar Thitimeas. Tá roinnt éileamh á mbainistiú ag an GÉS faoi láthair ina líomhnaítear gur nochtadh na gearánaithe go héagórach do na drugaí agus iad i mbroinn a máithreacha agus a bhí thíos le díobháil, i bhfoirm lochtanna breithe, dá bharr. Idir 1995 agus 2013 a bhí dátaí na dteagmhais. Tá grúpa eile éileamh á bhainistiú freisin ag an GÉS a bhaineann le tocsaineacht valpróáite sóidiam a líomhnaítear i measc daoine fásta.	13	13
Ionchlannáin Trasfhaighne Tagann na cásanna seo chun cinn nuair a rinneadh ionchlannán mogalra a chur isteach i mná chun aghaidh a thabhairt ar neamhchoinneálacht struis úiríní ina líomhnaítear gur gortaíodh iad go pearsanta dá bharr.	67	61

¹⁸ Soláthraíonn Foras Contergan, atá bunaithe faoi reachtaíocht na Gearmáine, tacaíocht airgeadais do dhaoine do dhiobháil a bhaineann le tailidimid, tar éis measúnú a bheith déanta gurbh í tailidimid ba chúis lena míchumas.

Seirbhísí Scagthástála Náisiúnta: Dlúthocht um Ailse Ceirbheacs

Bhí fógra faoi 379 éileamh i gcoinne CervicalCheck faighte ag an GÉS ag deireadh 2022 (i gcomparáid le 340 éileamh ag deireadh 2021). Áirítear leis seo 78 éileamh ar dhíobháil shíceolaíoch a rinne baill de theaghlach na mban atá i gceist. Den chuid is mó, baineann na cásanna le léamh na dtástálacha smearaidh ag na saotharlanna neamhspleacha a chuireann seirbhísí ar fáil do FSS agus neamhnochtadh ag FSS maidir le torthaí an iniúchta chliniciúil ar thástálacha smearaidh. Déantar na cásanna níos casta mar gheall féidir cosantóirí iolracha a bheith i gceist: na saotharlanna féin i dtaca le léamh na dtástálacha smearaidh, a bhfuil oibleagáid chonarthaigh orthu slánaíocht a chur ar fáil don Stát maidir le léamh na dtástálacha, agus FSS (a ndéanann an GÉS ionadaíocht dó) maidir le neamhnochtadh na dtorthaí iniúchta, agus, uaireanta, tríú páirtí, dochtúir cóireála, mar shampla. Sna cásanna seo, tá an GÉS tiomanta go n-oibreofar leis na saotharlanna agus leis na tríú páirtithe chun na cásanna a réiteach tríd an idirghabháil, an oiread agus is féidir. I líon beag cásanna, is é FSS an cosantóir maidir le léamh na tástála smearaidh (sa chás gur léadh an tástáil i saotharlann ospidéil). Ní hamháin go n-áirítear leis na héilimh éilimh a d'eascair as an iniúchadh inmheánach a rinne CervicalCheck agus as Athbhreithniú an Phainéil Saineolaithe Neamhspleách ar Scagthástáil Ceirbheacs ag an gColáiste Ríoga Cnámhseachais agus Gíniceolaíochta, ach áirítear leo chomh maith éilimh nach raibh an tástáil smearaidh faoi réir athbhreithniú nó iniúchta.

B'ionann 168 agus líon iomlán na n-éileamh a bhí curtha i gcrích amhail ag deireadh 2022, agus cuireadh 103 i gcrích i rith 2022.

Dúnadh Binse CervicalCheck, a sholáthair córas eile ar fáil do na cúirteanna d'éilimh a eascraíonn as an iniúchadh inmheánach a rinne CervicalCheck agus as Athbhreithniú an Phainéil Saineolaithe Neamhspleách ar Scagthástáil Ceirbheacs ag an gColáiste Ríoga Cnámhseachais agus Gíniceolaíochta d'arratais an 26 Iúil 2022 agus bhí 25 cás, ar an iomlán, glactha ag an mBinse.


Seirbhísí Meabhairshláinte do Leanaí agus d'Ógánaigh Chiarraí Theas

D'fhógair an Rialtas Scéim Cúitimh Sheirbhísí Meabhairshláinte do Leanaí agus d'Ógánaigh (CAMHS) Chiarraí in Aibreán 2022. Bunaíodh an Scéim chun dul i ngleic le torthaí an athbhreithnithe ar Sheirbhísí Meabhairshláinte do Leanaí agus d'Ógánaigh i gCiarraí Theas, a scrúdaigh cóireáil ar bhreis agus 1,300 duine óg ag Dochtúir Ospidéil Neamhchomhairleach i Seirbhís Mheabhairshláinte Chiarraí Theas. Tá an Scéim, atá bunaithe ar phróiseas idirghabhála, ceaptha cúiteamh iomlán a sholáthar ach gan an strus a bheith ar theaghlach a chruthaíonn imeachtaí cúirte. Amhail deireadh na bliana 2022, fuair an GÉS 148 léiriú spéise faoin Scéim agus rinneadh iocaíochtaí tosaigh le 125 iarratasóir deimhnithe. Níl an Stát ag cur in aghaidh dliteanais faoin Scéim.

Costas Éileamh

B'ionann na costais a tabhaíodh in 2022 chun éilimh leanúnacha ghníomhacha a bhainistiú agus €523.2m, ar méadú 7.5% é seo ar thoradh €486.5m 2021.

Costais Éileamh Gníomhach a Réiteach agus a Bhainistiú



D'fhéadfadh sé nach dtiocfadh na figiúirí leis an suimiú iomlán de bharr slánú.

An Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát (ar lean)

Tháinig méadú €9.9m in 2022 ar dhámhachtainí/shocraíochtaí i gcomparáid le 2021 (€8.3m maidir le héilimh chliniciúla agus €1.6m maidir le héilimh ghinearálta).

Tháinig méadú €26.7m ó €117.8m in 2021 go €144.5m in 2022 ar chostais dlí agus eile (costais féin an GÉS agus costais ghearánaithe araon). Cuireann costais dlí ghearánaithe é seo chun cinn, ar tháinig méadú €23.45m sa bhliain orthu. Tháinig méadú €8.4m ar chostais dlí agus eile maidir le héilimh chliniciúla agus €18.3m maidir le héilimh ghinearálta.

B'ionann costais dlí agus eile ghearánaithe in 2022 (€90.42m) agus 63% de na costais fhoriomlána dlí agus eile agus 17% de na costais iomlána a tabhaíodh. B'ionann costais dlí agus eile ghearánaithe in 2021 (€66.97m) agus 57% de na costais fhoriomlána dlí agus eile agus 14% de na costais iomlána a tabhaíodh.


Miondealú ar Chostais Dlí agus Eile 2021-2022

	Cliniciúil		Ginearálta		Iomlán	
	2021 €m	2022 €m	2021 €m	2022 €m	2021 €m	2022 €m
Costais Dlí agus Eile an GÉS						
Éilimh H1N1	0	0	3.90	7.99	3.90	7.99
Éilimh Eile	32.33	30.98	14.57	15.08	46.90	46.07
Costais Dlí agus Eile Iomlána an GÉS	32.33	30.98	18.47	23.07	50.80	54.05
Costais Dlí Gearánaithe						
Éilimh H1N1	0	0	3.18	12.72	3.18	12.72
Éilimh Eile	44.20	53.93	19.59	23.77	63.79	77.70
Costais Dlí Iomlána Gearánaithe	44.20	53.93	22.76	36.50	66.97	90.42
Costais Dlí agus Eile Iomlána	76.53	84.91	41.23	59.56	117.76	144.48

Dliteanas Measta atá le híoc

B'ionann an dliteanas measta le híoc i dtaca le punann éileamh an GÉS ag deireadh 2022 agus €4.96bn. Faoi mar a luaitear i dtuarascálacha bliantúla roimhe seo, leanann an dliteanas gan íoc ag dul i méid go mór bliain ar bhliain.

Dliteanas Measta gan Íoc 2018-2022



D'fhéadfadh sé nach dtiocfadh na figiúirí leis an suimiú iomlán de bharr slánú.

Cé gur tháinig méadú ar an líon éileamh gníomhach atá á bhainistiú ag an GÉS faoi 5% le cúig bliana anuas – ó 10,658 ag deireadh 2018 go 11,204 ag deireadh 2022, tá an méadú ar an dliteanas measta gan íoc i gcaitheamh na tréimhse céanna i bhfad níos airde ag 57%. Faoi mar a luaitear in iarthuarascálacha bliantúla, is iad éilimh ar ghorthú tubaisteach, mar gheall ar a n-ardluach, an príomhrud a spreagann an méadú seo ó thaobh méide. I measc na dtosca eile a chuireann leis an méadú ar dhliteanas gan íoc an méadú ar líonta éileamh agus an boilsciú ar éilimh ghinearálta, éifeacht ollchainingne móra, an laghdú ar an bhFíor-Ráta Toraidh¹⁹ a dhéanann difear d'fhorhóir na n-éileamh cliniciúil agus, maidir le gortuithe tubaisteacha, ionchas saoil méadaithe mar thoradh ar chúram feabhsaithe leighis agus cógaseolaíochta.

Treoirilínte maidir le Díobháil Phearsanta

Ghlac an Chomhairle Bhreithiúnach leis na Treoirilínte maidir le Díobháil Phearsanta i mí an Mhárta 2021 agus chuir an tAire Dlí agus Cirt tús leo i mí Aibreáin 2021. Leagtar amach sna Treoirilínte leibhéil in ndamáistí is féidir a dhámhachtain i gcaingne díobhála pearsanta agus cuirtear iad in ionad an Leabhair Chandaim a dhréachtaigh an Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta (PIAB) roimhe sin agus a d'úsáid chun cúiteamh in éilimh a chinneadh. Beidh feidhm ag na Treoirilínte freisin maidir leis na cúirteanna agus i gcás ina n-imeoidh cúirt ó na Treoirilínte, beidh sé de cheangal uirthi na cúiseanna atá leis an imeacht sin a lua agus cinneadh á thabhairt aici.

Laghdaíonn na Treoirilínte leibhéil dámhachtana d'fhorhóir na gcatagóirí díobhála pearsanta. Déileálann siad le raon leathan gortuithe i dtéarmaí damáistí ginearálta, ach ní dhéanann siad difear do dhamáistí speisialta (m.sh. costais leanúnacha leighis nó cúraim nó cúiteamh as cailteanas ioncaim).

Bainistíocht Riosca

Soláthraíonn an GÉS comhairle agus cabhair do na húdaráis Stáit maidir le rioscaí dlíthíochta a bhainistiú le feabhas a chur ar shábháilteacht fhostaithe, úsáideoirí seirbhíse/othar agus tríú páirtithe eile agus tarlú éileamh a íoslaghdú. Bíonn an t-údarás Stáit freagrach as riosca a bhainistiú agus tosaíochtaí bainistíochta riosca i ngach cás agus níl ach ról comhairleach a bhíonn i gceist le ról bainistíochta riosca an GÉS.

Cuireann an GÉS a shainordú riosca i bhfeidhm trí dhá aonad riosca speisialta: an tAonad Riosca Chliniciúil agus an tAonad Riosca Fiontraíochta. Baineann an obair a dhéantar san dá aonad riosca a gcláir oibre trí leas a bhaint as anailís sonraí agus fianaise chun treochtaí agus saincheisteanna atá ag teacht chun cinn a aithint chun tionscnaimh riosca a rangú agus a chur in ord tosaíochta. Faightear an fhaisnéis seo go príomha ó anailís ar éilimh agus ó shonraí a tuairiscíodh ar an gCóras Bainistíochta Teagmhais Náisiúnta (an NIMS) – an uirlis bainistíochta riosca ó cheann go ceann a d'fhorbair an GÉS lena gceadaítear don GÉS agus d'údaráis Stáit teagmhais a bhainistiú ar feadh shaolré an teagmhais.



Córas Náisiúnta um Bainistíocht Teagmhais
National Incident Management System

An Córas Bainistíochta Teagmhais Náisiúnta (an NIMS)

Uirlis bainistíochta riosca ó cheann go ceann é an NIMS a d'fhorbair an GÉS lena gceadaítear don GÉS agus d'údaráis Stáit teagmhais a bhainistiú ar feadh shaolré an teagmhais.

Éilítear ar údaráis Stáit an NIMS a úsáid chun a gceanglas reachtúil a chomhlíonadh teagmhais a thuairisciú don GÉS, agus féadfaidh siad an córas a úsáid freisin chun a gcríoch bainistíochta riosca féin.

Soláthraíonn an NIMS anailís sonraí saibhre maidir le drochtheagmhais agus cumais tuairiscithe do bhainisteoirí riosca údaráis an Stáit agus foirne riosca féin an GÉS. Cumasaíonn sé sin freagairtí bainistíochta riosca agus freagairtí maolaithe a chuideoidh le feabhas a chur ar shábháilteacht fhostaithe an Stáit, othar, agus úsáideoirí seirbhíse, agus le costas na n-éileamh i gcoinne an Stáit amach anseo a íoslaghdú.

Tá tuairisciú cruinn na dteagmhais don NIMS ríthábhachtach d'fheidhm bhainistíochta riosca an GÉS agus oibríonn an GÉS go gníomhach le húdaráis Stáit ar bhonn leanúnach chun leibhéal agus cáilíocht an tuairiscithe a fheabhsú.

Bainistíocht Riosca Fiontraíochta

Cuireann an tAonad Bainistíochta Riosca Fiontraíochta comhairle agus cabhair bainistíochta riosca ar fáil d'údaráis Stáit le cabhrú leo teorainn a chur ar a nochtadh d'éileamh faoin Scéim Slánaíochta Ginearálta. Oibríonn an tAonad le riosca, sábháilteacht, saoráidí, bainisteoirí acmhainní flít agus daonna agus le pearsanra eile in údaráis Stáit chun cabhrú leo tuiscint níos fearr a fháil ar a bpróifíl riosca dlíthíochta agus a ngníomhaíochtaí bainistíochta riosca a dhíríú chun cosc a chur ar theagmhais a bhféadfadh éilimh eascairt astu. Tá an clár dírithe ar iniúchadh agus ar athbhreithniú ar rialachas riosca, treoir maidir le riosca, agus tionscnaimh a bhaineann go sonrach le claint a sholáthar. Cuid lárnach den chlár é idirghníomhú dlúth le húdaráis Stáit trí líonraí agus imeachtaí oideachais, oiliúna agus claint. I measc na ngníomhaíochtaí ar leith in 2022, bhí an méid seo a leanas:

- Athbhreithniú leanúnach ar theagmhais agus ar éilimh chun deiseanna a shainiú do bhainistíocht riosca a fheabhsú, agus measúnú leantach a dhéanamh le húdaráis Stáit, faoi mar a theastaíonn;
- clár iniúchta a dhéanamh ar údaráis Stáit;
- Tuarascáil Taighde Riosca a fhoilsiú ar Fhoréigean, Ciapadh agus Lonsaitheacht san Earnáil Stáit; agus
- sraith treorach nuashonraithe a fhoilsiú maidir le mótarshlánaíocht.

19 Fíor-Ráta Toraidh (RRR) ag Cinneadh na Cúirte Achomhairc in Gill Russell vs FSS.

An Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát (ar lean)

Bainistíocht Riosca Chliniciúil

Cuireann an tAonad Bainistíochta Riosca Chliniciúil comhairle agus cabhair bhainistíochta riosca ar fáil d'údaráis Stáit le cabhrú leo teorainn a chur ar a nochtadh d'éileamh faoin Scéim Slánaíochta Ginearálta. Diríonn clár bainistíochta riosca chliniciúil an GÉS ar oibriú le foireann chliniciúil, bainisteoirí sinsearach, bainisteoirí riosca agus an pearsanra eile i bhfiontair shláinte agus shóisialta ar leibhéal náisiúnta agus áitiúil le rioscaí cliniciúla a mhaolú agus sábháilteacht othar a fheabhsú.

Leagtar béim air sa chlár go n-aithneofar treochtaí agus rioscaí ar leibhéal náisiúnta agus áitiúil; idirchaidreamh a dhéanamh le FSS agus fiontair aonair shláinte agus chúraim shóisialta maidir le gníomhaíochtaí maolaithe riosca; agus ar bhearta a lorgaíonn athrú ar fud an chórais a bhaint amach. Cruthaíonn gníomhaíochtaí oideachais agus oiliúna a sholáthar maidir le sábháilteacht othar agus bainistíocht riosca chliniciúil príomhchuid den chlár. I measc na ngníomhaíochtaí ar leith in 2022, bhí an méid seo a leanas:

- idirchaidreamh le FSS ar leibhéal náisiúnta agus go díreach le fiontair shláinte agus chúraim shóisialta maidir le ceachtanna a foghlaimíodh ó éilimh chliniciúla;
- lean obair ar siúl leis an nGrúpa Náisiúnta Gníomhaíochta Einceifealapaite Nuabheirthe²⁰ a lorgaíonn straitéisí a shainaithint, foghlaim uathu, agus a chur i bhfeidhm leis an riosca a bhaineann le teagmhais inseachanta einceifealapaite nuabheirthe a mhaolú - an gortú inchinne a tharlaíonn sula dtagann pairilis cheirbreach ar dhaoine - a mbíonn gortú le linn breithe mar chúis leis sna cásanna siúd.
- imeacht ar líne a comhóstáladh le FSS le ceiliúradh a dhéanamh ar Lá Sábháilteachta Othar an Domhain maidir leis an téama 'Cógas gan Díobháil', ar fheastail gairmithe sláinte agus cúraim shóisialta; agus
- comhairle a sholáthar ar leibhéal náisiúnta trí bhallraíocht a ghlacadh de roinnt fóram, an Chomhairle Neamhspleách um Shábháilteacht Othar, an Coiste Náisiúnta um Éifeachtacht Chliniciúil agus Coiste Sábháilteachta agus Cáilíochta Bhord FSS san áireamh.

Bainistíocht Costais Dlí

Is é sainordú bainistíochta costais dlí an GÉS éilimh ar chostais dlí a bhainistiú ar bhealach a dhéantar cinnte de gurb ar an leibhéal is ísle is féidir atá dliteanas na n-údarás Stáit. Soláthraíonn Aonad Costais Dlí (an LCU) bainistíocht costais dlí an GÉS, a dhéileálann le costais dlí tríú páirtí an Stáit agus údaráis Stáit, de réir mar a shanntar dó, ach, mar sin féin, tabhaítear a leithéid de chostais.

Ciallaíonn sé sin go ndéileálann an LCU le costais dlí tríú páirtithe i ndáil leis na húdaráis Stáit seo, cibé acu má thagann siad chun cinn le linn obair bhainistíochta éileamh an GÉS féin nó i ndáil le costais dlí eile a thabhaíonn an t-údarás Stáit lena mbaineann.

Déantar scrúdú cúramach ar leibhéal na gcostas dlí a íoctar le hionadaithe dlí na n-éilitheoirí agus, nuair is féidir agus trí idirbheartaíochtaí, féachann an GÉS leis an laghdú is mó agus is féidir a dhéanamh ar chostais dlí atá le híoc ag an Stát. Mura féidir leis an GÉS leibhéal na gcostas dlí atá le híoc le hionadaithe dlí na ngearánaithe a chomhaontú go rathúil, is in Oifig na mBreithneoirí Costas Dlíthiúil a chinntear an t-ábhar, faoi réir ceart achomhairc chun na hArd-Chúirte.

Réitigh an LCU 1,225 bille costas in 2022. Ba é an méid iomlán a éilíodh €166.4m. Réitíodh na billí seo ar €97.9m – laghdú 41% ar an méid a éilíodh.

Éilimh an Aonaid Costais Dlí a Réitíodh in 2022

	Líon na nÉileamh ar Chostas a Idirbheartaíodh	An Méid a Éilíodh €m	Costas na nÉileamh a Aontaíodh €m	Coigilt Costais Dlí %
An GÉS Cliniciúil	215	58.2	35.6	38.8
An GÉS Ginearálta	188	36.0	22.2	38.5
Binsí Fiosrúcháin	26	19.7	9.3	52.7
Eile	796	52.5	30.8	41.3
Iomlán	1,225	166.4	97.9	41.2

D'fhéadfadh sé nach dtiocfadh na figiúirí leis an suimiú iomlán de bharr slánú.

²⁰ Bhunaigh an Clár Náisiúnta um Shláinte na mBan agus na Naíonán an NNEAG in 2019 i gcomhar leis an GÉS agus an Roinn Sláinte.

An Ciste Cúitimh Árachais (an ICF)

Faoi *Acht Árachais Sláinte (Leasú) 2018*, i gcás go dtéann comhlacht árachais faoi leachtú óna dteastaíonn tarraingt ar an ICF, déanfaidh an GÉS iarratas chuig an Ard-Chúirt, thar ceann an leachtaitheora²¹, chun íocaíochtaí ón ICF a cheadú, nuair a bheidh scrúdú díchill chuí ar na héilimh ábhartha críochnaithe.

I dtaca le cuideachtaí árachais atá údaraithe i mBallstát AE nach Éire é, dáileann an GÉS suimeanna a scaoiltear ón ICF ar éilithoirí freisin.

D'éirigh le hiarratais chuig Uachtarán na hArd-Chúirte ar íocaíochtaí amach ón ICF a dhéanamh in 2022 i dtaca le Setanta Insurance Company Ltd (faoi leachtú) atá údaraithe i Málta (€3.3m) agus Enterprise Insurance Company plc (faoi leachtú) atá údaraithe i nGiobráltar, (€0.4m) agus Gable Insurance AG (faoi leachtú) arna údarú i Lichtinstéin (€1.0m).

²¹ I gcás árachóir dócmhainneach atá údaraithe i mBallstát AE eile, an duine a chomhlíonann na feidhmeanna coibhéiseacha a dhéanann leachtaitheoir sa Bhallstát atá i gceist.

Baill den Ghníomhaireacht



Susan Webb
Cathaoirleach

CL

Athcheaptha le haghaidh téarma 5 bliana ón 22 Nollaig 2018 agus ceapadh ina Cathaoirleach le héifeacht ón 22 Nollaig 2022

Is iar-Stiúrthóir Bainistíochta i Susan Webb ar ionad cistíochta idirnáisiúnta Pfizer atá lonnaithe i mBaile Átha Cliath. Ghníomhaigh sí mar stiúrthóir ar roinnt bord agus faoi láthair tá sí ina stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin neamhspleách ar Citco Fund Services (Ireland) Limited agus Marriott International Funds Plc.



John Hogan
Baill den Ghníomhaireacht (ex officio)

Is é John Hogan Ard-Rúnaí na Roinne Airgeadais agus tá sé freagrach as cúrsaí beartais eacnamaíocha, buiséadacha agus fíoscacha, chomh maith le seirbhíse baincúireachta agus airgeadais. Roimhe seo d'fhóin sé mar Ard-Rúnaí Cúnta le freagracht as an Rannóg Beartais Cánach sa Roinn Airgeadais, agus mar Ard-Rúnaí Cúnta le freagracht as Beartas Baincúireachta i Rannóg na Seirbhísí Airgeadais. I gcaitheamh a shaoil gairme, tá obair déanta ag John i roinnt ranna rialtais agus d'fhóin sé i mBuanionadaíocht na hÉireann chuig an Aontas Eorpach.



Rachael Ingle
Baill den Ghníomhaireacht

CL CI

Ceaptha le haghaidh téarma 5 bliana ón 22 Nollaig 2019

Tá Rachael Ingle ina Priomhfheidhmeannach ar Aon in Éirinn, agus í ag feidhmiú mar an gCeann ar an bhforéigiún Nordach agus ina Ceannaire ar Wealth Solutions EMEA. Achtúire atá inti ó thaobh gairm bheatha de agus is ball í de chuid Fhoireann Ceannaireachta Feidhmiúcháin Domhanda Aon, Fhoireann Ceannaireachta EMEA agus de chuid na Comhairle Ceannaireachta Uilechuimsithí Domhanda. Roimhe seo, bhí sí ina Cathaoirleach ar Chumann Cistí Pinsin na hÉireann chomh maith.



Gerardine Jones
Baill den Ghníomhaireacht

CR CL

Athcheaptha le haghaidh téarma 5 bliana ón 8 Márta 2022

Cuntasóir cairte is ea Gerardine Jones. Faoi láthair tá sí ina Stiúrthóir ar Sharpsburg Consultants Limited agus tá roinnt ról stiúthóra neamhfheidhmiúcháin aici freisin. Bhí sí ina Leas-Phríomhfheidhmeannach agus ina Ceann Riosca roimhe seo ag Cantor Fitzgerald Ireland, agus ina Stiúrthóir ar Liosú ag Stocmháirtán na hÉireann.



John McCormick
Baill den Ghníomhaireacht

AC

Ceaptha le haghaidh téarma 5 bliana ón 22 Nollaig 2019

Iar-Chathaoirleach ar Royal Bank of Scotland (RBS) Group Asia Pacific (APAC), agus POF ar RBS Global Banking & Markets APAC é John McCormick. Bhí roinnt ról trádála sinsearaí domhanda agus bhainistíochta riosca ag John roimhe seo in RBS and Bank of America bunaithe i Londain agus i mBaile Átha Cliath. Tá John ina bhall faoi láthair de bhord Bank of Montreal Europe plc agus d'fhóin sé roimhe seo ar bhord ghrúpa National Bank of Greece agus Lombard Risk Management plc. Stiúrthóir Deimhnithe Bainc é agus Comhalta d'Institiúid na Baincúireachta in Éirinn é John. Bhain John cáilíocht amach ó Scoil Ghnó Henley (coláiste de chuid Ollscoil Reading, an RA) le MSc i gCóitseáil agus Athrú Iompraíochta agus is é Comhbhunaitheoir agus Comhpháirtí ag DMC Coaching LLP.



David Moloney
Baill den Ghníomhaireacht (ex officio)

Is é David Moloney Ard-Rúnaí na Roinne Caiteachais Phoiblí, um Sholáthar an Phlean Forbartha Náisiúnta (an PFN) agus Athchóirithe²². Roimhe sin, bhí sé ina cheannaire ar Rannóg Margaidh Saothair agus Fiontair na Roinne, le freagracht as réimsí caiteachais éagsúla lena n-áirítear Coimirce Shóisialach, Tithíocht, Fiontraíocht agus Talmhaíocht agus as Seirbhís Mheastóireachta agus Eacnamaíochta Rialtas na hÉireann (IGEES).

Le linn a ghairm bheatha sa Státseirbhís, d'fhóin David freisin i Roinn an Taoisigh, sa Roinn Airgeadais agus sa Roinn Sláinte.



Martin Murphy
Baill den Ghníomhaireacht

CI

Athcheaptha le haghaidh téarma 5 bliana ón 22 Nollaig 2018

Cathaoirleach ar DAC Bhanc Uladh Éireann agus Cathaoirleach ar Ionaid Sonraí Echelon, forbróir bonneagair ionad sonraí idirnáisiúnta a dhiríonn ar inbhuanaitheacht, é Martin Murphy faoi láthair. Iar-Stiúrthóir Bainistíochta agus Iar-Chathaoirleach ar Hewlett Packard Enterprise Ireland atá i Martin.

Is Stiúrthóir Deimhnithe Baint (CBD) é Martin, agus tá BA BAI (ONÓRACHA) aige san Innealtóireacht agus sa Mhatamaitic agus MSc san Innealtóireacht Leictreonach ó Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath.



Frank O'Connor
Baill den Ghníomhaireacht (ex officio)

Ceapadh Frank O'Connor ina Phríomhfheidhmeannach GBCN in Iúil 2022. Is é iar-Stiúrthóir Cistithe agus Bainistíochta Fiachais ag an nGníomhaireacht. Sula thosaigh sé ag obair le GBCN, i measc ról Frank, bhí Ceann an Chisteáin (2010-2012) ag an nGníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní, ról éagsúla shinsearach laistigh de AIB, an Ceann Trádála in Aonad Bundéileálaithe Bannaí AIB (go déanach sna 1990idí), agus Ceann an Chisteáin Mórdhíola (2004-2010) ag Bank Zachodni WBK i Vársá, an Pholainn (Banc Santander atá anois ann). Tá MSc in Infheistíocht agus Cistíocht bainte amach ag Frank ó Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath agus BSc i mBainistíocht ó Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath. Is Comhalta é le Comhlachas na gCuntasóirí Deimhnithe Cairte (FCCA) agus is céimí é d'Institiúid na mBaincírí in Éirinn (Céimí MIB).



Brian O'Kelly
Baill den Ghníomhaireacht

CR

Ceaptha le haghaidh téarma 5 bliana ón 17 Meitheamh 2019

Ollamh Emeritus le hAirgeadas in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath is ea é an Dr O'Kelly agus is Stiúrthóir Acadúil an M.Sc. in Infheistíocht, Cistíocht agus Baincáireacht é. Tá taithí breis agus 20 bliain taithí ag Brian ar a bheith ag obair sna margai airgeadais, le AIB Capital Markets agus le Permanent TSB. Soláthraíonn sé seirbhísí comhairliúcháin do roinnt banc freisin.

Gluais Choistí na Gníomhaireachta

CR An Coiste Iniúcháireachta agus Riosca

CI An Coiste Infheistíochta

CL An Coiste Luacha Saothair

*Ballraíocht na Gníomhaireachta amhail ag deireadh na Nollag 2022. Is féidir teacht ar shonraí faoi athruithe ar an bpríomhphearsanra ar leathanach 61.

22 An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe roimhe seo.

An Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí na Gníomhaireachta

Tá freagracht uileghabhálach ar an nGníomhaireacht (an Bord) as feidhmeanna uile GBCN (seachas an Gníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní (NAMA), Corparáid Baincéireachta Straitéisí na hÉireann (SBCI) agus Maoiniú Tógála Tithíochta Éireann (HBFI), a bhfuil a mboird ar leith acu féin) faoi na *hAchtanna um Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, 1990-2014*. Tá an Gníomhaireacht freagrach don Aire Airgeadais. Agus í i mbun a dualgas a feidhmiú, díríonn an Gníomhaireacht ar theoir straitéiseach agus maoirseacht a sholáthar don eagraíocht agus ar a chinntiú go bhfuil rialuithe cuí i bhfeidhm, agus cúrsaí oibriochtúla á dtarlú ar an mbainistíocht. Féachann sé le tacaíocht agus dúshlán a thabhairt don lucht bainistíochta maidir le spriocanna GBCN a bhaint amach agus cultúr corparáideach a chothú a chuirfidh le soláthar na spriocanna seo. Tá an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin agus an Fhoireann Bainistíochta Sinsearaí freagrach as bainistíocht, rialú agus treorú rialta laethúil GBCN. Caithfidh an Príomhfheidhmeannach agus an Fhoireann Bainistíochta Sinsearaí an treorú straitéiseach a thugann an Gníomhaireacht a leanúint, agus caithfidh siad a chinntiú go mbíonn tuisceantú shoiléir ag baill uile na Gníomhaireachta ar na príomhghníomhaíochtaí agus na príomhchinntí a bhaineann le GBCN agus le haon rioscáil suntasacha is dóchúil a thiocfaidh aníos. Gníomhaíonn an Príomhfheidhmeannach mar idirchaidreamh díreach idir an Gníomhaireacht agus bainistíocht GBCN.

Freagrachtaí na Gníomhaireachta

Dílísítear feidhmeanna GBCN sa Gníomhaireacht, ar féidir léi feidhmeanna a tharlú ar an bPríomhfheidhmeannach. Tá sceideal foirmiúil ceisteanna ann atá forchoimeáda go ndéanfaidh an Gníomhaireacht cinneadh orthu. Áirítear leis an sceideal seo an méid seo a leanas a fhaomhadh:

- Tuarascáil Bhliantúil agus Ráitis Airgeadais;
- Beartas agus Creat Bainistíochta Riosca;
- Spriocanna an Aonaid Straitéise Corparáidí agus Gnó agus Spriocanna na Feidhme Corparáidí (agus na spriocanna bliantúla san áireamh);
- Buiséid Oibriúcháin;
- Luach Saothair an Phríomhfheidhmeannaigh (tar éis dul i gcomhairle leis an Aire);
- Beartas Luacha Saothair foriomlán;
- Plean Cistithe an Stáitchiste;
- Rátaí úis agus teorainneacha ceannaigh a bhaineann le táirgí Coigiltis Stáit agus aon athruithe ábhartha ar an gcéanna;
- Straitéis Infheistíochta CISE;
- Infheistíochtaí Punainne CISE os cionn €150m (tarmligear cinntí infheistíochta a mhéid le €150 ar an gCoiste Infheistíochta);
- Príomhthearmaí conarthaí le haghaidh seirbhísí gairmiúla agus oibriúcháin agus caiteachas caipitil GBCN os cionn €5m, le líon teoranta eisceachtaí; agus
- Plean Infheistíochta Bliantúil Chúlchiste an Bharrachais Náisiúnta (Teagmhais Eisceachtaí) agus aon leasúcháin.

Ceanglaítear sna *hAchtanna um Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, 1990 go 2014* agus sna *hAchtanna um Chuntais Dhiomhaoiné, 2001 go 2012* ar an nGníomhaireacht ráitis airgeadais a ullmhú maidir lena cuid oibriochtaí do gach bliain airgeadais. Agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú ag an nGníomhaireacht, ceanglaítear uirthi:

- beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach;
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama;
- na ráitis airgeadais a réiteach ar bhonn gnóthas leantach, mura cuí a mheas gur cuí amhlaidh a dhéanamh; agus
- aon imeachtaí ábhartha ó na caighdeáin infheidhme chuntasaíochta a nochtadh agus a mhíniú.

Tá an Gníomhaireacht freagrach as gach cuntas ceart agus gnáthchuntas ar an airgead go léir a fuair sí nó a chaith sí a choimeád i cibé foirm a cheadóidh an tAire Airgeadais agus taidfid chuntasaíochta a choimeád ina nochta, le cruinneas réasúnta ag aon tráth, staid airgeadais na Gníomhaireachta, a cistí agus an Fiachas Náisiúnta.

Tá an Gníomhaireacht freagrach as buiséad caiteachais agus straitéis chorparáideach GBCN a fhaomhadh, lena n-áirítear Spriocanna an Aonaid Gnó agus na Feidhme Corparáidí. Déanann an Gníomhaireacht athbhreithniú ar thorthaí atá ag teacht chun cinn i gcoinne buiséid agus spriocanna i rith na bliana agus ag deireadh na bliana.

Tá an Gníomhaireacht freagrach chomh maith as sócmhainní atá faoina smacht a chosaint agus, dá bhrí sin, as dul i mbun bearta réasúnta chun cosc a chur ar chalaíocht agus ar neamhrialtachtaí eile nó iad a bhrath.

Measann an Gníomhaireacht go dtugtar léargas ceart i ráitis airgeadais GBCN ar fheidhmíocht airgeadais agus ar staid airgeadais GBCN amhail an 31 Nollaig 2022.

Struchtúr na Gníomhaireachta

Tá naonúr ball sa Gníomhaireacht. Ceapann an tAire Airgeadais seisear ball, an Cathaoirleach san áireamh. Is baill ex officio na Gníomhaireachta iad Príomhfheidhmeannach GBCN agus Ard-Rúnaithe na Roinne Airgeadais agus Caiteachais Phoiblí, um Sholáthar an PFN agus Athchóirithe²². Is é téarma oifige baill cheaptha cúig bliana. Leagtar amach sonraí faoi na baill reatha agus a dtréimhsí ceapacháin ar leathanaigh 58-59.

Bhunaigh an Gníomhaireacht roinnt coistí chun cabhrú léi a freagrachtaí a shásamh, agus tá Téarmaí Tagartha foirmiúla ag gach ceann díobh. I measc na gcoistí in 2022, bhí:

- An Coiste Iniúcháireachta agus Riosca;
- An Coiste Infheistíochta;
- An Coiste Luacha Saothair; agus
- Coiste Straitéise na Gníomhaireachta um Éilimh ar an Stát²³.

Chun teacht ar eolas breise ar ghníomhaíochtaí Choistí na Gníomhaireachta in 2022, féach Tuarascálacha Coistí, ar leathanaigh 66 go 69.

23 I ndiaidh athbhreithniú straitéiseach, rinne an Gníomhaireacht an Coiste seo a scaoileadh le héifeacht ón 28 Feabhra 2023.

Rinne an Gníomhaireacht féinmheasúnú inmheánach ar a feidhmiocht maidir le 2022. Ag eascairt as an bpróiseas measúnaithe, sainithníodh líon beag gníomhartha le tabhairt fúthu i rith na bliana.

Tacaíonn Rúnaí na Gníomhaireachta leis an nGníomhaireacht ina cuid feidhmeanna, a dhéanann oibriú Choistí éagsúla na Gníomhaireachta a chomhordú, a dtacaíonn foireann Rúnaíochta na Gníomhaireachta le gach ceann díobh.

Cothromaíocht Inscne i mBallraíocht an Bhoird

Bhí triúr ball baineann (33%) agus seisear ball fireann (67%) ag an mBord amhail an 31 Nollaig 2022, agus ní raibh aon phoist folamh.

Ní bhaineann an Bord sprioc an Rialtais amach go ndéantar ionadaíocht íosta 40% do gach inscne i mballraíocht Bhoird Stáit tar éis gur éag téarma oifige iar-Chathaoirleach baineann na Gníomhaireachta agus gur ceapadh ball fireann Gníomhaireachta i mí na Nollag 2022.

Tá na bearta seo a leanas ar na bacáin le tacú le cothromaíocht inscne sa Bhord:

- Líontar folúntais bhoird trí phróiseas na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí (PAS) a chuireann san áireamh na ceanglais atá leagtha amach i gCuid 4.4 den Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú maidir leis an éagsúlacht.
- Tá súil leis go bhféadfaí dul i ngleic le cothromaíocht inscne in 2023 agus tá súil eis go ndéanfar athruithe breise ar bhallraíocht an Bhoird nuair a éagfaidh téarma oifige beirt ball reatha den Bhord i mí na Nollag 2023.

Athruithe ar an bPríomhphearsanra

Rinne Príomhfheidhmeannach na Gníomhaireachta de Frank O'Connor (iar-Stiúrthóir, Bainistíocht Cistithe agus Fiachais, GBCN) le héifeacht ón 1 Iúil 2022, i ndiaidh gur éag téarma ceapacháin Conor O'Kelly an 30 Meitheamh 2022.

Ceapadh Susan Webb mar Chathaoirleach na Gníomhaireachta le héifeacht ón 22 Nollaig 2022, i ndiaidh gur éag téarma ceapacháin Maeve Carton an 22 Nollaig 2022.

Ceapadh John McCormick mar bhall den Gníomhaireacht le héifeacht ón 22 Nollaig 2022.

Athcheapadh Gerardine Jones mar bhall den Gníomhaireacht le héifeacht ón 8 Márta 2022.

Ceapadh Dave McEvoy, iar-Leas-Stiúrthóir, Bainistíocht Cistithe agus Fiachais, GBCN ina Stiúrthóir ar Bhainistíocht Cistithe agus Fiachais, GBCN le héifeacht ón 1 Iúil 2022.

An Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí na Gníomhaireachta (ar lean)

Sceideal Freastail, Táillí agus Costais

Leagtar amach thíos sceideal freastail ag cruinnithe na Gníomhaireachta agus Coiste don bhliain 2022, na táillí agus na costais a íocadh le gach ball ina gcáil mar bhall den Ghníomhaireacht nó de Choiste ina measc.

	Gníomh- aireacht	Coiste Infheistíochta	Coiste Iniúcháireachta agus Riosca	Coiste Luacha Saothair	Coiste Straitéise an GÉS	Táillí 2022 €	Costais 2022 €
Líon na gCruinnithe	8	12	7	6	6		
Baill den Ghníomhaireacht							
Maeve Carton	8			6		43,899	-
John Hogan	7					-	-
Rachael Ingle	8		7	6		30,000	-
Gerardine Jones	8		7			30,000	-
John McCormick	0/0(p)					822	124
David Moloney	7				3	-	-
Martin Murphy	8	12		6	6	30,000	-
Brian O'Kelly	8		7			30,000	
Conor O'Kelly	2/4(p)					-	-
Frank O'Connor	3/3(p)					-	-
Susan Webb	8	12	7			30,411	-
Iomlán						195,132	124
Baill Eile							
Richard Leonard		12				20,000	8,866
Mark Ryan		12				20,000	-
Julie Sinnamon		12				20,000	-
Sabaratnam Arulkumaran					6	12,500	-
Tom Beegan					6	12,500	772
Ciarán Breen					6	-	-
Donogh Crowley					6	12,500	-
Kerry McConnell					6	12,500	-
Julie O'Neill					6	12,500	-
Iomlán						122,500	9,638

Tagraíonn (p) do líon na gcruinnithe a raibh sé indéanta freastal orthu.

Cinneann an tAire Airgeadais leibhéal luach saothair bhaill cheaptha na Gníomhaireachta. Is ionann an luach saothair a ghabhann le post an Chathaoirigh agus €45,000 in aghaidh na bliana agus is é luach saothair na mball ceaptha eile ná €30,000 in aghaidh na bliana. Ní fhaigheann na baill ex officio (Frank O'Connor, John Hogan agus David Moloney) aon luach saothair maidir lena mballraíocht sa Ghníomhaireacht.

Is í an Ghníomhaireacht le toiliú an Aire Airgeadais a chinneann luach saothair bhaill sheachtracha an Choiste Infheistíochta. Is í an Ghníomhaireacht le toiliú an Aire Airgeadais a chinneann luach saothair bhaill sheachtracha Choiste Straitéise na Gníomhaireachta um Éilimh ar an Stát. Faigheann baill sheachtracha den Choiste Infheistíochta luach

saothair de €20,000 in aghaidh na bliana agus faigheann baill sheachtracha Choiste Straitéise na Gníomhaireachta um Éilimh ar an Stát luach saothair €12,500 sa bhliain. Ní bhfuair David Moloney, a ceapadh ar Choiste Infheistíochta na Gníomhaireachta um Éilimh ar an Stát, ina cháil mar fhostaí sa tseirbhís phoiblí, aon luach saothair i leith a bhallraíochta ar an gCoiste. Ní fhaigheann baill ghníomhaireachta agus baill foirne GBCN aon luach saothair breise maidir le ballraíocht na gcoistí seo.

Fostaithe agus Luach Saothair

Feidhmíonn GBCN a shainorduithe trí chúig aonad gnó: Bainistíocht Cistithe agus Fiachais, Ciste Infheistíochta Straitéisí na hÉireann, an Ghníomhaireacht Náisiúnta Forbartha Airgeadais, NewERA agus an Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát. Tacaíonn a fheidhmeanna corparáideacha le haonaid ghnó GBCN a sholáthraíonn seirbhísí i measc Airgeadais, Oibriochtaí, Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide, Riosca, Acmhainní Daonna, an Dlí, Comhlíonta, Cumarsáide agus Iniúchadh Inmheánach.

Tá roinnt de na baill foirne in GBCN ar iasacht sa Roinn Airgeadais tar éis go ndearnadh tarmligeán fheidhmeanna córais baincéireachta an Aire Airgeadais a chúlghairm chuig GBCN ó Lúnasa 2011.

Sannann GBCN baill foirne do NAMA, SBCI agus HBFI agus soláthraíonn siad seirbhísí agus córais ghnó agus tacaíochta dóibh freisin. Aonáin neamhspleácha iad NAMA, SBCI agus HBFI a bhfuil boird ar leith acu. Déanann NAMA, SBCI, agus HBFI costais na seirbhísí seo (lena n-áirítear costais foirne) a aisíoc le GBCN ar bhonn gnóthú costais.

Bhí 595²⁴ fostaí ag GBCN ag deireadh 2022, gan fostaithe a áireamh a sannadh do NAMA, SBCI agus HBFI. Sannadh 110²⁵ fostaí do NAMA, sannadh 38 fostaí do SBCI agus sannadh 31 fostaí do HBFI.

Tá samhail luach saothair an GBCN bunaithe ar chonarthaí fostaíochta rúnda a ndéantar idirbheartaíocht aonair orthu, ag a bhfuil luach saothair iomaíoch atá ailínithe leis an margadh. Is éard atá sa ghnáthphacáiste luacha saothair ná buntuarastal seasta, teidlíocht pinsin agus soláthar do pháilánroghnach a bhaineann le feidhmíocht. I líon teoranta cásanna íoctar liúntais nó sochair eile.

Is é cuspóir GBCN a chinntiú go n-éascaítear é lena shocruithe luacha saothair fostaithe ardfheidhmíochta agus spreagtha a mhealladh, a fhorbairt agus a choinneáil, a bhfuil na scileanna agus an taithí chuí acu. Déantar seo lena chinntiú gur féidir le GBCN a fheidhmeanna reachtúla a chomhlíonadh go hiomlán ar bhealach éifeachtach agus éifeachtúil, agus iad ag cloí leis an dlí infheidhme. Tá de chuspóir aige córas luacha saothair a oibriú a dhéanann an méid seo a leanas:

- a cheadaíonn do GBCN dul san iomaíocht go héifeachtach sa mhargadh saothair agus fostaithe ar ardchaighdeán a earcú agus a choinneáil;
- ina léirítear cuspóirí GBCN maidir le dea-rialachas corparáideach;
- a bhainistíonn luach saothair ar bhealach cuí agus a spreagann leibhéal ard feidhmíochta; agus
- atá comhsheasmhach le bainistíocht riosca fhónta agus éifeachtach agus a chuireann chun cinn í.

Tá iocaíochtaí lánroghnacha a bhaineann le feidhmíocht ceaptha luach saothair a bhronnadh ar shárfheidhmíocht ag féachaint d'feidhmíocht an fhostaí féin, don fheidhmíocht i réimse freagrachta an fhostaí, agus d'feidhmíocht fhoriomláin GBCN. Déantar iocaíochtaí a bhaineann le feidhmíocht de réir na bparaiméadar atá faofa ag Coiste Luacha Saothair neamhfheidhmiúcháin na Gníomhaireachta. Tagann suim iomlán na n-íocaíochtaí a bhaineann le feidhmíocht a rinneadh

maidir le bliain ar bith faoi réir fhaomhadh an Choiste Luacha Saothair freisin.

Rinne GBCN iocaíochtaí a bhain le feidhmíocht le 239 fostaí in 2023 maidir le 2022. B'ionann na híocaíochtaí seo, ina n-iomlán, agus €2,244,300. Ba í an iocaíocht aonair ab airde €30,000; agus ba í an iocaíocht aonair ab ísle €2,000.

Miondealú ar Shochair Ghearrthéarmacha Fostaí

Déantar sochair gearrthéarmacha fostaithe a sháraíonn €50,000 maidir le seirbhísí a soláthraíodh le linn 2022 a rangú sna bandaí seo a leanas:

Raon	Líon na bhFostaithe
Idir €50,001 agus €75,000	146
Idir €75,001 agus €100,000	117
Idir €100,001 agus €125,000	57
Idir €125,001 agus €150,000	35
Idir €150,001 agus €175,000	20
Idir €175,001 agus €200,000	24
Idir €200,001 agus €225,000	9
Idir €225,001 agus €250,000	5
Idir €250,001 agus €275,000	3
Idir €275,001 agus €300,000	2
Idir €300,001 agus €325,000	1
Idir €325,001 agus €350,000	0
Idir €350,001 agus €375,000	2
Idir €375,001 agus €400,000	0
Idir €400,001 agus €425,000	1
Idir €425,001 agus €450,000	0
Idir €450,001 agus €475,000	0
Idir €475,001 agus €500,000	0

Nóta: Ar mhaithe leis an nochtadh seo, áirítear le sochair gearrthéarmacha fostaithe maidir le seirbhísí a cuireadh ar fáil i rith 2022 tuarastal, sochair inchánach eile a íocadh le fostaithe agus iocaíochtaí eile a rinneadh thar ceann fostaithe (íocaíochtaí i gcoibhneas le feidhmíocht san áireamh), ach ní áirítear ÁSPC fostóra leo.

Nochtadh a Cheanglaítear sa Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016)

Tá an Ghníomhaireacht freagrach as a chinntiú gur chomhlíon GBCN riachtanais (mar a cuireadh in oiriúint iad) an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú ("an Cód"), amhail a d'fhoilsigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe²⁶ i Lúnasa 2016. Ceanglaítear sa Chód an nochtadh seo a leanas a dhéanamh:

Miondealú ar Shochair Ghearrthéarmacha Fostaí

Féach Fostaithe agus Luach Saothair thuas.

24 Ar bhonn coibhéis lánaimseartha (slánaithe go dtí an tslánuimhir is gaire).

25 Ar bhonn coibhéis lánaimseartha (slánaithe go dtí an tslánuimhir is gaire).

26 Tugtar an Roinn Caiteachais Phoiblí, um Sholáthar an Phlean Forbartha Náisiúnta (an PFN) agus Athchóirithe anois ar an Roinn.

An Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí na Gníomhaireachta (ar lean)

Costais Sainchomhairleoireachta

Tá costais chomhairleoireachta a thabhaíonn GBCN i bhfeidhmiú a shainorduithe leagtha amach sna Ráitis Airgeadais: Cuntas Riaracháin GBCN, Ráitis Airgeadais an GÉS agus Ráitis Airgeadais CISE.

Costais agus Socraíochtaí Díl

Chun críocha riachtanas nochta an Chóid, níor tabhaíodh aon chaiteachas ábhartha in 2022.

Caiteachas Taistil agus Cothabhála

Déantar an catagóirí seo a leanas ar chaiteachas Taistil agus Cothaithe:

	2022 €000	2021 €000
Intíre		
Bord/Coiste*	12	1
Fostaithe	204	140
Idirnáisiúnta		
Bord/Coiste	-	-
Fostaithe	298	8
	514	149

*Áirítear leis seo taisteal agus cothú €9,763, a íocadh go díreach le baill Bhoird/Choiste in 2022. Baineann an t-iarhmhéid (€1,812) le cruinnithe Boird agus Coiste Infheistíochta amach ón suíomh.

Caiteachas ar Fháilteachas

Áirítear leis an Ráiteas loncaim agus Caiteachais agus loncam Cuimsitheach Eile €125,432 (2021: €45,716) maidir le caiteachas ar fháilteachas foirne.

Ráiteas Comhlíonta

Chomhlíon GBCN Tá GBCN ar gach bealach ábhartha an Cód agus rinneadh roinnt oiriúnuithe/éagsúlú/neamhiarratais ar thángthas ar chomhaontuithe ina ndáil leis an Aire Airgeadais, agus tá achoimre orthu sin leagtha amach thíos. Léirítear leis na hoiriúnuithe seo go príomha go ndéanann GBCN, a bhfuil a chuid gcostas mar mhúirear ar an Lár-Chiste²⁷, raon d'fheidhmeanna atá os comhair an mhargaidh agus go ndearnadh é a struchtúrú d'aon ghnó chun go mbeadh sé solúbtha go hoibríochtúil chun gníomhú ar bhonn tráchtála agus na feidhmeanna seo á gcomhlíonadh.

Conarthaí a Fhaomhadh

Moltar sa Chód gur cheart do Sceideal na nÁbhar a Fhorchoimeádtar le Cinneadh ag an nGníomhaireacht tairseacha cainníochtúla soléire a shonrú maidir le conarthaí ar a bhfuil luach níos airde agus óna dteastaíonn faomhadh na Gníomhaireachta. Moltar ann chomh maith gur ábhar forchoimeáda é "ceadú téarmaí mórchonarthaí".

Nuair a chuirtear san áireamh réimse shainorduithe gnó GBCN agus an chaoi gur cuid lárnach de ghníomhaíochtaí gnó GBCN é iontráil i gconarthaí airgeadais ar a bhfuil luach mór, bhunaigh GBCN critéir ar leith chun infheistíochtaí a fhaomhadh agus iontráil isteach i gconarthaí, ag brath ar an limistéar gnó, mar seo a leanas::

- Tá fáil nó diúscairt infheistíochtaí CISE óna Phunann Éireannach forchoimeáda ag an nGníomhaireacht/ag an gCoiste Infheistíochta. Is é an Coiste Infheistíochta neamhfheidhmiúcháin reachtúil a dhéanann cinntí infheistíochta suas le €150m. Sa chás go bhfuil infheistíocht bheartaithe os cionn €150m, déanann an Gníomhaireacht an cinneadh ar mhodh an Choiste Infheistíochta. Déantar infheistíochtaí ó Phunann Domhanda CISE atá laistigh de théarmaí na Straitéise um Chur i bhFeidhm Punann Domhanda a tharmligeann chuig an mbainistíocht. Déantar gníomhartha a bhaineann le fáil nó le diúscairt shócmhainní CISE atá faoi réir treorach ón Aire a tharmligeann chuig an mbainistíocht freisin.
- Déantar conarthaí fiachais a tharmligeann chuig an mbainistíocht – laistigh de pharaiméadair Phlean Bliantúil Cistithe an Stáitchiste, ar Ábhar Forchoimeáda é.
- Tarmligtear don bhainistíocht faomhadh chun dul i mbun conarthaí Comhpháirtíochta Príobháidí Poiblí (CPP) nua agus aon chonradh nua chun tabhairt faoi mar ghníomhaire don Aire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta nó d'údarás áitiúil aon tionscadail infheistíochta maidir le foirgneamh nó bonneagar eile, maoiniú, bainistiú, dearadh agus tógáil an fhoirgnimh nó an bhonneagair sin, amhail is féidir leis an Aire nó an t-údarás áitiúil ábhartha a ainmniú. Bunaíodh Coiste Bonneagair Bainistíochta, ina bhfuil baill ábhartha na Foirne Bainistíochta Feidhmiúcháin, in 2015 ar mhaithe le tionscadail bhonneagair a fhaomhadh. Áirítear tionscadail a athbheithníonn an Coiste Bonneagair Bainistíochta, agus na torthaí, mar cheisteanna atá le tabhairt faoi deara ag an nGníomhaireacht.
- Tarmligtear conarthaí do sheirbhísí gairmiúla agus oibriúcháin agus caiteachas caipitiúil GBCN nach bhfuil ar forchoimeád don Gníomhaireacht don bhainistíocht. Tá faomhadh príomhthéarmaí conartha do sheirbhísí gairmiúla agus/nó oibriúcháin agus caiteachas caipitiúil GBCN inar iontráil GBCN ar a bhfuil luach measta €5m nó níos mó, le gearradh ar bhuiséid chaiteachais GBCN nó CISE forchoimeáda don Gníomhaireacht, seachas i gcás:
 - Creatchonarthaí²⁸;
 - conarthaí a bhaineann le cur i bhfeidhm Straitéis Punainne Domhanda CISE, mar a tharmligtear chuig an mbainistíocht; agus
 - conarthaí i ndáil leis an gciste a bunaíodh chun Stáitchabhair liomhnaithe a aisghabháil ag an Stát forchoimeáda don Gníomhaireacht.

²⁷ Seachas na costais a thabhaítear i dtaca le CISE agus Cúlchiste an Bharrachais Náisiúnta (Teagmhais Eisceachtúla), a chistítear ó na Cistí faoi seach.

²⁸ Tá feidhm ag an soláthar maidir le luach measta na gconarthaí aonair a bhronntar ó phainéil chreata.

Leibhéil Údaráis Tharmligthe

Moltar sa Chód gur ábhar forchoimeáda iad "Leibhéil Údaráis Tharmligthe". I bhfianaise an réimse fhairsing sainorduithe faoina dtugann GBCN agus an ghá atá le solúbthacht a chaomhnú maidir leis na húdaráis tharmligthe éagsúla maidir leis na sainorduithe seo, tarmligeadh leibhéil Údaráis Tharmligthe chuig an bPríomhfheidhmeannach. Chun a chinntiú go ndéanann an Gníomhaireacht maoirseacht ar údaráis tharmligthe, déanann an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca athbhreithniú ar Údaráis Tharmligthe Chomhdhlúite GBCN ar bhonn bliantúil.

Straitéis

Leagtar amach sa Chód riachtanais éagsúla maidir le conas plean straitéiseach a ullmhú agus a ghlacadh do chomhlachtaí Stáit tráchtála agus neamhtráchtála. Ba cheart do chomhlachtaí tráchtála pleananna gnó rollacha cúig bliana a fhaomhadh agus ba chóir do chomhlachtaí neamhtráchtála ráitis straitéise a ghlacadh ar feadh tréimhse idir trí agus cúig bliana amach romhainn.

Clúdaítear i Straitéis Chorporáideach GBCN²⁹ tréimhse cúig bliana agus tá dhá chuid inti:

Cuid 1: Straitéis Chorporáideach GBCN; agus

Cuid 2: Spriocanna an Aonaid Gnó agus na Feidhme Corporáidí.

Déantar athbhreithniú bliantúil ar Straitéis Chorporáideach GBCN agus déantar í a nuashonrú ar bhonn rollach cúig bliana. Cuirtear Cuid 1 faoi bhráid an Aire Airgeadais má tá aon athruithe ar an sprioc uileghabhálach agus ar na trí cholún cumasaithe leagtha amach ann. Déantar Cuid 2 a nuashonrú go bliantúil agus cuirtear faoi bhráid an Aire Airgeadais í lena t(h)uairimí a fháil sula dtabharfar chun críche í.

Tá an nós imeachta le haghaidh comhairliúcháin Aire maidir le Straitéis Infheistíochta CISE a chinneadh agus a athbhreithniú leagtha amach in Alt 40 (3) den *Acht um Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (Leasú), 2014*.

Neamhchomhlíonadh Oibleagáidí Reachtúla

I bhfianaise an réimse leathain oibleagáidí reachtúla ábhartha a bhfuil GBCN faoina réir, ní chuirfidh an Cathaoirleach aird an Aire Airgeadais ach ar neamhchomhlíonadh na n-oibleagáidí reachtúla is tábhachtaí.

Sócmhainní a Fháil nó a Dhiúscairt etc.

Déantar gníomhaíochtaí infheistíochta CISE a bhainistiú i gcomhthéacs an chreata reachtúil chun infheistíochtaí CISE a dhéanamh mar atá leagtha amach san *Acht um Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (Leasú) 2014*, i Straitéis Infheistíochta Tionchair CISE agus i bpróiseas infheistíochta CISE. Ní bhaineann na forálacha sin i Mír 8 den Chód a dhéileáil le fáil nó diúscairt sócmhainní, breithmheas infheistíochta caipitil, bunú nó éadailí focuideachtaí, rannpháirtíocht i gcomhfhiontair agus sealbhú scaireanna le gníomhaíochtaí infheistíochta CISE. Ní mheastar go bhfuil trádáil Rialtais nó sócmhainní eile i ngnáthchúrsa oibriúcháin gnó GBCN ag teacht le Mír 8 den Chód.

Ciorclán TFC

Mar a fhoráiltear faoi Alt 3 de Chiorclán 14/2021 na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe²⁶ ar Shocruithe le haghaidh Caiteachas Digiteach agus a bhaineann le TFC sa Státseirbhís agus an tSeirbhís Phoiblí, tá sé aontaithe ag an Roinn Airgeadais go bhfuil GBCN díolmhaithe ó chreat faofa le haghaidh caiteachas digiteach agus a bhaineann le TFC.

An Cód Caiteachais Phoiblí

Níl an Cód Caiteachais Phoiblí infheidhme maidir le GBCN toisc nach bhfuil GBCN ag gabháil do thionscadail chaipitil (seachas i ndáil lena ról CISE agus an GNFA) nó cláir chaiteachais reatha nua. Tá feidhmeanna GBCN leagtha amach i reacht – i reachtaíocht phríomhúil nó déantar iad a tharmligeann chuig GBCN trí Ordú Aire. Baineann buiséad oibriúcháin GBCN le soláthar foirne, agus le córais, áiseanna agus costais eile a bhaineann le feidhmiú na bhfeidhmeanna seo. Maidir le míreanna caiteachais nua suntasacha laistigh dá bhuiséad oibriúcháin, baineann GBCN úsáid as an bpróiseas measúnaithe caighdeánach mar atá leagtha amach i gcuid 2.1 den Chód Caiteachais Phoiblí ina phróiseas breithmheasa tionscadail.

Luach Saothair

Agus forálacha an Chóid maidir le luach saothair á gcomhlíonadh, tá GBCN tar éis glacadh leis na forálacha a bhaineann le comhlachtaí tráchtála Stáit, arna n-oiriúnú i bhfianaise a struchtúir rialachais agus thuairiscithe agus a shamhail luacha saothair ar leith. Ag teacht leis an gcur chuige seo, foilsíonn GBCN sonraí faoi shochair ghearrthéarmacha fostaithe i mbandaí €25,000.

Ciorcláin Taistil

Tá beartas taistil GBCN bunaithe ar an gCreat le haghaidh Beartas Taistil do Chomhlachtaí Stáit atá sa Chód. Cuirtear rátaí míleáiste na státseirbhíse atá faofa ag na Coimisinéirí Ioncaim (atá léirithe i gCiorclán 16/2022) na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe²⁶ a tháinig in ionad Chiorclán 07/2017 le héifeacht ón 1 Meán Fómhair 2022) i bhfeidhm. Ní íocann GBCN rátaí cothaithe maidir leis an taisteal, ach tá próiseas costas deimhnithe chun costais taistil a aisíoc curtha i bhfeidhm aige agus dá bhrí sin ní chuirtear ciorcláin agus fógraí oifige maidir le cothú na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i bhfeidhm.

Téarmaí Ceapacháin

Faoi Sceideal A den *Acht um Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, 1990*, is é cúig bliana téarma oifige ball reatha ceaptha den Gníomhaireacht Beidh ball ceaptha a rachaidh a t(h)earma oifige in éag le himeacht ama in-athcheaptha mar bhall ceaptha, ar choinníoll nach bhfuil siad ag fónamh ar feadh níos mó ná dhá théarma as a chéile.

Cairt Chustaiméirí

De ghnáth ní sholáthraíonn GBCN seirbhísí go díreach don phobal. Cuireann GBCN táirgí Coigiltis Stáit ar fáil do choigiltítoirí pearsanta trína ghníomhairí. Tá cairt custaiméara ag An Post a chlúdaíonn na seirbhísí a sholáthraíonn sé don phobal, lena n-áirítear na seirbhísí a sholáthraíonn sé thar ceann GBCN. Níor cuireadh cairt custaiméirí ar leith i bhfeidhm do GBCN.

29 Tá Straitéis Chorporáideach GBCN faoi réir athbhreithniú ag an nGníomhaireacht agus an Aire.

Tuarascálacha Coiste

Tuarascáil an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca

Cabhraíonn an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca leis an nGníomhaireacht maidir leis an méid seo a leanas:

- an mhaoirseacht ar chaighdeán agus iomláine na ráiteas airgeadais, athbhreithniú agus monatóireacht ar éifeachtúlacht na gcóras rialaithe inmheánaigh, an próiseas iniúchta inmheánaigh agus an fheidhm comhlíonta, agus athbhreithniú agus plé ar na torthaí ón iniúchóir reachtúil; agus
- an mhaoirseacht a dhéanamh ar chreat bainistíochta riosca na Gníomhaireachta, lena n-áirítear inghlachtacht riosca a leagan síos, comhlíonadh rialachas rioscaí a fhaire agus a chinntiú go ndéantar rioscaí a aithint, a mheasúnú, a bhainistiú agus a thuairisciú mar is ceart.

Ina theannta sin, déanann an Coiste athbhreithniú agus maoirseacht ar na feidhmeanna iniúchta inmheánaigh agus bainistíochta riosca, a dhéanann Ceann na hIniúcháireachta Inmheánaí, an Ceann Comhlíonta agus an Ceann Riosca (Airgeadais, Infheistíocht agus Fiontraíocht) a bhainistiú ó lá go lá.

Faoina Théarmaí Tagartha, beidh a mhéid le ceathrar ball arna gceapadh ag an nGníomhaireacht as measc a ball (seachas Cathaoirleach agus Príomhfheidhmeannach na Gníomhaireachta) ar an gCoiste.

Is iad baill reatha an Choiste:

- Gerardine Jones (Cathaoirleach)
- John McCormick
- Brian O'Kelly

Ballraíocht an Choiste in 2022:

- Gerardine Jones (Cathaoirleach)
- Rachael Ingle
- Brian O'Kelly
- Susan Webb

Tháinig an Coiste le chéile go foirmiúil seacht n-uaire in 2022. Thionóil sé seisiún oibre breise ar leith freisin chun athbhreithniú a dhéanamh ar na ráitis airgeadais.

Tuairisciú Airgeadais

Rinne an Coiste athbhreithniú agus plé ar na torthaí airgeadais ráithiúla neamhiniúchta i rith 2022. Rinne an Coiste athbhreithniú freisin ar dhréachtráitis airgeadais 2022 do GBCN, an Ciste Carbóin agus Ciste Eascró Apple na hÉireann agus mhol sé iad don Ghníomhaireacht lena bhfaomhadh. Dhírigh an t-athbhreithniú ar chomhsheasmhacht an chuir chuige i measc na ráiteas airgeadais, meastacháin agus breithiúnais chuí, soiléireacht agus iomláine an nochta ar aon dul le caighdeán chuntasaíochta infheidhme, agus forálacha ábhartha an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016). Rinne an Coiste athbhreithniú freisin ar an Ráiteas Rialachais agus ar Thuarascáil Bhail na Gníomhaireachta, agus ar ráitis maidir le bainistíocht riosca lena gcuimsiú sa Tuarascáil Bhliantúil. Mar chuid dá athbhreithniú ar na ráitis airgeadais, bhuail an Coiste le hionadaithe Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus

Ciste (an t-iniúchóir reachtúil) chun Torthaí na Tuarascála Iniúcháireachta a phlé.

Rialú Inmheánach

Rinne an Coiste athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh. Rinne sé athbhreithniú freisin ar an Ráiteas ar Rialú Inmheánach atá le cur san áireamh i ráitis airgeadais 2022 mar thaifead ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh agus mhol sé é don Ghníomhaireacht. Bhí an t-athbhreithniú bunaithe ar thuarascáil ón mbainistíocht maidir leis na dearbhuithe a chuimsítear sa Ráiteas agus i gclár oibre mionsonraithe an Choiste, tuarascálacha rialta san áireamh ó Iniúchadh Inmheánach, Riosca, Comhlíonadh agus an tOifigeach Cosanta Sonraí (an OCS).

Iniúcháireacht Inmheánach

Fuair an Coiste tuarascálacha rialta ó Cheann an Iniúchta Inmheánaigh (faigheann Ceann an Iniúchta Inmheánaigh tacaíocht ó chomhlacht seachtrach, KPMG faoi láthair). Bhreithnigh na príomhthorthaí ó na hathbhreithnithe ar iniúchadh inmheánacha aonair a rinneadh faoi phlean iniúchta inmheánaigh rioscabhunaithe 2022 agus rinne sé monatóireacht ar chur i bhfeidhm na moltaí iniúchta. D'fhaomh sé plean iniúchta inmheánaigh rioscabhunaithe 2022 agus an Chairt Iniúcháireachta Inmheánaí. Bhí an Coiste sásta freisin maidir le héifeachtacht na Feidhme Iniúchta Inmheánaigh.

Casann an Coiste leis an gCeann Iniúcháireachta Inmheánaí gan an bhainistíocht ar a laghad gach bliain.

Iniúchadh Reachtúil

Is é an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste iniúchóir reachtúil GBCN. Rinne an Coiste athbhreithniú ar an bplean iniúchta sheachtraigh, ar na príomhréimsí fócais agus ar théarmaí rannpháirteachais an iniúchta. Rinne sé athbhreithniú freisin ar fhreagairt na bainistíochta do thorthaí an iniúcháir sheachtraigh ón iniúchadh a rinneadh ar ráitis airgeadais 2022. Casann an Coiste leis an iniúchóir seachtrach uair sa bhliain ar a laghad gan an bhainistíocht i láthair.

Riosca

Rinne an Coiste athbhreithniú agus mhol sé don Ghníomhaireacht nuashonruithe a dhéanamh ar an mBeartas agus ar an gCreat Bainistíochta Riosca agus ar an gCreat maidir le hInghlachtacht Riosca. D'fhaomh sé freisin nuashonruithe ar roinnt beartais shonracha a bhain le riosca mar a fhoráiltear faoin mBeartas agus an Creat Bainistíochta Riosca. Rinne sé monatóireacht ar phróifíl riosca GBCN maidir lena hinghlachtacht riosca sainithe agus d'fhaomh sé nuashonruithe ar na príomhtháscairí riosca (PTRanna). D'fhaomh sé freisin an Plean Bainistíochta Riosca bliantúil agus Téarmaí Tagartha an Choiste Bainistíochta Riosca Fiontair.

Rinne an Coiste athbhreithniú ar na príomhrioscaí atá os comhair GBCN bunaithe ar mheasúnú riosca straitéiseach roimh don athbhreithniú a bheith déanta ag an nGníomhaireacht. Rinne sé athbhreithniú freisin ar phríomhrioscaí bhunchlár riosca an Aonaid Ghnó agus thuarascáil faoi chreat tástála struis GBCN.

Rinne an Coiste athbhreithniú ar thuarascálacha rialta ó fheidhm Riosca GBCN i dtaca le riosca airgeadais, fiontair agus infheistíochta. Bhí sé sásta maidir le héifeachtacht na feidhme Riosca.

Thug an Coiste faoi roinnt gníomhaíochtaí eile, lena n-áirítear roinnt saincheistanna gnó sonracha a phlé ó thaobh riosca de, lena n-áirítear na rioscaí a thagann as ionradh na Rúise ar an Úcráin, luaineacht an mhargaidh, an ghéarchéim fuinnimh, anuas ar chibear-rioscaí.

Casann an Coiste leis an gCeann Riosca gan an bhainistíocht ar a laghad gach bliain.

Comhlíonadh

Fuair an Coiste tuarascálacha rialta ón gCeann Comhlíonta agus ón Oifigeach Cosanta Sonraí (OPS) i ndáil le príomhghníomhaíochtaí comhlíonta agus cosanta sonraí agus gníomhaíochtaí monatóireachta. Rinne an Coiste athbhreithniú agus faomhadh ar an mBeartas Riosca Coireachta Airgeadais agus nuashonruithe ar bheartais chomhlíonta eile dá bhforáiltear sa Chreat Comhlíonta agus OCS.

D'athbhreithnigh an Coiste monatóireacht ar dhul chun cinn in aghaidh Phlean Comhlíonta agus an OCS 2022 agus cheadaigh sé Plean Comhlíonta agus an OCS 2023. Bhí an Coiste sásta maidir le héifeachtacht na feidhme Comhlíonta.

Casann an Coiste leis an gCeann Comhlíonta gan an bhainistíocht i láthair ar a laghad gach bliain.

Eile

Rinne an Coiste athbhreithniú ar a Théarmaí Tagartha agus mhol sé roinnt mionleasuithe a d'fhorpheas an Gníomhaireacht.

Ar mhaithe le tacú le hathbhreithniú an Choiste ar an timpeallacht rialaithe níos fairsinge, dheimhnigh an Coiste an cur chuige a bheartaítear i leith agus aschur Phróiseas Dearbhaithe Chomhtháite agus Léarscáilithe Monatóireachta bliantúil 2022, a chuireann eolas ar fáil, go bunúsach, do phleananna dara agus tríú líne 2023 agus a chabhraíonn le diriú freisin ar an gcur chuige dearbhaithe agus monatóireachta chéad líne.

Thug an Coiste faoi athbhreithniú féinmheasúnaithe bliantúil maidir le 2022. Bhí baill an Choiste sásta go raibh ag éirí go maith leis an gCoiste agus sainaithníodh líon beag mionghníomhartha le tabhairt fúthu.

Fuair an Coiste roinnt faisnéisithe ó shaineolaithe seachtracha mar chuid de féin a choimeád ar an eolas ar fhorbairt a thit amach le déanaí agus maidir le dea-chleachtas i roinnt limistéir ábhartha.

Aontaíodh le tosaíochtaí an Choiste maidir le 2023 mar chuid dá Chlár Oibre 2023.

Tuarascáil an Choiste Infheistíochta

Is coiste reachtúil é an Coiste Infheistíochta a bhfuil foráil dó san *Acht um Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, 1990* (arna leasú).

Cuidíonn an Coiste leis an nGníomhaireacht maidir le rialáil agus bainistíocht Chiste Infheistíochta Straitéisí na hÉireann trí chinntí a dhéanamh maidir le fáil agus diúscairt sócmhainní taobh istigh de pharaiméadair a fhéadfaidh a bheith leagtha síos ag an nGníomhaireacht, ag cur comhairle ar an nGníomhaireacht maidir le straitéis infheistíochta do CISE agus maoirseacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na straitéise infheistíochta.

Éilítear ar an gCoiste beirt chomhaltai ceaptha den Gníomhaireacht agus líon nach mó ná cúigear nach baill den Gníomhaireacht iad a bhfuil saineolas ábhartha substainteach faighte acu agus atá ceaptha ag an nGníomhaireacht le cead an Aire Airgeadais (baill sheachtracha) a bheith ann. A fhaide le Nollaig 2022, rinne an Gníomhaireacht an cinneadh gur cheart go mbeadh triúr ball seachtrach ag an gCoiste. I gcomhthéacs na mbreithnithe pleanála comharbais, rinne an Gníomhaireacht an cinneadh anois gur cheart go mbeadh a mhéid le cúigear ball seachtrach ag an gCoiste. Tá próiseas cuardaigh ar bun faoi láthair ina leith seo.

Is iad baill reatha an Choiste:

- Martin Murphy, Cathaoirleach (ball den Gníomhaireacht)
- Rachael Ingle (ball den Gníomhaireacht)
- Richard Leonard (ball seachtrach) *Stiúrthóir Cuideachta agus iar-Chomhpháirtí, Grant Thornton Ireland*
- Mark Ryan (ball seachtrach) *Stiúrthóir Cuideachta agus iar-Stiúrthóir Bainistíochta, Accenture Ireland*
- Julie Sinnamon (ball seachtrach) *Stiúrthóir Cuideachta agus iar-Stiúrthóir Bainistíochta, Fiontraíocht Éireann.*

Ba é ballraíocht an Choiste in 2022:

- Susan Webb, Chairperson (ball den Gníomhaireacht)
- Martin Murphy (ball den Gníomhaireacht)
- Richard Leonard (ball seachtrach)
- Mark Ryan (ball seachtrach)
- Julie Sinnamon (ball seachtrach)

Tar éis gur ceapadh Siobhán Webb mar Chathaoirleach na Gníomhaireachta, cheap an gníomhaireacht Martin Murphy le ról Chathaoirleach an Choiste Infheistíochta le héifeacht ón 22 Nollaig 2022. Anuas air sin, ceapadh Rachael Ingle mar bhall den Choiste le héifeacht ón 22 Nollaig 2022.

Chas an Coiste le chéile 12 uair in 2022. Ba é a príomhghníomhaíochtaí ná breithniú a dhéanamh ar mholtai infheistíochta mionsonraithe (lena n-áirítear diúscairt infheistíochtaí reatha) ó bhainistíocht CISE agus maoirseacht agus monatóireacht a dhéanamh ar Phunann Éireannach agus ar Phunann Dhomhanda CISE. Anuas air sin, chuir an Coiste Ceardlann Straitéise leathlae ar bun go luath in 2022 chun plé a dhéanamh ar Straitéis Infheistíochta CISE de réir mar a rinne CISE ullmhú chun deireadh a chur le gníomhaíochtaí an Chiste Cobhsaithe agus Téarnaimh Paidéime (an CCTP). Thug an Coiste cuairt chomh maith ar Ionad Taighde Teagasc ag an Chloch Liath, Mainistir Fhear Maí i gCorcaigh, leis na hiarrachtaí taighde a bhí ar bun chun tacú le dícharbónú Bhia agus Thalmhaíocht na hÉireann a thabhairt faoi deara i bpearsan.

Tharmlig an Gníomhaireacht cinntí don Choiste maidir le tograí infheistíochta suas le €150m le haghaidh infheistíochtaí Phunann na hÉireann CISE. I gcás ina dtacaíonn an Coiste le togra infheistíochta níos mo ná €150m, déanann sé moladh maidir leis don Gníomhaireacht.

Tuarascálacha Coiste (ar lean)

I measc na n-ábhar a bhreithníodh sna cruinnithe Coiste in 2022, bhí:

- Athbhreithniú ar agus moladh Straitéis Infheistíochta Tionchair CISE don Gníomhaireacht lena faomhadh. A luaith a faomhadh í, tosaíodh an straitéis nua agus tháinig an CCTP chun deiridh i mBealtaine 2022. Tá an tsolúbthacht ag CISE i gcónaí infheistíochtaí an-láidre a dhéanamh i limistéir a thagann le dúshlán rithabhachtacha atá roimh an Stát nó mar fhreagairt do mhaicri-imeachtaí amach anseo.
- Rinne an Coiste 30 infheistíocht nua Phunann na hÉireann a fhorghnó, a raibh caipiteal carnach thart ar €1bn (€1,142m) i gceist leo. Gheall CISE breis agus €823m do 20 infheistíocht ar leith i rith 2022 (meánmhéid na hinfeistíochta €41m) – tá níos mó sonraí le fáil faoi ar leathanach 24.
- I gcomhthéacs uailmhian CISE díriú ar luach €1bn de thionscadail um Ghníomhú ar son na hAeráide sna chéad chúig bliana eile amach romhainn, lean an Coiste ag díriú go mór ar an Aeráid in 2022 agus d'fhaomh sé roinnt infheistíochtaí a bhaineann leis an aeráid i gcaitheamh na bliana. Rinne an Coiste athbhreithniú freisin ar Chreat Tionchair Aeráide CISE, ina leagtar amach treoirlinnte agus paraiméadair d'fhoireann CISE agus don Choiste chun measúnú níos fearr a dhéanamh ar thionchar ábhartha Aeráide tograí infheistíochta amach anseo i measc a théamaí tionchair. Thug an Coiste faoi deara chomh maith foilsíú Thuarascáil Aeráide 2021 CISE.
- Dhirigh an Coiste go príomha ar théamaí tionchair na Straitéise Infheistíochta, a thagann le dúshlán rithabhachtacha atá roimh an Stát. Tugadh faisnéis in 2022 don Choiste maidir le hinfeistíochtaí féideartha san earnáil bhia agus thalmhaíochta agus tithíochta agus i dtaobh infheistíochtaí cumasaithe, agus leanadh ag díriú níos mó ar na téamaí tionchair eile i seisiún Straitéise an Choiste i bhFeabhra 2023. Rinne an Coiste athbhreithniú ar leithligh freisin ar pháipéar CISE ina soláthraítear léargas ginearálta ar nochtadh agus cur chuige an Chiste don earnáil forbartha cónaithe agus tugadh faoi deara, i measc rudaí eile, go dtacaíonn CISE le soláthar tithíochta i measc meascán saghsanna áiteanna cónaithe agus tionachtaí agus díriú ar chóiríocht ollmhargaidh.
- Rinne an Coiste athbhreithniú ar thionscnamh CISE a bheartaítear le héagsúlacht san earnáil bhainistíochta ciste phríobháidigh a chur chun cinn i limistéir ar nós caipiteal fiontair agus gnáthscair phríobháideach trí uailmhian CISE €50m a ghealladh do chistí oiriúnacha a bhunaigh agus/nó a stiúir gairmithe bainearna.
- Tugadh faisnéis don Choiste, i ndiaidh athbhreithniú mionsonraithe margaidh ar dhea-chleachtas a rinne foireann CISE, ar chur chuige CISE i leith stiúirtheoirí a cheapadh le boid chuideachtaí institiúide infheistiúcháin, agus síneadh é seo le stiúirtheoirí ainmní sheachtraigh a áireamh taobh le baill foirne CISE.
- Rinne an Coiste monatóireacht ghníomhach ar phiblíne infheistíochta ghearrthéarma Phunann na hÉireann le haiseolas tráthúil a sholáthar do bhainistíocht CISE ar dheiseanna féideartha infheistíochta. Rinne an Coiste athbhreithniú tréimhsiúil freisin ar thuarascáil Diúltaithe Infheistíochta CISE.

- D'fhaomh an Coiste roinnt fíoruithe infheistíochta CISE i rith 2022.
- Rinne an Coiste athbhreithniú agus monatóireacht fhoirmiúil ar Phunann Éireannach CISE agus ar Phunann Dhomhanda CISE ar bhonn ráithiúil agus ar an gCreat Éagsúlaithe Punainne (PDF) agus ar an Straitéis Infheistíochta Inbhuanaitheachta agus Freagrachta ar bhonn leathbhliantúil.
- Thug an Coiste faoina athbhreithniú bliantúil freisin ar an PDF. Tá an PDF is ceaptha cabhrú le Punann na hÉireann a bhainistiú agus cuimsítear teorainneacha ábhartha freisin i mBeartas Riosca Infheistíochta GBCN, a fhaomhann Coiste Iniúchóireachta agus Riosca GBCN go bliantúil ar a uain sin.
- Rinneadh athbhreithniú ar bhonn rialta ar fheidhmíocht infheistíochta fhoriomlán, imlonnú caipitil agus leibhéil ghníomhaíochta CISE. Thug an Coiste chomh maith faoi mheasúnú ar thorthaí Thionchar Geilleagrach Phunann na hÉireann CISE.
- Fuair an Coiste roinnt faisnéisithe ó shaineolaithe seachtracha mar chuid de féin a choimeád ar an eolas ar fhorbairtí a thit amach le déanaí agus maidir le dea-chleachtas i limistéir a bhaineann le hinfeistíocht agus sainordú CISE.

Leagtar amach eolas maidir le Straitéis Infheistíochtaí CISE PSRF agus maidir le hinfeistíochtaí, feidhmíocht agus Tionchar Geilleagrach an Chiste in 2022 i mír CISE sa Thuarascáil seo.

Thug an Coiste faoina mheastóireacht féinmheasúnaithe bhliantúil maidir le 2022. Bhí baill an Choiste sásta go raibh ag éirí go maith leis an gCoiste agus d'aontaigh siad le líon beag mionfheabhsúchán ar a phróisis.

Tuarascáil an Choiste Luacha Saothair

Cuidíonn an Coiste Luach Saothair leis an nGníomhaireacht trí athbhreithniú agus faomhadh a dhéanamh ar bheartas luach saothair foriomlán GBCN, athbhreithniú agus faomhadh a dhéanamh ar aon scéimeanna pá a bhaineann le feidhmíocht atá á n-oibriú ag GBCN agus faomhadh na n-íocaíochtaí bliantúla iomlána a bheidh le déanamh faoi aon scéimeanna den sórt sin. Déanann sé moltaí don Ghníomhaireacht freisin maidir le luach saothair agus príomhthéarmaí bunúsacha eile an Phríomhfheidhmeannaigh.

Faoina Théarmaí Tagartha, beidh a mhéid le ceathrar ball arna gceapadh ag an nGníomhaireacht as measc a ball ar an gCoiste, Cathaoirleach na Gníomhaireachta san áireamh. Tá triúr ball den Choiste ann faoi láthair.

Is iad baill reatha an Choiste:

- Rachael Ingle (Cathaoirleach)
- Gerardine Jones
- Susan Webb

Ba é ballraíocht an Choiste in 2022:

- Martin Murphy (Cathaoirleach)
- Maeve Carton
- Rachael Ingle

Chas an Coiste le chéile sé huaire in 2022. I measc na n-ábhar a bhreithníodh sna cruinnithe Coiste in 2022, bhí:

- D'athbhreithnigh an Coiste luach comhiomlán dámhachtainí bonntuarastail 2022 agus cheadaigh sé an méid iomlán íocaíochtaí i gcoibhneas le feidhmíocht a bhí le déanamh maidir le 2021.
- D'athbhreithnigh agus mhol an Coiste na toimhdí Luacha Saothair a bheartaítear don Ghníomhaireacht maidir le 2023.
- Maidir leis an bpróiseas PAS i dtaobh fholúntais a bheidh ag teacht aníos ar an mBord, rinne an Coiste comhordú ar ionchur GBCN, go háirithe maidir leis na scileanna ábhartha a theastaíonn.
- Rinne an Coiste athbhreithniú agus moladh don Ghníomhaireacht maidir leis na socruithe a bheartaítear don aistriú ó théarma oifige iar-Phríomhfheidhmeannach GBCN chuig an bPríomhfheidhmeannach reatha.
- Rinne an Coiste athbhreithniú ar bhearna pá inscne GBCN agus rinne sé plé ardleibhéil ar chur chuige féideartha chun dul i ngleic leis an mbearna seo.
- D'athbhreithnigh an Coiste Próiseas Forbartha Pearsanta na Foirne Ceannaireachta Sinsearaí lenar n-áiríodh mairtís scileanna lena húsáid mar chuid den phróiseas planála comharbais chun cabhrú le plananna oiliúna agus forbartha a leagan amach do chomharbaí féideartha.
- D'athbhreithnigh an Coiste Luacháil Achtúireach Gach Trí Bliana ar Scéim Pinsin GBCN amhail an 1 Eanáir 2022.
- D'athbhreithnigh an Coiste a Théarmaí Tagartha.
- Rinne an Coiste a athbhreithniú ar fheidhmíocht an iar-Phríomhfheidhmeannaigh don bhliain 2021 agus mhol sé Cuspóirí 2021 an Phríomhfheidhmeannaigh don Ghníomhaireacht lena bhfhormheas.

Thug an Coiste faoina mheastóireacht féinmheasúnaithe bhliantúil freisin maidir le 2022 go luath in 2023.

Tuarascáil Choiste Straitéise an GÉS

Thug an Coiste cabhair in 2022 don Ghníomhaireacht i dtabhairt faoin feidhmeanna maidir leis an nGníomhaireacht um Éilimh ar an Stát ("an GÉS") trí chomhairle agus treoir a sholáthar maidir le saincheisteanna straitéiseacha, beartais agus áirithe oibríochtúla.

Ba iad baill an Choiste in 2022, ina raibh beirt bhall den Ghníomhaireacht, an Stiúrthóir, an GÉS agus cúigear ball saineolaí agus taithíocha seachtracha (i.e. ní baill den Ghníomhaireacht iad) a cheap an Ghníomhaireacht le toiliú an Aire Airgeadais:

- Martin Murphy, Cathaoirleach (ball den Ghníomhaireacht)
- David Moloney (ball den Ghníomhaireacht) *Ard-Rúnaí na Roinne Caiteachais Phoiblí, um Sholáthar an PFN agus Athchóirithe*²²
- Ciarán Breen (Stiúrthóir, an GÉS)
- An tOllamh Sir Sabaratnam Arulkumaran (ball seachtrach) *Ollamh Emeritus Obstataice agus Gineiceolaíochta ag Ollscoil Sheoirse, Londain agus Ollamh Cuairte, an Institiúid um Nuálaíocht Bheartais Dhomhanda Sláinte, Coláiste na hImpire*

- Tom Beegan (ball seachtrach) *Sainchomhairleoir Riosca agus iar-POF an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta*
- Donogh Crowley (ball seachtrach) *Aturnae, iar-Chomhpháirtí le Arthur Cox*
- Kerry McConnell (II seachtrach) *Cuntasóir Cairte, iar-POA IPL Global and RSA Insurance Ireland DAC*
- Julie O'Neill (ball seachtrach) *Neamhspleách Neamhfheidhmiúcháin*

Tháinig an Coiste le chéile sé huaire go foirmiúil in 2022.

Ag gach cruinniú sceidealta, rinne an Coiste athbhreithniú ar thuarascálacha mionsonraithe ón mbainistíocht maidir le héilimh ghníomhacha, ollchaingne, éilimh íogaire, cásanna suntasacha nó breithiúnais agus saincheisteanna reatha eile. I measc na n-ábhar a bhreithníodh sna cruinnithe Coiste, bhí:

- D'athbhreithnigh an Coiste na réamh-mheastacháin sreafa airgid do scéimeanna slánaíochta an GÉS ó lár 2022 go deireadh na bliana 2024, arna n-ullmhú ag achtúirí an GÉS, Lane Clark & Peacock.
- D'athbhreithnigh an Coiste anailís ar na cúiseanna a bhí leis an bhfáth gur tháinig méadú ar an dlíteanas measta gan íoc a bhaineann le héilimh chliniciúla neamhthubaisteacha ar ráta i bhfad ní ba mhó ná an líon éileamh gníomhach.
- D'athbhreithnigh an Coiste plananna straitéiseacha riosca chliniciúil agus fiontair an GÉS. D'athbhreithnigh an Coiste plananna oibre bliantúla riosca chliniciúil agus fiontair an GÉS maidir le 2022 agus dul chun cinn in aghaidh na bplananna seo freisin.
- Rinne an Coiste athbhreithniú agus mhol don Ghníomhaireacht gné an GÉS de Bhuiséad GBCN agus aidhmeanna gnó an GÉS agus na Príomhtháscairí Feidhmíochta agus rinne sé monatóireacht ar fheidhmíocht an chéanna ina choinne.
- Fuair an Coiste roinnt faisnéisithe ó shaineolaithe seachtracha agus inmheánacha mar chuid de féin a choimeád ar an eolas ar fhorbairtí a thit amach le déanaí agus maidir le dea-chleachtas i roinnt limistéar a bhaineann lena fheidhm fhoriomlán.

Bainistíocht Riosca

Léargas Ginearálta

Dar le GBCN, is gné bhunúsach de rialachas corparáideach é bainistíocht riosca agus is gá é a dhéanamh chun a aidhmeanna straitéiseacha agus a oibriochta a bhaint amach. Tá GBCN faoi réir an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) ("an Cód") ina soláthraítear treoir chun dea-chleachtas a chur i bhfeidhm i rialachas i measc comhlachtaí stáit tráchtála agus neamhtráchtála. Coinníonn GBCN creat foirmiúil bainistíochta riosca, a bhfuil cultúr láidir riosca agus an cultúr ón bhfoireann sinsearach mar bhonn agus mar thaca aige, a ndéanann Bord GBCN agus coistí riosca éagsúla maoirseacht air.

Creat, Beartas agus Inghlacthacht


Leagann Bord GBCN síos an Beartas agus Creat Bainistíochta Riosca agus an Creat Inghlacthachta Riosca. Déanann an Beartas agus Creat Bainistíochta Riosca cur síos ar na caighdeáin bhainistíochta riosca ar fud na heagraíochta. Áirítear leo sin na cuspóirí, na struchtúir, an rialachas, na beartais, na freagrachtaí agus na próisis a thacaíonn le bainistíocht éifeachtach agus chomhtháite riosca, ag teacht le hingleachtacht riosca GBCN.

Leag GBCN aingleachtacht riosca le haghaidh a phríomhchatagóirí riosca sa Chreat Inghlacthachta Riosca. Déantar monatóireacht ar nochtadh ar riosca trí úsáid a bhaint as príomhtháscairí agus teorainneacha riosca de réir mar is cuí. Déantar athbhreithniú uair sa bhliain, ar a laghad, ar an mBeartas agus an Creat Bainistíochta Riosca agus ar an gCreat Inghlacthachta Riosca lena chinntiú go bhfuil siad fós ábhartha agus cothrom le dáta.

Rialachas

Cuidíonn an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca ("an CIR") le Bord GBCN maoirseacht a dhéanamh ar an gCreat Bainistíochta Riosca, lena n-áirítear monatóireacht ar mar atáthar ag cloí le rialachas rioscaí,inglelachtacht riosca agus a chinntiú go sainaithnítear, go measúnaítear, go mbainistítear agus go dtuairiscítear rioscaí go cuí. Déanann Coiste Bainistíochta Riosca Fiontair ("CBRF") maoirseacht ar bhainistíocht éifeachtach riosca agus comhlíonta agus déanann sé monatóireacht ar phróifíl riosca fhoriomlán na heagraíochta agus ar phríomhnochtadh do rioscaí. Tá cur chuige GBCN maidir le bainistíocht riosca bunaithe ar an tsamhail "trí líne chosanta", a leagtar amach thíos, agus é ceaptha tacú lena shainorduithe a chur i gcrích trí rioscaí, a thagann chun cinn nuair atá GBCN ag baint amach a chuspóirí straitéiseacha, a bhainistiú go réamhghníomhach.

Samhail na dTrí Líne Chosanta



Measúnú Riosca

Tá na próisis measúnaithe riosca ceaptha chun a chinntiú go mbainistíonn GBCN a riosca laistigh dá inghlacthacht riosca comhaontaithe, go sainaithnítear rioscaí ábhartha, agus go ndéantar monatóireacht ar bhainistiú riosca laistigh de ról agus freagrachtaí atá sainithe go soiléir.

Coimeádann aonaid ghnó agus feidhmeanna corparáideacha cláir rioscaí ina ndéantar taifead ar a bpríomhrioscaí agus rialuithe agus ina sanntar freagracht as na rialuithe a oibriú. Déantar athbhreithniú ar na cláir sin dhá uair in aghaidh na bliana ag na haonaid ghnó agus feidhmeanna corparáideacha faoi seach agus deimhníonn na húinéirí rialaithe na rialuithe atá iontu. An t-athbhreithniú:

- Sainaithnítear nó athdheimhnítear agus aicmítear na rioscaí don ghnó;
- Tionchar agus dóchúlacht na rioscaí nádúrtha agus iarmharacha a mheasúnú;
- Na rialuithe atá ann a shainaithint agus a n-éifeachtúlacht a mheasúnú;

- Sainaithnítear cóireálacha agus rialuithe beartaithe;
- Leithdháiltear úinéirí le haghaidh aon phleananna gníomhaíochtaí a aontaítear; agus
- Tuarascálacha ar bhearta agus rialuithe a chur i bhfeidhm chun dul i ngleic leis na rioscaí iarmharacha.

Cuireann aonaid ghnó a gcuid cláir rioscaí os comhair an Choiste Bainistíochta Riosca Fiontair agus an Choiste Iniúchta agus Riosca uair sa bhliain ar a laghad.

Rioscaí Straitéiseacha

Déanann Bord GBCN maoirseacht ar mheasúnú foirmiúil ón mbarr anuas ar a rioscaí straitéiseacha/príomhrioscaí uair sa bhliain ar a laghad. Is é cuspóir an mheasúnaithe príomhrioscaí do shainorduithe GBCN a aithint agus a mhaolú ó thaobh na heagraíochta ar fad de agus, ach go háirithe, chun aghaidh a thabhairt ar aon riosca atá ag teacht chun cinn chomh luath agus is féidir.

Riosca	Cur Síos agus Tionchar Féideartha	Maolú
Maicri-Riosca, Riosca Airgeadais agus Margaidh 	An riosca go bhféadfadh rioscaí seachtracha amhail coinníollacha maicreacnamaíocha díobhálacha, forbairtí geopholaitiúla nó rialála dothuartha agus/nó luaineacht an mhargaidh tionchar diúltach a imirt ar chumas GBCN a chuspóirí a bhaint amach. I measc na n-iarimhairtí a d'fhéadfadh a bheith ann, tá meath ar an staid fhioscach a mbíonn riachtanais mhaoinithe ann dá barr, deacrachtaí maidir le rochtain a fháil ar mhaoiníú nó ar dheiseanna infheistíochta, meath ar inbhuanaitheacht fiachais, costais mhéadaithe freastail fiachais, riosca athmhaoinithe, costas méadaithe seachadta bonneagair agus/nó moill ar sheachadadh bonneagair, tionchar eacnamaíoch míshásúil nó torthaí laghdaithe infheistíochta agus/nó díobháil cháile.	Solúbthacht agus éagsúlacht sa straitéis mhaoinithe, sa phlean maoinithe agus sa straitéis infheistíochta agus sna punanna, ar féidir iad a leasú de réir mar is gá trí phróisis agus bealaí rialachais iomchuí; Laghdaíonn an phróifíl reatha fiachais neamhchosaint ar luaineacht i gcostas maoinithe sa ghearrthéarma agus sa mheántéarma; Formheasann agus athbhreithníonn Bord GBCN an plean maoinithe agus na PTFanna; Punann Éagsúlaithe Dhomhanda CISE agus Punann na hÉireann; Bainistíocht riosca ghníomhach maidir le leachtacht, margadh agus creidmheas, agus é sin á rialú ag beartais a ndéantar athbhreithniú orthu gach bliain agus a fhaomhtar gach bliain, agus déantar monatóireacht chuí orthu agus déantar tuairisciú le coistí rialaithe riosca. Déantar bainistiú ar phunanna sócmhainní agus dliteanais i gcomhréir le hinghlacthacht riosca atá faofa ag an nGníomhaireacht agus déantar monatóireacht laethúil orthu in aghaidh teorainneacha beartais; Monatóireacht agus tuairisciú leanúnach ar threochtaí, ar threochtaí maicreacnamaíocha, ar impleachtaí agus ar phríomhtháscairí riosca margaidh, faire na fáistine agus tástáil struis san áireamh; Monatóireacht agus tuairisciú leanúnach ar fhorbairtí rialála atá ag teacht chun cinn; Sa chás go n-aithnítear rioscaí ar leith (mar shampla, ionradh na Rúise ar an Úcráin), cuirtear pleananna gnímh oiriúnaithe ar bun agus déantar iad a mhonatóiriú; Déanann an GNFA monatóireacht ar chontrapháirtí tionscadail agus ar rioscaí maicreacnamaíocha.

Bainistíocht Riosca (ar lean)

Riosca	Cur Síos agus Tionchar Féideartha	Maolú
Riosca Infheistíochta 	An riosca go n-imíonn feidhmíochtaí infheistíochta go suntasach ó thorthaí ionchais na straitéisí infheistíochta ábhartha. I measc na n-iarmhairtí féideartha, tá: - Caillteanais airgeadais nó torthaí fo-optamacha; agus/nó - Tionchar míshásúil eacnamaíoch; agus/nó - Dióbháil do chhlú.	Cheadaigh Bord GBCN straitéisí infheistíochta CISE do Phunanna Domhanda agus na hÉireann atá i bhfeidhm; Tá gach togra nua maidir le Punann Éireannach CISE faoi réir athbhreithniú ag an gcéad agus an dara líne agus athbhreithnithe choiste rialachais GBCN sula gcuirtear isteach iad chuig an gCoiste Infheistíochta/Bord GBCN; Rialaítear gach infheistíocht le beartais infheistíochta, leachtachta, riosca margaidh agus creidmheasa atá faoi réir athbhreithnithe rialta ag an gcoiste rialachais iomchuí; Is féidir straitéisí, struchtúir rialachais, beartais agus próisis a chur in oiriúint faoi mar a theastaíonn, agus éascaítear iad trí: - An cumas chun acmhainní a chur in ord tosaíochta agus a athdhíriú - foinsí éagsúla saineolais a úsáid (foireann, daoine ar iasacht sheachtrach, comhairleoirí), agus - infhaighteacht agus solúbacht phríomhchoistí rialachais; Monatóireacht agus tuairisciú leanúnach ar an gcéad agus an dara líne ar phunanna Éireannacha agus Domhanda CISE (lena n-áirítear PTRanna agus tuairisciú ar stádas RAG) leis na coistí rialachais ábhartha agus idirchaidreamh rialta idir an chéad agus an dara líne chosanta; Cumarsáid rialta le bainisteoirí infheistíochta Punann Domhanda agus le hinfeisteoirí reatha i bPunann na hÉireann.
Riosca Leachtachta 	An riosca nach mbeidh dóthain airgid ag GBCN, thar thréimhse ama ar leith, chun a oibleagáidí a chomhlíonadh de réir mar a bhíonn siad dlite. I measc na n-iarmhairtí féideartha tá mainneachtain rochtain a fháil ar mhaoiniú, an neamhábaltacht chun an Stát a mhaoiniú agus an neamhábaltacht infheistíochtaí a mhaoiniú a mbíonn damáiste do chhlú mar thoradh orthu agus/nó nach bhfuil GBCN in ann a chuspóirí a bhaint amach.	Mar gheall ar bharrachas bliana iomláine an Stáitchiste don bhliain 2022, bhí iarmhéideanna tosaigh airgid níos láidre ann in 2023 agus bhí riachtanas cistithe níos lú ann; Formheasann agus athbhreithníonn Bord GBCN an plean maoinithe agus na PTFanna; Tá Straitéis Phunann Dhomhanda CISE a d'fhaomh Bord GBCN i bhfeidhm agus déantar monatóireacht rialta uirthi le leachtacht leordhóthanach a chinntiú; Solúbthacht agus éagsúlacht sa straitéis mhaoinithe, sa phlean maoinithe agus sa straitéis infheistíochta agus sna punanna, ar féidir iad a leasú de réir mar is gá trí phróisis agus bealaí rialachais iomchuí; Bainistiú gníomhach ar phróifíl aibíochta an fhiachais; Tá Beartas Riosca Leachtachta, lena n-áirítear maoláin leachtachta iomchuí, i bhfeidhm don Stáitchiste agus CISE; Tástáil struis rialta ar phunanna chun athléimneacht a shamhaltú i gcásanna díobhálacha; Déantar monatóireacht (faire na fáistine san áireamh) agus tuairisciú ar nochtadh do riosca leachtachta agus an géarú cuí a dhéanamh le Coistí Riosca; Tacaíochtaí struchtúracha san AE atá ar fáil d'Éirinn i gcás go dtagann meath gan choinne ar dhálaí margaidh (e.g. Ciste Téarnaimh an AE).

Riosca	Cur Síos agus Tionchar Féideartha	Maolú
Riosca Aeráide GBCN 	An riosca go dteipfeadh ar GBCN na bearta is gá a dhéanamh chun gníomhú ar son na haeráide (mar is iomchuí) a chomhtháthú ina chinntí gnó i gcomhthéacs a shainorduithe a sheachadadh don Rialtas agus eagraíocht atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de a sheachadadh de réir a Straitéise Aeráide. I measc na n-iarmhairtí féideartha tá damáiste do chlú agus/nó níl GBCN in ann a chuspóirí a bhaint amach.	Straitéis Aeráide GBCN, arna threorú ag an bPlean um Gníomhú ar son na hAeráide de chuid an Rialtais, atá i bhfeidhm, agus ar a ndéantar monatóireacht agus tuairisciú; Straitéisí Infheistíochta Aeráide agus Inbhuanaithe agus Freagracha CISE i bhfeidhm, a lorgaíonn deiseanna chun €1bn a infheistiú i gcaitheamh cúig bliana in infheistíochtaí atá dearfach ó thaobh na haeráide de, gníomhú ar son na haeráide a chomhtháthú i measc na n-infheistíochtaí go léir, agus measúnú agus dul i ngleic le rioscaí institiúidí infheistiúcháin (lena n-áirítear astaíochtaí) ar fud na bPunann Éireannach agus Domhanda; Dífheistiú gníomhach agus sócmhainní breosla iontaise a eisiamh ó Phunann Dhomhanda CISE; Glasbhannaí ceannasacha a eisiúint, ina ndáiltear fáltais uathu ar thionscadail ghlasa incháilithe mar a leagtar amach sa Phlean Forbartha Náisiúnta, a chuireann le laghduithe astaíochtaí carbóin. Ról gníomhach i margadh agus caighdeáin ghlasbhannaí Eorpacha a fhorbairt; Oibríonn NewERA go gníomhach leis na ranna Rialtais ábhartha maidir leis na gníomhartha a shanntar do NewERA i bPlean um Gníomhú ar son na hAeráide de chuid an Rialtais; Tá tionscnaimh chorparáideacha GBCN éagsúla, an Fhoireann Ghlas agus an Grúpa Inbhuanaitheachta san áireamh i bhfeidhm; Tá PTRanna i bhfeidhm le monatóireacht a dhéanamh ar an laghdú bliain ar bhliain ar astaíochtaí agus ar chríochnú Gníomhartha GBCN laistigh den Phlean um Gníomhú ar son na hAeráide; Áirítear tionscnaimh soláthair ghlas le haon tionscadail nua atá á soláthar ag an GNFA; Clár digitithe Coigiltis Stáit le dramhaíl a laghdú agus aistriú chuig próisis inbhuanaithe agus éifeachtúla, comhfhreagras digiteach, íocaíochtaí EFT agus laghdú páipéir san áireamh.

Riosca	Cur Síos agus Tionchar Féideartha	Maolú
Riosca Cibeairshlándála 	An riosca go mbeidh GBCN nó a thríú páirtithe mar ábhar cibearionsaí rathúil/ iarrachta ar innealtóireacht shóisialta. I measc na n-iarbhairtí a d'fhéadfadh a bheith ann tá mainneachtain próisis chriticiúla a fhorghníomhú, sceitheadh faisnéise íogaire, sárú ar shonraí, saincheisteanna sláine an chórais, bristeacha córais nó bogearraí mailíseacha, a bhféadfadh cur isteach ar ghnó, caillteanas airgeadais agus/nó damáiste do cháil a bheith mar thoradh orthu.	Faireachán, tástáil agus tuairisciú ar thrácht TF, slándáil TFC agus an tirdhreach cibearbhagartha agus shaincomhairle sheachtrach ar threochtaí agus ar chibearbhagairtí atá ag teacht chun cinn, idirghníomhaíocht leis an Lárionad Náisiúnta Cibeairshlándála, le piaraí tionscail agus leis an nGrúpa Cobhsaíochta Airgeadais san áireamh; Uasghráduithe TFC rialta agus paisteáil ar chórais chun a chinntiú go gcoimeádtar na córais agus an tslándáil cothrom le dáta; Creat Cibeairshlándála i bhfeidhm bunaithe ar Chreat na hInstitiúide Náisiúnta Caighdeán agus Teicneolaíochta ('NIST'); Déantar riachtanais slándála TFC a ionchorprú agus a mheas mar chuid den soláthar agus roghnú córais/seirbhíse. Tá néalseirbhísí tríú páirtí faoi réir próiseas measúnaithe agus ceadaithe; Tá Beartas um Riosca Tríú Páirtí i bhfeidhm, agus tacaíonn nósanna imeachta agus treoir leis ina gcuimsítear leordhóthanacht bheart slándála faisnéise tríú páirtí a mheasúnú; Ta Coiste Slándála TF i bhfeidhm a dhíríonn ar cheisteanna slándála TFC. Tá Coiste Oibríochtaí Slándála TF i bhfeidhm a dhéanann maoirseacht ar Chreat Bainistíochta Cibeairshlándála TFC GBCN a chur i bhfeidhm i dtaobh faisnéis agus córais GBCN a chosaint, san áitreabh agus sa néal araon; Tá beartais slándála TFC úsáideora deiridh i bhfeidhm le hoiliúint éigeantach foirne cibeairshlándála, agus cumarsáid rialta chibearfheasachta trí ríomhphost agus an inlíon; Cuirtear feachtais agus oiliúint ionsamhlaithe fioscaireachta spriocdhírithe ar fáil d'fhostaithe; Measúnú bliantúil tríú páirtí iompair cibeairshlándála a rianaíonn aibíocht agus a dhéanann GBCN a thagarmharcáil in aghaidh an tionscail; Tá beartas um chosaint sonraí agus nósanna imeachta gaolmhara, oiliúint thréimhsiúil agus monatóireacht rioscabhunaithe i bhfeidhm; PTRanna feabhsaithe atá dírithe ar chibearshlándáil á monatóiriú go rialta ar leibhéal feidhme agus eagraíochta; Iníuchtaí rialta agus athbhreithnithe seachtracha ar chibearshlándáil.

Riosca	Cur Síos agus Tionchar Féideartha	Maolú
Riosca Tríú Páirtí 	An riosca go dteipfeadh ar sholáthraí seirbhíse tríú páirtí GBCN, contrapháirtí nó geallsealbhóir a oibleagáidí conarthacha a chomhlíonadh nó gníomhú ar bhealach atá comhsheasmhach le hionchais agus/nó riachtanais GBCN. I measc na n-iarmhairtí féideartha tá an cur isteach ar oibríochtaí criticiúla agus/nó caillteanas airgeadais agus/nó damáiste don chlú.	Tá Beartas um Riosca Tríú Páirtí i bhfeidhm, agus tacaíonn nósanna imeachta agus treoir leis. I measc na gceanglas beartais tá an measúnú criticiúlachta, dícheall cuí, an measúnú riosca, comhaontuithe i scríbhinn, an mhonatóireacht leanúnach, an mhaoirseacht agus tuairisciú ar shocruithe criticiúla tríú páirtí a dhéantar de réir mar is gá ag brath ar an gcineál seirbhíse/táirge tríú páirtí; Foireann soláthair thiomnaithe agus nósanna imeachta i bhfeidhm chun an próiseas tairisceana do sheirbhísí tríú páirtí ábhartha a bhainistiú; Conarthaí tríú páirtí formheasta ag an lucht bainistíochta inmheánach agus athbhreithnithe ag comhairleoirí dlí, nuair is iomchuí; Comhairle theicniúil TFC curtha ar fáil mar chuid den phróiseas tairisceana le haghaidh seirbhísí teicneolaíochta nua, nuair is iomchuí; Cumarsáid rialta le tríú páirtithe atá oiriúnaithe maidir leis an minicíocht agus an bhéim ar an bhfreagairt ar phróifíl riosca an tríú páirtí; Maoirseacht seirbhíse tríú páirtí faoi réir athbhreithniú iniúchta inmheánaigh tréimhsiúil; Teastaíonn fianú ó aonaid/fheidhmeanna ag TFC chun infheictheacht agus maoirsiú cuí na gcórais in úsáid a chinntiú; Maoirseacht rioscabhunaithe ar phróiseálaithe Sonraí tríú páirtí ag an Oifigeach Cosanta Sonraí.
An Riosca go gCuirfear Isteach ar Ghnó agus Riosca Athléimneachta TFC 	An riosca go gcuirfear isteach ar an ngnó nó nach mbeidh an athléimneacht leordhóthanach mar gheall ar chlis ar an teicneolaíochta (m.sh. fadhbanna le bogearraí, crua-earraí nó an líonra), mainneachtain an teicneolaíocht atá ann cheana a uasghrádú/a mhéadú go cuí, cailleadh seirbhísí criticiúla (m.sh. fóntais) nó bainistíocht athraithe neamhéifeachtúil. I measc na n-iarmhairtí a d'fhéadfadh a bheith ann tá drochfheidhmíocht oibriúcháin, seirbhísí comhoibrithe ilroinnte, caillteanas airgeadais, damáiste do chlú agus/nó ní féidir le GBCN a chuspóirí a bhaint amach.	Socruithe malartacha oibre ar fáil (lena n-áirítear an fhéidearthacht obair go cianda) chun aghaidh a thabhairt ar chásanna éagsúla um chur isteach ar an ngnó agus próisis mhalartacha atá i bhfeidhm (nó atá bunaithe) le haghaidh príomhphróisis/príomhghníomhaíochtaí gnó, lena n-áirítear an tástáil rialta ar na próisis mhalartacha; Uasghráduithe TFC rialta agus paisteáil ar chórais chun a chinntiú go gcoimeádtar na córais agus an tslándáil cothrom le dáta; Coiste Stiúrtha TFC i bhfeidhm chun maoirseacht a dhéanamh ar thionscadail straitéiseacha TFC agus ar ailtireacht TFC agus Oifig Bainistíochta Tionscadail TFC ('PMO') i bhfeidhm, a gcuirtear bainisteoirí tionscadail a bhfuil taithí acu ar fáil dóibh; Foireann Deasc Sheirbhíse TFC a bhfuil taithí acu, agus méadú ag teacht ar an méid a dhírítear ar an gcumarsáid thráthúil agus shoiléir; An Bord Comhairleach um Athrú TFC ('CAB') i bhfeidhm le hathbhreithniú foirmiúil a dhéanamh ar phríomh-mheasúnuithe riosca agus ceadú athruithe atá le teacht; Pleanáil teagmhais: próisis mhalartacha i bhfeidhm (nó bunaithe) do phríomhphróisis/príomhghníomhaíochtaí gnó, agus tástáil rialta ar phróisis mhalartacha; Plean agus clár bainistíochta leanúnachais gnó ('BCM') gníomhach, le tástáil rialta ar phleananna agus ar chásanna, lena n-áirítear uirlisí cumarsáide agus an BCM tugtha isteach i measc fhostaithe uile GBCN; Foinne sainithe bainistíochta géarchéime agus freagartha teagmhais i bhfeidhm; Úsáid a bhaint as córais néalbhunaithe áirithe a bhfuil Saolréanna Forbartha Bogearraí simplithe acu agus rochtain níos éifeachtaí ar uasghráduithe;

Riosca	Cur Síos agus Tionchar Féideartha	Maolú
Riosca Próisis 	An riosca i leith próisis inmheánacha neamhleora nó ar theip orthu, nó nach ndéanann próisis GBCN cothromaíocht iomchuí a bhaint amach idir an daingne agus an tsolúbthacht agus mar sin nach bhfuil siad solúbtha go leor agus inoiriúnaithe go leor chun tacú le hionad oibre dinimiciúil nó chun freagairt do thimpeallacht, d'ímthosca nó do shainordú atá ag athrú de réir a chéile. I measc na n-iarimhairtí féideartha tá caillteanas airgeadais, cur isteach ar ghnó agus/nó damáiste do chlú.	Cuidíonn próisis mheasúnaithe riosca agus rialaithe lena chinntiú go bhfuil na bearta rialaithe leordhóthanach agus déantar athmheasúnú orthu chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí atá ag teacht chun cinn; Tá próisis mhalartacha i bhfeidhm (nó bunaithe) do phróisis/ghníomhaíochtaí criticiúla gnó, agus tástáil rialta ar phróisis mhalartacha; Tá beartais riosca oibriúcháin agus comhlionta iomchuí i bhfeidhm, agus cáipéisí teorach, nósanna imeachta agus oiliúint foirne ag gabháil leis; Tionscadail agus tionscnaimh éagsúla ar siúl ar fud GBCN chun an t-uathobriú próisis agus an solúbthacht a mhéadú chun éifeachtúlachtaí feabhsaithe a bhaint amach; Próiseas tuairiscithe um theagmhais oibriúcháin i bhfeidhm agus na príomhghníomhartha sainaitheanta agus monatóireacht déanta orthu. Tá imeachtaí faoi réir athbhreithniú agus dúshlán dara líne agus an Choiste Riosca araon, chomh maith leis an anailís eacnamaíoch thréimhsiúil. Feidhmeanna corparáideacha dara líne ar fáil chun tacú le hathruithe próisis ábhartha agus chun argóint a chur ina n-aghaidh, de réir mar is gá; Coistí maoirseachta i bhfeidhm a bhfuil scóip acu freagairt d'athruithe sa timpeallacht nó sna próisis; PTRanna i bhfeidhm, táscairí san áireamh maidir le himeachtaí oibríochtúla agus saincheisteanna próisis, agus tugtha le fios don choiste ábhartha rialachais riosca; Iniúchtaí rioscabhunaithe agus iniúchtaí inmheánach agus seachtrach rialta agus gníomhartha iniúchta lena n-aontaítear a réiteach; Úsáid chuí a bhaint as comhairle ghairmiúil inmheánach agus sheachtrach; Córas Bainistíochta Riosca Fiontair i bhfeidhm a thacaíonn le measúnuithe riosca agus rialaithe, tuairisciú ar imeachtaí oibríochtúla agus PTRanna; Uathobriú, rialú agus monatóireacht ar phróisis íocaíochta.

Riosca	Cur Síos agus Tionchar Féideartha	Maolú
Daoine agus Riosca Iompraíochta 	An riosca go dteipfear (i) fórsa saothair atá oilte, éagsúil, gafa, athléimneach agus inoiriúnaithe a dhóthain a earcú, a choinneáil agus a fhorbairt agus/ nó (ii) iompraíochtaí eiticiúla agus dearfacha san ionad oibre a choinneáil ar bhealach atá ar aon dul le dlíthe, rialacháin, beartais agus ionchais ábhartha. I measc na n-iarmhairtí féideartha tá drochtionchar ar chumas GBCN a shainorduithe a chomhlíonadh, caillteanas airgeadais, cur isteach ar ghnó agus/nó damáiste do chlú.	Tá Straitéis Acmhainní Daonna i bhfeidhm agus déantar athbhreithniú rialta uirthi; Infheistíocht leanúnach san fhoireann trí chlár Foghlama agus Forbartha (L&D) agus béim ann ar scileanna ceannaireachta agus bainistíochta, agus ar chumarsáid rialta foirne; Oibríonn GBCN próiseas struchtúrtha earcaíochta agus roghnúcháin; Tá pleanáil don lucht saothair, measúnú ar chumas laistigh d'fhoirne, agus sainaitheint riachtanais ath-imlonnaithe agus pleanáil comharbais i bhfeidhm; Déantar monatóireacht agus tuairiscí ar rátaí coinneála agus tugtar faoi phleanáil comharbais; Dírítear bearta ar fholláine na bhfostaithe agus ar rannpháirtíocht láidir sa timpeallacht hibrídeach oibre chomh maith le suirbhéanna rialta ar an rannpháirtíocht foirne agus ar an gcumarsáid foirne; Buiséadú acmhainní bliantúla, athbhreithnithe feidhmíochta bliantúla agus próisis riachtanas L&D bhliantúla i bhfeidhm; Oiliúint chomhlíonta, cumarsáid agus comhairle curtha ar fáil do gach páirtí leasmhar inmheánach chun tacú le cultúr dearfach comhlíonta agus é a chothabháil; Réimse beartais, chóid agus nósanna imeachta Acmhainní Daonna agus Comhlíonta le cabhrú dea-chleachtas i mbainistíocht daoine a chinntiú agus lena chinntiú go gcothaítear caighdeán eiticiúla; Tá príomhrialuithe inmheánacha agus bearta frithchaloise i bhfeidhm; Tá PTRanna i bhfeidhm atá dírithe ar choinneáil foirne, earcaíocht, ionchuimsiú agus éagsúlacht; Iniúchtaí inmheánacha rioscabhunaithe, iniúchtaí seachtracha agus monatóireacht Dara Líne rialta.

Foireann Bainistíochta Feidhmiúcháin



Frank O'Connor
Príomhfheidhmeannach



Nick Ashmore
Stiúrthóir, Ciste Infheistíochta
Straitéisí na hÉireann



Ian Black
Príomhoifigeach Airgeadais
agus Oibriúcháin



Ciarán Breen
Stiúrthóir, an Ghníomhaireacht
um Éilimh ar an Stát



Sinéad Brennan
Príomhoifigeach Daoine



Des Carville
Ceann Baincéireachta
(ar iasacht leis an Roinn Airgeadais ó 2014)



Dave McEvoy
Stiúrthóir, Bainistíocht Cistithe
agus Fiachais



Andrew O'Flanagan
Stiúrthóir, an Ghníomhaireacht
Náisiúnta Forbartha Airgeadais
agus NewERA



Susan O'Halloran
Príomhoifigeach Dlí

*Foireann Bainistíochta Feidhmiúcháin mar a cuireadh i láthair ag deireadh mhí na Nollag 2022.

Ionchuimsiú, Éagsúlacht agus Muintearas

Luach de chuid GBCN is ea oibriú ar mhaithe leis an Leas Náisiúnta chun sochair thairbhe fhadtéarmach shaoránaigh na hÉireann agus tá seo lárnach dá bhreithniúcháin agus dá chinntí. Chun seo a bhaint amach, aithníonn GBCN go gcuireann ionad oibre atá éagsúil agus cuimsitheach eolas níos fearr ar fáil do chinnteoireacht, do smaointeoireacht chruthaitheach, do nuálaíocht agus go gcuireann sé feidhmíocht ghnó chun cinn.

Mar fhostóir, dhoimhnigh GBCN a thuiscint ar na dúshlán eagraíochta agus shochaíocha atá ag teacht chun cinn maidir le hionchuimsiú agus éagsúlacht. Chuir leanúint ag tabhairt faoi chomhpháirtíochtaí comhoibritheacha seachtracha, cosúil leis an gcomhpháirtíocht sin le Cumann 30% Éireann (30% Club Ireland) agus an Fóram Míchumais Gnó, ar chumas GBCN an tuiscint bhreise seo a fháil trí dhea-chleachtas agus comhroinnt eolais trasearnála agus tionscail. Go himheánach, lean GBCN le tuiscint a fháil ar na riachtanais eagraíochta agus fostaí atá ag teacht chun cinn trí fhóiraim aiseolais éagsúla cosúil le suirbhéanna ar fhostaithe agus aiseolas Grúpa Acmhainní Fostaithe.

Is é fíis GBCN go n-aithneofar é mar cheannaire in ionchuimsiú agus éagsúlacht agus go mbíonn ionad oibre ionchuimsitheach agus éagsúil inar féidir le daoine a lánchumas féin a bhaint amach, a bpeirspictíocht a roinnt, agus muintearas a bhrath.

Ionchuimsiú agus Muintearas i gCeartlár na hOibre Hibridí

Lean an domhan oibre ag teacht chun cinn in 2022. Chinn GBCN conas agus cathain a d'fhillí ar chomhoibriú i bpearsan, agus thug sé aghaidh ar na dúshlán a tháinig aníos maidir le timpeallacht oibre hibridí. Ba thábhachtaí ná mar a bhí sé riamh a chinntiú gur dhírigh GBCN ar thimpeallacht a fhorbairt a dearadh timpeall ar ionchuimsiú, agus inar bhráith daoine braistint chómhuintearais.

Sheol GBCN a shamhail oibre hibridí in Aibreán 2022, a chuireann socrú oibre cumaisc ar fáil. Is é an fhís timpeallacht oibre a chruthú a bhfuil cuspóir léi, atá solúbtha agus digiteach, agus a thabharfaidh aghaidh rathúil ar shainorduithe GBCN ar mhaithe le páirtithe leasmhara agus fostaithe. Tá an tsamhail oibre hibrideach treoirithe ag sraith sé phrionsabal a comhchruthaíodh le agus ag fostaithe GBCN. Is é ceann de na sé phrionsabal oibre hibridí ná 'Cuimsiú Comhfhiosach', a forbraíodh lena chinntiú go mbreathnaítear ar chomhionannas agus ar chuimsiú mar rud riachtanach agus muid ag dul i dtreo agus ag múnlú thodhchaí na heagraíochta.

Neart an Mhuintearais

Aithníonn GBCN go gcabhraíonn eispéiris saoil ár bhfostaithe a thuiscint agus éisteacht le glórtha fostaithe le fíorbhraistint chómhuintearais a fhorbairt. Thug GBCN faoi shuirbhé in 2022 a d'iarr ar fhostaithe a n-eispéiris agus a ndearchtaí faoin gcultúr laistigh den eagraíocht a roinnt.

Cé gur féidir leis an leibhéal d'ionchuimsiú san ionad oibre a thomhas a bheith dúshlánach, thug fostaithe ardleibhéal mhuintearais, chothroime agus iontaobhe le fios, tríd is tríd.



>75%

d'fhostaithe tar éis freagairt fhabhrach a thabhairt gur cothaíodh braistint chómhuintearais go maith tar éis gur glacadh le hoibriú hibrideach.



>85%

d'fhostaithe tar éis a thabhairt le fios go dearfach go bhfuiltear ag caitheamh go cothrom leo, gan aird ar a bpatrún oibre hibridí.



>90%

d'fhostaithe ag brath go bhfuil a mbainisteoir ag tacú leo agus ago bhfuil iontaobh acu astu.

Ár dTiomantas

Tá bród ar GBCN gur tugadh aitheantas dó i ngeall ar a thiomantas d'ionchuimsiú agus éagsúlacht. Roghnaíodh GBCN in 2022 mar chraobhiomaitheoir i nGradaim Acmhainní Daonna CIPD na hÉireann – sa chatagóir Ionchuimsithe agus Éagsúlachta agus mar chraobhiomaitheoir sna Gradaim Náisiúnta Éagsúlachta agus Ionchuimsithe thionscnaimh - Eagraíocht Earnála Poiblí na Bliana.

Leanfaidh GBCN ag díriú ar ionchuimsiú agus éagsúlacht a leabú laistigh dá straitéisí i gcaitheamh na bliana amach romhainn lena chinntiú go ndéanann an eagraíocht ionadaíocht don tsochaí agus lena chinntiú gur eagraíocht í an eagraíocht ina mbraitheann gach duine fíorbhraistint chómhuintearais.

Tugann obair GBCN sa limistéar seo aird ar an gceanglas maidir le Dualgas na Seirbhíse Poiblí a leagtar amach in Alt 42 den Acht fá Chomisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014.

Forbairtí Eile

Lean GBCN ag díriú i gcónaí go láidir in 2022 ar an tionchar a imríonn a shainorduithe gnó ar pháirtithe leasmhara seachtracha.

CISÉ

Is féidir teacht ar leathanach 28 de mhír CISÉ ar shonraí faoi eolas éagsúlachta, cothroime agus ionchuimsithe CISÉ faoina uaillmhian €50m, ar a laghad, a infheistiú i ngnóthais ghnáthscaire príobháidí a bhfuil a dtromlach faoi úinéireacht bhan.

NewERA

Oibríonn NewERA i gcomhar le páirtithe leasmhara ábhartha maidir le ceapacháin ar bhoird na gcomhlachtaí tráchtála Stáit a ainmnítear dó. Tá sonraí breise ar fáil ar leathanach 45 de mhír NewERA.

Ionchuimsiú, Éagsúlacht agus Muintearas (ar lean)

Pobail Ionchuimsitheacha a Fhorbairt

Tá clár ionchuimsithe agus éagsúlachta GBCN faoi stiúir pobail Ghrúpaí Acmhainní Fostaithe (ERGanna) go saorálach. Tá de chuspóir acu spás sábháilte a chruthú inar féidir le fostaithe a bpearsan iomlán a léiriú san obair, feasacht a mhúscailt ar dhúshláin, agus cabhrú le hionad oibre éagsúil ionchuimsitheach a chothú atá ar aon dul le luachanna GBCN. Aithníonn GBCN tábhacht na ERGanna agus spreagann sé fostaithe a ndearthaí a thabhairt le fios trí pháirt a ghlacadh sna grúpaí seo.

Ceisteanna Inscne

Bearna Phá Inscne GBCN

Tá GBCN go hiomlán tiomanta i gcónaí dá Bhearna Phá Inscne a laghdú le himeacht ama. D'fhoilsigh GBCN a Thuarascáil ar an mBearna Phá Inscne i mí na Nollag 2022. Ar aon dul lena oibleagáidí tuairiscithe reachtúla, foilseoidh GBCN a chéad Thuarascáil ar an mBearna Phá Inscne eile i mí na Nollag 2023.

Is féidir teacht ar Thuarascáil GBCN ar an mBearna Phá Inscne ar láithreán gréasáin GBCN.

LADT+

Lean Coiste LADT+ GBCN i rith 2022 le timpeallacht oibre ionchuimsitheach agus éagsúil a chur chun cinn. Dhirigh an Coiste LADT+ i rith na bliana ar fheasacht a mhúscailt ar oideachas agus é a chur chun cinn mar bhonn tuisceana, agus ar imeachtaí inmheánacha ardchaighdeán a sholáthar le lucht rannpháirtíochta leathan a spreagadh laistigh de GBCN.

Tuigeann an Coiste chomh maith an tionchar dearfach is féidir lena chuid oibre a imirt ar dhul i ngleic leis na dúshláin a bhíonn roimh an bpobal LADT+ níos fairsinge. Rinne LADT+ idirchaidreamh dá bharr le comhghleacaithe ó limistéir ar fud na n-earnálacha poiblí agus príobháideacha, baill san áireamh den Líonra Ionchuimsithe Seirbhísí Airgeadais (FuSlóN), an Banc Ceannais agus na Líonraí LADT+ sa tSeirbhís Phoiblí agus sa Státseirbhís agus tugadh cuireadh freastal ar phríomhimeachtaí GBCN, an méid seo a leanas ina measc:

'Mionlaigh laistigh de Mhionlaigh'

Rinne an craoltóir agus an t-iriseoir Dil Wickremasinghe cathaoirleacht ar an imeacht seo agus bhí daoine ó na pobail aeracha, thrasinscneacha agus taistealaithe ar an bpainéal. Phléigh an painéal cineál casta trasnaithe mionlaigh agus conas a dhéanann sé difear do réimse grúpaí mionlaigh, an pobal LADT+, daoine de chine daite agus pobal an Lucht Siúil san áireamh.

Mórtas

Thit mí an mhórtas amach arís i bpearsan i mbliana agus ba chúis mhór cheiliúirthe é. Leanann sé de bheith ar an mbuaicphointe san fhéilire LADT+. Rinne GBCN Mórtas a cheiliúradh go físiúil trí shoilse tuar ceatha a lasadh ar Dhuga an Chisteáin agus go fíorúil trí mheirgí tuar ceatha a chur in airde ar a láithreán gréasáin agus a ardáin mheán sóisialta. Chuir fostaithe tuartha ceatha lena sínithe ríomhphoist agus tháinig siad le chéile chun tacú le tráth na gceist bliantúil ar mhaithe le *BelongTo*. Chuir an Coiste imeachtaí eile ar siúl i rith Mhí an Mhórtas, cosúil le Turas Siúil Staire LADT+ agus Díospóireacht Phainéil Spóirt ar a ndearna POF an charthanais ShoutOut cathaoirleacht.

Leanann an Coiste LADT+ ag tacú le GBCN mar chomhlacht earnála poiblí a chinntíonn go sásaíonn sé a oibleagáidí mar a chuimsítear iad sa Straitéis Náisiúnta Ionchuimsithe LADT+. Leanann comhpháirtithe GBCN le tacaíocht a sholáthar i gcaitheamh na bliana agus go háirithe i rith Mhí an Mhórtas. Tá an Coiste ag tnúth le forbairt bhreise a dhéanamh ar an Straitéis LADT+ i rith 2023.

An Fhoireann Abhcóideachta um Míchumas (DAT)

Tá sé mar aidhm ag an bhFoireann Abhcóideachta um Míchumas (DAT) ionad oibre ionchuimsitheach agus tacúil a dhéanamh de GBCN a chothaíonn míchumas, agus cabhrú le GBCN a dhualgas reachtúil a chomhlíonadh maidir le 3%, ar a laghad, dá lucht saothair a bheith ina bhfostaithe faoi míchumas. Tuairiscíodh sa tuairisceán is déanaí chuig an Údarás Náisiúnta Míchumais (NDA) i mí na Nollag 2021 go raibh 3.6% de lucht saothair GBCN faoi míchumas a nochtadh.

Le bliain anuas lean an DAT ar aghaidh ag tabhairt faoi abhcóideacht laistigh den eagraíocht d'fhostaithe faoi míchumas, go háirithe i réimse na cumarsáide inrochtana, ag cur lena líonraí inmheánacha agus seachtracha chun dea-chleachtas a ghíaráil, ag méadú rannpháirtíochta ar fud aonaid ghnó GBCN agus ag soláthar tacaíochta d'fhostaithe agus do bhainisteoirí freisin. I measc roinnt príomhbhuaicphointí agus imeachtaí eile ón mbliain 2022, bhí:

- Líonra Inrochtaineachta na gCuideachtaí (CAN) a chur ar bun i nDuga an Chisteáin do sheisiún comhcheime agus i measc an lucht freastail, bhí na comhpháirtithe BSL, LinkedIn, Vodafone agus an Banc Ceannais.
- Shocraigh agus d'éascaigh an DAT cuairteanna suímh a thug mic léinn reatha Acadamh Together GBCN.
- Thacaigh GBCN le himeacht earcaíochta 'Tógáil na Todhchaí' ('Build the Future') de chuid Ahead i Lúnasa 2022.
- Bronnadh Gradam Ceannaireachta an Chláir Meantóireachta Toiliúil agus Ábalta (WAM) ar GBCN i ngeall ar fhostú céimithe faoi míchumas a chur chun cinn in 2022.
- Thacaigh an DAT le hintéirneacht le GBCN do mhac léinn a bhí ag freastal ar Ionad na Tríonóide do Dhaoine faoi Míchumas (TCPID).
- Leanann an DAT ag oibriú le Ahead agus Specialisterne le fostaithe a earcú do ról ghinearálta agus maidir le clár céimithe GBCN.
- Sanntar Meantóir ón DAT do gach uile intéirneach agus fostaí a earcaítear trí chomhpháirtithe DAT.
- Rinneadh ball de GBCN in 2022 den Fhóram Míchumais Gnó (an BDF), eagraíocht ar féidir léi tacaíocht phraiticiúil agus shaineolach a thabhairt don DAT.
- Lean an DAT lena idirchaidreamh le heagraíochtaí ar féidir leo cabhair a thabhairt a chuspóirí a bhaint amach, cosúil le AHEAD, TCPID, Specialisterne Ireland, agus Acadamh Together.

An Fhoireann Feasachta Idirnáisiúnta agus Ilchultúrtha (IMAT)

Tá luathchéim forbartha bainte amach ag grúpa acmhainní fostaithe IMAT tar eis gur bunaíodh an fhoireann go déanach in 2021. Díriodh go príomha i rith 2022 ar fheasacht a ardú ar an ilchultúrachas laistigh de GBCN agus fostaithe agus ceannairí a spreagadh tacú le tionscnaimh an IMAT. Diríonn an IMAT ar thimpeallacht a chruthú ina mbraitheann fostaithe de gach cultúr agus cúla go bhfuil meas á léiriú orthu agus tacaíocht á fáil acu agus cultúr ionchuimsitheach a fhorbairt laistigh de GBCN gan aird ar chúlra.

Is i uailmhian an IMAT chun tacú le fostaithe ó chultúir éagsúla laistigh den ionad oibre agus feasacht a chur chun cinn agus a sholáthar ar éagsúlacht na bpobal níos fairsinge laistigh de GBCN trí roinnt tionscnamh cosúil le héagsúlacht náisiúntachtaí a thuiscint agus roinnt príomhimeachtaí eitheacha nó idirnáisiúnta a cheiliúradh, ar imeachtaí Síneacha, Athbhliain na Gealaí agus Lá Poblachta na hIodáile sampla díobh.

Gníomhú ar son na hAeráide agus Inbhuanaitheacht

An Straitéis um Gníomhú ar son na hAeráide

Tacaíonn GBCN go gníomhach le cuspóirí Phlean um Gníomhú ar son na hAeráide an Rialtais i measc tionscnamh, cosúil le bannaí glasa, cur i bhfeidhm agus monatóireacht ar chreat um gníomhú ar son na haeráide, airgeadas príobháideach a chur chun feidhme, infheistíochtaí foraoiseachta agus carbón a mhaolú san earnáil agraibhia.

Is é cuspóir uileghabhálach Straitéis um Gníomhú ar son na hAeráide GBCN a chinntiú go gcuireann GBCN lena ról ceannaireachta in airgeadas inbhuanaithe chun tacú le tionscnaimh um gníomhú ar son na haeráide de chuid an Rialtais a sholáthar trína shainorduithe agus eagraíocht astaíochtaí atá neodrach ó thaobh fuinnimh a bheith inti faoin mbliain 2030. Mar chuid den Straitéis seo, déanann GBCN athbhreithniú ar dhul chun cinn go dtí seo i gcomhthéacs na spriocanna agus na ngníomhartha aeráide mar a leagtar amach i Straitéis um Gníomhú ar son na hAeráide de chuid GBCN, a nuashonraíodh chun aillíniú le Plean um Gníomhú ar son na hAeráide 2023, agus leis an Sainordú Earnála Poiblí um Gníomhú ar son na hAeráide, a foilsíodh le déanaí, a chinntiú.

Cuimsíonn spriocanna aeráide GBCN spriocanna seachtracha agus inmheánacha agus bunspríocanna inghnóthaithe atá le baint amach trína shainorduithe gnó agus a phróisis agus a chórais ghnó. Léiríonn na ceithre sprioc an obair atá ar siúl faoi láthair agus spriocanna leagtha síos chun gníomhaíochtaí GBCN a fheabhsú tuilleadh chun tacú le gealltanais an Rialtais maidir le gníomhú ar son na haeráide. Leagann na spriocanna dualgas ar GBCN freisin a bheith inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de agus go mbeidh sé ina eagraíocht atá neodrach ó thaobh fuinnimh roimh amlíne 2050 an Rialtais, rud a léiríonn an gá (**NEED**) le gníomhú anois.

Tá Straitéis um Gníomhú ar son na hAeráide de chuid GBCN ar fáil ar láithreán gréasáin GBCN.



Maoirseacht ar Gníomhú ar son na hAeráide

Tá maoirseacht agus monatóireacht ar Straitéis um Gníomhú ar son na hAeráide de chuid GBCN ina thosaíocht ag Bord agus Foireann Bainistíochta Feidhmiúcháin (EMT) GBCN. Tá an Príomhoifigeach Airgeadais agus Oibriúcháin (CFOO) freagrach as comhiarracht gníomhaíochta aeráide a chomhordú ar fud GBCN. Déanann Ceann an Aonaid Inbhuanaitheachta agus Aeráide tuairisciú díreach le CFOO GBCN. Príomhghné den ról is ea cur ar chumas GBCN a ról ceannaireachta a thógáil san airgeadas inbhuanaithe, chun comhtháthú gníomhaíochta aeráide a chinntiú i gcinnteoireacht gnó GBCN agus maoirsiú a dhéanamh ar fhorfheidhmiú Straitéis um Gníomhú ar son na hAeráide GBCNA.

Tacaíonn Grúpa Inbhuanaitheachta GBCN, a bunaíodh in 2019, le seachadadh Straitéis um Gníomhú ar son na hAeráide de chuid GBCN agus é ag éascú chomh maith comhoibriú tras-aonaid agus comhroinnt faisnéise maidir le gníomhaíochtaí a bhaineann leis an aeráid. Déanann an CFOO cathaoirleacht ar an ngrúpa agus déantar tuairisciú rialta le Bord GBCN agus leis an EMT.

Tá fócas an Ghrúpa Inbhuanaitheachta ar chúrsaí a bhaineann leis an aeráid laistigh de shainorduithe gnó GBCN agus ina phróisis ghnó. Áirítear leo seo siúd nithe mar fhorbairtí ar bhannaí glasa ceannasacha na hÉireann, beartaí infheistíochta, forbairtí bonneagair, agus comhairle airgeadais a bhaineann leis an aeráid do ranna rialtais lena n-áirítear maidir le heintitis faoi úinéireacht Stáit. Cinntíonn ionadaithe ó na feidhmeanna corparáideacha comhordú, tacaíocht agus maoirseacht ar chúrsaí a bhaineann le gníomhaíocht aeráide ar fud na heagraíochta.

Tacaíonn Foireann Ghlas faoi stiúir fostaithe GBCN le haidhm GBCN a bheith ina cheannaire aitheanta i gcleachtais inbhuanaithe san ionad oibre in Éirinn. Cabhraíonn an Fhoireann Ghlas le hiompraíochtaí nua atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de a neadú i measc na bhfostaithe go léir. Is éard atá san Fhoireann ná fostaithe tiomanta agus díograiseacha a thugann faoi thionscnaimh atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de anuas ar na dualgais eile atá acu. Aithníonn GBCN an méid is féidir leis a dhéanamh trína lorg carbóin eagraíochta a laghdú agus tacú lena fhostaithe stíl mhaireachtála ísealcharbóin a ghlacadh trí raon tionscnamh a bhaineann le hinbhuanaitheacht.

Bainistíocht Riosca Aeráide

Measann GBCN gurb éard atá sa Riosca Aeráide ná *An riosca go dteipfeadh ar GBCN na bearta is gá a dhéanamh chun gníomhú ar son na haeráide (mar is iomchuí) a chomhtháthú ina chinntí gnó i gcomhthéacs a shainorduithe a sheachadadh don Rialtas agus eagraíocht atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de a sheachadadh de réir a Straitéise Aeráide.*

Léiríonn ardú Riosca Aeráide mar riosca straitéiseach, mar a d'aontaigh an Bord, an tábhacht a bhronn GBCN cheana féin ar ábhar na gníomhaíochta aeráide agus an chomhshaoil agus a thábhachtaí atá sé do na príomhpháirtithe leasmhara go léir. Cinntíonn sé seo go bhfanann aeráid mar thosaíocht straitéiseach. Tá an Bord ag súil go gcuirfidh an eagraíocht an Riosca Aeráide san áireamh ina chinnteoireacht go léir.

Méadracht agus Spriocanna

Laghdú 51% ar astaíochtaí carbóin a bhaint amach faoin mbliain 2030

Cuireann sprioc na hearnála poiblí ceanglas ar GBCN a astaíochtaí a laghdú 51% faoin mbliain 2030³⁰. Tá an sprioc seo bunaithe ar astaíochtaí a bhaineann go díreach le fuinneamh (Scóip 1) anuas ar astaíochtaí a bhaineann go hindireach le fuinneamh ó leictreachas (Scóip 2)³¹. Is í an bhonnlíne don mhodheolaíocht an tréimhse 2016 go dtí 2018.

³⁰ Iarscríbhinn Gníomhartha CAP23: Gníomh PS/23/2.

³¹ Catagóirítear GHGanna isteach i dtí ghrúpa nó 'Scóip' sa Phrótacal GHG. Clúdaíonn Scóip 1 astaíochtaí díreacha ó fhoinsí atá faoi úinéireacht nó faoi rialú an eintitis tuairiscithe (e.g. gás nádúrtha). Clúdaíonn Scóip 2 astaíochtaí indireacha ó ghiniúint leictreachais cheannaithe, teasa nó gaille arna thomhailt ag an eintiteas tuairiscithe.

Climate Action and Sustainability (ar lean)

Tá oibleagáid ar GBCN tuairisciú faoin gCóras Monatóireachta agus Tuairiscithe (M&R) Éifeachtúlachta Fuinnimh ar a ndéanann Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (an SEAI) monatóireacht agus tá amhlaidh á dhéanamh aige ó 2006.


Cuirtear M&R san áireamh s Tuarascáil ar Éifeachtúlacht Fuinnimh - is féidir teacht ar shonraí ar leathanach 84 - agus cuirtear eagraíochtaí cleamhnaithe GBCN, HBFI, NAMA agus SBCI san áireamh freisin.

Tá a sprioc á baint amach ag GBCN lena sprioc laghdaithe astaíochtaí fhoriomlán 51% a bhaint amach faoin mbliain 2030.

Eagraíocht atá Neodrach ó thaobh Fuinnimh a bheith ann faoin mbliain 2030

Thosaigh GBCN lena aistear a bheith Neodrach ó thaobh Fuinnimh de in 2020 trína thomhas lorg carbóin a fhairsingiú níos mó ná a riachtanais íosta. Áiríodh leis seo Scóip 1³² agus 2 go léir a thomhas anuas ar chroí-astaíochtaí Scóip 3³³ amach anseo is mó a bhaineann le hoibríochtaí GBCN ó 2019 ar aghaidh. Chuir GBCN meastacháin astaíochtaí comaitéireachta fostaithe lena mbunsonraí eagraíochta Scóip 3 le déanaí.

Ba bhliain uathúil í 2019 do GBCN, sa mhéid is go raibh dhá fhoirgneamh ar áitiú aici ar feadh tamaill ghairid agus é ag aistriú ó Fhoirgneamh an Chisteáin go dtí a shuíomh nua i nDuga an Chisteáin, atá deimhnithe mar BER A3, atá comhlíontach i dtaobh LEED Platanaim agus NZEB. Mar thoradh air sin, bhain an lorg eagraíochta an pointe ab airde amach i rith na bliana seo³⁴.



Tá dul chun cinn suntasach déanta ag GBCN agus tá sé ar an mbóthar ceart le bheith ina eagraíocht atá Neodrach ó thaobh Fuinnimh faoi 2030. Is é is príomhchúis leis an laghdú >50% ar astaíochtaí ó 2019 ná an t-aistriú go foirgneamh nua

atá tíosach ar fhuinneamh mar aon le tionchar na paidéime COVID-19. Tháinig méadú in 2022 ar thaisteal gnó de réir mar a baineadh na srianta a bhain leis an bpaidéim agus tháinig méadú gaolmhar ar astaíochtaí Scóip 3. Eagraíocht ag a bhfuil déine charbóin an-íseal é GBCN a bhfuil meándéine <1tCO₂e in aghaidh an fhostaí aige.

Deimhníonn GBCN go bhfuil Ciorclán 1/2020 á chomhlíonadh aige: *Nósanna Imeachta chun Astaíochtaí a Sheach-Chur a bhaineann le hAerthaisteal Oifigiúil*. Rinne GBCN na hastaíochtaí carbóin a ríomh agus a chur i dtaifead a bhaineann le gach eilt ar a dtaistealaítear, rinne sé gach tonna carbóin a luacháil a chruthaigh aerthaisteal ar an ráta den cháin charbóin a bhí i gceist ag an tráth sin, agus d'foc sé suim don bhliain 2022 a bhí comhionann le tionchar astaíochtaí a aerthaistil sa bhliain roimhe sin isteach i gCiste um Ghníomhú ar son na hAeráide de chuid an Rialtais. Tá gach ríomh ar aon dul le treoirlínte na Roinne Caiteachais Phoiblí, um Sholáthar an Phlean Forbartha Náisiúnta (an PFN) agus Athchóirithe³⁵.

Sainordú um Ghníomhú ar son na hAeráide na hEarnála Poiblí

Tá GBCN tiomanta don Sainordú Earnála Poiblí a chur i bhfeidhm agus ceannaireacht i leith Ghníomhú ar son na hAeráide a thaispeáint. I gcomhréir leis an sainordú, sheol GBCN a chéad Treochlár um Ghníomhú ar son na hAeráide i ráithe 1 2023. Sonraítear thíos roinnt gníomhartha a leagtar amach sa Sainordú:

Ár nDaoine – Páirt a Ghhlacadh agus Oiliúint

Faoi mar a leagtar amach i Straitéis um Ghníomhú ar son na hAeráide de chuid GBCN, is mian le GBCN tacú le fostaithe dul i ngleic le hinbhuanaitheacht agus athrú aeráide. Go dtí seo, cuireadh go leor den tacaíocht seo ar fáil go neamhfhoirmiúil tríd an Aonad Inbhuanaitheachta agus um Ghníomhú ar son na hAeráide agus an Fhoireann Ghlas. Le hinbhuanaitheacht a fhíorleabú mar chuid de chultúr na heagraíochta, áfach, cuirfear tacaíochtaí oideachais agus oiliúna foirmiúla ar fáil d'fhostaithe mar chuid den chlár foriomlán Foghlama agus Forbartha (L&D).

Ár mBealach Oibre

Córais bhainistíochta agus creidiúnú fuinnimh agus comhshaoil

Bronnadh Deimhniú Fuinnimh Taispeána (DEC) B2 ar GBCN don bhliain 2022, a thaispeántar, mar a cheanglaítear, i limistéar fáiltithe Dhuga an Chisteáin.

Cuireadh córas feidhmíochta agus barrfheabhsaithe córais foirgnimh i bhfeidhm in 2022 a chuireann ar chumas GBCN deiseanna coigilte fuinnimh a shainathint agus a chur i bhfeidhm. Baineadh coigilteas suntasach fuinnimh theirmigh (gás) amach cheana féin trí choigeartuithe a dhéanamh ar an gcóras uisce the. Leanfaidh GBCN le deiseanna/tionscnaimh choigilte fuinnimh a athbhreithniú/a shainathint.

32 Áirítear le Scóip 1 gás nádúrtha agus flít faoi úinéireacht GBCN.

33 Is astaíochtaí indireacha eile iad astaíochtaí Scóip 3 a tharlaíonn in athrú ar luach na n-eintiteas tuairiscithe. Maidir le GBCN, is amach anseo a bheidh na hastaíochtaí is ábhartha (agus is intomhaiste dóibh) de chuid Scóip 3 agus baineann siad le taisteal gnó, comaitéireacht fostaithe agus giniúint dramhaíola. Déantar astaíochtaí comaitéireachta a mheas ar aon dul le treoirlínte prótacail GHG.

34 Cuirtear sonraí astaíochtaí i láthair ar bhonn láithreáin agus ríomhtar iad trí úsáid a bhaint as seirbhís réitigh bogearraí inbhuanaitheachta tríú páirtí.

35 An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe roimhe seo.

Cé nach riachtanas foirmiúil é, tá a iarratas ar chreidiúnú ar ISO50001 á thabhairt chun cinn ag GBCN agus tá sé ar an mbóthar ceart le creidiúnú a bhaint amach.

Úsáid Acmhainní

Thug GBCN faoi roinnt beart cheana féin le digitíú próiseas ábhartha páipéarbhunaithe agus samhail rathúil oibre hibridí a chur i bhfeidhm go rathúil. I measc roinnt samplaí, tá an méid seo a leanas:

- **Ríomhairí glúine agus samhail oibre hibridí** - Tacaíonn gléasanna nua a thabhairt isteach ina bhfuil cadhnra saolré níos faide i rith 2022 le samhail oibre hibridí GBCN. Éascaíonn siad oibriú cliste sa bhaile agus san oifig araon. Cuirfear oiliúint ar fáil i rith 2023 le chur ar chumas fostaithe an úsáid is fearr a bhaint as an teicneolaíocht atá ar fáil.
- **Microsoft Teams** - Tugadh Microsoft Teams isteach le mol digiteach a chruthú d'obair bhuíne ina gcuirtear comhrá, comhoibriú, comhcheapadóireacht cáipéisí, comhroinnte scáileáin, anuas ar chumas fuaime agus físchomhdhála ar fáil. Tacaíonn tabhairt isteach Microsoft Teams le samhail oibre hibridí GBCN agus déanann sé an gá a laghdú níos mó atá le hábhar comhoibritheach a chur i gcló.
- **Clódóireacht** - Déanann GBCN monatóireacht ar staitisticí clódóireachta agus leanann sé le laghdú mór ar na méideanna clóite a thabhairt faoi deara. Úsáideann GBCN páipéar athchúrsáilte agus páipéar neamhthuartha.
- **Soláthar Glas Poiblí** - Tá critéir ghlasa le haghaidh critéir roghnúcháin agus bhronnta á dtabhairt isteach ar bhonn céimnithe de réir an Phlean um Ghníomhú ar son na hAeráide agus úsáideadh treoir fhoilsithe maidir le Soláthar Poiblí Glas, nuair is infheidhme. Leanfar le critéir ghlasa le haghaidh critéir roghnúcháin agus/nó bhronnta a chur i bhfeidhm i gcáipéisí tairisceana i rith 2023 lena chinntiú go ndéantar soláthairtí agus seirbhísí a sholáthraítear do GBCN ar bhealach inbhuanaithe.

Ár bhFoirgneamh agus Feithiclí

Mar chuid de thiomantas GBCN i leith ceannas a ghlacadh i leith gníomhú ar son na haeráide, thug GBCN beartas gluaisteán cuideachta "glas" isteach (nuair is indéanta é seo go hoibríochtúil) d'feithiclí nua nó feithiclí ionaid atá leictreach nó a úsáideann breosla hibrídeach amháin.

Déanann breis agus an tríú cuid d'fhostaithe comaitéireacht trí shiúl nó rothaíocht chuig an obair. Dearadh Duga an Chisteáin mar fhoirgneamh a thacaíonn le rothair agus tá breis agus 300 spás rothair ar fáil in ioslach an fhoirgnimh. Glacann GBCN páirt sa Scéim um Rothaíocht chun na hOibre. Is é cuspóir na Scéime seo fostaithe a chumasú agus a spreagadh rothaíocht chuig agus ón obair. Tá soicéid leictreacha do rothair leictreacha agus scútair leictreacha ar fáil, anuas ar stáisiún cothabhála rothar.

Tuarascáil ar Éifeachtúlacht Fuinnimh

Feidhmíocht Chomhshaoil

Bhain Duga an Chisteáin, Cé an Phoirt Thuaidh, Baile Átha Cliath 1 caighdeán rátála fuinnimh LEED 2009 Platanaim agus BER A3 amach.

1. Éifeachtúlacht Fuinnimh

Leictreachas

Ídiú Bliantúil

	2022	2021	Difríocht (%)	Nótaí
kWh	742,453	702,815	▲ 5.6	
kWh/m ²	56	53	▲ 5.6	1
CO ₂ e (tonnaí)	219.6	228.1	▼ 3.7	2

Gás

Ídiú Bliantúil

	2022	2021	Difríocht (%)	Nótaí
kWh	1,370,948	1,627,359	▼ 15.8	
kWh/m ²	103	122	▼ 15.8	1
CO ₂ e (tonnaí)	250.3	296.9	▼ 16.1	3

Éifeachtúlacht Fuinnimh

Deimhníú Fuinnimh Taispeána (DEC)

	2022	2021	Difríocht	Nótaí
Feidhmíocht fuinnimh bunaithe ar ídiú fuinnimh iarbhir i dtaobh kWh/m ² /bl.	B2 (≥33.5kgCO ₂)	C1 (≥50kgCO ₂)		4

Nótaí:

- Glanachar Forléasaithe Dhuga an Chisteáin 13,357m².
- Astaíochtaí Scóip 2 (láthairbhunaithe). Ídionn GBCN leictreachas faoi phlean leictreachais ghlais.
- Astaíochtaí Scóip 1 (láthairbhunaithe).
- Ollachar urláir úsáideach Dhuga an Chisteáin 17,980m². Baineadh an fheabhsaithe fheabhsaithe DEC amach mar thoradh ar an gcumhacht leictreach a aithint a ídiodh i seomra freastalaí Dhuga an Chisteáin mar úsáid fuinnimh inscartha ón gcuid eile den fhoirgneamh agus trí ídiú gáis a laghdú trí choigeartuithe oibríochtúla téimh i rith 2022.

2. Bainistíocht Dramhaíola

Dramhaíl Bhliantúil (kg)

	2022	2021	Difríocht %	Nótaí
Ginearálta	14,136	6,411	▲ 120.5	
Gloine	150	0	▲ 100	
Athchúrsáil	6,841	2,548	▲ 168.5	
Múiriniú	7,457	2,607	▲ 186	
Stialladh Rúnda	9,172	3,304	▲ 177.6	
Iomlán	37,756	14,870	▲ 153.9	1
CO ₂ e (tonnaí)	0.71	0.28	▲ 153.6	

Nóta:

- Tháinig méadú 210% in 2022 ar áitíocht Dhuga an Chisteáin in aghaidh 2021 i ndiaidh gur baineadh srianta COVID-19 agus d'eascair méadú bliain ar bhliain ar dhramhaíl.

Ráitis Airgeadais

Arna n-ullmhú ag Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta de réir Alt 12 den Acht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, 1990

Ráiteas ar Rialú Inmheánach	86
Fiachas Náisiúnta na hÉireann	89
Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta – Cuntas Riaracháin	109
Ciste Bhanc Taisce an Phoist	131
An Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát	141
Ciste na gCuntas Díomhaoin	151
Cúlchiste an Bharrachais Náisiúnta (Teagmhais Eisceachtúla)	163
Ciste Infheistíochta Straitéisí d'Éirinn	177

Ráiteas ar Rialú Inmheánach

Raon feidhme Freagrachta

Thar ceann Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta ("an Ghníomhaireacht") aithnímid freagracht na Gníomhaireachta as a chinntiú go gcoimeádtar agus go bhfeidhmítear córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh. Áiríonn an fhreagracht seo ceanglais an Chóid Chleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016) san áireamh.

Cuspóir an Chórais Rialaithe Inmheánaigh

Tá an córas rialaithe inmheánaigh ceaptha chun riosca a bhainistiú go leibhéal inghlactha seachas é a dhíchur. Dá bhrí sin, ní féidir leis an gcóras ach dearbhú réasúnta agus gan dearbhú iomlán a sholáthar go bhfuil sócmhainní cosanta, idirbhearta údaraithe agus taifeadta i gceart agus go gcuirtear cosc ar earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha nó go mbraitear iad ar bhealach tráthúil.

Tá an córas rialaithe inmheánaigh, a thagann le treoir a d'eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, curtha i bhfeidhm ag an nGníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2022 agus suas go dtí dáta fhaomhadh na ráiteas airgeadais.

Cumas Riosca a Láimhseáil

Tá creat bainistíochta riosca agus rialachais foirmeálta in áit ag an Ghníomhaireacht, deartha le tacú le bainistíocht onnghníomhach riosca. Leagann Beartas agus Creat Bainistíochta Riosca agus Creat Inghlacthachta Riosca na Gníomhaireachta le chéile amach a próisis inghlacthachta riosca agus bainistíochta riosca agus sonraíonn siad ról agus freagrachtaí na foirne i dtaca le riosca. Tá maoirseacht agus cuntasacht deiridh ag an Ghníomhaireacht i dtaca le bainistíocht riosca agus cuireann sí treoir ar fáil tríd an Bheartas agus Creat Bainistíochta Riosca agus tríd an Chreat Inghlacthachta Riosca a fhaomhadh. Ina dhiaidh sin, deimhníonn an Ghníomhaireacht i féin ar bhonn leanúnach go bhfuil bainistíocht fheidhmeannach ag freagair mar is cuí do rioscaí agus go bhfuil cuidiú á thabairt di ag an Choiste Iniúchta agus Riosca (ARC), a dhéanann monatóireacht ar chloí le rialachas agus inghlacthacht riosca agus a chinntíonn go ndéantar rioscaí a shainaithint, a mheas, a bhainistiú agus a thuairisciú.

I 2022, tá ceithre chomhalta den Ghníomhaireacht ar an ARC, le saineolas airgeadais agus iniúchta, is duine acu an Chathaoirleach. Tháinig an ARC le chéile go foirmiúl seacht n-uaire i 2022.

Déanann Coiste Bainistíochta Riosca Fiontair ("CBRF") ar leibhéal feidhmiúcháin maoirseacht ar bhainistíocht éifeachtach riosca agus comhlíonta trí athbhreithniú agus/nó faomhadh a dhéanamh ar phríomhchreataí agus ar bheartais riosca, monatóireacht a dhéanamh ar rioscaí agus rialuithe na heagraíochta agus monatóireacht a dhéanamh ar an bpróifíl riosca fhoriomlán agus ar rioscaí straitéiseacha.

Foilsíodh agus cuireadh an Beartas agus Creat Bainistíochta Riosca agus Creat Inghlacthachta Riosca na Gníomhaireachta, a nuashonraíodh i 2020, in iúl do gach bhall foirne atá le cloí le na riachtanais ann. Thacaigh clár oiliúna riosca agus feasachta le daingniú bainistíocht riosca le linn na tréimhse tuairiscithe.

Creat Riosca agus Rialaithe

Solathraíonn an Beartas agus Creat Bainistíochta Riosca na Gníomhaireachta, tacaithe ag an Chreat Inghlacthachta Riosca, na polasaithe agus próisis le gur féidir príomhrioscaí a shainaithint, a thomhas, a mhonatóiriú, a rialú agus atá tacaithe ag sraith polasaithe bainistíochta riosca.

Coinníonn gach aonad gnó aonaí agus gníomhaíochtaí gnó cláir riosca ina dhéantar a bpríomhrioscaí agus rialúcháin a thaifead agus freagracht as oibriocht na rialúcháin a tugadh. Déanann gach gnó faoi seach athbhreithniú ar na cláir seo dhá uair sa bhliain agus dearbhaíonn úinéirí na rialúcháin na gníomhaíochtaí gnó agus rialúcháin atá leagtha amach iontua. Rinne na coistí riosca, an ARC san áireamh cuí athbhreithniú agus scrúdú ar na cláir riosca le linn na tréimhse tuairiscithe.

Rinne an ARC athbhreithniú agus scrúdú ar phríomhrioscaí na Gníomhaireachta le linn na tréimhse tuairiscithe, bunaithe ar chleachtaí measúnaithe ón mbarr anuas a chuir an ERMC i gcrích a fuair tacaíocht ó chleachtadh ón mbun aníos ag na haonaid ghnó agus na feidhmeanna corparáideacha.

Tá timpeallacht rialaithe bunaithe ag an Ghníomhaireacht, lena bhfuil seo a leanas mar pháirt de:

- Tairmligeann Príomhfeidhmeannach na Gníomhaireachta freagrachtaí údarais agus airgeadais do bhainistíocht agus fhoireann na Gníomhaireachta tríd úsáid údarais tairmligthe a thugann sainmhíniú ar a bhfreagrachtaí údarais agus airgeadais le gníomhú thar ceann na Gníomhaireachta.
- Tá polasaithe agus nósanna imeachta forbartha aici i dtaca le bainistiú príomhghnéithe a gníomhaíochtaí. Athbhreithníonn úinéirí na ngnóthaí seo na polasaithe agus nósanna imeachta agus nuashonraítear iad le hailíniú le nósanna imeachta gnó.
- Tá córais airgeadais cuí agus córais bainistíochta buiséid, a chuimsíonn rialúcháin cuntais iníoctha chomh maith le gnáthtuairisciú ar chostais na Gníomhaireachta agus ar mhonatóireacht ar chostais i gcoinne buiséid chuig an Fhoireann Bhainistíochta Fheidhmiúcháin.
- Tá creat tuairiscithe airgeadais bunaithe aici le tacú lena hoibligeáidí tuairiscithe seachtracha agus reachtúla i dtaca lena gnóithe.

¹ An Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe ó 1 Feabhra 2023.

- Tá córais bunaithe, nósanna imeachta agus rialúcháin ar fáil lena sócmhainní gnó ag cuimsiú sócmhainní réadmhaoine, trealamh agus feithicle a bhainistiú agus a chosaint.
- Glacann sí céimeanna réasúnta uilig a mheastar bheith cuí le heolas agus coráis lena n-áirítear rúndacht, sláine agus barántúlacht an eolais stóráilte ar choráis na Gníomhaireachta a chosaint agus riosca rochtain gan údarú ar eolas ó fhoinsí inmheánacha agus seachtracha a íoslaghdú. Baintear an chosaint seo amach tríd cur i bhfeidhm caighdeáin, polasaithe agus rialúcháin aitheanta.
- Bhunaigh sé beartas agus nósanna imeachta um rioscaí tríú páirtí chun measúnú agus bainistiú a dhéanamh ar rioscaí a bhaineann le tríú páirtithe lena n-áirítear faireachán agus maoirseacht a dhéanamh ar sholáthraithe seirbhísí tríú páirtí criticiúla.
- Tá Creat um Chibearchosaint bunaithe aici le sainithint, tomhas agus bainistiú na rioscaí cibear ar a bhféadfaí an Gníomhaireacht bheith neamhchosanta a éascú. Tá Oiliúint Feasachta Gnáthfhoirne ar chibear-rioscaí curtha in áit do ghach ball foirne na Gníomhaireachta.
- Tá creat leanúnach ghnó aici le hiarracht a dhéanamh cinntiú gur féidir leis an Gníomhaireacht cnámha scéil trioblóidigh a bhainistiú, áitreach teagmhais a sholáthar, príomhchórais a aisghabhadh, agus gnáthoibríochtaí gnó a thosacht arís go pras.

Tá roinnt de phróisis ghnó na Gníomhaireachta, go háirithe d'íocaíochtaí na Gníomhaireachta um Éilimh ar an Stát, de láimh i gcónaí. Bhí líon an-bheag botúin íocaíochtaí (0.1% de réir luacha agus lín) a tharla. Aisghabhadh gach íocaíocht den sórt sin go hiomlán agus níor tháinig aon ghlanachailteanais chun cinn. Cé gur tugadh isteach rialuithe agus nósanna imeachta feabhsaithe chun an riosca gnó seo a mhaolú in 2020 agus 2021, leanann an Bhainistíocht uirthi ag díriú ar fheabhsuithe breise ar rialuithe agus nósanna imeachta ábhartha.

Monatóireacht agus Aithbhreithniú leanúnach

Tá próisis bunaithe ag an Gníomhaireacht do mhonatóireacht agus aithbhreithniú leanúnach ar eifeachtacht na rialúcháin atá curtha i bhfeidhm tríd a múnla trí-líne-chosanta, ina n-áirítear:

- Is leis an chéad líne, a chuimsíonn aonaid ghnó agus feidhmeanna corporáideacha na Gníomhaireachta, úinéireacht na rioscaí a bhaineann le ghníomhaíochtaí gnó agus atá freagrach go príomha as rioscaí a bhainistiú ar bhonn laethúil. Áiríonn seo cur i bhfeidhm agus monatóireacht ar chloí le polasaithe bainistíochta riosca agus fonn riosca na Gníomhaireachta, féinmheasúnaithe riosca agus rialúcháin a dhéanamh, imeachtaí oibríochtúla a bhainistiú agus freagraí cearta a chur i bhfeidhm. Cuireann siad tuairisc ar fáil do Choiste Rialachas Riosca ar a rioscaí agus rialúcháin agus imeachtaí oibríochtúla.
- Cuimsíonn an dara líne feidhmeanna Riosca agus Rialúcháin na Gníomhaireachta agus tá sé neamhspleách ó bhainistíocht agus oibríochtaí na céad líne. Déanann an feidhm Riosca monatóireacht ar cloí le polasaithe bainistíochta riosca ar fud na Gníomhaireachta, ag cur aithbhreithniú neamhspleách agus dúshlán don chéad líne ar fáil, agus soláthraíonn sé tuairiscí riosca agus eolas do na coistí rialúcháin riosca éagsúla. Cuireann na hOifigigh Fheidhm Comhlíontachta agus Cosanta Sonraí feasacht chun cinn tríd oiliúint, cóid iompair agus polasaithe ábhartha. Soláthraíonn siad tacaíocht, comhairle agus dúshlán neamhspleách don bhainistíocht líne thosaigh agus cuireann siad tuairiscí rialta isteach chuig an CBRF agus an ARC.
- Is Iniúchadh Inmheánach an tríú líne cosanta, a chuireann deimhní neamhspleách rioscabhunaithe ar fáil do phríomhpháirtithe leasmhara maidir le stóinseacht chóras bainistíochta riosca na Gníomhaireachta, maidir lena rialachas, bainistiú riosca ghinearálta agus maidir le dearadh agus éifeachtacht oibríochtúil thimpeallacht an rialaithe inmheánaigh faoi chlár oibre planáilte ceadaithe ag an ARC. Cuireann an t-iniúchóir inmheánach tuairiscí rialta ar fáil don ARC ar stádas na timpeallachta rialaithe inmheánaigh i gcomhtheacs aithbhreithnithe déanta agus stádas ceisteanna iniúchta inmheánacha roimhe.

Soláthar

Tá Beartas Soláthair bunaithe ag an Gníomhaireacht (arna fhoilsiú ar a láithreán gréasáin) agus Nós Imeachta Soláthair. Tagann cleachtais soláthair na Gníomhaireachta leis na doiciméid thuasluaite. Tá plan soláthair chorporáidigh ar bun agus tá sé á chur chun feidhme, atá bunaithe ar an teimpléid a foilsíodh i gCreatdoiciméad Beartais na hOifige um Sholáthar Rialtais. Déantar an plan soláthair chorporáidigh a nuashonrú gach bliain.

Tá Nós Imeachta Soláthair na Gníomhaireachta ag teacht le treoirilínte reatha Oifig Sholáthair an Rialtais (OGP). I gcásanna áirithe measfar go bhfuil sé riachtanach eisceachtaí cuí-údaraithe a fháil ón mBeartas agus ón Nós Imeachta (eadhon, gan próiseas tairisceana iomaíoch á reáchtáil) maidir le seirbhísí, soláthairtí nó oibreacha a bhfuil luach os cionn €5,000 acu (seachas CBL) agus atá faoi thairseacha AE mar shampla. ar chúiseanna rúndachta, coimhlíntí leasa, práinne, cearta maoine intleachtúla a chosaint, foinse aonair soláthair srl.

Tá Gníomhaireacht bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta faoi réir Threoir an AE 2014/24/AE mar a chuirtear i bhfeidhm in Éirinn ag Rialachán an Aontais Eorpaigh (Bronnadh Conarthaí Údarais Phoiblí) 2016 (na 'Rialacháin'), maidir le soláthar seirbhísí, soláthairtí agus oibreacha os cionn tairseacha luacha áirithe arna leagan síos ag an AE. I gcás nach bhfuil feidhm ag na Rialacháin – toisc go bhfuil luach an tsoláthair faoi bhun tairseacha an AE nó tá sé lasmuigh de na Rialacháin – glacann an Gníomhaireacht le próiseas (de réir a Beartais agus an Nóis Imeachta Soláthair seo mar atá léirithe thuas) atá ceaptha chun an luach is fearr airgid a bhaint amach. Is í an bhainistíocht shinsearach a cheadaíonn eisceachtaí ó Bheartas agus Nós Imeachta Soláthair na Gníomhaireachta.

Ráiteas ar Rialú Inmheánach (ar lean)

Ní hionann eisceachtaí faoi Bheartas Soláthair na Gníomhaireachta agus Nós Imeachta Soláthair agus soláthar neamhchomhlíontach. I gcás conarthaí a bhfuil luach os cionn tairseacha an AE acu, tá reachtaíocht AE infheidhme, agus ceadaíonn na Rialacháin eisceachtaí ó phróiseas tairisceana iomaíoch AE in imthosca an-teoranta.

I rith 2022, rinneadh íocaíochtaí ar luach iomlán €7.1m (seachas CBL) (2021: €6.15m roimh CBL) maidir le hearraí/seirbhísí a bhí faoi réir eisceachtaí soláthair arna gceadú de réir Bheartas agus Nós Imeachta Soláthair na Gníomhaireachta agus an Nós Imeachta Soláthair. Tugtar miondealú ar na heisceachtaí seo sa tábla thíos.

Catagóir	Iomlán (roimh CBL)	
	2022 €m	Nótaí
Finnéithe Saineolaí	5.76	Nóta 1
Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáid	0.86	Nóta 2
Seirbhísí Gairmiúla	0.48	Nóta 3

Nóta 1: Nótlis finnénithe iad sainfhinnénithe atá fostaithe ag an Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát ("GÉS") le tuairiscí a chur ar fáil agus fianaise a thabhairt i gcásanna díobháil phearsanta agus dámáiste réadmhaoine atá á mbainistiú ag an GÉS. Cé go bhfuil siad fostaithe ag an GÉS, is finnénithe na Cúirte iad agus is é a bpríomhdhualgas sainfhianaise ionraic, neamhspléach agus neamhchlaonta, laistigh dá sainréimse, a sholáthar don Chúirt. Is féidir sainfhinnénithe a roinnt i dhá chatagóir leathan: finnénithe i dtaca le cúisiócht agus dliteanas (m.sh., finnénithe leighis agus innealtóireachta) agus finnénithe i dtaca le candam agus fíric (m.sh., finne achtúireach). Ní chuireann an GÉS finnénithe ar fáil go hiomaíoch maidir le cúisiócht agus dliteanas ar an mbonn gur mheas siad gur dócha go n-eascródh leibhéal breise riosca dlíthíochta as próiseas soláthair den sórt sin i ndáil le neamhspléachas aitheanta finnénithe den sórt sin. Bunaíodh painéal chun sainseirbhísí finnénithe achtúireacha a sholáthar in 2021. Fuarthas tairiscintí le haghaidh painéal d'fhinnénithe saineolaithe ailtireachta agus ar leithligh le haghaidh trí phainéal de sholáthraithe seirbhíse imscrúdaitheoirí príobháideacha i mí na Samhna 2022 agus cuireadh na painéil seo i bhfeidhm roimh dheireadh mhí an Mhárta 2023. Ba chóir a thabhairt faoi deara go mbaineann íocaíochtaí le finnénithe saineolacha le líon mór coinní ar leithligh, sa chás go bhfuil an méid is iníochta i bhformhór na gcásanna aonair níos lú ná €5,000 (gan CBL).

Nóta 2: Áirítear leis seo íocaíochtaí €0.42m (49% d'iomlán na catagóire) le soláthraithe aonair seirbhíse agus íocaíochtaí €0.16m (19% d'iomlán na catagóire) le gníomhaireachtaí rátála creidmheasa airgeadais i gcás ina raibh gá leis na seirbhísí chun cloí le Treoirínte ón Aire arna n-eisiúint de bhun Alt 4(4) den Acht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta 1990; agus íocaíochtaí €0.14m (16% d'iomlán na catagóire) le soláthraí uirlisí trádála tánaisteacha, a theastaíonn mar shocrú teagmhasach riachtanach, agus seirbhísí bunachar sonraí eacnamaíocha le haghaidh gníomhaíochtaí maoinithe agus bainistíochta fiachais.

Nóta 3: Áirítear leis seo íocaíochtaí €0.14m (29% d'iomlán na catagóire) le soláthraithe aonair seirbhíse, agus íocaíochtaí €0.17m (35% d'iomlán na catagóire) le beirt comhairleoirí le haghaidh sainseirbhísí, lena n-áirítear seirbhísí comhairleacha dlíthiúla neamh-AE, a bhaineann le h-idirbheartanna atá íogair ó thaobh na tráchtála de agus/nó íogair ó thaobh ama de.

Déantar athbhreithniú ar bhonn leanúnach ar Bheartas Soláthair na Gníomhaireachta agus ar a Nós Imeachta Soláthair agus déantar iad a nuashonrú nuair is gá.

Athbhreithniú Bhliantúil ar Éifeachtacht

Deimhnímid go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe. Tá monatóireacht agus athbhreithniú Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh bunaithe ar obair na n-iniúcháirí inmheánacha agus seachtracha, obair an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca a dhéanann maoirsiú ar a gcuid oibre, agus obair na bainistíochta shinsearaí laistigh de Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta atá freagrach as an gcreat rialaithe airgeadais inmheánaigh a fhorbairt agus a chothabháil.

Deimhnímid go ndearna an Ghníomhaireacht athbhreithniú bliantúil ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha do 2022.

Níor aithníodh aon laigí sa rialú inmheánach maidir le 2022 a éilíonn nochtadh sna ráitis airgeadais.

Susan Webb
Cathaoirleach
Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

Gerardine Jones
Cathaoirleach, Coiste Iniúcháireachta agus Riosca
Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

4 Bealtaine 2023

Ráitis Airgeadais de Chuid

Fiachas Náisiúnta na hÉireann

Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022

Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste	90
Fónamh ar an bhFiachas Náisiúnta	92
Ráiteas ar an bhFiachas Náisiúnta	93
Ráiteas ar Shreabhadh Airgid an Fhiachais Náisiúnta	94
Ráiteas ar Ghluaiseacht san Ghlanfhiachas Náisiúnta	95
Nótaí leis na Ráitis Airgeadais	96



Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste Comptroller and Auditor General

Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

Fiachas Náisiúnta na hÉireann

Tuairim maidir leis na ráitis airgeadais

Tá na ráitis airgeadais ar fhiachas náisiúnta na hÉireann ullmhaithe ag an Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (an Ghníomhaireacht) iniúchta agam don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022 de réir mar a éilítear faoi fhorálacha Ait 12 an Achta Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta 1990 (mar atá arna leasú). Cuimsítear leis na ráitis airgeadais fónamh ar an bhfiachas náisiúnta, ráiteas an bhfiachas náisiúnta, an ráiteas maidir le sreabhadh airgid an fhiachas náisiúnta, an ráiteas ar ghluaiseacht an fhiachas náisiúnta agus nótaí leis na ráitis airgeadais.

Is é mo thuairim go dtugann na ráitis airgeadais léargas ceart

- ar iarmhéid gan íoc an fhiachas náisiúnta ag 31 Nollaig 2022, agus
- ar costas fónaímh d'fhiachas 2022.

Bunús leis an tuairim

Rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúcháireachta (ISAnna) mar a fhógraíonn an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúcháireachta. Tá cur síos ar mo chuid freagrachtaí faoi na caighdeáin seo in aguisín an tuairisc seo. Tá mé neamhspleách ón Ghníomhaireacht agus tá mo chuid freagrachtaí eiticíúla comhlíonta agam i gcomhréir leis na caighdeáin.

Creidim go bhfuil an fhianaise iniúcháireachta atá faighte agam leordhóthanach agus iomchuí le mo thuairim a bhunú uirthi.

Tuairisc ar eolas seachas na ráiteas airgeadais, agus ar nithe eile

Tá eolas eile faoi leith curtha i láthair ag an Ghníomhaireacht leis na ráitis airgeadais i dtaca le oibríocht an fhiachas náisiúnta. Cuimsíonn sé tuarascáil bhliantúil an Ghníomhaireacht lena n-áirítear an ráiteas (maidir le rialachas, tuarascáil na stiúrthóirí) agus an ráiteas maidir le rialú inmheánach. Tá cur síos san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo ar mo chuid freagrachtaí maidir le tuairisc a thabhairt ar an eolas sin, agus ar nithe eile faoi leith ar a dtuairiscím trí eisceacht.

Níl aon ní le tuairisciú agam ina leith sin.

Seamus McCarthy

An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

15 Bealtaine 2023

Aguisín a ghabhann leis an tuarascáil

Freagrachtaí Ghníomhaireacht Bainistíocht an Chisteáin Náisiúnta

Leagtar amach freagrachtaí baill an ghníomhaireachta sa ráiteas rialachas agus tuairisc baill an ghníomhaireachta

- ullmhú na ráiteas airgeadais bhliantúil san fhoirm a fhorordaítear faoi alt 12 an Achta um Ghníomhaireacht Bainistíocht an Chisteáin Náisiúnta 1990 (mar atá arna leasú)
- cinntiú go dtugtar léargas ceart ar chúrsaí an iarmhéid an fhiachas náisiúnta gan íoc ag 31 Nollaig 2022 agus costas fónaímh d'fhiachas na bliana
- rialtacht idirbhearta a chinntiú, agus
- cibé rialú inmheánach a mheasann siad is gá le go bhféadfar ráitis airgeadais a ullmhú atá saor ó mhiráiteas ábhartha, cibé acu mar gheall ar chalaíocht nó ar bhotún.

Freagrachtaí an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt faoi alt faoi fhorálacha Alt 12 an Achta Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta 1990 (mar atá arna leasú) iniúchadh a dhéanamh ar ráitis airgeadais an fhiachas náisiúnta agus tuarascáil orthu a thabhairt do Thithe an Oireachtais.

Is é cuspóir m'iniúchta dearbhú réasúnta a fháil an bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhiráiteas ábhartha mar gheall ar chalaíocht nó ar bhotún. Is ionann dearbhú réasúnta agus leibhéal ard dearbhaithe, ach ní ionann é agus ráthaíocht go n-aimseoidh iniúchadh a dhéantar i gcomhréir leis na ISAnna míráiteas ábhartha i gcónaí. Féadfaidh míráitis eascairt as calaíocht nó botún agus meastar iad a bheith ábhartha más féidir a bheith ag súil go réasúnta go n-imreodh siad tionchar, go haonair nó go comhiomlán, ar chinntí eacnamaíocha a dhéanann úsáideoirí ar bhonn na ráiteas.

Mar chuid d'iniúchadh i gcomhréir leis na ISAnna, úsáidim breithiúnas gairmiúil agus sceipteachas gairmiúil ar feadh an iniúchta. Agus é sin á dhéanamh agam,

- Déanaim rioscaí maidir le míráitis ábhartha sna ráitis airgeadais, cibé acu mar gheall ar chalaíocht nó ar bhotún, a shainaithint agus a mheas; déanaim nósanna imeachta iniúchóireachta a dhearadh agus a chur i bhfeidhm a fhreagraíonn do na rioscaí sin; agus faighim fianaise iniúchóireachta atá leordhóthanach agus iomchuí le mo thuairim a bhunú uirthi. Tá an riosca nach n-aimseofar míráiteas ábhartha mar thoradh ar chalaíocht níos airde ná an riosca maidir le ceann a eascraíonn as botún, mar go bhféadfadh sé go mbeadh claonpháirteachas, brionnú, easnaimh d'aon ghnó, mífhaisnéis, nó gabháil treise ar an rialú inmheánach i gceist leis.
- Faighim tuiscint ar rialú inmheánach atá ábhartha don iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchóireachta a dhearadh atá oiriúnach sna cúinsí, ach nach bhfuil oiriúnach chun tuairim a chur in iúl maidir le héifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim measúnú ar oiriúnacht na bpolasaithe cuntaíochta a úsáideadh agus réasúntacht na meastachán cuntaíochta agus an nochta gaolmhar.

Cuirim in iúl dóibh siúd atá freagrach as rialachas, i measc nithe eile, raon feidhme beartaithe agus uainiú an iniúchta agus tátail shuntasacha an iniúchta, lena n-áirítear aon easnaimh a aimsim le linn m'iniúchta i dtaca le rialachas inmheánach.

Tuairiscím freisin trí eisceacht má, i mo thuairim,

- mura bhfaighim an fhaisnéis agus na mínithe fo léir a theastaigh uaim chun m'iniúchadh a dhéanamh, nó
- mura raibh na taifead cuntaíochta dóthanach le iniúchadh na ráitis airgeadais a cheadú go fonmhar agus i gceart, nó
- mura bhfuil na ráitis airgeadais ag teacht le na taifead cuntaíochta.

Eolas nach mbaineann leis na ráitis airgeadais

Ní chumhdaítear le mo thuairim faoi na ráitis airgeadais an t-eolas eile a chuirtear i láthair leis na ráitis sin, agus ní thugaim aon chineál tátail maidir le dearbhú ina leith.

I dtaca le m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais, éilítear orm faoi na ISAnna an t-eolas eile a léamh a cuireadh i láthair agus, le linn dom é sin a dhéanamh, breathnú an bhfuil an t-eolas eile neamh-chomhréireach go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó leis an eolas a fuarthas le linn an iniúchta, nó an cosúil ar shlí eile go bhfuil míráiteas ábhartha déanta ina leith. Más rud é go mbainim an tátail, bunaithe ar an obair atá déanta agam, go bhfuil míráiteas ábhartha ann i dtaca leis an eolas eile sin, éilítear orm é sin a thuairisciú.

Tuairiscíú ar nithe eile

Déantar m'iniúchadh trí thagairt do na léirbhreithnithe speisialta a bhaineann le comhlachtaí Stáit maidir lena mbainistíocht agus lena bhfeidhmiú. Tuairiscím má tá nithe ábhartha ann a bhaineann leis an mbealach ina bhfuil gnó poiblí déanta.

Féachaim le fianaise a fháil ar rialtacht idirbhearta airgeadais le linn an iniúchta. Tuairiscím aon chás ábhartha nár cuireadh airgead poiblí i bhfeidhm chun na críocha dá raibh siad ceaptha nó nár chloí idirbhearta leis na húdaráis a rialaíonn iad.


Fónamh ar an Bhfiachas Náisiúnta

Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022

	Nóta	2022 €m	2021 €m
Ús íoctha ar Ollfhiachas Náisiúnta	3	3,589	3,482
Ús íoctha ar Airgead Tirim agus Sócmhainní Airgeadais Eile	4	112	112
Táillí agus Costais Oibriúcháin	5	140	151
Costas Fónaimh d'Fhiachas Iomlán		3,841	3,745

Tá na nótaí tionlacain mar chuid lárnach de na ráitis airgeadais.

Thar ceann na Gníomhaireachta



Frank O'Connor, Príomhfheidhmeannach
Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta



Susan Webb, Cathaoirleach
Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

4 Bealtaine 2023


Ráiteas ar Fhiachas Náisiúnta

Ag 31 Nollaig 2022

	Nóta	2022 €m	2021 €m
Fiachas Meántéarmach/Fadtéarmach			
Bannaí Rialtas na hÉireann	6	146,565	154,105
Iasachtaí Cláir an AE	7	40,911	40,911
Fiachas Eile Meántéarmacha/Fadtéarmacha	8	7,850	7,653
		195,326	202,669
Fiachas Gearrthéarmach			
Páipéar Gearrthéarmach	9	9,910	9,766
Iasachtaí ó Chistí Aire	10	5,991	5,099
		15,901	14,865
Scéimeanna Coigiltis Stáit			
Táirgí Coigiltis Stáit	11	20,009	19,643
Ollfhiachas Náisiúnta			
Airgead tirim ag Banc Ceannais na hÉireann	12.1	(23,306)	(27,474)
Sócmhainní Airgeadais Eile	12.2	(3,045)	(1,675)
Glanfhiachas Náisiúnta	13	204,885	208,028

Tá na nótaí tionlacain mar chuid lárnach de na ráitis airgeadais.

Thar ceann na Gníomhaireachta



Frank O'Connor, Príomhfheidhmeannach
Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta



Susan Webb, Cathaoirleach
Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

4 Bealtaine 2023

Réamhrá

Aithbhreithniú Gníó

Faisnéis Rialachais agus Chiorparáideach

Ráitis Airgeadais

Punann Infheistíochtaí - CISE

Ráiteas ar Shreabhadh Airgid an Fhiachais Náisiúnta


Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022

	Nóta	2022 €m	2021 €m
Gluaiseacht in iarmhéideanna Airgid Státhchiste			
Iarmhéid an 1 Eanáir	12.1	27,474	17,362
(Méadú)/Laghdú ar Shócmhainní Airgeadais Eile	12.2	(1,370)	163
(Glan-aisíoc)/Glan-iasacht Fiachais (féach thíos)		(7,783)	17,321
		18,321	34,846
Barrachas/(Easnamh) Státhchiste		4,985	(7,372)
Iarmhéid ag 31 Nollaig	12.1	23,306	27,474
		2022 Net⁽¹⁾ €m	2021 Net⁽¹⁾ €m
(Glan-aisíoc)/Glan-iasacht Fiachais:			
Fiachas Meántéarmach/Fadtéarmach			
Bannaí Rialtas na hÉireann	6	(9,403)	16,902
Iasachtaí déthaobhacha AE agus RA	7	-	(505)
Fiachas Eile Meántéarmacha/Fadtéarmacha	8	197	3,573
Fiachas Gearrthéarmach			
Páipéar Gearrthéarmach	9	165	(4,235)
Iasachtaí ó Chistí Aire	10	892	771
Scéimeanna Coigiltis Stáit			
Táirgí Coigiltis Stáit	11	366	815
(Glan-aisíoc)/Glan-iasacht Fiachais		(7,783)	17,321

¹ Léiríonn na suimeanna an ghlan-aisíocaíocht nó an ghlániasachtaíocht fiachais (préimheanna agus lacáistí íoctha ag eisiúint/íoc) chomh maith le tar-rolladh fiachais agus idirbhearta gaolmhara fálaíthe. Mar thoradh air sin, ní fhéadfaidh gluaiseachtaí iarmhéideanna amuigh i nótaí 6 go 9 (a thaispeáineann príomhshuim an fhiachais) aontú le glanfiachas a fháil ar aisíoc nó iasacht a bhfuil cur síos air thuas.

Tá na nótaí tionlacain mar chuid lárnach de na ráitis airgeadais.

Thar ceann na Gníomhaireachta



Frank O'Connor, Príomhfheidhmeannach
Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta



Susan Webb, Cathaoirleach
Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

4 Bealtaine 2023


Ráiteas ar Ghluaiseacht sa Ghlanfhiachas Náisiúnta

Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022

	Nóta	2022 €m	2021 €m
Glanfhiachas Náisiúnta ag 1 Eanáir	13.3	208,028	200,282
(Laghdú)/Méadú ar Ghlanfhiachas Náisiúnta		(3,143)	7,746
Glanfhiachas Náisiúnta ag 31 Nollaig	13.3	204,885	208,028
(Laghdú)/Méadú ar Ghlanfhiachas Náisiúnta ionadaithe ag:			
(Barrachas)/Easnamh Státhchiste		(4,985)	7,372
Éifeacht na nGluaiseachtaí i Rátaí Malairte Eachtraí		(22)	(26)
Coigeartú ar Bhannaí Cenagailte le Boilsciú		99	51
Glanlascaine ar Fhiachas Meántéarmacha/Fadtéarmacha		1	6
Glanlascaine/(Préimh) ar Eisiúintí		294	(931)
Caillteanas ar Chealuithe Bannaí		1,470	1,274
		(3,143)	7,746

Tá na nótaí tionlacain mar chuid lárnach de na ráitis airgeadais.

Thar ceann na Gníomhaireachta



Frank O'Connor, Príomhfheidhmeannach
Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

4 Bealtaine 2023



Susan Webb, Cathaoirleach
Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

Réamhrá

Aithbhreithiú Gnó

Faisnéis Rialachais
agus Chonparáideach

Ráitis
Airgeadais

Punann
Infheistíochtaí - CISE

Nótaí Leis na Ráitis Airgeadais

1. Cúlra

Faoin Acht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, 1990, ("an t-Acht") comhlíonann Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta ("an Ghníomhaireacht") feidhmeanna iasachta agus Bainistíochta an Fhiachais Náisiúnta thar ceann an Aire Airgeadais.

Sainmhínítear Fiachas Náisiúnta le halt 1 den Acht mar fhiach atá gan íoc de thuras na huaire ag an Stáitchiste. Chun críche na ráiteas airgeadais, is é seo an Ollfhiachas Náisiúnta agus cuirtear Glanfhiachas Náisiúnta i láthair mar an nglanfhiachas a thabhaigh an Stáitchiste tar éis airgead tirim agus sócmhainní airgeadais eile a chur san áireamh.

Tá foirm ráitis airgeadais an Fhiachais Náisiúnta ceadaithe ag an Aire Airgeadais faoi alt 12 den Acht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, 1990 árna leasú.

Áirítear ar ráitis airgeadais an Fhiachais Náisiúnta nótaí nochtá (nótaí 14.2, 16 agus 17) i ndáil leis an larscríbhinn um Thacaíocht Creidmheasa (CSA), an Cuntas Comhthaobhach, an Cuntas Réamhús Iasachtaí Náisiúnta, an Cuntas um Iasachtaí Náisiúnta (Foirceannadh), an Cuntas um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (Dibhinní Neamhéilíthe) agus an Cuntas um Airgead Caiteachais Phoiblí Barrachais. Ós rud é gur cuntais oibríochta iad seo i mBanc Ceannais na hÉireann, a bunaíodh chun críocha sonracha lasmuigh de Chuntas an Stáitchiste, ní áirítear na hiarmhéideanna airgid a bhaineann leis an mBanc Ceannais ar an Ráiteas Náisiúnta Fiachais.

2. Bonn Ullmhúcháin

Rinneadh na ráitis airgeadais a réiteach don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2020, bunaithe ar airgead agus faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil ach amháin nuair a shonraítear a mhalairt.

Is ionann an Ráiteas ar Fhiachas Náisiúnta agus ráiteas ar an tsuim iomlán de bhunairgead a fuair Éire ar iasacht nach raibh aisíochta ag deireadh na bliana (Ollfhiachas Náisiúnta), lúide airgead agus sócmhainní airgeadais eile atá ar fáil d'fhuascailt na ndliteanas sin ar an dáta céanna (Glanfhiachas Náisiúnta). Déanann an tAire Airgeadais faoi reachtanna éagsúla iasachtaí an Stáit agus gníomhaireachtaí eile a ráthú freisin. Ní áirítear na ráthaíochtaí sin sna ráitis airgeadais seo.

Is é an euro an t-airgeadra tuairiscithe. Tá na méideanna uile sna ráitis airgeadais slánaithe go dtí an milliún is gaire mura sonraítear a mhalairt. Mar gheall ar shlánú, féadfaidh sé nach réitíonn na suimeanna iomlána le chéile. Áit a bhfuil siad in úsáid, seasann '000' nó 'k' do mhíle, agus seasann 'm' do mhilliún.

2.1 Fáltais agus Iocaíochtaí

Is ag an am a fhaightear an t-airgead nó a dhéantar an locaíocht a thaifeadtar fáltais agus locaíochtaí a bhaineann leis an bhFiachas Náisiúnta tríd an gCuntas Stáitchiste, trí Chuntais Imréitigh Airgeadra Eachtraigh agus tríd an gCuntas Fuascailte Seirbhísí Caipitiúla.

2.2 Luacháil Dliteanais

Déantar iarmhéideanna fiachais a thaifeadadh sa Ráiteas Fiachais Náisiúnta ag a parluach infhuascailte. Nuair a eisítear nó má chealaítear fiachas meántéarmach nó fadtéarmach ar phréimh nó ar lascaine dá pharluach infhuascailte, tuairiscítear an chomaoín iomlán laistigh d'iarmhéid an Stáitchiste ar an bhFiach Náisiúnta. Ansin léirítear an phréimh nó an lascaine tríd an Ráiteas Gluaiseachta sa Ghlanfhiach Náisiúnta. Maidir le dliteanais ina bhfuil an parluach infhuascailte nasctha le boilsciú, tugtar cuntas ar an méadú nó an laghdú ar an dliteanas mar gheall ar ghluaiseachtaí boilscithe tríd an Ráiteas Gluaiseachta i nGlanfhiachas Náisiúnta.

2.3 Díorthaigh

Déantar comhaontuithe babhtála agus ionstraim eile airgeadais chun críocha fálaithe mar chuid de phróiseas bainistithe an Fhiachais Náisiúnta. Aithnítear torthaí na ngníomhaíochtaí fálaithe seo atá nasctha le hidirbhearta sonracha iasachta de réir na mbun-idirbheart. Áirítear na glansreabhaithe ciste a éiríonn as gníomhaíochtaí fálaithe nach bhfuil nasctha le hidirbhearta sonracha iasachta i gcostais as fónamh d'fhiachas nuair a fhaightear na cistí nó nuair a dhéantar locaíocht. Sa chás go gcríochnaítear babhtálacha nó go n-aistrítear go hionstraim eile babhtála iad, bíonn tionchar ag na glansreabhaithe ciste ar fhónamh d'fhiachas de réir théarmaí na hionstraime leasaithe.

2.4 Airgeadraí Eachtracha

Aistrítear fáltais agus locaíochtaí in airgeadra eachtrach go euro de réir an ráta malairte atá i bhfeidhm ar dháta an idirbhirt. Aistrítear dliteanais agus sócmhainní in airgeadra eachtrach go euro ag an ráta malairte atá i bhfeidhm ag deireadh na bliana.

3. Ús Ioctha ar Fhiachas Náisiúnta Glan

	2022 €m	2021 €m
Ús a Íocadh ar Fhiachas Meántéarmach/Fadtéarmach		
Bannaí Rialtas na hÉireann	2,505	2,446
Iasachtaí déthaobhacha AE agus RA	659	764
Iasachtaí Schuldscheine	35	35
Fiachas Meántéarmach/Fadtéarmach Eile	34	24
An Banc Eorpach Infheistíochta	19	18
Fálú ar Dhíorthaigh Fiachas Meántéarmach/Fadtéarmach	8	38
Iasacht SURE	6	-
Banc Forbartha Chomhairle na hEorpa	1	1
	3,267	3,326
Ús Ioctha/(Faighite) ar Fhiachas Gearrthéarmach		
Ciste Bainc Taisce Oifig an Phoist um Bealaí agus Modhanna	146	-
Páipéar Tráchtála Euro	21	(4)
Nótaí Státhchiste	4	(1)
Notaí Státhchiste Lárnacha	1	-
Billí Státhchiste na hÉireann	(13)	(25)
	159	(30)
Ús a Íocadh ar Scéimeanna Coigiltis Stáit		
Bannaí Náisiúnta Dlúthpháirtíochta 10 mBliana	78	68
Cairteacha Coigiltis	49	83
Duaiséanna i leith Duaisbhannaí	16	16
Bannaí Coigiltis	9	10
Bannaí Náisiúnta Dlúthpháirtíochta 4 Bliain	6	4
Tráthchoigiltí	5	5
	163	186
Glanús Iomlán a Íocadh ar Ollfhiachas Náisiúnta	3,589	3,482

In 2022, ghearr Ciste Bainc Taisce Oifig an Phoist ús ar na hAirleacain Bealaí & Modhanna chuig an Státhchiste.

4. Ús Ioctha agus Ioncam Eile

	2022 €m	2021 €m
Ús Ioctha ar Airgid Tirim ag Banc Ceannais na hÉireann	128	122
Ús Faighite ar Shócmhainní Airgeadais Eile	(16)	(10)
	112	112

Léiríonn ús a íoctar ar iarmhéideanna airgid na rátaí úis diúltacha atá i réim a ghearrann Banc Ceannais na hÉireann ar airgead tirim.

Nótaí Leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

5. Táillí a Íocadh agus Costais Oibriúcháin

	2022 €m	2021 €m
Iasachtaí déthaobhacha AE agus RA	28	39
Duaisbhannaí	14	13
Bannaí Rialtais agus Speansais Eile	8	23
Cairteacha Coigiltis	8	9
Bannaí Náisiúnta Dlúthpháirtíochta 10 mBliana	7	6
Bannaí Coigiltis	3	3
Bannaí Náisiúnta Dlúthpháirtíochta 4 Bliain	2	2
Tráthchoigiltí	1	1
	71	96
Costais Oibriúcháin na Gníomhaireacht ²	69	55
	140	151

Áirítear go príomha leis na táillí ar an Ollfhiachas Náisiúnta táillí seirbhíse ar fhiachais fadtéarmacha (lena n-áirítear táillí saoráide athfhillteacha mar aon le táillí aonuaire idirbhirt lena n-aisloctar costais oibríochta an iasachtóra), táillí sindeacáite ar eisiúint bannaí nua agus táillí seirbhíse An Post i ndáil le táirgí Coigiltis Stáit.

² Déantar na speansais a thabhaíonn an Ghníomhaireacht i gcomhlíonadh a cuid feidhmeanna a ghearradh ar an gCuntas Stáitchiste, agus a íoc amach as. Is féidir faisnéis bhreise a tháil i ráitis airgeadais Chuntas Riaracháin GBCN (nóta Príomh-Chiste).

6. Bannaí Rialtas na hÉireann

	2022 €m	2021 €m
Gnáthbhannaí		
Bannaí Ráta Sheasta	142,489	147,111
Bannaí Ráta Chomhlúthaigh	2,534	5,534
Bannaí Amúchta	380	397
	145,403	153,042
Bannaí Innéacsnaasctha	1,162	1,063
Iomlán Banna Rialtas na hÉireann	146,565	154,105

Bannaí Ráta Sheasta:

Is éard atá sa ghlanlaghdú bliain ar bhliain i mbannaí ráta sheasta €4.6 billiún ná eisiúint bannaí €7.1 billiún (gan comhaontuithe athcheannaigh a áireamh) arna fhritháireamh le fuascailtí €11.8 billiún.

San áireamh laistigh de bhannaí ar ráta seasta tá €6.9 billiún ó eisiúint tosaigh bannaí glasa ceannasacha na hÉireann de réir Chreat Bhannaí Glasa Ceannasacha na hÉireann (ISGB). Ba é €Nialas eisiúint nua faoin gcreat do 2022 (2021: €0.8 billiún).

Ó dheireadh na bliana 2022, bhailigh an Ghníomhaireacht €3.5 billiún trí dhíol sindeacáite ISGB nua 20 bliain a aibíonn i mí Dheireadh Fómhair 2043.

6. Bannaí Rialtas na hÉireann (ar lean)

Bannaí Ráta Chomhlúthaigh – Nótaí Gealltanais CÉRB a Ghlanadh:

Tar éis leachtú na Corparáide Éireannai um Réiteach Banc ("CÉRB") an 7 Feabhra 2013, agus an chomhaontaithe idir Rialtas na hÉireann agus Banc Ceannais na hÉireann (BCÉ) maidir le bannaí Rialtais fadtéarmacha a chur in ionad na nótaí gealltanais a soláthraíodh don CÉRB a bhí faoi úinéireacht stáit, cuireadh na nótaí gealltanais ar ceal agus cuireadh ocht mbanna nua Státchiste le Ráta Comhlúthach ina n-ionad. Eisíodh suim iomlán €25.03 billiún do BCÉ an 8 Feabhra 2013, agus aibíochtaí idir 25 bliain agus 40 bliain ag gabháil leis na bannaí.

Le linn 2022, cheannaigh agus chealaigh an Ghníomhaireacht €3.0 billiún (2021: €2.0 billiún) de na Bannaí Ráta Chomhlúthaigh ón CBI ar phréimh €1.47 billiún (2021: €1.27 billiún). Léiríonn an phréimh a íocadh chun na bannaí seo a cheannach ar ais an t-athrú ar a luach cóir ó eisíodh iad in 2013. Dá bhrí sin, laghdaíodh iarmhéid ainmniúil gan íoc na mBannaí Ráta Chomhlúthaigh go €2.53 billiún ag deireadh na bliana 2022 (2021: €5.53 billiún).

Ó dheireadh na bliana 2022, cheannaigh agus chuir an Ghníomhaireacht €1.0 billiún breise de na Bannaí Ráta Chomhlúthaigh ar ceal.

Bannaí Nasctha Boilscithe:

Tá gluaiseacht bliain ar bhliain ar na Bannaí Nasctha Boilscithe mar thoradh ar an méadú ar pharlúach infhuascailte na mbannaí atá i gceist mar gheall ar ghluaiseachtaí boilscithe sa tréimhse.

7. Iasachtaí Cláir an AE

Rinne clár AE/CAI d'Éirinn soláthar do thacaíocht sheachtrach €67.5 billiún ón gCiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta ("CAI"), ón tSaoráid Eorpach um Chobhsaíocht Airgeadais ("EFSM"), ón Sársa Eorpach um Chobhsaíocht Airgeadais ("EFSF") agus d'iasachtaí déthaobhacha eile.

Is iad seo a leanas na dliteanais gan íoc faoi Chlár AE/CAI, lena n-áirítear tionchar na n-idirbheart fálaith airgeadra:

Iasachtóir	Ualaithe Meán Iarmharach Aibíocht Blianta		Ualaithe Meán Iarmharach Aibíocht Blianta	
	2022 €m		2021 €m	
An tSaoráid Eorpach um Chobhsaíocht Airgeadais	18,411	10.1	18,411	11.1
An Sársa Eorpach um Chobhsaíocht Airgeadais (EFSM)	22,500	7.9	22,500	8.9
Iomlán	40,911		40,911	

8. Fiachais Eile Meántéarmacha/Fadtéarmacha

	2022 €m	2021 €m
Nótaí Meántéarmacha/Fadtéarmacha	3,071	2,871
Iasacht SURE an AE	2,473	2,473
An Banc Eorpach Infheistíochta	1,665	1,665
Iasachtaí Schuldscheine	602	602
Banc Forbartha Chomhairle na hEorpa	34	37
Iasachtaí Eile Meántéarmacha/Fadtéarmacha	5	5
	7,850	7,653

Nótaí Leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

9. Páipéar Gearrthéarmach

Eisíonn an Ghníomhaireacht páipéar gearrthéarmach aibíochtaí a mhaireann suas le bliain amháin. Úsáidtear na fáiltais chun an Státchiste a mhaoiniú mar mhaoiniú idirlinne in ionad fiachais níos fadtéarmaí, agus chun críocha bainistiú leachtachta eile. Féadfaidh iasachtaí bheith i raon airgeadraí éagsúla, ach caithfear gach iasacht nach euro í a bhabhtáil láithreach go euro.

	2022 €m	2021 €m
Nótaí Státchiste	7,521	3,916
Nótaí Státchiste Lárnacha	2,389	984
Clár Pháipéar Tráchtála de chuid na hEorpa	-	1,857
Billí Státchiste na hÉireann	-	3,009
	9,910	9,766

10. Iasachtaí ó Chistí Aire

Cuimsíonn an Ollfhiachas Náisiúnta iasachtaí ó chistí eile atá faoi rialú an Aire Airgeadais agus is foinse malartach maoinithe agus leachtachta Státchiste iad. Feidhmíonn na hiasachtaí mar scaibín nuair a aistrítear an t-airgead atá ar fáil chuig Cuntas an Státchiste agus tá siad inaisíochta de réir mar is gá.

	2022 €m	2021 €m
Ciste Bhanc Taisce an Phoist	3,888	3,075
Cuntas Barrachais um Airgeadas Caiteachas Poiblí (nóta 17)	2,103	2,024
	5,991	5,099

11. Scéimeanna Coigiltas Stáit

	2022 €m	2021 €m
Cairteacha Coigiltis	5,903	6,087
Bannaí Náisiúnta Dlúthpháirtíochta 10 mBliana	4,859	4,722
Duaisbhannaí	4,693	4,440
Bannaí Coigiltis	2,417	2,383
Bannaí Náisiúnta Dlúthpháirtíochta 4 Bliain	1,586	1,466
Tráthchoigiltí	549	543
Stampaí Coigiltis	2	2
	20,009	19,643

Tá na suimeanna a thaispeántar i leith Cairteacha Coigiltis, Bannaí Coigiltis, Bannaí Dlúthpháirtíochta, Duaisbhannaí agus Tráthchoigiltí, lena n-áirítear iarmhéideanna airgid de €3 milliún (2021: €1 milliún) atá á gcoimeád ag An Post, ag Permanent TSB Bank agus ag an gCuideachta Duaisbhannaí. Gníomhaíonn An Post agus an Chuideachta Duaisbhannaí mar chláraritheoirí do na scéimeanna faoi seach. Ós rud é go réitítear ráitis airgeadais an Fhiachas Náisiúnta ar bhonn airgid, ní áirítear sna dliteanais suim de €349 milliún (2021: €284 milliún), arb ionann í agus meastachán ar shuim an úis fhabhráithe amhail deireadh 2022 i leith Cairteacha Coigiltis, Bannaí Náisiúnta Dlúthpháirtíochta 10 mBliana, Bannaí Náisiúnta Dlúthpháirtíochta 4 Bliain Bannaí Coigiltis agus Tráthchoigiltí.

12. Airgead agus Sócmhainní Airgeadais Eile

12.1 Iarmhéideanna Airgid an Stáitchiste ag Banc Ceannais na hÉireann

	2022 €m	2021 €m
Cuntas Stáitchiste agus CFSC ³	23,306	27,474

3 Is €204 k (2021: €216k) an tIarmhéid san CFSC ag deireadh na bliana 2022. Coinnítear cuntais an Stáitchiste agus an CFSC (nóta 15) ag BCE.

12.2 Sócmhainní Airgeadais Eile

	2022 €m	2021 €m
Nótaí Ráthaithe na Gníomhaireachta Airgeadais do Thithe	3,010	1,665
Billí Stáitchiste	25	-
Nótaí Rathaithe CBSÉ	10	10
	3,045	1,675

Is infheistíochtaí iad nótaí na Gníomhaireachta Airgeadais Tithíochta agus Chorporáid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann ("CBSÉ") a choinnítear faoi chlár nótaí ráthaithe ar leithligh. Ní fhéadfaidh nótaí ráthaithe a bheith inréadaithe go héasca ag brath ar dhálaí an mhargaidh.

Is ionann Billí Stáitchiste agus infheistíochtaí i mBillí Stáitchiste na hEorpa arna n-eisiúint ag gníomhaireachtaí fiachais eile.

12.3 Cuntais Imréitigh Airgeadra Eachtraigh

Coinníonn an Gníomhaireacht roinnt cuntas imréitigh airgeadra eachtraigh chun críche idirbhearta in airgeadraí nach bhfuil in euro a bhainistiú. Aistrítear fáiltais agus íocaíochtaí in airgeadraí eachtracha go euro ag na rátaí malairte a bhí i réim ag dáta an idirbhirt ag baint úsáide as comhaontuithe babhtála agus ionstraimí airgeadais eile (nóta 2.4).

In 2022, próiseáladh fáiltais agus íocaíochtaí €20.1 billiún (2021: €16.1 billiún) trí chuntais imréitigh airgeadra eachtraigh. Baineann na sreafaí airgid den chuid is mó le gníomhaíochtaí fiachais ghearrthéarmaigh in airgeadraí nach airgeadraí euro iad.

Ba é Énialas an t-Iarmhéid a bhí sna cuntais seo ag deireadh mhí na Nollag 2022 (2021: €Nialas). Ní raibh aon iarmhéideanna eile airgeadra eachtraigh ag an nGníomhaireacht.

13. Bainistíocht Riosca

13.1 Creatlach Bainistíochta Riosca

De bharr fhreagracht na Gníomhaireachta d'eisiúint fiachais nua agus d'aisiocaíocht fiachais atá ag dul in aibíocht araon, i dteannta bainistíocht ráta úis agus phróifíl airgeadra na punainne Fiachais Náisiúnta, is cuid lárnach agus fhíorthábhachtach de ghnó na Gníomhaireachta í an bhainistíocht riosca. Is iad na príomhchatagóirí riosca a eascraíonn as gníomhaíochtaí Fiachais Náisiúnta

na Gníomhaireachta ná riosca leachtachta, riosca margaidh, riosca creidmheasa an chontrapháirtí agus riosca oibríochta.

Le Creat agus Beartas Bainistíochta Riosca na Gníomhaireachta, ordaítear caighdeán éigeantacha agus sainmhínithe ar bhainistíocht riosca a bhfuil feidhm leo maidir le gach cuid den Gníomhaireacht agus gach catagóir riosca. Ansin, cuirtear na caighdeáin sin i bhfeidhm trí na beartais agus na nósanna imeachta mionsonraithe lena rialaítear bainistiú catagóirí riosca aonair nó próisis bhainistíochta riosca, nó an dá rud.

Tá Creatlach Bainistíochta Riosca na Gníomhaireachta faoi réir mhúnla na dtrí-líne-chosanta, agus tá a struchtúr eagraíochtúil agus a struchtúr coiste riosca ailínithe d'fhonn úinéireacht agus cuntasacht shoiléir a bhunú ó thaobh bainistiú riosca de.

Ag an gcéad líne chosanta, is iad Aonaid Ghnó agus Feidhmeanna Corparáideacha na Gníomhaireachta go príomha atá freagrach as rioscaí a bhainistiú agus úinéireacht ar bhonn laethúil, ag cur san áireamh lamháltas agus fonn riosca an Gníomhaireachta, agus i gcomhréir lena cuid beartas, nósanna imeachta, rialuithe agus srianta.

Tá an dara líne cosanta, lena gcuimsítear Riosca, Comhlíonadh agus feidhmeanna rialaithe eile de chuid na Gníomhaireachta, neamhspleách ar oibriúcháin agus ar an mbainistíocht líne thosaigh, agus is é an ról atá aici aon chinntí a mbíonn tionchar acu ar neamhchosaint na heagraíochta ar riosca a cheistiú agus tuairiscí cuimsitheach sothuigthe ar cheisteanna bhainistiú riosca agus comhlíonadh a sholáthar.

Nótaí Leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

13. Bainistíocht Riosca (ar lean)

13.1 Creatlach Bainistíochta Riosca (ar lean)

Tá an Fheidhm Iniúchta Inmheánaigh sa áireamh sa tríú líne chosanta, a chuireann deimhniú neamhspleách, réasúnach, riosca-bhunaithe do phríomhpháirtithe leasmhara maidir le stóinseacht chóras bainistíochta riosca na Gníomhaireachta, maidir lena rialachas, córais bainistíú riosca ghinearálta agus maidir le dearadh agus éifeachtacht oibríochtúil thimpeallacht an rialaithe inmheánaigh faoi chlár pleanáilte de obair ceadaithe ag an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca.

Tacaíonn roinnt coistí Ghníomhaireacht agus bainistíochta de chuid GBCN, Coiste Iniúcháireachta agus Riosca san áireamh, leis an nGníomhaireacht i gcomhlíonadh a cuid feidhmeanna maidir le bainistíocht riosca.

Coiste Iniúcháireachta agus Riosca na Gníomhaireachta (ARC)

Cuimsíonn an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca comhaltaí Bhoird na Gníomhaireachta agus cabhraíonn leis an Ghníomhaireacht i dtaca le:

- maoirseacht ar chaighdeán agus ar shláine ráitis airgeadais na Gníomhaireachta, athbhreithniú agus monatóireacht ar éifeachtacht na gcórais rialaithe inmheánaigh, an phróisis iniúchta inmheánaigh agus déanann athbhreithniú agus breithmheas ar aon aschuir ón iniúcháir reachtúil, agus
- maoirseacht ar chreat bainistíochta riosca na Gníomhaireachta, lena n-áirítear fonn riosca a leagan síos, monatóireacht a dhéanamh ar a mhéid a chloítear le rialachas riosca agus cinntiú go ndéantar rioscaí a aithint, a mheas, a bhainistiú agus a thuairisciú.

Chomh maith leis sin, déanann an Coiste maoirseacht agus athbhreithniú ar fheidhmíocht an iniúcháireachta inmheánaigh, chomhlíonadh agus bainistiú riosca, a ndéanann an Ceannaire Iniúcháireachta Inmheánaigh, an Ceannaire Chomhlíonta agus an Ceannaire Riosca bainistiú faoi seach orthu ar bhonn laethúil.

Coistí Bainistíochta

An Coiste Bainistíochta Riosca Fiontair (CBRF)

Déanann an CBRF maoirsiú ar fhorfheidhmiú fhonn riosca foriomlán na Gníomhaireacht agus ar lucht ardbhainistíochta agus iad ag bunú córais iomchuí (lena n-áirítear beartais, nósanna imeachta agus teorainneacha riosca) lena chinntiú go ndéantar rioscaí fiontair a shainaithint, a thomhas, a mhonatóiriú, a rialú agus a thuairisciú go héifeachtach.

Coiste Riosca Creidmheasa Contrapháirtí (CRCC)

Déanann CRCC maoirseacht ar CBRF agus cuireann sé comhairle air maidir le riosca creidmheasa contrapháirtí. Cruthaíonn sé Beartais Bainistíochta Riosca Creidmheasa Contrapháirtí na Gníomhaireachta, cuireann sé i bhfeidhm é agus déanann sé monatóireacht ar chomhlíonadh an bheartais sin. Áirítear leis sin machnamh agus moladh, i gcás inarb iomchuí, maidir le haon athruithe beartaithe agus áiríthíonn sé go nglactar gach beart iomchuí i leith an bheartais ábhartha nó aon sáruithe ar an mbeartas sin. Déantar athbhreithniú inti ar thograí agus ar mheasúnuithe riosca i ndáil le táirgí agus próisis stáitchiste nua, nó i ndáil le hathruithe ábhartha ar tháirgí agus ar phróisis atá ann cheana. Tuairiscíonn an CRCC freisin neamhchosaintí ábhartha riosca agus leachtachta margaidh agus sonraí riosca don CBRF.

Coiste Riosca Margaidh agus Leachtachta (CRML)

Déanann CRML maoirseacht ar CBRF agus cuireann sé comhairle air maidir le neamhchosaint ar rioscaí margaidh agus leachtachta. Cruthaíonn sé Beartais Riosca Margaidh agus Leachtachta na Gníomhaireachta, cuireann sé i bhfeidhm é agus déanann sé monatóireacht ar chomhlíonadh na mbeartais sin. Áirítear leis sin machnamh agus moladh, i gcás inarb iomchuí, maidir le haon athruithe beartaithe agus áiríthíonn sé go nglactar gach beart iomchuí i leith an bheartais ábhartha nó aon sáruithe ar an mbeartas sin. Déanann sé neamhchosaint ar riosca margaidh agus ar riosca leachtachta ábhartha a thuairisciú chuig CBRF, mar aon leis na sonraí ina leith.

Coiste Riosca Oibríochtúil agus Rialaithe (CROR)

Déanann an CROR athbhreithniú ar an gcreatlach riosca oibríochtúil agus na beartais riosca oibríochtúil bhainteacha agus molann don CBRF iad lena bhfaomhadh. Faireann, athbhreithníonn agus ceistíonn an CROR rioscaí oibríochtúla GBCN agus tugann tuairisc ar bhainistiú rioscaí oibríochtúla don CBRF.

13. Bainistíocht Riosca (ar lean)

13.1 Creatlach Bainistíochta Riosca (ar lean)

Príomh Rioscaí

Riosca Leachtachta

Is príomhchuspóir de chuid na Gníomhaireachta é a chinntiú go bhfuil dóthain airgid ag an Státchiste chun gach dualgas a chomhlíonadh agus iad dlite. Is féidir le rioscaí i leith leachtacht an Fhiachais Náisiúnta eascairt as imeachtaí sa bhaile, nó de bharr ardnaisc idir margaí, as imeachtaí lasmuigh d'Éirinn. Déanann an Gníomhaireacht riosca leachtachta a bhainistiú, go príomha, trí mhaoláin airgid thirim chuí a choinneáil agus trí shrian a chur le líon na ndlíteanas atá ag aibiú ag aon am faoi leith agus trí thráthúlacht agus méid an mhaoinithe a mheaitseáil leis na riachtanais maoinithe measta. Atreistear é sin trí na gníomhaíochtaí a dtugann an Gníomhaireacht fúthu chun bonn infheistíochtaí idirnáisiúnta atá eolach agus éagsúlaithe a choinneáil, le nasc le gach ceann de na mórmhargaí caipitil agus tríd an raon ionstraimí fiachais is féidir a eisiúint a mhéadú.

Riosca Margaidh

Is ionann riosca margaidh agus riosca caillteanais nó costais mhéadaithe de thoradh athruithe ar luach sócmhainní agus dlíteanas (lena n-áirítear sócmhainní agus dlíteanas lasmuigh den chlár comhardaithe) de bharr luaineachtaí i dtosca riosca amhail rátaí úis, rátaí malairte eachtraí nó praghsanna margaidh eile. Ní mór aird a bheith ag an nGníomhaireacht ar impleachtaí gearrthéarmacha agus meántéarmacha araon dá gcuid idirbhearta i bhfianaise an chúraim atá uirthi bainistiú a dhéanamh ní hamháin ar gharchostais fónta fiachais fiosaigh ach ar luach reatha na n-íocaíochtaí uile sa todhchaí idir bhunairgead agus ús. Rialaítear an neamhchosaint ar riosca ráta úis agus airgeadra trí ráta úis agus comhchruinniú airgeadra na punainne a bhainistiú de réir fhonn riosca na Gníomhaireachta. Tá srianta sonracha i bhfeidhm chun riosca margaidh a rialú; tuairiscítear neamhchosaint ar na srianta seo go rialta le lucht ardbhainistíochta. Nuair a athraíonn coinníollacha na margaí airgeadais, déantar aithbhreithniú ar ráta cuí úis agus ar phróifíl airgeadra na punainne i gcomhréir le hathbhreithnithe tréimhsiúla ar shrianta. Tá an Gníomhaireacht ag iarraidh an trádchothromú is fearr a ghnóthú idir costas agus riosca thar thréimhse agus tá clár fáilaithe i bhfeidhm chun riosca ráta úis agus ráta malairte a bhainistiú agus chun an Státchiste a chosaint ó luaineacht féideartha sa todhchaí. Leagtar amach tuilleadh faisnéise ar úsáid diorthach in Díorthaigh (Nóta 14).

Riosca Creidmheasa Contrapháirtí

Is ionann riosca creidmheasa contrapháirtí agus riosca an chaillteanais airgeadais a eascraíonn as idirbhearta margaidh airgeadais nuair nach gcomhlíonann contrapháirtí a chuid dualgas airgeadais faoin idirbheart sin agus i dtaca leis an bhFiachas Náisiúnta de, is as díorthaigh, taiscí agus idirbhearta malairte eachtraí go príomha a eascraíonn sé. Bainistítear leibhéal an riosca creidmheasa contrapháirtí i gcomhréir le fonn riosca na Gníomhaireachta trí bheith ag plé le contrapháirtithe a bhfuil ardchaighdeán creidmheasa acu agus leo siúd amháin. Forálann nósanna imeachta d'údarú srianta riosca don uile chontrapháirtí agus tuairiscítear neamhchosaint leis an mbainistíocht ar bhonn laethúil. Tugtar faoi aithbhreithniú ar na srianta ar fad go rialta chun athruithe i stádas creidmheasa na gcontrapháirtithe nó athruithe in imeachtaí geilleagracha nó polaitíochta a chur san áireamh. Chun neamhchosaint an Státchiste roimh chontrapháirtithe margaidh a mhaolú agus lena chinntiú go bhfuil rochtain éifeachtach margaidh ag Éirinn le haghaidh a cuid gníomhaíochtaí fáilaithe, d'fhéadfadh an Gníomhaireacht dul isteach i socruithe tacaíochta creidmheasa le rannpháirtithe an mhargaidh a bhfuil sí ag iarraidh trádáil a dhéanamh leo – baineann sé seo le fáil agus le breacadh comhthaobhachta chun luach margaidh na neamhchosaint a sheach-chur. Tá tuilleadh faisnéise ar úsáid socruithe tacaíochta creidmheasa leagtha amach in Díorthaigh (Nóta 14).

Riosca Oibríochtúil

Is é is riosca oibríochtúil ann riosca a bhaineann le caillteanas mar gheall ar phróisis, daoine agus córais inmheánacha atá easnamhach nó ar theip orthu nó mar gheall ar imeachtaí seachtracha a rachadh i bhfeidhm ar chumas na Gníomhaireachta a straitéis ghnó a fheidhmiú. I measc fochatagóirí an riosca oibríochta tá riosca do dhaoine agus riosca iompraíochta, riosca próiseála, riosca athraithe agus tionscadail, teicneolaíocht faisnéise, riosca sonraí agus cibearshlándála, riosca rialachais, riosca tríú páirtí, riosca suaite gnó, riosca calaoise agus riosca dlí agus comhlíonta. Tá polasaí agus creat bainistíochta riosca infheidhme i leith na Gníomhaireachta ina hiomláine. Is é cuspóir an pholasaí agus an chreata a chinntiú go mbainistítear riosca oibríochtúil ar dhóigh chuí, chomhtháite ar fud na heagraíochta. Leagtar amach sa Chreat an straitéis, na próisis, critéir riosca, rialuithe agus struchtúir rialachais atá ar bun chun rioscaí oibríochtúla a bhainistiú laistigh den Gníomhaireacht. Leagtar amach sa pholasaí agus sa chreat fosta modheolaíocht an phróisis féinmheasúnachta riosca agus rialaithe ina gcuirtear síos ar an bpróiseas le haghaidh sainaitheint, measúnú, plé, monatóireacht agus tuairiscíú leordhóthanach tráthúil i leith na rioscaí a thagann de bharr gníomhaíochtaí na Gníomhaireachta.

Is é ról an Ghrúpa Bainistíocht um Leanúnachas Gnó GBCN cur chuige cuí, comhleanúnach a chinntiú i leith bainistíocht leanúnachais ghnó ar fud na Gníomhaireachta agus ról tacaíochta a thabhairt ó thaobh bunú, feidhmiú, monatóireacht agus feabhsú gníomhaíochtaí bainistíochta i leanúnachas gnó.

Nótaí Leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

13. Bainistíocht Riosca (ar lean)

13.2 Glanfhiachas Náisiúnta – Comhdhéanamh Airgeadra

Fálaíonn an Ghníomhaireacht riosca airgeadra eachtraigh an Ghlanfhiachais Náisiúnta trí úsáid a bhaint as chonarthaí malairte eachtraí agus as babhtálacha airgeadra. Is mar seo a leanas atá comhdhéanamh airgeadra an Ghlanfhiachais Náisiúnta agus na bhfáluithe airgeadra gaolmhara:

Airgeadra	Amhail an 31 Nollaig	
	2022 €m	2021 €m
Ionstraimí Fiachais		
Euro	231,236	235,320
Dollar SAM	-	1,894
Dollar na hAstráile	-	73
	231,236	237,287
Airgeadra Eachtrach agus Conarthaí Babhtála		
Euro	-	1,861
Dollar SAM	-	(1,898)
Dollar na hAstráile	-	(73)
	-	(110)
Ollfhiachas Náisiúnta	231,236	237,177
Airgead Tirim agus Sócmhainní Airgeadais Eile		
Euro	(26,351)	(29,149)
Glanfhiachas Náisiúnta	204,885	208,028

13. Bainistíocht Riosca (ar lean)

13.3 Fiachas Náisiúnta – Próifíl Aibíochta

Is mar seo a leanas a bhí próifíl iarmharach aibíochta an Fhiachais Mheántearmaigh/Fhadtéarmaigh ag deireadh na bliana, agus idirbhearta bainistithe cisteáin a rinne an Ghníomhaireacht á gcur san áireamh:

2022 €m	Dlite laistigh de 1 bhliain	Dlite idir 1-5 bliana	Dlite idir 5-10 mbliana	Dlite thar 10 mbliana	lomlán
Bannaí Rialtas na hÉireann	7,207	38,500	57,004	43,854	146,565
Iasachtaí Cláir an AE	2,000	6,200	17,364	15,347	40,911
Fiachas Meántearmach agus Fadtéarmach eile	8	1,801	1,048	4,993	7,850
Fiachas Gearrthéarmach ⁴	14,636	1,265	-	-	15,901
Coigilteas Stáit ⁵	8,786	8,526	2,695	2	20,009
Ollfhiachas Náisiúnta	32,637	56,292	78,111	64,196	231,236
Airgead Tirim ag Banc Ceannais na hÉireann	(23,306)	-	-	-	(23,306)
Sócmhainní Airgeadais Eile	(25)	(225)	(620)	(2,175)	(3,045)
Airgead Tirim agus Sócmhainní Airgeadais Eile	(23,331)	(225)	(620)	(2,175)	(26,351)
Glanfhiachas Náisiúnta	9,306	56,067	77,491	62,021	204,885
2021 €m	Dlite laistigh de 1 bhliain	Dlite idir 1-5 bliana	Dlite idir 5-10 mbliana	Dlite thar 10 mbliana	lomlán
Bannaí Rialtas na hÉireann	11,937	38,251	59,568	44,349	154,105
Clár an AE	-	7,200	13,170	20,541	40,911
Fiachas Meántearmach agus Fadtéarmach eile	8	1,600	1,249	4,796	7,653
Fiachas Gearrthéarmach ⁴	13,600	1,265	-	-	14,865
Coigilteas Stáit ⁵	7,718	9,233	2,690	2	19,643
Ollfhiachas Náisiúnta	33,263	57,549	76,677	69,688	237,177
Airgead Tirim ag Banc Ceannais na hÉireann	(27,474)	-	-	-	(27,474)
Sócmhainní Airgeadais Eile	-	(85)	(140)	(1,450)	(1,675)
Airgead Tirim agus Sócmhainní Airgeadais Eile	(27,474)	(85)	(140)	(1,450)	(29,149)
Glanfhiachas Náisiúnta	5,789	57,464	76,537	68,238	208,028

⁴ Ní mheastar €1.3 billiún de na hiasachtaí ó Chiste Bainc Taisce Oifig an Phoist (Íasachtaíochtaí ó Chistí Aireachta) a bheith inaisíochta ar éileamh agus mar sin, déantar é a chatagóiriú sa phróifíl aibíochta mar inioctha sa tréimhse 1-5 bliana.

⁵ Tá tréimhsí aibíochta Coigiltis Stáit bunaithe ar eolas aibíochta faoi chonradh do dheireadh na bliana 2021 curtha ar fáil ag An Post.

Nótaí Leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

14. Díorthaigh

14.1 Díorthaigh

Mar chuid dá straitéis bainistíochta riosca, úsáideann an Ghníomhaireacht meascán de dhíorthaigh lena n-áirítear babhtálacha ráta úis, babhtálacha airgeadra agus conarthaí malairte eachtraí. Léirítear sa tábla seo a leanas luach cóir agus luach reatha na n-ionstraimí a bhaineann le Ollfhiachas Náisiúnta amuigh ag deireadh na bliana. Deimhnítear luach cóir gach ionstraime trí ráta cuí úis a úsáid chun a sreabhadh iomlán airgid sa todhchaí a lascainiú chuig a luach reatha.

	2022		2021	
	Ainmiúil €m	Luach Reatha €m	Ainmiúil €m	Luach Reatha €m
Babhtálacha ráta úis	236	2	472	(12)
Babhtálacha Airgeadra agus Conarthaí Malairte	-	-	1,971	102
	236	2	2,443	90

Soláthraíonn an Ghníomhaireacht seirbhísí státchiste don Ghníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní ("GNBS") faoi alt 52 agus 235 den Acht fán nGníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní, 2009 agus don CÉRB (faoi leachtú). Dá réir sin, d'fhéadfadh sé idirbhearta díorthacha a dhéanamh le GNBS agus CÉRB. Déantar a leithéid sin d'idirbhearta a fhritháireamh trí idirbhearta a mheaitseáil le contrapháirtithe margaidh. Mar thoradh air sin níl aon ghlanéifeacht ar chuntais an Fhiachais Náisiúnta. Ba é €0.06 billiún luach ainmiúil na gconarthaí ráta malairte eachtraí a rinneadh le CÉRB ag deireadh 2022 (2021: €0.09 billiún). Níl aon idirbhearta díorthacha mar sin gan íoc ag GNBS ag deireadh 2021 nó 2022.

Chun na rioscaí a eascraíonn ó idirbhearta díorthacha a mhaolú, déanann an Ghníomhaireacht socruithe tacaíochta creidmheasa lena contrapháirtithe margaidh. Dréachtaítear conarthaí díorthacha i gcomhréir le Máistir-Chomhaontuithe an Chumainn um Babhtálacha agus Dhíorthaigh Idirnáisiúnta ("CBDI"). Is doiciméad dlíthiúil í larscríbhinn Tacaíochta Creidmheasa ("ITC") a d'fhéadfadh bheith ceangailte le Máistir-Chomhaontú CBDI chun tacaíocht chreidmheasa a rialú (sa chás seo, comhthaobhacht airgid) le haghaidh idirbhearta díorthacha. Sainmhínítear inti na cásanna faoinar gá do chontrapháirtithe comhthaobhacht a bhreacadh. Faoi na ITCanna, is ionann breacadh airgid agus aistriú iomlán úinéireachta. Ach, tá an t-aistriú faoi réir dualgaí comhthaobhacht choibhéiseach a thabhairt ar ais de réir athruithe i luachanna margaidh nó faoi chúinsí ar leith mar atá Imeacht Críochnaithe nó Imeacht Loicthe. Tá an soláthróir comhthaobhachta i dteideal ús a chur i dtaisce ar iarmhéideanna airgid postáilte.

14.2 Cuntas Tacaíochta Creidmheasa

Chuir an Ghníomhaireacht Cuntas Tacaíochta Creidmheasa ar bun i mBanc Ceannais na hÉireann in 2010 chun na hidirbhearta seo a éascú. Déantar luacháil ar chonarthaí díorthacha ar bhonn laethúil. Nuair a bhíonn gá le comhthaobhacht ó chontrapháirtí, íoctar í isteach sa Chuntas Tacaíochta Creidmheasa. Nuair a bhíonn gá ag an nGníomhaireacht comhthaobhacht a phostáil le contrapháirtí, úsáideann sí an t-airgead sa Chuntas Tacaíochta Creidmheasa chun an íocaíocht chomhthaobhachta a mhaoiniú. Má bhíonn easpa airgid sa Chuntas Tacaíochta Creidmheasa, maoinítear an Cuntas ón Státchiste.

	2022 €m	2021 €m
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir	96	-
Comhthaobhacht Airgid a fuarthas ó chontrapháirtithe	656	648
Comhthaobhacht airgid a íocadh le contrapháirtithe	(742)	(300)
	10	348
Glanmhaoiniú Státchiste le linn na bliana	-	(252)
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig	10	96

Nóta:	2022 €m	2021 €m
Maoiniú Státchiste amhail an 31 Nollaig (Nóta 12)	-	-
Glan-Chomhthaobhacht breactha chuig Contrapháirtithe amhail an 31 Nollaig	-	-

Bhí iarmhéid barrachais €10 milliún ag an gcuntas comhthaobhachta ag Banc Ceannais na hÉireann ag deireadh na bliana. Faoi mbonn cuntasaíochta in airgead tirim, níl comhthaobhacht airgid a fhaightear agus aon suimeanna iníoctha gaolmhara mar chuid den Ráiteas Náisiúnta Fiachais.

Tá an Ghníomhaireacht tar éis dul isteach i gComhaontaithe Breactha Comhthaobhachta le GNBS agus CÉRB. Ag deireadh na bliana 2022, bhí comhthaobhacht €10 milliún (2021: €13 milliún) breactha ag CÉRB chuig an nGníomhaireacht mar chuid den chomhaontú sin. Ní raibh aon comhthaobhacht breactha ag GNBS ag deireadh 2021 nó 2022.

15. An Cuntas Fuascailte Seirbhísí Caipitiúla (CSRA)

15.1 Cúlra

Bunaíodh an Cuntas Fuascailte Seirbhísí Caipitiúla ("CFSC") faoi alt 22 den Acht Airgeadais, 1950 arna leasú. Úsáidtear an cuntas chun idirbhearta ar gnáthbhearta baincéireachta iad, a d'fhéadfadh an Gníomhaireacht a dhéanamh, a réiteach de réir alt 54(7) den Acht Airgeadais, 1970.

I measc gnáthbhearta baincéireachta, tá gníomhaíochtaí amhail idirbhearta eachtacha malairte, babhtálacha agus ús ar thaiscí a bhaineann le costais fiontais. Féadfar suimeanna dá leithéid a úsáid chun iocaíochtaí agus aisíocaíochtaí a dhéanamh i leith gnáthbhearta baincéireachta nó i dtreo ús agus speansais an fhiachais phoiblí a ghlanadh.

Áirítear le hidirbhearta ar gnáthbhearta baincéireachta iad idirbhearta díorthacha a rinne an GNBS (de réir alt 52 agus alt 235 den Acht fán nGníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní 2009 agus Ionstraim Reachtúil Uimh. 203/2010) agus le CÉRB (de réir Acht an gCorparáid Éireannach um Réiteach Bainc 2013 agus Ionstraim Reachtúil Uimh. 57/2013) (féach freisin nóta 14 thuas). Déantar a leithéid sin d'idirbhearta a rinneadh le GNBS agus le CÉRB a fhritháireamh trí idirbhearta a mheaitseáil le contrapháirtithe margaidh. Mar thoradh air sin níl aon ghlanéifeacht ar an CFSC.

Coimeádann an Gníomhaireacht an t-iarmhéid sa CFSC ag leibhéal atá faoi réir treoirilínte arna n-eisiúint ag an Aire Airgeadais faoi alt 4(4) den Acht um Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta 1990. Faoi threoir an aire dar dáta an 24 Meán Fómhair, 2014, bhí an t-iarmhéid sa CFSC ag deireadh na bliana 2015 le bheith níos lú ná €1 milliún. D'fhonn cloí leis na teoracha sin, aistríonn an Gníomhaireacht cistí barrachais ón CFSC chuig Cuntas an Státhiste roimh dheireadh na bliana.

15.2 Gluaiseacht sa Chuntas don Tréimhse

	2022 €m	2021 €m
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir	-	-
Fáltais		
Idirbhearta Díorthacha	756	608
Ús ar Airgead agus ar Shócmhainní Airgeadais Eile	16	10
	772	618
Íocaíochtaí		
Idirbhearta Díorthacha	(756)	(608)
Ús ar an Ghlanfhiachas Náisiúnta	(1)	(1)
Aistriú chuig an gCuntas Státhchiste	(15)	(9)
	(772)	(618)
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig	-	-

15.3 Idirbhearta Díorthacha déanta i leith an CÉRB agus GNBS

Tugtar breac-chuntas thíos ar fháltais agus ar íocaíochtaí i leith idirbhearta díorthacha a rinneadh i leith CÉRB agus GNBS sa tréimhse sin:

	Fáltais €m	Íocaíochtaí €m	Glan 2022 €m	Glan 2021 €m
Díorthaigh a bhaineann le GNBS	2	(2)	-	-
Díorthaigh a bhaineann le CÉRB	754	(754)	-	-
	756	(756)	-	-

Nótaí Leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

16. Cuntais Oibriúcháin Bannaí

Cuirtear fáiltais agus íocaíochtaí ar chuntais airgid atá i seilbh na Gníomhaireachta ag Banc Ceannais na hÉireann, a thacaíonn le hoibríochtaí agus gníomhaíochtaí a bhaineann le bannaí, i láthair thíos.

	Cuntas Réamh-Ús Iasachtaí Náisiúnta €m	Cuntas Iasachtaí Náisiúnta (Foirceannadh) €m	Cuntas Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (Díbhinní Nár Éilíodh) €m
2022			
Iarmhéid 1 Eanáir	30	3	3
Fáltais	20	-	-
Íocaíochtaí	(40)	-	-
Iarmhéid 31 Nollaig	10	3	3

	Cuntas Réamh-Ús Iasachtaí Náisiúnta €m	Cuntas Iasachtaí Náisiúnta (Foirceannadh) €m	Cuntas Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (Díbhinní Nár Éilíodh) €m
2021			
Iarmhéid 1 Eanáir	16	3	3
Fáltais	36	-	-
Íocaíochtaí	(22)	-	-
Iarmhéid 31 Nollaig	30	3	3

Seasann an Cuntas Náisiúnta Réamhús Iasachtaí d'ús fabhráithe a fuarthas ar eisiúint bannaí i rith na bliana. Den sórt sin airgead a thaisceadh chuig an gcuntas seo go dtí an dáta cúpón banna seo chugainn, nuair a bheidh an t - ús fabhráithe a úsáidtear ansin chun costais sheirbhísiú a bhaineann leis an Státchiste a fhritháireamh.

Léiríonn an Cuntas Foirceannadh agus an Cuntas Díbhinní Neamhéilithe ús agus príomhshuimeanna neamhéilithe faoi seach ar bhannaí aibithe, a tugadh ar ais don Gníomhaireacht agus nach bhfuil éilíthe go fóill ag na sealbhóirí cláraithe. Ciallaíonn athruithe ar an gcaoi a sealbhaíonn infheistíoirí bannaí agus is annamh a éiríonn méideanna neamhéilithe as próiseáil íocaíochtaí agus, dá bhrí sin, is méideanna stairiúla go príomha atá sna méideanna a shealbhaítear ar na cuntais sin.

17. Cuntas Barrachais um Airgeadas Caiteachas Poiblí

Déanann an Cuntas Barrachais um Airgeadas Caiteachas Poiblí taifeadadh ar iasachtaí agus ar aisíocaíochtaí cistí barrachais atá i gCuntas Soláthair an Phámháistir Ghinearálta agus is pairt den Iasacht a Fháil ó Chistí Airí an Fhiachais Náisiúnta é. Tá na hadmháil gaolta san áireamh in Iarmhéid Cuntas an Státchiste ar an Ghlanfhiachas Náisiúnta (nóta 12).

Cuntas Barrachais um Airgeadas Caiteachas Poiblí	2022 €m	2021 €m
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir	2,024	1,723
Fáltais	28,238	20,581
Íocaíochtaí	(28,159)	(20,280)
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig (nóta 10)	2,103	2,024

18. Teagmhais tar éis dheireadh na tréimhse tuairiscithe

Tá mionsonraí ar aischeannaigh agus cealú bannaí ráta chomhlúthaigh tar éis dheireadh na tréimhse tuairiscithe i Nóta 6. Níor tharla aon teagmhas a éilíonn coigeartú nó nochtadh sna ráitis airgeadais tar éis dheireadh na tréimhse tuairiscithe.

19. Formheas na Ráiteas Airgeadais

D'fhorghas an Gníomhaireacht na ráitis airgeadais an 4 Bealtaine 2023.

Ráitis Airgeadais de Chuid

Chuntas Riaracháin

Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022

Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste	110
Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Ioncam Cuimsitheach Eile	112
Ráiteas maidir leis an Staid Airgeadais	113
Ráiteas maidir le hAthruithe ar Chothromas	114
Ráiteas ar Shreafaí Airgid	115
Nótaí leis na Ráitis Airgeadais	116



Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste Comptroller and Auditor General

Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta Chuntas Riaracháin

Tuairim maidir leis na ráitis airgeadais

Tá cuntas riaracháin an Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (an Ghníomhaireacht) iniúchta agam don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022 de réir mar a éilítear faoi fhorálacha Alt 12 an Achta um ag Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta 1990 (mar atá arna leasú). Cuimsítear leis na cuntas riaracháin

- an ráiteas ioncaim agus caiteachais agus ioncaim cuimsitheach eile
- an ráiteas maidir leis an staid airgeadais
- an ráiteas maidir le hathruite ar chothromas
- an ráiteas ar shreafaí airgid
- na nótaí gaolmhara, lena n-áirítear achoimre ar pholasaithe shuntasacha cuntasaiochta.

Is é mo thuairim go dtugann an cuntas riaracháin léargas firinneach cóir ar shócmhainní, dlíteanais agus ar staid airgeadais an Ghníomhaireacht amhail an 31 Nollaig 2021 agus ar a ioncam agus a chaiteachas 2021 de réir Chaighdeán Tuairiscithe Airgeadais (FRS) 102 – *An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus Poblacht na hÉireann*.

Bunús leis an tuairim

Rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (ISAnna) mar a fhógraíonn an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasthoras Iniúchóireachta. Tá cur síos ar mo chuid freagrachtaí faoi na caighdeáin seo in aguisín an tuairisc seo. Tá mé neamhspleách ón Ghníomhaireacht agus tá mo chuid freagrachtaí eitiiciúla comhlíonta agam i gcomhréir leis caighdeáin.

Creidim go bhfuil an fhianaise iniúchóireachta atá faighte agam leordhóthanach agus iomchuí le mo thuairim a bhunú uirthi.

Tuairisc ar eolas seachas na ráiteas airgeadais, agus ar nithe eile

Tá eolas eile faoi leith curtha i láthair ag an Ghníomhaireacht leis na ráitis airgeadais. Cuimsíonn sé an tuarascáil bhliantúil an Ghníomhaireachta (lena n-áirítear an ráiteas maidir le rialachas, tuarascáil baill an Ghníomhaireachta) agus an ráiteas maidir le rialú inmheánach. Tá cur síos san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo ar mo chuid freagrachtaí maidir le tuairisc a thabhairt ar an eolas sin, agus ar nithe eile faoi leith ar a dtuairiscím trí eisceacht.

Níl aon ní le tuairisciú agam ina leith sin.

Seamus McCarthy

An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

15 Bealtaine 2023

Aguisín a ghabhann leis an tuarascáil

Freagrachtaí Gníomhaireacht Bainistíocht an Chisteáin Náisiúnta

Leagann an ráiteas ralachas agus tuairisc na mbaill amach freagrachtaí na mbaill

- ullmhú na ráiteas airgeadais bhliantúil san fhoirm a fhorordaítear faoi alt 12 an Achta um Gníomhaireacht Bainistíocht an Chisteáin Náisiúnta 1990 (mar atá arna leasú)
- cinntiú go dtugtar léargas fírinneach cóir sna ráitis airgeadais i gcomhréir le FRS 102
- rialtacht idirbhearta a chinntiú
- oiriúnacht na húsáide a bhaineann na stiúrthóirí as an mbonn cuntasaiochta gnóthais leantaigh a mheas, agus
- cibé rialú inmheánach a mheasann siad is gá le go bhféadfai ráitis airgeadais a ullmhú atá saor ó mhiráiteas ábhartha, cibé acu mar gheall ar chalaos nó ar bhotún.

Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt 12(2) an Achta um Gníomhaireacht Bainistíocht an Chisteáin Náisiúnta 1990 (mar atá arna leasú) iniúchadh a dhéanamh ar ráitis airgeadais an Gníomhaireacht agus tuarascáil orthu a thabhairt do Thithe an Oireachtais.

Ceanglaítear orm faoi alt 12(2) an Achta tuarascáil i dtaca le cruinneas a thabhairt don Dáil faoi cruinneas the suimeanna i gcountais an Gníomhaireacht gach bliain. Cuirtear mo thuairisc faoi alt 12(3) i láthair Dáil Éireann le mo Thuarisc faoi Countais Seirbhísi Poiblí.

Is é cuspoir m'iniúchta dearbhú réasúnta a fháil an bhfuil na ráitis airgeadais ina n-íomláine saor ó mhiráiteas ábhartha mar gheall ar chalaos nó ar bhotún. Is ionann dearbhú réasúnta agus leibhéal ard dearbhaithe, ach ní ionann é agus ráthaíocht go n-aimseoidh iniúchadh a dhéantar i gcomhréir leis na ISAnna miráiteas ábhartha i gcónaí. Féadfaidh miráitis eascairt as calaiois nó botún agus meastar iad a bheith ábhartha más féidir a bheith ag súil go réasúnta go n-imreodh siad tionchar, go haonair nó go comhiomlán, ar chinntí eacnamaíocha a dhéanann úsáideoirí ar bhonn na ráiteas.

Mar chuid d'iniúchadh i gcomhréir leis na ISAnna, úsáidim breithiúnas gairmiúil agus sceipteachas gairmiúil ar feadh an iniúchta. Agus é sin á dhéanamh agam,

- Déanaim rioscaí maidir le miráitis ábhartha sna ráitis airgeadais, cibé acu mar gheall ar chalaos nó ar bhotún, a shainiú agus a mheas; déanaim nósanna imeachta iniúcháireachta a dhearadh agus a chur i bhfeidhm a fhreagraíonn do na rioscaí sin; agus faighim fianaise iniúcháireachta atá leordhóthanach agus iomchuí le mo thuairim a bhunú uirthi. Tá an riosca nach n-aimseofar miráiteas ábhartha mar thoradh ar chalaos níos airde ná an riosca maidir le ceann a eascraíonn as botún, mar go bhféadfadh sé go mbeadh claonpháirteachas, brionnú, easnaimh d'aon ghnó, mífhaisnéis, nó gabháil treise ar an rialú inmheánach i gceist leis.
- Faighim tuiscint ar rialú inmheánach atá ábhartha don iniúchadh chun nósanna imeachta iniúcháireachta a dhearadh atá oiriúnach sna cúinsí, ach nach bhfuil oiriúnach chun tuairim a chur in iúl maidir le héifeachtacht na rialuithe inmheánacha.

- Déanaim measúnú ar oiriúnacht na bpolasaithe cuntasaiochta a úsáideadh agus réasúntacht na meastachán cuntasaiochta agus an nochta gaolmhar.
- Tagaim ar thátail maidir le hoiriúnacht na húsáide a bhaintear as an mbonn cuntasaiochta gnóthais leantaigh agus, bunaithe ar an fhianaise iniúcháireachta a fhaightear, maidir le cibé acu an bhfuil éiginnteacht ábhartha ann a bhaineann le himeachtaí nó cúinsí a d'fhéadfadh amhras suntasach a tharraingt ar chumas an chomhlachta leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach. Má thagaim ar an tátal go bhfuil éiginnteacht ábhartha ann, éilítear orm aird a tharraingt i mo thuarascáil ar an nochthead bainteach sna ráitis airgeadais nó, mura leor an nochthead sin, mo thuairim a mhodhnú. Tá mo thátail bunaithe ar an bhfianaise iniúcháireachta a fuarthas suas go dáta mo thuarascála. D'fhéadfadh imeachtaí nó coiníollacha amach anseo, áfach, bheith ina gcúis leis an Gníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní scor de bheith ina ghnóthas leantach.
- Déanaim measúnú ar chur i láthair, struchtúr agus ábhar foriomlán na ráiteas airgeadais, lena n-áirítear an nochthead, agus cibé acu an léiríonn na ráitis airgeadais na hidirbhearta agus imeachtaí bunúsacha ar bhealach lena mbaintear cur i láthair cóir amach.

Cuirim in iúl dóibh siúd atá freagrach as rialachas, i measc nithe eile, raon feidhme beartaithe agus uainiú an iniúchta agus tátail shuntasacha an iniúchta, lena n-áirítear aon easnaimh a aimsim le linn m'iniúchta i dtaca le rialachas inmheánach.

Tuairiscim freisin trí eisceacht má, i mo thuairim,

- mura bhfaighim an fhaisnéis agus na mínithe fo léir a theastaigh uaim chun m'iniúchadh a dhéanamh, nó
- mura raibh na taifead cuntasaiochta dóthanach le iniúchadh na ráitis airgeadais a cheadú go fonmhar agus i gceart, nó
- mura bhfuil na ráitis airgeadais ag teacht le na taifead cuntasaiochta.

Eolas nach mbaineann leis na ráitis airgeadais

Ní chumhdaítear le mo thuairim faoi na ráitis airgeadais an t-eolas eile a chuirtear i láthair leis na ráitis sin, agus ní thugaim aon chineál tátail maidir le dearbhú ina leith.

I dtaca le m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais, éilítear orm faoi na ISAnna an t-eolas eile a léamh a cuireadh i láthair agus, le linn dom é sin a dhéanamh, breathnú an bhfuil an t-eolas eile neamh-chomhréireach go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó leis an eolas a fuarthas le linn an iniúchta, nó an cosúil ar shlí eile go bhfuil miráiteas ábhartha déanta ina leith. Más rud é go mbainim an tátal, bunaithe ar an obair atá déanta agam, go bhfuil miráiteas ábhartha ann i dtaca leis an eolas eile sin, éilítear orm é sin a thuairisciú.

Tuairisciú ar nithe eile

Déantar m'iniúchadh trí thagairt do na léirbhreithnithe speisialta a bhaineann le comhlachtaí Stáit maidir lena mbainistíocht agus lena bhfeidhmiú. Tuairiscim má tá nithe ábhartha ann a bhaineann leis an mbealach ina bhfuil gnó poiblí déanta.

Féachaim le fianaise a fháil ar rialtacht idirbhearta airgeadais le linn an iniúchta. Tuairiscim aon chás ábhartha nár cuireadh airgead poiblí i bhfeidhm chun na críocha dá raibh siad ceaptha nó nár chloí idirbhearta leis na húdaráis a rialaíonn iad.


Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Ioncam Cuimsitheach Eile

Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022

	Nóta	2022 €000	2021 €000
Ioncam			
Ioncam Oibriúcháin	5	61,983	62,533
Ioncam an Phríomh-Chiste	6	62,299	55,181
Glanmhaoiniú sochair scoir iarchurtha	8.2	7,981	6,901
		132,263	124,615
Caiteachas			
Costais foirne	7.2	(99,457)	(98,558)
Costais oibriúcháin	7.2	(34,639)	(28,970)
Glanchoistas úis ar scéim pinsin le sochar sainithe	7.2	(1,567)	(1,040)
		(135,663)	(128,568)
Barrachas thar ioncaim don bhliain		(3,400)	(3,953)
Aistriú ó cuntas caipitil		3,400	3,953
Ioncam/(caiteachas) Glan don bhliain		-	-
Ioncam Cuimsitheach Eile			
Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022		2022 €000	2021 €000
Glanoncam don bhliain		-	-
Gnóthachan/(Caillteanas) achtúireach aitheanta ar shócmhainní/oibleagáidí sochair scoir	9.9	153,244	(11,774)
Gluaiseacht sa mhaoiniú sochair scoir iarchurtha	8.3	(153,244)	11,774
Ioncam cuimsitheach iomlán don bhliain		-	-

Tá na nótaí tionlacain mar chuid lárnach de na ráitis airgeadais.

Thar ceann na Gníomhaireachta



Frank O'Connor, Príomhfheidhmeannach
Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta



Susan Webb, Cathaoirleach
Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

4 Bealtaine 2023

Ráiteas Maidir Leis an Staid Airgeadais

Ag 31 Nollaig 2022

	Nóta	2022 €000	2021 €000
Sócmhainní neamhreatha			
Réadmhaoin, trealamh agus feithiclí	10	22,035	25,318
Sócmhainní dholáimhsithe	11	1,359	1,476
Infháltais	12	130	1,167
		23,524	27,961
Sócmhainní reatha			
Infháltais	13	20,700	18,943
Airgead sa Bhanc		10,326	7,248
		31,026	26,191
Creidiúnaithe: méideanna a bheidh dlite laistigh de 1 bhliain	14	(26,430)	(22,098)
Glansócmhainní reatha		4,596	4,093
Creidiúnaithe: méideanna a bheidh dlite tar éis 1 bhliana amháin	15	(4,726)	(5,260)
Glansócmhainní roimh shochair scoir		23,394	26,794
Sochair Scoir			
Sócmhainní/(Oibleagáid) sochar scoir	9.4	39,092	(106,171)
Maoiniú sochair scoir iarchurtha	9.4	-	106,171
		39,092	-
Glansócmhainní tar éis sochair scoir		62,486	26,794
Ag Ionadú:			
Cuntas caipitil		23,394	26,794
Cúlchiste pinsean sochair shainithe	9.4	39,092	-
		62,486	26,794

Tá na nótaí tionlacain mar chuid lárnach de na ráitis airgeadais.

Thar ceann na Gníomhaireachta

Frank O'Connor, Príomhfheidhmeannach
Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

4 Bealtaine 2023

Susan Webb, Cathaoirleach
Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

Réamhrá

Aithbhreithniú Gnó

Faisnéis Rialachais
agus Chiorparáideach

**Ráitis
Airgeadais**

Punann
Infheistíochtaí - CISE


Ráiteas Maidir le hAthruithe ar Chaipiteal

Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022

	Nóta	Cuntas Caipitil €000
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2021		30,747
Íocaíocht le réadmhaoín, trealamh agus feithiclí a fháil		415
Íocaíocht le sócmhainn dholáimhsithe a fháil		560
Dímheas réadmhaoín, trealamh agus feithiclí		(4,057)
Amúchadh sócmhainní dholáimhsithe		(871)
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2021		26,794
Íocaíocht le réadmhaoín, trealamh agus feithiclí a fháil	10	1,042
Íocaíocht le sócmhainní dholáimhsithe a fháil	11	740
Diúscairt réadmhaoín, trealamh agus feithiclí	10	(4,322)
Amúchadh sócmhainní dholáimhsithe	11	(857)
Diúscairt réadmhaoín, trealamh agus feithiclí	10	(3)
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2022		23,394

Tá na nótaí tionlacain mar chuid lárnach de na ráitis airgeadais.

Thar ceann na Gníomhaireachta



Frank O'Connor, Príomhfheidhmeannach

Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

4 Bealtaine 2023



Susan Webb, Cathaoirleach

Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

Ráiteas ar Shreafaí Airgid

Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022

	Nóta	2022 €000	2021 €000
Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin			
Ioncam/Caiteachas Glan		-	-
Dímheas réadmhaoin, trealamh agus feithiclí	10	4,322	4,057
Amúchadh sócmhainní dholáimhsithe	11	857	871
Caillteanas ar dhiúscairt réadmhaoin, trealamh agus feithiclí	10	3	-
Méadú ar infháltais	12, 13	(720)	(189)
Méadú ar shuimeanna iníoctha	14	5,392	3,064
Laghdú ar ioncam iarchurtha	14, 15	(1,594)	(3,151)
Maoiniú caipitil		1,782	975
Amúchadh an mhaoinithe caipitil		(5,182)	(4,928)
Glan-insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin		4,860	699
Sreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta			
Íocaíochtaí le réadmhaoin, trealamh agus feithiclí a fháil	10	(1,042)	(415)
Íocaíochtaí le sócmhainní dholáimhsithe a fháil	11	(740)	(560)
Glan-eisreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta		(1,782)	(975)
Méadú/(Laghdú) ar airgead sa bhanc		3,078	(276)
Airgead sa bhanc ar 1 Eanáir		7,248	7,524
Airgead sa bhanc ar 31 Nollaig		10,326	7,248

Réamhrá

Aithbhreithniú Gnó

Faisnéis Rialachais agus Chiorparáideach

Ráitis Airgeadais

Punann Infheistíochtaí - CISE

Nótaí Leis na Ráitis Airgeadais

1. Cúlra

Is comhlacht reachtúil í Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta ("an Gníomhaireacht") a bunaíodh faoin Acht um Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, 1990. Soláthraíonn an Gníomhaireacht réimse seirbhísí bainistíochta sócmhainní agus dliteanas don Rialtas. Áirítear, ar na seirbhísí seo, iasachtaíocht thar ceann an Rialtais agus bainistíocht an Fhiachais Náisiúnta, na Gníomhaireachta um Éilimh ar an Stát (GÉS), NewERA (an tÚdarás um Gheilleagar Nua agus um Théarnamh), Chiste Infheistíochta Straitéisí d'Éirinn (CISÉ) agus na Gníomhaireachta Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta (GNFA). Sannann sí chomh maith baill foirne agus soláthraíonn seirbhísí agus córais ghnó agus tacaíochta don Gníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní ("GNBS") agus do Chorpáraid Baincáireachta Straitéiseach na hÉireann ("CBSE"), Maoiniú Teaghais-Tógála Éireann ("MTTÉ"). Is aonáin neamhspléach iad GNBS, CBSE agus MTTÉ agus bord ar leith acu féin.

2. Bonn Ullmhúcháin

Réitíodh na ráitis airgeadais ar bhonn fabhráithe faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil i gcomhréir leis an reachtaíocht is infheidhme. Tá foirm na ráiteas airgeadais ceadaithe ag an Aire Airgeadais faoi alt 12 den Acht um Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, 1990, arna leasú.

Is é Euro an t-airgeadra tuairiscithe. Rinneadh gach suim sna ráitis airgeadais a shlánú go dtí an míle is cóngaraí ach amháin má tá a mhalairt sonraithe. In áiteanna a bhfuil siad in úsáid, seasann '000' nó 'k' do 'míle', agus seasann 'm' do 'milliún'.

3. Ráiteas Comhlíonta

Rinneadh ráitis airgeadais na Gníomhaireachta a ullmhú le go gcomhlíonann siad an reachtaíocht is infheidhme agus FRS 102 *An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn* arna eisiúint ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais.

4. Beartais Shuntasacha Chuntasaíochta

4.1. Gnóthas leantach

Tá staid airgeadais, feidhmíocht airgeadais agus sreabhaidh airgid na Gníomhaireachta agus a shreafaí airgid thirim mionsonraithe sna ráitis airgeadais. Féadann comhaltaí na Gníomhaireachta, ar bhonn réasúnach, bheith ag dúil go mbeadh acmhainní leorga ag an eintiteas chun leanúint de bheith ag feidhmiú agus chun a shainordú a chomhlíonadh go ceann i bhfad. Mar sin, tá an Gníomhaireacht ag leanúint de ghlacadh le bonn cuntasaíochta gnóthais leantaigh agus ráitis airgeadais á n-ullmhú.

4.2. Ioncam oibriúcháin

Tá sé de cheanglas ar an nGníomhaireacht seirbhísí agus córais ghnó agus tacaíochta a sholáthar mar aon le foireann a shannadh chuig roinnt entitis Rialtas gaolta faoi reachtaíocht fhorordaithe. Glacann an Gníomhaireacht le bonn gnóthaithe costais ó na entitis seo le haghaidh soláthar foirne agus seirbhísí. Déantar ioncam oibriúcháin a thaifeadadh ar bhonn fabhráithe sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Ioncam Cuimsitheach Eile.

4.3. Ioncam an Phríomh-Chiste

Léiríonn Ioncam Príomh-Chiste atá san áireamh sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Ioncam Cuimsitheach Eile an méid is gá chun na costais oibriúcháin agus riaracháin a thabhaíonn an Gníomhaireacht a chlúdach. Sainithnítear an méid i gcomhréir le Deontais Rialtais Alt 24 de FRS 102.

4.4. Caiteachas

Sainithnítear na costais agus na speansais a thabhaíonn an Gníomhaireacht sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Ioncam Cuimsitheach Eile.

4.5. Réadmhaoin, trealamh agus feithiclí

Tá sócmhainní réadmhaoin, trealamh agus feithiclí luaite sa Ráiteas ar an Staid Airgeadais ag costas lúide dímhéas carntha. Gearrtar dímhéas ar an Ráiteas loncain agus Caiteachais agus Ioncam Cuimsitheach Eile ar bhonn méid chothrom thar shaolré ionchais na sócmhainne.

Ag gach dáta tuairiscithe, déanann an Gníomhaireacht athbhreithniú ar shuim ghlanluacha a réadmhaoin, a trealamh agus a feithiclí i dtaca le cibé acu atá aon chomhartha bearnaithe ann nó nach bhfuil. Aithnítear cailteanais bearnaithe má tá aon chomharthaí ann go bhfuil suim ghlanluacha míre níos mó ná an luach uasta úsáide agus a luach cothrom lúide costais le haghaidh díolacháin. Déantar luach úsáide a ríomh trí lascaíniú sreafaí airgid ionchais na todhchaí atá infhaighte mar thoradh ar úsáid leanúnach na sócmhainne, lena n-áirítear iad sin a eascraíonn as a diúscairt deiridh, ag ráta lascaine bunaithe ar an margadh. Tagann an ráta lascaine le measúnú reatha margaidh luach airgid i leith ama agus na rioscaí a bhaineann leis an tsócmhainn, nach bhfuil sreafaí airgid na todhchaí coigeartaithe ina leith.

4. Beartais Shuntasacha Chuntasaíochta (ar lean)

4.5. Réadmhaoin, trealamh agus feithiclí (ar lean)

Féadfar caillteanas lagaithe a aithníodh roimhe seo a aisiompú go páirteach nó go hiomlán nuair a thugtar le tuiscint go bhféadfadh sé nach bhfuil an caillteanas lagaithe ann a thuilleadh nó má tháinig athrú ar na meastacháin a úsáideadh chun méid inghnóthaithe na sócmhainní a chinneadh. Ní dhéanfar suim ghlanluacha na sócmhainne a mhéadú ach go dtí an méid a bheadh ann mura n-aithneofaí an lagú bunaidh.

Déantar modhanna dímhéasa, saolta úsáideacha agus luachanna iarmharacha a athbhreithniú ag gach dáta tuairiscithe agus déantar iad a choigeartú más iomchuí.

4.6. Sócmhainní doláimhsithe

Ní dhéantar caiteachas ar bhogearraí a chaipitliú ach amháin nuair a méadaíonn sé buntáistí eacnamaíocha na todhchaí atá leabaithe sa tsócmhainn shonrach lena mbaineann sé. Tá gach caiteachas eile curtha síos mar a tabhaíodh é. Tá bogearraí amúchta sa Ráiteas loncain agus Caiteachais agus loncam Cuimsitheach Eile ar bhonn méid chothroim thar a saolré ionchais, ón dáta ar a bhfuil siad ar fáil lena n-úsáid.

Déantar athbhreithniú ar mhodhanna amúchta, saolré ionchais agus luachanna iarmharacha ar gach dáta tuairiscithe agus déantar iad a choigeartú más cuí.

Ar gach dáta tuairiscithe, déanann an Gníomhaireacht suim ghlanluacha a bogearraí a athbhreithniú lena chinneadh cibé acu an bhfuil aon chomhartha bearnaithe ann. Mura bhfuil a leithéid de chomhartha ann, tá na sócmhainní sin faoi réir athbhreithniú bearnaithe.

Tá suim ghlanluacha na mbogearraí scríofa anuas le méid aon bhearnaithe agus aithnítear an caillteanas sin sa Ráiteas loncain agus Caiteachais agus locam Cuimsitheach eile sa tréimhse airgid ina dtarlaíonn sé. D'fhéadfaí caillteanas bearnaithe a aithníodh roimhe a aisiompú go páirteach nó go hiomlán nuair atá comhartha ann go bhféadfadh sé nach bhfuil an caillteanas bearnaithe ann níos mó nó gur tháinig athrú ar na meastacháin a úsáideadh le suim in-aisghabhála na sócmhainne a chinneadh. Ní mhéadófar suim ghlanluacha na sócmhainne ach amháin suas go dtí an méid a bheadh sé dá mba rud é nár aithníodh an bearnú bunaidh.

Sonraítear an athbhreithniú bearnaithe i 4.5 thuas.

4.7. Airgead sa bhanc

Áirítear leis an airgead sa bhanc airgead atá sa bhanc agus ar láimh. Taispeántar rótharraingtí bainc, nuair is infheidhme, laistigh d'iasachtaí i ndlíteanais reatha.

4.8. Léasú

Muirearaítear cíosanna faoi léasanna oibriúcháin ar bhun líne dhíreach, glan ar dhreasachtaí, thar téarma an léasa de réir FRS 102 Alt 20 Léasanna ar an Ráiteas ar loncam agus Caiteachas agus loncam Cuimsitheach Eile. Déantar íocaíochtaí airgid tosaigh a fhaightear ón léasóir nó an léasaí mar chuid den léas nó den fholéas a chur siar agus a aithint thar théarma an léasa. Níl aon léas airgeadais i seilbh na Gníomhaireachta.

4.9. Sochar Scoir

Reáchtálann an Gníomhaireacht scéim phinsean le sochar sainithe, agus d'fhostaithe nach bhfuil mar pháirt don scéim, déanann sí ranníocaíochtaí le Cuntais Coigiltis Scoir Phearsanta ("CCSP"). Maoinítear na ranníocaíochtaí as Cuntas Riaracháin na Gníomhaireachta.

Tugtar cuntas ar chostais na scéime pinsin le sochar sainithe faoi alt 28 de FRS 102 Sochar Fostaí. Tomhaistear sócmhainní na scéime pinsin de réir luacha chóir. Déantar dlíteanais na scéime pinsin a thomhas ar bhonn achtúireach agus leas á bhaint as an modh réamh-mheasta aonaid. Cuirtear farasbarr sócmhainní scéime thar dhlíteanais scéime i láthair sa Ráiteas ar Staid Airgeadais mar shócmhainn. Is ionann cúlchiste na bpinsin Sochair Shainithe agus an farasbarr maoinithe thar dhlíteanais scéime amháin an 31 Nollaig 2022. Sa bhliain roimhe sin, cuireadh farasbarr de dhlíteanais scéime thar shócmhainní scéime i láthair sa Ráiteas ar Staid Airgeadais mar dhlíteanas sochair scoir iarchurtha.

Cuimsíonn an creidmheas/muirear pinsin sochair shainithe sa Ráiteas loncain agus Caiteachais agus loncam Cuimsitheach Eile an creidmheas/costas seirbhíse reatha agus an creidmheas/costas seirbhíse roimhe seo móide an glanchostas úis (nóta 9.5) ar shócmhainní agus dlíteanais na scéime.

Saináithnítear gnóthachain agus caillteanais achtúireacha a eascraíonn as athruithe sna boinn tuisceana achtúireacha agus as taithí gnóthachain agus caillteanais in loncam Cuimsitheach Eile don bhliain ina dtarlaíonn siad, agus saináithnítear athrú comhfheagrach sa tsuim atá le bheith inghnóthaithe ón bPríomh-Chiste.

Aithnítear costas ranníocaíochtaí na Gníomhaireachta sna Cuntais Coigiltis Scoir Phearsanta mar mhuirear ar an Ráiteas ar loncam agus Caiteachas agus loncam Cuimsitheach Eile sa bhliain airgeadais lena mbaineann seirbhís an fhostaí.

Nótaí Leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

4. Beartais Shuntasacha Chuntasaíochta (ar lean)

4.10. Cuntas caipitil

Léiríonn an cuntas caipitil fáiltais ón bPríomh-Chiste, a leithdháileadh chun Réadmhaoin, trealamh, feithiclí agus sócmhainní dholáimhsithe a cheannach. Déantar na fáiltais a amúchadh ar aon dul le dímhéas agus amúchadh ar na sócmhainní lena mbaineann.

4.11. Soláthairtí

Aithnítear soláthairtí sa chás go bhfuil oibleagáid reatha (dlíthiúil nó inchiallaithe) ar an nGníomhaireacht mar thoradh ar theagmhas a tharla roimhe, is dócha go mbeidh ar an nGníomhaireacht an oibleagáid a shocrú, agus go mbeifear in ann meastachán iontaofa a dhéanamh ar mhéid na hoibleagáide.

Is ionann na méideanna a n-aithnítear ina soláthairtí iad agus an meastachán is fearr ar an gcomaoin atá de dhíth leis an oibleagáid reatha a shocrú ag deireadh na tréimhse tuairiscithe.

4.12. Cánachas

Faoi fhorálacha saineiúla san Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997, tá an Gníomhaireacht díolmhaithe ón gCáin Chorporáideach agus Cáin Ghnóthachan Caipitiúil.

4.13. Eochair-mheastacháin agus bonn tuiscéana

Le léiriúchán na ráiteas airgeadais a chur i gcrích, bíonn ar an mbainistíocht breithiúnais, meastacháin agus toimhdiú a dhéanamh a théann i bhfeidhm ar na méideanna a thuairiscítear maidir leis na sócmhainní agus dliteanais amháil ar dháta an chláir chomhardaithe agus ar na méideanna a thuairiscítear maidir le hioncam agus speansais le linn na bliana. Fágann nádúr an mheastacháin, áfach, go bhféadfadh sé go mbeadh difear idir na torthaí iarbhair agus na meastacháin sin. D'fhéadfadh riosca suntasach a bheith ag baint leis na meastacháin seo a leanas go ndéanfaí coigeartú ábhartha ar mhéideanna glanluacha na sócmhainní agus na ndlíteanas a aithnítear sna ráitis airgeadais.

Sochair Phinsin (nóta 9)

Tá oibleagáidí ar an nGníomhaireacht sochair phinsin a íoc le baill na scéime pinsin le sochar sainithe. Braitheann costas na sochar seo agus luach reatha na hoibleagáide ar roinnt tosca, lena n-áirítear; ionchas saoil, méaduithe tuarastail, luacháil sócmhainní agus rátaí lascaire. Déanann an bhainistíocht meastachán ar na tosca seo chun an ghlanoibleagáid pinsin sa chlár comhardaithe a chinneadh. Léiríonn na toimhdiú taithí stairiúil agus treochtaí reatha.

Saolré ionchais sócmhainní agus luachanna iarmharacha

Déantar an muirear maidir le dímhéas tréimhsiúil réadmhaoin, trealaimh agus feithiclí (nóta 10) agus amúchadh tréimhsiúil sócmhainní dholáimhsithe (nóta 11) a dhíorthú i ndiaidh meastachán a dhéanamh ar shaolré ionchais sócmhainne agus ar an luach iarmharach ionchais ag deireadh a saoil. Is é an toradh a bheadh ar athrú ar shaolré ionchais sócmhainne nó ar a luach iarmharach ná athrú sa mhúirear dímhéasa nó amúchadh sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Ioncam Cuimsitheach Eile.

Cinneann an bhainistíocht ar shaolré ionchais shócmhainní agus luachanna iarmharacha na Gníomhaireachta agus déantar athbhreithniú uirthi seo ar bhonn bliantúil, ar a laghad, chun críche oiriúnachta. Tá an tsaoilé bunaithe ar thaithí stairiúil le sócmhainní comhchosúla mar aon le súil chun cinn ar theagmhais sa todhchaí, a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar an tsaoilé.

5. Ioncam Oibriúcháin

	Nóta	2022 €000	2021 €000
Gnóthú speansas ó GNBS		26,284	32,238
Gnóthú speansas ó CISÉ	7.1	18,422	17,226
Gnóthú speansas ó CBSÉ	7.1	7,745	6,535
Gnóthú speansas ó MTTÉ	7.1	6,171	6,038
Ioncam urrús faoi chumhdach sócmhainne		103	176
Ioncam eile		3,258	320
		61,983	62,533

5. Ioncam Oibriúcháin (ar lean)

Tá sé de cheanglas ar an nGníomhaireacht seirbhísí agus córais tacaíochta agus ghnó a sholáthar mar aon le foireann a shannadh chuig cuid de na feidhmeanna faoi reachtaíocht fhorordaithe mar seo a leanas:

- Do GNBS faoi ailt 41 agus 42 d'Acht na Gníomhaireachta Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní, 2009.
- Do CBSÉ faoi alt 10 den Acht um Chorporáid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann, 2014.
- Do MTTÉ faoi alt 9 den Acht um Maoiniú Teaghais-Tógála Éireann 2018.

Ina theannta sin, faoi alt 48 den an tAcht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (Leasú) 2014, glanfar speanais na Gníomhaireachta maidir le CISE ó CISE.

Eisítear Urrúis faoi Chumhdach Sócmhainne faoin Acht um Urrúis faoi Chumhdach Sócmhainne, 2001, arna leasú ag an Acht um Urrúis faoi Chumhdach Sócmhainne (Leasú), 2007. Sa chás go mainníonn banc atá cláraithe mar fhoras creidmheasa morgáiste sainithe nó mar fhoras creidmheasa poiblí sainithe faoin Acht (arna leasú), foráiltear leis an Acht (arna leasú) nach mór don Gníomhaireacht an méid seo a leanas a dhéanamh san ord seo a leanas, (i) iarracht a dhéanamh soláthraí seirbhísí eile a fháil chun na cistí cuí sócmhainní a bhainistiú, (ii) comhlacht corpraithe eile a fhostú chun a bheith ina mháthairraonán i leith na gcistí cuí, nó, (iii) na cistí a bhainistiú léi féin. Faigheann an Gníomhaireacht ioncam urrús táille faoi chumhdach sócmhainne i gcomaoin, atá bunaithe ar shuim ainmniúil gach banna in eisiúint an institiúid cuí faoi chumhdach sócmhainne.

Cuimsíonn ioncam eile, go príomha, gnóthú táillí gairmiúla agus táillí áirithe foirne ar iasacht agus táillí áirithe riaracháin. Faoin treoir a eisíodh don Gníomhaireacht faoi Ionstraim Reachtúil (I.R.) Uimh. 115 de 2010, rinne an tAire Airgeadais roinnt feidhmeanna a bhaineann leis an gcóras baincéireachta a tharmligean chuig an nGníomhaireacht. Rinneadh an tarmligéan sin a aisghairm le héifeacht ón 5 Lúnasa 2011 faoi I.R. Uimh. 395 de 2011 agus ó shin tá baill foirne na Gníomhaireachta a bhí ag plé le soláthar feidhmeanna an chórais bhaincéireachta imithe ar iasacht go dtí Roinn Comhailreach Scairshealbhu agus Airgeadais na Roinne Airgeadais. Ar threoir ón Aire, tá na costais thabhairthe ghaolmhara a bhaineann le baill foirne agus comhairleoir gairmiúil á n-íoc ag an nGníomhaireacht go fóill. Ar threoir ón Aire, leanann an Gníomhaireacht de na costais ghaolmhara foirne agus comhairleoirí gairmiúla a thabhairt a íoc. Maidir leis seo, gnóthaíodh costais chomhairleora gairmiúil €2.7m ó na hinstiúidí airgeadais ábhartha le linn 2022 (tabhairt agus aisghafa in 2021: Nialas).D'fhéadfadh go mbeadh riosca suntasach ag na meastacháin seo a leanas coigeartú ábhartha a dhéanamh ar mhéideanna glanluacha na sócmhainní agus na ndlíteanas a aithnítear sna ráitis airgeadais.

6. Ioncam An Phríomh-Chiste

Feidhmíonn an Príomh-Chiste ar bhonn fáiltas agus íocaíochtaí, ach rinneadh na ráitis airgeadais seo a ullmhú ar bhonn fabhairthe. Tá na nithe réitigh leagtha amach sa tábla seo a leanas:

	Nóta	2022 €000	2021 €000
Iarmhéid Tosaigh amhail an 1 Eanáir	14	1,657	2,138
Glansuimeanna a fuarthas ón bPríomh-Chiste		69,400	54,700
Iarmhéid deiridh amhail an 31 Nollaig	14	(8,758)	(1,657)
Príomh-Chiste Infhaighte don bhliain		62,299	55,181

Is í an tsuim iomlán a n-aithnítear í a bheith iníoctha/inghnóthaithe go/ón bPríomh-Chiste:

	Nóta	2022 €000	2021 €000
(Iníoctha leis) an bPríomh-Chiste	14	(8,758)	(1,657)
Maoiniú sochair scoir iarchurtha	9.4	-	106,171
		(8,758)	104,514

Nótaí Leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

7. Costais na Gníomhaireachta

7.1. Speansais na Gníomhaireachta d'fheidhmeanna sonraithe

	Nóta	2022 €000	2021 €000
An Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát		31,655	29,192
Ciste Infheistíochta Straitéisí d'Éirinn	5	18,422	17,226
Maoiniú agus Bainistiú Fiach		13,350	12,395
An Ghníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta		12,746	11,626
NewERA		6,793	6,084
		82,966	76,523
An Ghníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní		26,220	30,214
Corparáid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann	5	7,745	6,535
Maoiniú Teaghais-Tógála Éireann	5	6,171	6,038
Roinn Comhairleach Scairshealbhú agus Airgeadais		4,386	2,171
		44,522	44,958
Maoiniú sochar foirceannadh iarchurtha ghlan	8.2	7,981	6,901
Speansais eile ¹		194	186
		8,175	7,087
Speansais Iomlána		135,663	128,568

1 Léiríonn speansais eile costais áitiúchá spás oifige a dáileadh ar thionóntaí nemah-Ghníomhaireachta.

7.2. Costais na Gníomhaireachta

	Nóta	2022 €000	2021 €000
Costais Foirne			
Luach saothar	7.3	79,836	80,856
Costais foirne eile ²		2,233	2,408
Athrú ar sheirbhís reatha scéime pinsin le sochar sainithe	9.5	17,368	15,265
Costas pinsin CCSP	7.4	20	29
		99,457	98,558
Costais oibriúcháin			
Costais teicneolaíochta		10,669	10,251
Costais áitiúchá		9,383	7,430
Costais oibriúcháin eile		4,093	3,019
Táillí gairmiúla		5,315	3,342
Dímheas	10	4,322	4,057
Amúchadh	11	857	871
	7.5	34,639	28,970
Costas ghlan úis ar scéim pinsin le sochar sainithe	9.5	1,567	1,040
Costais Iomlána na Gníomhaireachta		135,663	128,568

2 Tá traenáil, earcaíocht, fostaí sealadacha agus táillí easachta san áireamh sna costais foirne eile.

7. Costais na Gníomhaireachta (ar lean)

7.3. Luach saothair

Tá na nochtadh luach saothar a leanas riachtanach faoin gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) ("an Cód"):

Sochair Fostaí Comhiomlán

	GNBS €000	CBSÉ €000	MTTÉ €000	GBCN €000	2022 €000	2021 €000
Sochair foirne gearr-théarmach	13,117	3,111	3,167	51,172	70,567	69,848
Sochair scor	1,771	-	-	-	1,771	3,459
Árachas Sóisialach Pá- Choibhneasa	1,427	330	355	5,386	7,498	7,549
	16,315	3,441	3,522	56,558	79,836	80,856

Is 773 (2021: 781) an uimhir iomlán foireann lán aimseartha coibhéis fostaithe ag 31 Nollaig 2022.

Sochair Foirne Gearr-Théarmach

	GNBS €000	CBSÉ €000	MTTÉ €000	GBCN €000	2022 €000	2021 €000
Bunphá	12,661	2,917	3,022	48,154	66,754	66,140
Pá i gcoibhneas le feidhmíocht	341	136	88	2,244	2,809	2,731
Liúntais	115	58	57	774	1,004	977
	13,117	3,111	3,167	51,172	70,567	69,848

Príomhphearsanra Bainistíochta

	2022 €000	2021 €000
Táillí baill an ghníomhaireact agus baill coistí	325	310
Íocaíochtaí bainistíocht	2,608	2,408
Pá i gcoibhneas le feidhmíocht	130	195
Liúntais	144	124
Árachas sláinte	42	45
	3,249	3,082

Cuimsíonn príomhphearsanra bainistíochta GBCN baill den Ghníomhaireacht agus den choiste dá dtagraítear sa Ráiteas Rialachais, an Príomhfheidhmeannach agus an Fhoireann Bhainistíochta Fheidhmiúcháin. Tá luach na sochar fostaí do phríomhphearsanra bainistíochta leagtha amach thuas (gan Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasta san áireamh).

Ní áirítear leis sin luach na sochar scoir a saothraíodh le linn na tréimhse. Is baill iad na príomhphearsanra bainistíochta (seachas baill na Gníomhaireachta agus an Príomhfheidhmeannach) de scéim pinsin GBCN.

Nótaí Leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

7. Costais na Gníomhaireachta (ar lean)

7.3. Luach saothair (ar lean)

Tuarastal agus Sochair an Phríomhfheidhmeannaigh

Cinntear luach saothair an Phríomhfheidhmeannaigh i gcomhréir le halt 6 (3) den Acht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, 1990 arna leasú.

Frank O'Connor (Príomhfheidhmeannach) - cuireadh tús le téarma oifige an 1 Iúil 2022	2022 €000
Tuarastal	240
Sochair inchánach	2
Sochair iar-fostaíochta	43
	285

Conor O'Kelly (Príomhfheidhmeannach) - chuaigh téarma oifige in éag an 30 Meitheamh 2022	2022 €000	2021 €000
Tuarastal	294	480
Sochair inchánach	2	4
Sochair iar-fostaíochta	43	86
	339	570

Cuimsíodh i luach saothair an Phríomhfheidhmeannaigh tuarastal bunúsach agus sochair inchánacha (árachas sláinte). Rinneadh méideanna 2022 a rátáil go pró-rátáil do na tréimhsí 6 mhí is infheidhme. Ní bhfuair an Phríomhfheidhmeannach íocaíocht lánroghnach feidhmíocht-bhainteach i leith 2022 nó 2021.

Nochtaí maidir le foirne an Ghníomhaireacht le heisceacht oifigigh sannta do GNBS, CBSÉ agus MTTÉ

Saoire Gharraíodóireachta

Cuireadh cúigear baill foirne de chuid na Ghníomhaireachta ar saoire gharraíodóireachta le linn 2022 le costas inchurtha de tuairim is €315k (2021: triúr baill foirne le costas inchurtha 2021 de tuairim is €24k). Ní hionann é sin agus costas incriminteach don Ghníomhaireacht ach tá sé ina chuid den chostas tuarastail foriomlán a bheadh tabhaithe ag an nGníomhaireacht beag beann ar an gcinneadh chun na baill foirne sin a chur ar shaoire gharraíodóireachta. Ar an meán, mhair saoire gharraíodóireachta na 4 ball foirne 2 mhí (2017: 2 mhí). Rinneadh na cinntí maidir leis an 4 ball foirne a chur ar saoire gharraíodóireachta ar bhonn cás ar chás agus rinneadh measúnú, inter alia, ar ról an duine sin sa Ghníomhaireacht agus fostóir nua an duine sin. Ina theannta sin, rinneadh íocaíochtaí pá in ionad €13k san iomlán le triúr ball foirne in 2022 (2021: Ceann ar bith).

Nochtaí maidir le hoifigigh sannta do GNBS

Scéim Iomarcaíochta Deonach (VRS) – GNBS

I 2022 ghlac ceithre fostaí déag sannta do GNBS páirt i VRS (2021: triúr fostaí agus tríocha). Aithníodh in 2022 costais de €1.8m (2021: €3.8m) a bhaineann leis an VRS. Bhí costais de €1.0m (2021: €2.1m) inchurtha i leith íocaíochtaí reachtúla agus íocaíochtaí iomarcaíochta eile, bhain €0.3m (2021: €0.3m) leis an "scéim choinneála GNBS"¹, agus €0.5m (2021: €1.0m) do shaoire gharraíodóireachta agus pá in ionad fógra.

¹ Níl feidhm le scéim choinneála GNBS ach amháin i gcúinsí ina bhfuil baill foirne déanta iomarcach, ina bhfuil gach caighdeán feidhmíochta bainte amach acu, agus ina bhfuil an tréimhse atá riachtanach chun sainordú reachtúil GNBS a chomhlíonadh curtha isteach acu le GNBS.

Saoire gharraíodóireachta – GNBS

Cuireadh ceithre fostaí déag sannta do GNBS ar saoire gharraíodóireachta le linn 2022 (2021: triúr fostaí agus tríocha). Ní costas incriminteach don Ghníomhaireacht atá i gceist leis an tsaoire gharraíodóireachta, ach cuid den chostas foriomlán tuarastail a bheadh tabhaithe ag an nGníomhaireacht cibé cinneadh a bheadh déanta maidir leis na baill foirne lena mbaineann a chur ar saoire gharraíodóireachta. Mhair an tsaoire gharraíodóireachta faoin VRS trí mhí ar an meán (2020: trí mhí). Ach amháin na fostaí ar glacadh leo don VRS, níor cuireadh aon fostaí (2021: beirt fostaí) ar saoire gharraíodóireachta le linn 2022.

Déantar costais a thabhaíonn oifigigh a shanntar do GNBS a aisghabháil agus a áireamh san ioncam oibriúcháin (nóta 5).

7. Costais na Gníomhaireachta (ar lean)

7.4. Sochair Scor

Bronntar teidlíochtaí aoisliúntais na foirne faoi scéim sochair shainithe aoisliúntais a bunaíodh faoi alt 8 den Acht um Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, 1990. Aistrítear ranníocaíochtaí chuig ciste a bhainistítear go seachtrach. Cinntear ranníocaíocht na Gníomhaireachta bunaithe ar chomhairle achtúire neamhspleách I ndiaidh athbhreithniú achtúireach trí bhliantúil i 2022 méadaíodh ranníocaíocht na Gníomhaireachta ó leibhéal 14.2% go 16.3% den tuarastal i ndáil le daoine a raibh ballraíocht acu sa Scéim. B'ionann ranníocaíochtaí na Gníomhaireachta leis an scéim sochair shainithe don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022 agus €11.0m (2021: €9.6m). Faigheann baill na scéime roimh 1 Eanáir 2010 sochair bunaithe ar an tuarastal deiridh. Cruthaíodh catagóir nua ballraíochta ar 1 Eanáir 2010, le sochair bunaithe ar mheánphá gairme do bhaill foirne ar soláthraíodh PRSA dóibh roimhe seo agus baill nua foirne ón dáta sin.

Foráiltear do dhliteanais a eascraíonn faoin scéim sochair shainithe faoi na socrúithe thuas, seachas do theidlíochtaí a eascraíonn i leith sheirbhís bhaill faoi leith na Gníomhaireachta a earcaíodh ó réimsí eile laistigh den earnáil phoiblí. Ar 7 Aibreán 1997 d'ainmnigh an tAire Airgeadais an Gníomhaireacht mar eagraíocht cheadaithe chun críocha alt 4 den Acht Aoisliúntas agus Pinsean 1963 (arna leasú). Faoi réir théarmaí an ailt sin, foráiltear leis an ainmniú seo go n-íocfar, inter alia, ranníocaí as an Stáitchiste, i measc nithe eile, mar agus nuair atá sochair dlite i gcomhair íocaíochta mar is iondúil, i leith réamhsheirbhís iarfhostaithe áirithe sa tseirbhís phoiblí a bhí fostaithe ag an nGníomhaireacht. Ní dhearnadh aon fhoráil d'íocaíocht na dteidlíochtaí sin a mhaoiniú.

Déanann an Gníomhaireacht ranníocaíocht le scéim scoir ar son an Phríomhfheidhmannagh. Rinne an Gníomhaireacht ranníocaíocht freisin de €20k (2021: €29k) le Cuntais Coigiltis Scoir Phearsanta do roinnt fostaithe nár bhaill den scéim sochair shainithe iad in 2022.

7.5. Costais Oibriúcháin

Áirítear leis na costais oibriúcháin eile de €34.6m (nóta 7.2) costais teicneolaíochta, costais áitíochta, costais seirbhísí gnó agus speansais taistil na foirne.

Cuimsíonn táillí gairmiúla € 5.3m (nóta 7.2) táillí comhairleacha agus costais le haghaidh feidhmeanna 'gnó mar is gnách'. Déantar anailís mar seo a leanas ar tháillí comhairleacha de €3.8m a chuimsíonn costas comhairle sheachtraigh don bhainistíocht, agus a éilíonn nochtadh faoin gCód:

	2022 €000	2021 €000
Dlí	262	199
Cánachas agus airgeadas	2,591	734
Táillí Achtúireacha	665	578
Caidrimh phoiblí agus margaíocht	133	134
Pinsin agus acmhainní daonna	24	102
Saroáidí agus eile	113	84
Táillí comhairleoireachta san áireamh le táillí Gairmiúla	3,788	1,831

Áirítear €0.2m (2021: €0.2m) sna táillí comhairleoireachta thuas a rinne GNBS, CBSÉ, CISE agus MTTÉ a aisíoc leis an nGníomhaireacht.

8. Glanmhaoiniú Sochair Scoir Iarchurtha

8.1. Gluaiseacht i maoiniú um shochair scoir iarchurtha

	Nóta	2022 €000	2021 €000
Iarmhéid tosaigh amhail an 1 Eanáir		106,171	87,496
Glanmhaoiniú socair scoir iarchurtha trí loncam agus Caiteachas	8.2	7,981	6,901
Gluaiseacht i maoiniú sochair scoir iarchurtha trí loncam Cuimsitheach Eile	8.3	(153,244)	11,774
		(39,092)	106,171
Aistriú chuig cúlchiste pinsin sochair shainithe		39,092	-
Iarmhéid deiridh an 31 Nollaig		-	106,171

Nótaí Leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

8. Glanmhaoiniú Sochair Scoir Iarchurtha (ar lean)

8.2. Glanmhaoiniú cúlchiste sochair scoir iarchurtha tríd loncaim agus Caiteachais

	Nóta	2022 €000	2021 €000
Athrú ag eascairt as seirbhís fostaí sa tréimhse tuairiscithe	9.5	17,368	15,393
Glanchostas úis	9.5	1,567	1,040
Rannaíochtaí Fostaithe	9.7	(10,954)	(9,532)
Glanmhaoiniú sochair scoir iarchurtha		7,981	6,901

8.3. Gluaiseacht sa Mhaoiniú Sochair Scoir Iarchurtha tríd loncaim Cuimsithe Eile

	Nóta	2022 €000	2021 €000
Gluaiseacht i suimeanna inghnóthaithe maidir le cailiteanas/ (gnóthachan) achtúireach na bliana reatha	9.9	(153,244)	11,774

9. Sochar Scoir

9.1. Scéim pinsin le sochar sainithe

Meastar sócmhainní scéime pinsin ag luach cóir ag an dáta tuairiscithe. Meastar dliteanais scéime pinsin ar bhonn achtúireach ag úsáid an mhodha chreidmheasa aonaid réamh-mheasta. Socraíonn achtúire neamhspléach an luacháil leis na dliteanais a mheasúnú ar an dáta tuairiscithe, mar a sholáthraíonn an riarthóir scéime Mercer (Ireland) Limited. Críochnaíodh athbhreithniú luachála tribhliantúil in 2022 agus úsáideadh é chun an ráta maoinithe a shocrú do na trí bliana amach romhainn. Déanfar athbhreithniú ar seo arís i 2025. Leagtar amach na príomhthuaisirí achtúireacha i nóta 9.2.

9.2. Príomhthoisimhdí achtúireacha

Ba iad seo a leanas na meántoisimhdí ualaithe a úsáideadh chun oibleagáidí sochair agus costais pinsin a chinneadh:

	2022		2021	
	Oibleagáidí sochair %	Costais pinsin %	Oibleagáidí sochair %	Costais pinsin %
Ráta lascaine	4.3	4.3	1.6	1.6
Ráta méadaithe tuarastail	3.6	3.6	3.2	3.2
Ráta boillscithe praghsanna	2.6	2.6	2.2	2.2
Ráta méadaithe pinsin	2.6/3.6	2.6/3.6	2.2/3.2	2.2/3.2

Ba iad seo a leanas na meánionchas saoil ualaithe do tháblaí básmhaireachta a úsáideadh chun oibleagáidí sochair a chinneadh:

	2022		2021	
	Bean (Blianta)	Fear (Blianta)	Bean (Blianta)	Fear (Blianta)
Básmhaireachta ag aois 60				
Pinsinéirí amach anseo (45 bliana d'aois faoi láthair)	31.5	29.5	31.4	29.4
Pinsinéirí reatha (60 bliain d'aois faoi láthair)	30.1	28.2	30.0	28.1
Básmhaireachta ag aois 65				
Pinsinéirí amach anseo (45 bliana d'aois faoi láthair)	27.0	25.1	26.9	25.0
Pinsinéirí reatha (60 bliain d'aois faoi láthair)	25.2	23.4	25.1	23.3

9. Sochar Scoir (ar lean)

9.3. Sócmhainní an Phlean

	2022		2021	
	€000	%	€000	%
Gnáthscaireanna	92,195	39.0	106,616	42.5
Urrúis fiachais	70,981	30.0	59,676	23.8
Malairtí	28,069	11.9	33,076	13.2
Bonneagar	11,595	4.9	9,720	3.9
Airgead Tirim	33,556	14.2	41,861	16.7
Luach cóir shócmhainní an phlean	236,396	100.0	250,949	100.0

9.4. Barrachas/(Easnamh) scéime – réiteach ar stádas maoinithe an Ráiteas maidir leis an Staid Airgeadais

	Nóta	2022 €000	2021 €000
Luach cóir shócmhainní an phlean		236,396	250,949
Oibleagáid sochair shainithe	9.6	(197,304)	(357,120)
Glansócmhainn/(Glandliteanas) sochair shainithe		39,092	(106,171)
Suimeanna sa Ráiteas maidir leis an Staid Airgeadais		2022 €000	2021 €000
Sócmhainn/(Oibleagáidí) sochair scoir		39,092	(106,171)
Maoiniú sochair scoir iarchurtha		-	106,171
Cúlchiste pinsean sochair shainithe		39,092	-

9.5. Costas a bhaineann le pleananna sochair shainithe

Is í an tsuim a aithnítear sa Ráiteas loncaim agus Caiteachais:

	2022 €000	2021 €000
Athrú ag eascairt as seirbhís fostaí GBCN	17,368	15,265
Deonacháin ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe	-	128
Athrú ag eascairt as seirbhís fostaí sa tréimhse tuairiscithe	17,368	15,393
Speansas úis ar oibleagáid sochair shainithe	5,695	3,933
Ús (ioncam) ar shócmhainní an phlean	(4,128)	(2,893)
Costais úis ghaln	1,567	1,040

Nótaí Leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

9. Sochar Scoir (ar lean)

9.6. Athrú ar oibleagáid sochair shainithe

	2022 €000	2021 €000
Oibleagáid sochair shainithe ag 1 Eanáir	357,120	304,593
Athrú ag eascairt as seirbhís fostaí sa tréimhse tuairiscithe	17,368	15,393
Costas úis ar oibleagáid sochair shainithe	5,695	3,933
Glan Íocaíochtaí Sochair	(2,316)	(4,066)
Ranníocaíochtaí rannpháirtithe	5,842	5,686
Préimheanna árachais	(394)	(331)
Éifeacht na n-athruithe ar thiomhdí	(182,145)	29,941
Éifeacht na gcoigeartuithe taithí	(3,866)	1,971
Oibleagáid sochair shainithe ag 31 Nollaig	197,304	357,120

9.7. Athrú ar luach cóir shócmhainní an phlean

	2022 €000	2021 €000
Luach cóir shócmhainní an phlean ag tús na bliana	250,949	217,097
Ioncam úis shócmhainní an phlean	4,128	2,893
Ranníocaíochtaí fostóirí	10,954	9,532
Ranníocaíochtaí rannpháirtithe	5,842	5,686
Glan Íocaíochtaí Sochair	(2,316)	(4,066)
Préimheanna árachais le haghaidh sochair riosca	(394)	(331)
Toradh ar shócmhainní an phlean (gan ioncam úis san áireamh)	(32,767)	20,138
Luach cóir shócmhainní an phlean ag 31 Nollaig	236,396	250,949

9.8. Toradh iarbhir faoi shócmhainní scéimeanna

	2022 €000	2021 €000
Ioncam úis shócmhainní an phlean	4,128	2,893
Toradh ar shócmhainní an phlean (gan ioncam úis san áireamh)	(32,767)	20,138
Toradh iarbhir faoi shócmhainní scéimeanna	(28,639)	23,031

9.9. Gnóthachan/(Caillteanas) achtúireach ar oibleagáidí sochar scor

Seo a leanas na hatomhais atá sainaitheanta in Ioncam Cuimsitheach Eile:

	2022 €000	2021 €000
Éifeacht na n-athruithe ar thiomhdí	182,145	(29,941)
Éifeacht na gcoigeartuithe taithí	3,866	(1,971)
Toradh ar shócmhainní an phlean (gan ioncam úis san áireamh)	(32,767)	20,138
Atomhais atá san áireamh in Ioncam Cuimsitheach Eile	153,244	(11,774)

10. Réadmhaoin, Trealamh agus Feithiclí

	Léasacht feabhsúcháin €000	Troscán, trealamh agus mótarfeithiclí €000	Iomlán €000
Costas:			
larmhéid amhail an 1 Eanáir 2022	26,662	11,026	37,688
Suimiúcháin ar chostas	13	1,029	1,042
Diúscairtí	-	(101)	(101)
larmhéid amhail an 31 Nollaig 2022	26,675	11,954	38,629
Dímheas Carntha:			
larmhéid amhail an 1 Eanáir 2022	(5,785)	(6,585)	(12,370)
Dímheas don bhliain	(1,896)	(2,426)	(4,322)
Diúscairtí	-	98	98
larmhéid amhail an 31 Nollaig 2022	(7,681)	(8,913)	(16,594)
Glanluach Leabhar amhail an 31 Nollaig 2022	18,994	3,041	22,035
Glanluach de réir na Leabhar amhail an 31 Nollaig 2021	20,877	4,441	25,318

Déantar dímheas a áireamh bunaithe ar shaolré fhóna mheasta réadmhaoin, trealamh agus feithiclí mar seo a leanas:

Feabhsúcháin léasachta	Suas go 15 bliana
Troscán	5 bliana
Trealamh agus mótarfeithiclí	3 go 5 bliana

Baineann na breiseanna feabhsúcháin léasacha le costais feistithe agus le táillí gairmiúla i dtaca le cóiríocht oifige ag Duga an Státhchiste, Cé an Phoirt Thuaidh, Baile Átha Cliath 1. Tá an réadmhaoin léasaithe faoi léas oibriúcháin, mar a leagtar amach i nóta 16.

11. Sócmhainní Doláimhsithe

	Costais bhogearraí €000
Costas:	
larmhéid amhail an 1 Eanáir 2022	4,381
Suimiúcháin ar chostas	740
larmhéid amhail an 31 Nollaig 2022	5,121
Amúchadh Carntha agus Bearnúchán Carntha:	
larmhéid amhail an 1 Eanáir 2022	(2,905)
Amúchadh don bhliain	(857)
larmhéid amhail an 31 Nollaig 2022	(3,762)
Glanluach Leabhar amhail an 31 Nollaig 2022	1,359
Glanluach Leabhar amhail an 31 Nollaig 2021	1,476

Déantar sócmhainní tríú páirtí a mheas ag costas lúide amúchadh carntha agus aon chaillteanais bhearnaithe charntha.

Déantar amúchadh a áireamh bunaithe ar shaolré ionchais na sócmhainní doláimhsithe mar a leanas:

Bogearraí ríomhaire	5 bliana
---------------------	----------

Nótaí Leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

12. Infháltais (Neamhreatha)

	2022 €000	2021 €000
Réamhiocaíochtaí	130	1,167

Cuimsíonn ceadúnais teicneolaíochta, tacaíocht agus cothabháil i réamhiocaíochtaí rangaithe mar neamhreatha.

13. Infháltais (Reatha)

	2022 €000	2021 €000
Suimeanna infhaighte ó GNBS	8,770	10,147
Suimeanna infhaighte ó CISE	3,388	2,959
Suimeanna infhaighte ó CBSÉ	1,332	1,089
Suimeanna infhaighte ó MTTÉ	998	950
Féichiúnaithe eile	3,059	174
Réamhiocaíochtaí	3,153	3,624
	20,700	18,943

Is éard atá i suimeanna infhaighte eile go príomha nó costais inghnóthaithe thar ceann Rannán Comhairleach Scairsealbhaoichta agus Airgeadais (SFAD), ioncam Urrús faoi Chumhdach Sócmhainní agus ioncam atá dlite ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

14. Suimeanna Iníochta: méideanna a bheidh dlite laistigh de 1 bhliain amháin

	2022 €000	2021 €000
Trádáil agus suimeanna iníochta eile	3,690	2,931
Ciste Lárnach	8,758	1,657
Fabhruithe	13,448	15,916
Ioncam iarchurtha	534	1,594
	26,430	22,098

Cuimsíonn fabhruithe táillí cíosa de €4.1m (2021: €4.5m) agus teidlíochtaí saoire bliantúla de €2.5m (2021: €2.5m) a saothraíodh ach nach raibh tógtha ar dháta an tuairiscithe.

15. Suimeanna Iníochta: méideanna a bheidh dlite tar éis 1 bhliain amháin

	2022 €000	2021 €000
Ioncaim iarchurtha	4,726	5,260

Mar chuid den ioncam iarchurtha áirítear dreasacht léasachta i leith íocaíochtaí cíosa ar chóiríocht oifige ag 1 Duga an Státhchiste, Cé an Phoirt Thuaidh, Baile Átha Cliath 1. Aithnítear luach na dreasachta léasa thar thréimhse an léasa. De thoradh ar an gcóireáil, gnóthaítear ioncam dar luach €7.5m a cuireadh i leith an Ráitis ar ioncam agus Caiteachas ar bhonn líne díri thar an tréimhse ó Bhealtaine 2018 go dtí Bealtaine 2033, nuair a thiocfaidh an rogha foirceanta.

Mar chuid den ioncam iarchurtha áirítear dhá chíos réamhióchta a fuarthas i leith foléasa ar chóiríocht oifige ag 1 Duga an Státhchiste, Cé an Phoirt Thuaidh, Baile Átha Cliath 1. Cuireadh méid €8.2m chun sochair don Ráiteas loncaim agus Caiteachais ar bhonn líne dhíreach thar an tréimhse Bealtaine 2018 go Bealtaine 2022 agus méid €0.2m chun sochair don Ráiteas loncaim agus Caiteachais ar bhonn líne dhíreach thar an tréimhse Bealtaine 2019 go Bealtaine 2024 nuair a rachaidh na foléasanna in éag.

16. Gealltanais

I mBealtaine 2018 rinne an Ghníomhaireacht comhaontú léasa maidir le cóiríocht oifige ag 1 Duga na Státchiste, Cé an Phoirt Thuaidh, Baile Átha Cliath 1, go dtí Bealtaine 2043, le rogha deireadh a chui leis i 2033. Seo a leanas na híoschíosanna ainmniúla todhchaí is iníoctha faoi léas oibriúcháin docheallaithe:

	2022 €000	2021 €000
Laistigh d'aon bhliain amháin	8,683	8,683
Faoi cheann dhá bhliain go cúig bliana	34,731	34,731
Thar 5 bliana	46,845	55,528
	90,259	98,942

17. Dlíteanais Theagmhasacha

Ní raibh aon dlíteanais theagmhasacha ag an Ghníomhaireacht ag 31 Nollaig 2022.

18. Páirtithe Gaolmhara

An tAire Airgeadais

Ceapann an tAire Airgeadais seisear comhaltaí de chuid na Gníomhaireachta de réir alt 3A den Acht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, 1990, arna leasú.

Príomhphearsanra bainistíochta

Is iad comhaltaí na Gníomhaireachta a rialaíonn an Ghníomhaireacht agus is é an Príomhfheidhmeannach agus an Foireann Feidhmiúcháin Bainistíochta a bhainistíonn agus a stiúirann riarachán agus gnó na Gníomhaireachta. Nochtar i Nóta 7 táillí a íocadh le príomhphearsanra bainistíochta.

An Ghníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní

De réir ailt 41 agus 42 den Acht fán nGníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní 2009, soláthraíonn an Ghníomhaireacht seirbhísí agus córais ghnó agus tacaíochta do GNBS, mar aon le foireann a shannadh d'fheidhmeanna GNBS. Déantar cur síos ar ghnóthú speansas ó GNBS i nóta 5.

Corparáid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann

De réir alt 10 den Acht um Chorporáid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann 2014, soláthraíonn an Ghníomhaireacht seirbhísí agus córais ghnó agus tacaíochta do CBSÉ mar aon le foireann a shannadh d'fheidhmeanna CBSÉ. Déantar cur síos ar ghnóthú speansas ó CBSÉ i nóta 5.

Maoiniú Teaghais-Tógála Éireann

I gcomhréir le halt 9 den Acht um Maoiniú Teaghais-Tógála Éireann 2018, cuireann an Ghníomhaireacht córais agus seirbhísí gnó agus tacaíochta ar fáil agus sannann sí baill foirne chuig MTTÉ. Déantar cur síos ar ghnóthú speansas ó MTTÉ i nóta 5.

Aonáin eile faoi rialú an Rialtais

Tá Grúpa Bainc-Aontas Éireann cpt ina bpáirtithe gaolmhara mar tá an dá cheann faoi rialú an Aire Airgeadais.

Nótaí Leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

19. An Ghníomhaireacht Airgeadais D'fhorbairt Náisiúnta

Chomhlíon an Ghníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta ag feidhmiú mar an Ghníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta i gcomhréir le Cuid 4 den Acht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (arna leasú) 2014, feidhmeanna maoinithe agus comhairlithe maidir le tionscadail infheistíochta poiblí ar leith. Ba í GBCN a chlúdaigh costais na seirbhísí seo, arna cúiteamh ag an Údarás Stáit iomchuí lena mbaineann na tionscadail.

Thabhaigh GBCN, ag feidhmiú mar GAFN, na costais seo a leanas:

	2022 €000	2021 €000
Táillí proifisiúnta	10,158	10,370
Táillí dlí	581	545
	10,739	10,915

Seo a leanas na suimeanna atá infhaighte ó Údarás Stáit amhail ar dháta an tuairiscithe:

	2022 €000	2021 €000
An Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil	47	595
An Roinn Oideachais	2,716	2,471
An Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais	495	-
	3,258	3,066

Déantar suimeanna aisíochta a chur ar ais chuig Ciste Bhanc Taisce an Phoist i gcomhréir le halt 30 d'Acht GBCN (Leasú) 2014. Amhail an 31 Nollaig 2022, tá €3.5m (2021: €2.5m) dlite do Chiste Bhanc Taisce an Phoist.

Bhí méid iomlán de €1.5m (2021: €2.4m) sa bhanc ag GNBS, ag breitheamh mar GAFN, amhail an 31 Nollaig 2022.

Níl an caiteachas agus an aisíocaíocht thuas san áireamh sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Ioncam Cuimsitheach Eile ná sa Ráiteas maidir leis an Staid Airgeadais ar leathanaigh 112 agus 113.

20. Teagmhais Tar Éis Dheireadh na Tréimhse Tuairiscithe

Níor tharla aon teagmhais ar ghá iad a choigeartú nó a nochtadh sna ráitis airgeadais tar éis dheireadh na tréimhse tuairiscithe.

21. Formheas na Ráiteas Airgeadais

D'fhorbair an Ghníomhaireacht na ráitis airgeadais an 4 Bealtaine 2023.

Ráitis Airgeadais de Chuid

Ciste Bhanc Taisce an Phoist

Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022

Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste	132
Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Tuilleamh Coinnithe	134
Ráiteas maidir leis an Staid Airgeadais	135
Nótaí leis na Ráitis Airgeadais	136



Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste Comptroller and Auditor General

Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

Ciste Bhanc Taisce an Phoist

Tuairim maidir leis na ráitis airgeadais

Tá ráitis airgeadais Ciste Bhanc Taisce an Phoist ullmhaithe ag an Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (an Ghníomhaireacht) agam don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022 de réir mar a éilítear faoi fhorálacha Alt 12 an Achta Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta 1990 (mar atá arna leasú). Cuimsítear leis na ráitis ar ioncam agus caiteachas agus tuilleamh coinnithe, ráiteas an maidir leis an staid airgeadais agus nótaí leis na ráitis airgeadais.

Is é mo thuairim go dtugann na ráitis airgeadais léargas ceart

- ar shócmhainní agus dliteanais an Chiste ag 31 Nollaig 2022, agus
- ar idirbhearta an Chiste 2022.

Bunús leis an tuairim

Rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúcháireachta (ISAnna) mar a fhógraíonn an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasthoras Iniúcháireachta. Tá cur síos ar mo chuid freagrachtaí faoi na caighdeáin seo in aguisín an tuairisc seo. Tá mé neamhspleách ón Ghníomhaireacht agus tá mo chuid freagrachtaí eiticíúla comhlíonta agam i gcomhréir leis na caighdeáin.

Creidim go bhfuil an fhianaise iniúcháireachta atá faighte agam leordhóthanach agus iomchuí le mo thuairim a bhunú uirthi.

Tuairisc ar eolas seachas na ráiteas airgeadais, agus ar nithe eile

Tá eolas eile faoi leith curtha i láthair ag an Ghníomhaireacht leis na ráitis airgeadais i dtaca le oibríocht an Chiste. Cuimsíonn sé tuarascáil bhliantúil an Ghníomhaireacht lena n-áirítear an ráiteas (maidir le rialachas, tuarascáil na stiúrthóirí) agus an ráiteas maidir le rialú inmheánach. Tá cur síos san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo ar mo chuid freagrachtaí maidir le tuairisc a thabhairt ar an eolas sin, agus ar nithe eile faoi leith ar a dtuairiscím trí eisceacht.

Níl aon ní le tuairisciú agam ina leith sin.

Seamus McCarthy

An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

15 Bealtaine 2023

Aguisín a ghabhann leis an tuarascáil

Freagrachtaí Ghníomhaireacht Bainistíocht an Chisteáin Náisiúnta

Leagtar amach freagrachtaí baill an ghníomhaireachta sa ráiteas rialachas agus tuairisc baill an ghníomhaireachta

- ullmhú na ráiteas airgeadais bhliantúil san fhoirm a fhorordaítear faoi alt 12 an Achta um Ghníomhaireacht Bainistíocht an Chisteáin Náisiúnta 1990 (mar atá arna leasú)
- cinntiú go dtugtar léargas ceart ar chúrsaí an iarmhéid an fhiachas náisiúnta gan íoc ag 31 Nollaig 2021 agus costas fónaimh d'fhiachas na bliana
- rialtacht idirbhearta a chinntiú
- oiriúnacht na húsáide a bhaineann na stiúrthóirí as an mbonn cuntasaióchta gnóthais leantaigh a mheas, agus
- cibé rialú inmheánach a mheasann siad is gá le go bhféadfar ráitis airgeadais a ullmhú atá saor ó mhráiteas ábhartha, cibé acu mar gheall ar chalaois nó ar bhotún.

Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt faoi alt 12 an Achta Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta 1990 (mar atá arna leasú) iniúchadh a dhéanamh ar ráitis airgeadais an chiste agus tuarascáil orthu a thabhairt do Thithe an Oireachtais.

Is é cuspóir m'iniúchta dearbhú réasúnta a fháil an bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhráiteas ábhartha mar gheall ar chalaois nó ar bhotún. Is ionann dearbhú réasúnta agus leibhéal ard dearbhaithe, ach ní ionann é agus ráthaíocht go n-aimseoidh iniúchadh a dhéantar i gcomhréir leis na ISAnna míráiteas ábhartha i gcónaí. Féadfaidh míráitis eascairt as calaois nó botún agus meastar iad a bheith ábhartha más féidir a bheith ag súil go réasúnta go n-imreodh siad tionchar, go haonair nó go comhiomlán, ar chinntí eacnamaíocha a dhéanann úsáideoirí ar bhonn na ráiteas.

Mar chuid d'iniúchadh i gcomhréir leis na ISAnna, úsáidim breithiúnas gairmiúil agus sceipteachas gairmiúil ar feadh an iniúchta. Agus é sin á dhéanamh agam,

- Déanaim rioscaí maidir le míráitis ábhartha sna ráitis airgeadais, cibé acu mar gheall ar chalaois nó ar bhotún, a shainaitheint agus a mheas; déanaim nósanna imeachta iniúchóireachta a dhearadh agus a chur i bhfeidhm a fhreagraíonn do na rioscaí sin; agus faighim fianaise iniúchóireachta atá leordhóthanach agus iomchuí le mo thuairim a bhunú uirthi. Tá an riosca nach n-aimseofar míráiteas ábhartha mar thoradh ar chalaois níos airde ná an riosca maidir le ceann a eascraíonn as botún, mar go bhféadfadh sé go mbeadh claonpháirteachas, brionnú, easnaimh d'aon ghnó, mífhaisnéis, nó gabháil treise ar an rialú inmheánach i gceist leis.
- Faighim tuisceant ar rialú inmheánach atá ábhartha don iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchóireachta a dhearadh atá oiriúnach sna cúinsí, ach nach bhfuil oiriúnach chun tuairim a chur in iúl maidir le héifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim measúnú ar oiriúnacht na bpolasaithe cuntasaióchta a úsáideadh agus réasúntacht na meastachán cuntasaióchta agus an nocht a gaolmhar.

- Tagaim ar thátail maidir le hoiriúnacht na húsáide a bhaintear as an mbonn cuntasaióchta gnóthais leantaigh agus, bunaithe ar an fhianaise iniúchóireachta a fhaightear, maidir le cibé acu an bhfuil éiginnteacht ábhartha ann a bhaineann le himeachtaí nó cúinsí a d'fhéadfadh amhras suntasach a tharraingt ar chumas an Chiste leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach. Má thagaim ar an tátal go bhfuil éiginnteacht ábhartha ann, éilítear orm aird a tharraingt i mo thuarascáil ar an nochtadh bainteach sna ráitis airgeadais nó, mura leor an nochtadh sin, mo thuairim a mhodhnú. Tá mo thátail bunaithe ar an bhfianaise iniúchóireachta a fuarthas suas go dáta mo thuarascála. D'fhéadfadh imeachtaí nó coinníollacha amach anseo, áfach, bheith ina gcúis leis an Chiste scor de bheith ina ghnóthas leantach.

Cuirim in iúl dóibh siúd atá freagrach as rialachas, i measc nithe eile, raon feidhme beartaithe agus uainiú an iniúchta agus tátail shuntasacha an iniúchta, lena n-áirítear aon easnaimh a aimsim le linn m'iniúchta i dtaca le rialachas inmheánach.

Tuairiscím freisin trí eisceacht má, i mo thuairim,

- mura bhfaighim an fhaisnéis agus na mínithe fo léir a theastaigh uaim chun m'iniúchadh a dhéanamh, nó
- mura raibh na taifead cuntasaióchta dóthanach le iniúchadh na ráitis airgeadais a cheadú go fonmhar agus i gceart, nó
- mura bhfuil na ráitis airgeadais ag teacht le na taifead cuntasaióchta.

Eolas nach mbaineann leis na ráitis airgeadais

Ní chumhdaítear le mo thuairim faoi na ráitis airgeadais an t-eolas eile a chuirtear i láthair leis na ráitis sin, agus ní thugaim aon chineál tátail maidir le dearbhú ina leith.

I dtaca le m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais, éilítear orm faoi na ISAnna an t-eolas eile a léamh a cuireadh i láthair agus, le linn dom é sin a dhéanamh, breathnú an bhfuil an t-eolas eile neamh-chomhréireach go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó leis an eolas a fuarthas le linn an iniúchta, nó an cosúil ar shlí eile go bhfuil míráiteas ábhartha déanta ina leith. Más rud é go mbainim an tátal, bunaithe ar an obair atá déanta agam, go bhfuil míráiteas ábhartha ann i dtaca leis an eolas eile sin, éilítear orm é sin a thuairisciú.

Tuairiscíú ar nithe eile

Déantar m'iniúchadh trí thagairt do na léirbhreithnithe speisialta a bhaineann le comhlachtaí Stáit maidir lena mbainistíocht agus lena bhfeidhmiú. Tuairiscím má tá nithe ábhartha ann a bhaineann leis an mbealach ina bhfuil gnó poiblí déanta.


Féachaim le fianaise a fháil ar rialtacht idirbhearta airgeadais le linn an iniúchta. Tuairiscím aon chás ábhartha nár cuireadh airgead poiblí i bhfeidhm chun na críocha dá raibh siad ceaptha nó nár chloí idirbhearta leis na húdaráis a rialaíonn iad.

Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Tuilleamh Bainteach Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022

	Nóta	2022 €000	2021 €000
Ús agus ioncam atá cosúil leis	3	147,293	2,356
Caillteanas glan ar Infheistíochtaí ag Luach Cóir	4	(119,726)	(24,522)
Costais Úis	5	(2,521)	(6,045)
Costais Oibriúcháin	6	(29,171)	(28,721)
Caillteanas don Bhliain		(4,125)	(56,932)
larmhéid ag 1 Eanáir		14,850	71,782
larmhéid ag 31 Nollaig		10,725	14,850

Tá na nótaí tionlacain mar chuid lárnach de na ráitis airgeadais.

Thar ceann na Gníomhaireachta



Frank O'Connor, Príomhfheidhmeannach
Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta



Susan Webb, Cathaoirleach
Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

4 Bealtaine 2023

Ráiteas Maidir Leis an Staid Airgeadais

Ag 31 Nollaig 2022

	Nóta	2022 €000	2021 €000
Sócmhainní			
Airgead le Banc Ceannais na hÉireann		297,405	810,180
Infháiltais	7	13,685	11,857
Iasachtaí Lárnacha Cisteáin		6,041	8,547
Infheistíochtaí	8	498,945	522,159
Réamhiocaíochtaí	9	3,964,795	3,084,671
		4,780,871	4,437,414
Dlíteanais			
Taiscí Bhanc Taisce an Phoist		4,768,352	4,420,416
Dlíteanais eile	10	1,794	2,148
Gnáthscair			
Tuilleamh Coinnithe		10,725	14,850
		4,780,871	4,437,414

Tá na nótaí tionlacain mar chuid lárnach de na ráitis airgeadais.

Thar ceann na Gníomhaireachta

Frank O'Connor, Príomhfheidhmeannach
Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

4 Bealtaine 2023

Susan Webb, Cathaoirleach
Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

Réamhrá

Aithbhreithniú Gnó

Faisnéis Rialachais
agus Chorpáiríoch

Ráitis
Airgeadais

Punann
Infheistíochtaí - CISE

Nótaí Leis na Ráitis Airgeadais

1. Cúlra

Ráthaíonn an tAire Airgeadais ("an t-Aire") aisíocaíocht agus seirbhísiú airgead a infheistíonn taisceoirí i mBanc Taisce an Phoist. Tarchuireann an Post na glanthalaisc chuig Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta ("an Ghníomhaireacht"). Ní cuid den Státchiste é Ciste Bhanc Taisce an Phoist ("Ciste") agus tuairiscítear neamhspléach ar Fhiachas Náisiúnta na hÉireann é.

Is iad fáiltais ó thaisc Bhanc Taisce an Phoist príomhfhoinsí maoinithe. Úsáidtear na taisc seo:

- le infheistiú i mBannaí Rialtais na hÉireann mar pháirt de phunann trádála bannaí tánaisteacha;
- le tabhairt faoi dhíol agus idirbhearta athcheannaithe de Bhannaí Rialtais na hÉireann mar idirghabhálaí idir an Ghníomhaireacht agus contrapháirithe margaidh eile;
- le hairgead breise sa Chiste a chur ar aghaidh chuig an Státchiste mar réamhíocaíochtaí Bealaí agus Modhanna (W&M). Is dliteanas iad na réamhíocaíochtaí W&M leis an Státchiste atá mar chuid den Fhiachas Náisiúnta;
- le maoiniú gearrthéarmach a sholáthar don Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát (GÉS) agus an Ghníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta (NDFA) lena gníomhaireachtaí a mhaoiniú; agus
- le hiasachtaí a sholáthar don státchiste lárnach chuig comhlachtaí stáit ainmnithe mar údaráis áitiúla agus comhlachtaí stáit neamhthráchtála ainmnithe eile de réir an Achte um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (Leasú), 2000.

Féadfaidh an tAire aon bharrachas carnaithe a bheidh fágtha sa Chiste a leithreasú don Státchiste tar éis soláthar iomchuí a dhéanamh faoi chomhair dhliteanas an Chiste, ar choinníoll go gcoimeádtar 10% ar a laghad den mhéid barrachais sin freisin sa Chiste (An tAcht Airgid 1930, Alt 19 (1)). Faoi threoirínte arna n-eisiúint ag an Aire chuig an nGníomhaireacht, ní cheadaítear do na cúlchistí sa Chiste dul faoi bhun €5m. Déantar íocaíocht Bealaí agus Acmhainne ús ar iarmhéideanna a airleacadh don Státchiste a mhéid is gá chun é seo a chinntiú.

2. Bonn Ullmhúcháin

Rinneadh na ráitis airgeadais a réiteach ar bonn fabhráithe faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil ach amháin infheistíochtaí a shonraítear ag luach cóir tríd brábús nó caillteanas. Cheadaigh an tAire foirm na ráiteas airgeadais faoi alt 12 den Acht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, 1990 arna leasú.

Is é an Euro an t-airgeadra tuairiscithe. Rinneadh gach suim sna ráitis airgeadais a shlánú go dtí an míle is cóngaraí (a chuirtear in iúl le €'000) ach amháin má tá a mhalairt sonraithe. Cóngaraí Cuirtear míle in iúl le €'000 agus milliún le 'm'.

2.1 Infheistíochtaí

Luaitear infheistíochtaí ag luach cóir trí bhrábús nó caillteanas agus léiríonn siad punann de Bhannaí Rialtais na hÉireann. Riomhtar luach cóir Bhannaí Rialtais na hÉireann a choinnítear laistigh den Chiste ag baint úsáide as comhphraghsanna margaidh bannaí ó Innéacs Rialtais na hEorpa ICE BoA agus praghsanna tairisceana ilchodacha ó Bloomberg le haghaidh bannaí neamh-innéacs. Aithnítear gnóthachain nó caillteanas ar shócmhainní den sórt sin sa bhrábús agus sa chaillteanas ar bhonn leanúnach. Úsáideann an Ciste meánleibhéal ualaithe costais chun gnóthachain agus caillteanas a ríomh.

Aithníonn an Ciste infheistíochtaí ar a dháta trádála, is é sin an dáta a thugann an Ciste tiomantas chun na sócmhainní a cheannach.

2.2 Iasachtaí agus Réamíocaíochtaí

Aithnítear iasachtaí agus réamíocaíochtaí nuair a thugtar airgead tirim ar iasacht d'iasachtaithe. I ndiaidh na n-iasachtaí agus na n-airleacain aitheantais tosaigh, déantar iad ag an luach ainmniúil.

Is iasachtaí ar théarma seasta ar ráta athraitheach iad iasachtaí an Chiste Láir. Is saoráidí gearrthéarmacha iad réamhíocaíochtaí leis an SCA agus leis an NDFA chun a gcuid gníomhaíochtaí a mhaoiniú nach ngearrtar aon ús orthu. Ní ghearrtar ús ar airleacain W&M chuig an Státchiste ach a mhéid is gá chun a chinntiú go bhfanfaidh na cúlchistí sa Chiste os cionn an íosleibhéil €5m a éilíonn treoirínte arna n-eisiúint ag an Aire chuig an nGníomhaireacht.

2.3 Ús ar Iasachtaí agus Airleacain agus Infheistíochtaí

Aithnítear ús agus táill ar iasachtaí agus airleacain agus ús ar infheistíochtaí arna sealbhú ar bhonn fabhrúithe de réir théarmaí bunúsacha na hiasachta, an airleacain nó na hinfeistíochta. Chun feidhmíocht na n-infheistíochtaí arna sealbhú a chur i láthair, áirítear ús ar na hinfeistíochtaí mar chuid den Ghnóthachan/Caillteanas ar Infheistíochtaí ar luach cóir.

2.4 Comhaontuithe Díolacháin agus Athcheannaigh

Feidhmíonn an Ciste mar idirghabhálaí le haghaidh comhaontuithe díola agus athcheannaithe idir an Fhiachas Náisiúnta agus contrapháirithe margaidh. Is Bannaí Rialtais na hÉireann iad an stoc a dhíoltar mar chuid de na comhaontuithe díola agus athcheannaigh. I gcás gach idirbheart, eisiúnn an Fhiachas Náisiúnta stoc bunúsach nua a chuirtear ar ceal ar aibíocht. Léirítear na costais ioncain nó úis ghaolmhara i ráiteas ioncain agus caiteachais an Chiste.

2. Bonn Ullmhúcháin (ar lean)

2.5 Airleacain don Státchiste

Íoctar insreafaí agus eis-sreafaí i leith na bhfáltas ó Thaiscí Bhanc Taisce an Phoist mar aon le costais oibriúcháin a íoc agus idirbhearta athcheannaigh a shocrú isteach i gCuntas an Státchiste nó amach as agus tugtar cuntas orthu mar chuid de na Réamhiocaíochtaí leis an Státchiste. Déantar ús W&M, a mhéid a ghearrtar é, a chaipitliú mar chuid de na Réamhiocaíochtaí leis an Státchiste. Ní shocraítear na hidirbhearta sin idir an Státchiste agus an Ciste agus is idirbhearta neamhairgid iad. Féadfaidh an Ciste aisiocaíocht/ airleacan airgid bhreise a lorg don Státchiste a mhéid is gá chun a ghníomhaíochtaí infheistíochta agus gníomhaíochtaí eile a mhaoiniú.

3. Ús agus Ioncam Atá Cosúil Leis

	2022 €000	2021 €000
Ús um Bealaí agus Modhanna	146,267	-
Ioncaim eile	592	143
Ús ar Chomhaontaithe Díolacháin agus Athcheannaigh	434	2,213
	147,293	2,356

In 2022, ghearr an Ciste ús €146m (2021: €Nialas) ar airleacain W&M chuig an Státchiste lena chinntiú go bhfanadh na cúlchistí sa Chiste os cionn an íosleibhéil €5m a cheanglaítear le treoirlínte arna n-eisiúint ag an Aire chuig an nGníomhaireacht. Rinneadh an t-ús W&M a gearradh a chaipitliú mar chuid de na Réamhiocaíochtaí le hiarmhéid an Státchiste.

Áirítear le hioncam eile táillí saoráide gealltanais agus ús ar iasachtaí lárnacha ón státchiste.

4. Glanluach Caillteanas ar Infheistíochtaí ag Luach Cóir

	2022 €000	2021 €000
Gnóthachan ar Infheistíochtaí Réadaithe Caillteanas	(60,038)	(11,268)
Gnóthachan ar Infheistíochtaí Réadaithe Caillteanas	(67,263)	(19,445)
Ús ar Infheistíochtaí atá á sealbhú	7,575	6,191
	(119,726)	(24,522)

Léirigh an caillteanas ar urrúis infheistíochta in 2022 táirgeacht an méadú suntasach ar fud chuar toraidh Bhanna Rialtais na hÉireann (IGB) a raibh dímhéas ar phraghsanna bannaí mar thoradh air.

5. Costas Úis

	2022 €000	2021 €000
Ús ar Taiscí Bhanc Taisce an Phoist	(2,318)	(2,358)
Ús ar Iarmhéideanna Airgid	(203)	(3,687)
	(2,521)	(6,045)

Is ionann ús ar iarmhéideanna airgid agus an t-ús glan a ghearrann Banc Ceannais na hÉireann ar iarmhéideanna airgid atá i dtaisce. Le linn na míonna deireanacha de 2022, breathnaíodh filleadh ar thimpeallacht ráta úis dhearfach.

6. Costais Oibriúcháin

	2022 €000	2021 €000
Táillí Seirbhís	(29,171)	(28,721)

Íoctar táillí seirbhís le An Post ar son banisítiú agus riarachán cuntais taisceoirí.

Nótaí Leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

7. Infháltais

	2022 €000	2021 €000
Ús infhaighte	6,885	4,881
Iarmhéideanna Airgid atá ag an bPost	6,800	6,976
	13,685	11,857

Áirítear le hús infhaighte go príomha ús ar infheistíochtaí, iasachtaí ón gcisteán ceannais agus ús taisce bainc cheannais.

8. Infheistíochtaí

Bannaí	2022 €000	2021 €000
Ag Ainmniúil	581,800	482,665
Ag costas	575,111	531,062
Luach Cóir amhail an 31 Nollaig	498,945	522,159
Gluaiseacht sa chaillteanas neamhréadaithe amhail an 31 Nollaig	(76,166)	(8,903)

Ba é €67m an ghluaiseacht sa chaillteanas neamhréadaithe le linn 2022 (2021: €19m) (féach nóta 4).

Sceideal Sealúchas Infheistíochta 2022

2022 Luach Cóir ag Oscailt €000	Bannaí Státhiste	2022 Ceannacháin €000	2022 Diolacháin €000	2022 Caillteanas neamhréadaithe €000	2022 Luach Cóir ag Dúnadh €000
16,319	3.4% Banna Státhiste 2024	153,188	(149,269)	(79)	20,159
49,896	5.4% Banna Státhiste 2025	133,160	(137,454)	(251)	45,351
47,645	1.0% Banna Státhiste 2026	50,881	(51,085)	(3,846)	43,595
35,719	0.2% Banna Státhiste 2027	159,433	(124,781)	(1,583)	68,788
28,744	0.9% Banna Státhiste 2028	89,779	(115,681)	(126)	2,716
37,494	1.1% Banna Státhiste 2029	199,328	(194,569)	(1,896)	40,357
5,983	2.4% Banna Státhiste 2030	76,565	(45,117)	(3,566)	33,865
81,608	0.2% Banna Státhiste 2030	129,647	(180,239)	(1,027)	29,989
12,249	1.35% Banna Státhiste 2031	58,487	(37,141)	(4,252)	29,343
25,353	0.0% Banna Státhiste 2031	162,558	(152,975)	(1,794)	33,142
-	0.35% Banna Státhiste 2032	197,585	(171,025)	(957)	25,603
26,482	1.3% Banna Státhiste 2033	-	(5,709)	(4,796)	15,977
26,597	0.4% Banna Státhiste 2035	58,859	(67,930)	(1,188)	16,338
26,910	1.7% Banna Státhiste 2037	30,442	(27,011)	(6,419)	23,922
19,464	0.55% Banna Státhiste 2041	2,511	(2,785)	(6,628)	12,562
48,786	2.0% Banna Státhiste 2045	20,060	(18,340)	(16,082)	34,424
32,910	1.5% Banna Státhiste 2050	12,154	(9,477)	(12,773)	22,814
522,159		1,534,637	(1,490,588)	(67,263)	498,945

9. Réamhiocaíochtaí

	2022 €000	2021 €000
Réamhiocaíochtaí leis an Státhiste	3,888,192	3,074,968
Réamhiocaíochtaí leis an Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát	73,117	7,217
Réamhiocaíochtaí leis an Ghníomhaireacht Náisiúnta Forbartha Airgeadais	3,486	2,486
	3,964,795	3,084,671

Léiríonn airleacain don Státhiste cistí a thugtar ar iasacht don Státhiste mar bhealach agus mar mhodh chun riachtanais an Státhiste a mhaoiniú. Tá ús a ghearrann an Ciste ar an Státhiste mionsonraithe i nóta 3. Ní ghearrann an Ciste aon ús ar an nGníomhaireacht um Éilimh ar an Stát ná ar an nGníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta.

10. Dlíteanais Eile

	2022 €000	2021 €000
Iarmhéid dlite faoi Chomhaontuithe Díolacháin agus Athcheannaigh	1,617	991
Ús Fabhraithe ar Iarmhéideanna Airgid Thirim	-	902
Ús Fabhraithe ar thaiscí infheidhme Bhanc Taisce Oifig an Phoist	177	255
	1,794	2,148

11. Gealltanais

I mí Iúil 2021, d'eisigh an tAire treoir don Ghníomhaireacht, dul isteach i saoráid chreidmheasa imrothlach 5 bliana chun maoiniú a sholáthar d'Uisce Éireann. Cuireadh an tsaoráid chreidmheasa ar fáil d'Uisce Éireann faoin Acht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (Leasú) 2000 a cheadaíonn soláthar seirbhísí lárnacha cisteáin (lena n-áirítear airleacan airgid ón gCiste) do chomhlachtaí ainmnithe amhail údaráis áitiúla agus comhlachtaí stáit neamhthráchtála eile. B'ionann gealltanais na saoráide agus €350m san iomlán.

Amhail an 31 Nollaig 2022, ní raibh aon chistí á dtarraingt anuas faoin tsaoráid (2021: €Niallas).

12. Teagmhais Tar Éis Dheireadh na Tréimhse Tuairiscithe

Níor tharla aon teagmhas a éilíonn coigeartú nó nochtadh sna ráitis airgeadais tar éis dheireadh na tréimhse tuairiscithe.

13. Formheas na Ráiteas Airgeadais

D'fhorbair an Ghníomhaireacht na ráitis airgeadais an 4 Bealtaine 2023.

Ráitis Airgeadais de Chuid

An Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát

Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022

Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste	142
Ráiteas Ioncaim	144
Ráiteas maidir leis an Staid Airgeadais	145
Nótaí leis na Ráitis Airgeadais	146



Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste Comptroller and Auditor General

Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

An Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát

Tuairim maidir leis na ráitis airgeadais

Aithnítear an Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (an Ghníomhaireacht) mar an Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát nuair a dhéanann sé bainistíochat ar éilimh dlíthiúil i gcoinne Stát.

Tá ráitis airgeadais an Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát iniúchta agam don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022 de réir mar a éilítear faoi fhorálacha Alt 12 an Achta Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta 1990 (mar atá arna leasú). Cuimsítear leis na ráitis airgeadais an ráiteas ioncaim, ráiteas maidir leis an staid airgeadais agus nótaí leis na ráitis airgeadais.

Is é mo thuairim go dtugann na ráitis airgeadais léargas ceart

- ar sócmhainní agus dlíteanais an Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát ag 31 Nollaig 2022, agus
- ar idirbhearta an Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát do 2022.

Bunús leis an tuairim

Rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúcháireachta (ISAnna) mar a fhógraíonn an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasthoras Iniúcháireachta. Tá cur síos ar mo chuid freagrachtaí faoi na caighdeáin seo in aguisín an tuairisc seo. Tá mé neamhspleách ón Ghníomhaireacht agus tá mo chuid freagrachtaí eiticíúla comhlíonta agam i gcomhréir leis na caighdeáin.

Creidim go bhfuil an fhianaise iniúcháireachta atá faighte agam leordhóthanach agus iomchuí le mo thuairim a bhunú uirthi.

Tuairisc ar eolas seachas na ráiteas airgeadais, agus ar nithe eile

Tá eolas eile faoi leith curtha i láthair ag an Ghníomhaireacht leis na ráitis airgeadais i dtaca le oibríocht éilimh ar an Stát. Cuimsíonn sé tuarascáil bhliantúil an Ghníomhaireacht lena n-áirítear an ráiteas (maidir le rialachas, tuarascáil na stiúrthóirí) agus an ráiteas maidir le rialú inmheánach. Tá cur síos san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo ar mo chuid freagrachtaí maidir le tuairisc a thabhairt ar an eolas sin, agus ar nithe eile faoi leith ar a dtuairiscím trí eisceacht.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina thaobh seo.

Seamus McCarthy

An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

15 Bealtaine 2023

Aguisín a ghabhann leis an tuarascáil

Freagrachtaí Ghníomhaireacht Bainistíocht an Chisteáin Náisiúnta

Leagtar amach freagrachtaí baill an ghníomhaireachta sa ráiteas rialachas agus tuairisc baill an ghníomhaireachta

- ullmhú na ráiteas airgeadais bhliantúil san fhoirm a fhorordaítear faoi alt 12 an Achta um Ghníomhaireacht Bainistíocht an Chisteáin Náisiúnta 1990 (mar atá arna leasú)
- cinntiú go dtugtar léargas ceart ar shócmhainní agus dliteanais an Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát ag 31 Nollaig 2021 agus idirbhearta na bliana
- rialtacht idirbhearta a chinntiú
- oiriúnacht na húsáide a bhaineann na stiúrthóirí as an mbonn cuntasaoíochta gnóthais leantaigh a mheas, agus
- cibé rialú inmheánach a mheasann siad is gá le go bhféadfar ráitis airgeadais a ullmhú atá saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu mar gheall ar chalaois nó ar bhotún.

Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt faoi alt faoi fhorálacha Alt 12 an Achta Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta 1990 (mar atá arna leasú). iniúchadh a dhéanamh ar ráitis airgeadais an an Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát agus tuarascáil orthu a thabhairt do Thithe an Oireachtais.

Is é cuspóir m'iniúchta dearbhú réasúnta a fháil an bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíráiteas ábhartha mar gheall ar chalaois nó ar bhotún. Is ionann dearbhú réasúnta agus leibhéal ard dearbhaith, ach ní ionann é agus ráthaíocht go n-aimseoidh iniúchadh a dhéantar i gcomhréir leis na ISAnna míráiteas ábhartha i gcónaí. Féadfaidh míráitis eascairt as calaois nó botún agus meastar iad a bheith ábhartha más féidir a bheith ag súil go réasúnta go n-imreodh siad tionchar, go haonair nó go comhiomlán, ar chinntí eacnamaíocha a dhéanann úsáideoirí ar bhonn na ráiteas.

Mar chuid d'iniúchadh i gcomhréir leis na ISAnna, úsáidim breithiúnas gairmiúil agus sceipteachas gairmiúil ar feadh an iniúchta. Agus é sin á dhéanamh agam,

- Déanaim rioscaí maidir le míráitis ábhartha sna ráitis airgeadais, cibé acu mar gheall ar chalaois nó ar bhotún, a shainaithint agus a mheas; déanaim nósanna imeachta iniúchóireachta a dhearadh agus a chur i bhfeidhm a fhreagraíonn do na rioscaí sin; agus faighim fianaise iniúchóireachta atá leordhóthanach agus iomchuí le mo thuairim a bhunú uirthi. Tá an riosca nach n-aimseofar míráiteas ábhartha mar thoradh ar chalaois níos airde ná an riosca maidir le ceann a eascraíonn as botún, mar go bhféadfadh sé go mbeadh claonpháirteachas, brionnú, easnaimh d'aon ghnó, mífhaisnéis, nó gabháil treise ar an rialú inmheánach i geist leis.
- Faighim tuisceant ar rialú inmheánach atá ábhartha don iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchóireachta a dhearadh atá oiriúnach sna cúinsí, ach nach bhfuil oiriúnach chun tuairim a chur in iúl maidir le héifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim measúnú ar oiriúnacht na bpolasaithe cuntasaoíochta a úsáideadh agus réasúntacht na meastachán cuntasaoíochta agus an nocht a gaolmhar.

- Tagaim ar thátail maidir le hoiriúnacht na húsáide a bhaintear as an mbonn cuntasaoíochta gnóthais leantaigh agus, bunaithe ar an fhianaise iniúchóireachta a fhaightear, maidir le cibé acu an bhfuil éiginnteacht ábhartha ann a bhaineann le himeachtaí nó cúinsí a d'fhéadfadh amhras suntasach a tharraingt ar chumas an Chiste leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach. Má thagaim ar an tátal go bhfuil éiginnteacht ábhartha ann, éilítear orm aird a tharraingt i mo thuarascáil ar an nochtadh bainteach sna ráitis airgeadais nó, mura leor an nochtadh sin, mo thuairim a mhodhnú. Tá mo thátail bunaithe ar an bhfianaise iniúchóireachta a fuarthas suas go dáta mo thuarascála. D'fhéadfadh imeachtaí nó coinníollacha amach anseo, áfach, bheith ina gcúis leis an Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát scor de bheith ina ghnóthas leantach.

Cuirim in iúl dóibh siúd atá freagrach as rialachas, i measc nithe eile, raon feidhme beartaithe agus uainiú an iniúchta agus tátail shuntasacha an iniúchta, lena n-áirítear aon easnaimh a aimsim le linn m'iniúchta i dtaca le rialachas inmheánach.

Tuairiscím freisin trí eisceacht má, i mo thuairim,

- mura bhfaighim an fhaisnéis agus na mínithe fo léir a theastaigh uaim chun m'iniúchadh a dhéanamh, nó
- mura raibh na taifead cuntasaoíochta dóthanach le iniúchadh na ráitis airgeadais a cheadú go fonmhar agus i gceart, nó
- mura bhfuil na ráitis airgeadais ag teacht le na taifead cuntasaoíochta.

Eolas nach mbaineann leis na ráitis airgeadais

Ní chumhdaítear le mo thuairim faoi na ráitis airgeadais an t-eolas eile a chuirtear i láthair leis na ráitis sin, agus ní thugaim aon chineál tátail maidir le dearbhú ina leith.

I dtaca le m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais, éilítear orm faoi na ISAnna an t-eolas eile a léamh a cuireadh i láthair agus, le linn dom é sin a dhéanamh, breathnú an bhfuil an t-eolas eile neamh-chomhréireach go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó leis an eolas a fuarthas le linn an iniúchta, nó an cosúil ar shlí eile go bhfuil míráiteas ábhartha déanta ina leith. Más rud é go mbainim an tátal, bunaithe ar an obair atá déanta agam, go bhfuil míráiteas ábhartha ann i dtaca leis an eolas eile sin, éilítear orm é sin a thuairisciú.

Tuairisciú ar nithe eile

Déantar m'iniúchadh trí thagairt do na léirbhreithnithe speisialta a bhaineann le comhlachtaí Stáit maidir lena mbainistíocht agus lena bhfeidhmiú. Tuairiscím má tá nithe ábhartha ann a bhaineann leis an mbealach ina bhfuil gnó poiblí déanta.

Féachaim le fianaise a fháil ar rialtacht idirbhearta airgeadais le linn an iniúchta. Tuairiscím aon chás ábhartha nár cuireadh airgead poiblí i bhfeidhm chun na críocha dá raibh siad ceaptha nó nár chloí idirbhearta leis na húdaráis a rialaíonn iad.


Ráiteas Ioncaim

Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022

	Nóta	2022 €000	2021 €000
Ioncam			
Ioncam	4	551,482	513,000
Costais a gnóthaíodh thar ceann Údaráis Stáit Tharmligthe	5	15,162	4,547
		566,644	517,547
Speansais			
Dámhachtainí agus socraíochtaí éileamh	6	373,456	370,986
Speansais	7	178,026	142,014
Aisíoc costas a gnóthaíodh thar ceann Údaráis Stáit Tharmligthe	5	15,162	4,547
		566,644	517,547

Tá na nótaí tionlacain mar chuid lárnach de na ráitis airgeadais.

Thar ceann na Gníomhaireachta



Frank O'Connor, Príomhfheidhmeannach

Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta



Susan Webb, Cathaoirleach

Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

4 Bealtaine 2023

Ráiteas Maidir Leis an Staid Airgeadaí

Ag 31 Nollaig 2022

	Nóta	2022 €000	2021 €000
Sócmhainní			
Airgead sa Bhanc		72,646	2,701
Infháiltais	10	5,875	9,856
Infheistíochtaí	9	4,934	4,947
		83,455	17,504
Dliteanais			
Dliteanais scéime	9	(4,934)	(4,947)
Iasachtaí ó Chiste Bhanc Taisce an Phoist	11	(73,117)	(7,217)
Dliteanais eile	12	(5,404)	(5,340)
		(83,455)	(17,504)

Tá na nótaí tionlacain mar chuid lárnach de na ráitis airgeadais.

Thar ceann na Gníomhaireachta

Frank O'Connor, Príomhfheidhmeannach
Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

Susan Webb, Cathaoirleach
Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

4 Bealtaine 2023

Réamhrá

Aithbhreithiú Gnó

Faisnéis Rialachais
agus Chiorparáideach

Ráitis
Airgeadais

Punann
Infheistíochtaí - CISE

Nótaí Leis na Ráitis Airgeadais

1. Cúlra

Faoin Acht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (Leasú), 2000, ba chuig Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta ("GBCN" nó "an Ghníomhaireacht") a tarmligeadh an fhreagracht as bainistiú a dhéanamh ar éilimh i gcoinne an Stáitmaidir le díobháil phearsanta agus le damáiste réadmhaoine in aghaidh Údaráis Stáit áirithe ("Údaráis Stáit Tharmligthe"). Ina theannta sin, bhí foráil san Acht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (Leasú), 2014, le haghaidh tarmligean bhainistíocht na n-éileamh ar chostais chuig GBCN. Cuireann an GBCN seirbhísí comhairleach i dtaca riosca ar fáil do ar fáil do Údaráis Stáit Tharmligthe chomh maith le costais dlí, cibé slí inar tabhú iad. Nuair a bhíonn an Ghníomhaireacht i mbun na bhfeidhmeanna sin, glaoitear an Ghníomhaireacht um Éilimh Stát ("GÉS") uirthi. Tabhaíonn GÉS caiteachas i dtaca le dhámhachtainí, ar shocraíochtaí éileamh agus ar chostais ghaolmhara. Gnóthaíonn GÉS an caiteachas sin ó na hÚdaráis Stáit Tharmligthe a bhíonn faoi dhliteanas i leith éileamh a bhainistíonn an GÉS.

Rinneadh an tAcht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (Leasú) 2000 a leasú sa bhliain 2017 chun a fhoráil go sonródh GÉS na híosleibhéil slánaíochta le haghaidh aicmí liachleachtóirí. Rinneadh é a leasú arís sa bhliain 2018 chun a fhoráil go gcomhlíonadh GÉS feidhmeanna áirithe maidir le hárachóir dócmhainneach arna rialú i mBallstát eile AE agus an Ciste Cúitimh Árachais (CCÁ). Áirítear leis an ról sin dícheall cuí a fheidhmiú maidir le héilimh, iarratas a chur chuig an Ard-Chúirt le haghaidh foaíochta ón CCÁ agus airgead réitithe éilimh a dháileadh ar thríú páirtithe ina dhiaidh sin.

2. Bonn Uilmhúcháin

Baineann ráitis airgeadais GÉS le bainistiú a dhéanamh ar éilimh thar ceann Údaráis Stáit Tharmligthe a bhainistíonn an GÉS a n-éilimh agus óna bhfaigheann GÉS suimeanna aon dhámhachtainí, réitigh agus aon chostas gaolmhar. Léirítear gníomhaíochtaí éilimh sna ráitis airgeadais agus tuairiscítear leo ar na hidirbhearta a próiseáladh trí GÉS sa bhliain agus, dá bhrí sin, ní áirítear aon mhéideanna maidir le héilimh atá amuigh ná meastacháin a tabhaíodh ach nár tuairiscíodh (IBNR). Baineann meastacháin IBNR le teagmhais a ghin éileamh a tharla ach nár tuairiscíodh chuig GÉS.

Áirítear nochtadh sna nótaí leis na ráitis airgeadais, maidir leis na dliteanais mheasta i leith éilimh atá amuigh agus á mbainistiú ar an dáta tuairiscithe. Ní chuimsítear méid ar bith maidir le dliteanais a tabhaíodh ach nár tuairiscíodh (IBNR). Ní chuirtear méid ar bith san áireamh le haghaidh mheastacháin IBNR.

Úsáidtear bonn airgid na cuntasáíochta lena aithint go bhfuiltear tar éis idirbhearta a choigeartú le haghaidh fabhruithe maidir le costais soláthraithe seirbhíse conraithe tríú páirtí agus an gnóthú costas bainteach ón Údarás Stáit Tharmligthe.

Is é an euro an t-airgeadra tuairiscithe, a chuirtear in iúl leis an tsiombail €.

3. Polasaithe Cuntasaíochta Suntasacha

3.1. Caiteachas

Aithnítear caiteachas ar dhámhachtainí, ar shocraíochtaí éileamh agus ar chostais ghaolmhara nuair a fhaightear ceadú bailíochtaithe nó socraíocht bhailíochtaithe an chaiteachais sin.

3.2. Ioncam

Déanann GÉS suimeanna aon dhámhachtainí, aon socraíochtaí éileamh agus aon chostas gaolmhar a ghnóthú ó Údaráis Stáit Tharmligthe a bhíonn faoi dhliteanas i leith éileamh. Caitear le suimeanna mar shuimeanna faighte agus infhaighte ó Údaráis Stáit Tharmligthe i ndáil le haitheantas an chaiteachais bhaintigh.

4. Ioncam

	Nóta	2022 €000	2021 €000
Suimeanna infhaighte amhail an 1 Eanáir ó Údaráis Stáit Tharmligthe	10	(9,840)	(9,373)
Suim a fuarthas ó Údaráis Stáit Tharmligthe		555,444	512,530
Suim a fuarthas ó chistí Scéime	9	13	3
Suimeanna infhaighte amhail an 31 Nollaig	10	5,865	9,840
		551,482	513,000

Is éard atá i suimeanna infhaighte ó Údaráis Stáit Tharmligthe aisiocaíochtaí aon dhámhachtainí, aon socraíochtaí éileamh agus aon chostas gaolmhar a tabhaigh GÉS thar ceann na nÚdarás Stáit Tharmligthe a bhíonn faoi dhliteanas i leith na mbunéileamh.

5. Costais a Gníothaíodh Thar Ceann Údaráis Stáit Tharmligthe

	2022 €000	2021 €000
Costais a gníothaíodh thar ceann Údaráis Stáit Tharmligthe	15,162	4,547

I gcásanna áirithe, cibé acu trí bhreithiúnas na cúirte nó trí chomhaontú leis an triú páirtí/leis an gcomhchosantóir, féadfaidh triú páirtí/comhchosantóir ranníocaíocht chéatadánach shonraithe a íoc le GÉS i dtaca le héileamh áirithe. Is ionann na suimeanna sin agus costais a ghnóthaigh GÉS thar ceann na nÚdarás Stáit Tharmligthe, a ndéantar iad a aisíoc ina dhiaidh sin leis na hÚdaráis iomchuí.

6. Dámhachtainí agus Socraíochtaí Éileamh

	2022 €000	2021 €000
Dámhachtainí agus socraíochtaí éileamh is iníoctha	373,456	370,986

Aithnítear caiteachas ar dhámhachtainí nuair a fhaightear ceadú bailíochtaithe nó socraíocht bhailíochtaithe an chaiteachais sin.

7. Speansais

	2022 €000	2021 €000
<i>Costais údaráis tarmligthe</i>		
Táillí dlí	40,560	40,098
Táillí leighis	8,785	8,156
Táillí innealtóirí	549	334
Táillí eile ¹	3,666	3,044
	53,560	51,632
<i>Costais ghearánaí</i>		
Táillí dlí ²	124,453	90,378
Táillí saineolaithe eile	12	3
Costais taistil	-	-
	124,465	90,381
<i>Speansais finnéithe</i>	1	1
Iomlán speansais eile	178,026	142,014

¹ Áirítear táillí iniúchta agus achúirí i dTáillí eile.

² I measc na dtáillí dlí tá táillí na Scéime Slánaíochta Cliniciúla agus na Scéime Slánaíochta Ginearálta agus iad siúd a iocann an tAonad um Chostas Dlíthiúil mar chuid d'Fheidhm Bainistíochta Costais Dlí GÉS.

8. Luach Saothair agus Speansais (San Áireamh i Speansais Riaracháin GBCN)

B'ionann na costais riaracháin a thabhaigh GBCN agus feidhmeanna GÉS á gcomhlíonadh aici agus €31.7m (2021: €29.2m). Tá na costais sin san áireamh i speansais riaracháin GBCN agus gearrtar ar an bPríomh-Chiste iad. Ní lorgaíonn GBCN aisiocaíocht na gcostas sin ó Údaráis Stáit Tharmligthe.

9. Infheistíochtaí/Dliteanais Scéime

Scéim Speisialta Slánaíochta Cnáimhseachais

Bhunaigh an tAire Sláinte an Scéim Speisialta Slánaíochta Cnáimhseachais ("SSSC") in 2008. Faoi SSSC, d'aontaigh an tAire Ospidéal Bon Secours agus Ospidéal Shliabh Chairmeil a shlánú i leith éilimh chnáimhseachais shonracha. Ba faoi I.R. Uimh. 628/2007, an tOrdú um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (Feidhmeanna a Tharmligeann) (Leasú) 2007, a tharmlig an Rialtas chuig GBCN an fhreagracht as bainistiú a dhéanamh ar éilimh faoi SSSC. Rinne na hospidéil ainmnithe rannpháirteacha ranníocaíochtaí le ciste atá faoi bhainistíocht GBCN thar ceann an Aire Sláinte faoi alt 29(2) den Acht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (Leasú), 2000.

Nótaí Leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

9. Infheistíochtaí/Dlíteanais Scéime (ar lean)

Scéim Speisialta Slánaíochta Cnáimhseachais (ar lean)

Thug an tAire Sláinte údarás do GÉS suimeanna a tharraingt anuas ón gciste chun aon suimeanna atá íoctha ag GÉS thar ceann na n-ospidéal rannpháirteach a aisíoc le GÉS faoi alt 16(2) den Acht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (Leasú), 2000.

Déantar an ciste SSSC a infheistiú i Nótaí Stáitchiste thar ceann na Roinne Sláinte. Íoctar ioncam a shaothraítear ar infheistíochtaí na Scéime leis an gciste, agus ní aithnítear é mar ioncam de chuid GÉS.

	2022 €000	2021 €000
larmhéid amhail an 1 Eanáir	4,947	4,950
Socraíochtaí agus speansais éileamh	(13)	(3)
larmhéid amhail an 31 Nollaig a bhí ar fáil le haghaidh socrú éileamh	4,934	4,947

10. Infháiltais

	Nóta	2022 €000	2021 €000
Infhaighte ó Údaráis Stáit Tharmligthe	4	5,865	9,840
Infhaighte eile		10	16
		5,875	9,856

11. Iasachtaí ó Chiste Bhanc Taisce an Phoist

	2022 €000	2021 €000
Iasachtaí ó Chiste Bhanc Taisce an Phoist	73,117	7,217

Faoi alt 16 den Acht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (Leasú), 2000, féadfaidh an tAire Airgeadais airgead ó Chiste Bhanc Taisce an Phoist ("Ciste BTP") a thabhairt ar airleacan do GÉS chun íoc as suim aon chostas, aon mhuirear agus aon speansas a bhaineann le seirbhísí comhairleoirí gairmiúla agus le seirbhísí saineolaithe eile, chun íoc as suim aon dámhachtana nó aon socraíochta atá le hioc le héilitheoir i leith éileamh tarmligthe, agus chun íoc as aon suim úis, más ann di, atá inioctha air. Tarraingítear airgead ó Chiste BTP de réir mar is gá le linn na bliana chun freastal ar na costais thuasluaite a thabhaíonn GÉS thar ceann na nÚdarás Stáit Tarmligthe. Faigheann GÉS aisíocaíochtaí ó na hÚdaráis Stáit Tharmligthe ina dhiaidh sin agus aisíocann sí suimeanna le Ciste BTP ar bhonn rialta le linn na bliana. Ní ghearrann BTP aon chostais mhaoinithe ar GÉS i leith na socrúithe seo.

12. Dlíteanas Eile

	2022 €000	2021 €000
Iníochta i leith costas	1,117	54
Iníochta i leith dámhachtainí	3,282	4,256
Cáin Shiarchoinneálach Seirbhísí Gairmiúla dlite	1,003	671
Suimeanna dlite le hÚdaráis Stáit Tharmligthe	2	359
	5,404	5,340

Iníochta i leith dámhachtainí áirítear méideanna le haghaidh dámhachtainí a údaraíodh le haghaidh socraíochta i mí na Nollag 2022 agus a íocadh le héilitheoirí i mí Eanáir 2023.

13. Dlíteanais Mheasta na Núdarás Stáit Tarmligthe

	2022 Lion na nÉileamh	2021 Lion na nÉileamh
Ag 1 Eanáir	11,408	12,175
Éileamh nua	2,699	3,145
Éileamh réitithe	(3,082)	(4,100)
Éileamh eile ¹	179	188
Ag 31 Nollaig ²	11,204	11,408

¹ I measc na n-éileamh eile tá éilimh a athosclaíodh sa tréimhse, éilimh a íosghrádaíodh ar theagmhais agus éilimh a scriosadh ó NIMS.

² An uimhir éileamh gníomhach ag 31 Nollaig 2022 lena áirítear 1,795 (2021: 2,016) éileamh maisghníomhaíocht.

Amhail an 31 Nollaig 2022, ba é €4,957m (2021: €4,530m) dlíteanas measta na nÚdarás Stáit Tarmligthe i leith éileamh a bhí á láimhseáil ag GÉS. Bhí €3,858m (2021: €3,409m) de sin inchurtha i leith éilimh chliniciúla agus bhí €1,099m (2021: €1,121m) de inchurtha i leith Éileamh maidir le Damáiste Ginearálta. Déantar an dlíteanas measta a ríomh trí thagairt don chostas iomlán a bheadh le gach éileamh a réiteach, na costais intuartha ar fad san áireamh, amhail suimeanna socraíochta, costais dlí gearánaí agus costais chosanta. Is é an dlíteanas measta iomlán lúide íocaíochtaí déanta cheana féin an dlíteanas measta gan íoc. Ní chuimsíonn an dlíteanas measta méideanna le haghaidh dlíteanais gan íoc a tabhaíodh ach nár tuairiscíodh (IBNR). Baineann dlíteanais IBNR le teagmhais a ghineann éilimh a tharla ach nár tuairiscíodh don SCA.

Tá dlíteanas réamh-mheasta an GÉS i leith éilimh chliniciúla ghníomhacha ábhartha ar an 31 Nollaig 2022 bunaithe ar fhíor-ráta toraidh de 1% (2021: 1%) maidir le héilimh ar chostas an chúram sa todhchaí agus 1.5% (2021: 1.5%) maidir le héilimh ar chaillteanas airgid sa todhchaí.

14. Teagmhais Tar Éis na Tréimhse Tuairiscithe

Níor tharla aon teagmhais ar ghá iad a choigeartú nó a nochtheadh sna ráitis airgeadais tar éis dheireadh na tréimhse tuairiscithe.

15. Ceadú na Ráiteas Airgeadais

D'fhorghas an Ghníomhaireacht na ráitis airgeadais an 4 Bealtaine 2023.

Ráitis Airgeadais de Chuid

Ciste na gCuntas Díomhaoin

Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022

Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste	152
Cuntas Infheistíochta agus Eisíocaíochtaí	154
Cuntas Cúlchiste	155
Ráiteas maidir leis an Staid Airgeadais	156
Nótaí leis na Ráitis Airgeadais	157



Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste Comptroller and Auditor General

Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

Ciste na gCuntas Díomhaoine

Tuairim maidir leis na ráitis airgeadais

Tá ráitis airgeadais Chiste na gCuntas Díomhaoine (an Ciste) ullmhaithe ag an Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (an Gníomhaireacht) iniúchta agam don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022 de réir mar a éilítear faoi fhorálacha Ait 46 an Achta um Chuntais Díomhaoine. Cuimsítear leis na ráitis airgeadais an cuntas infheistíochta agus eislocaíochta, an cuntas cúlchiste, an ráiteas maidir leis an Staid Airgeadais agus nótaí leis na ráitis airgeadais.

Is é mo thuairim go dtugann na ráitis airgeadais léargas ceart

- ar iarmhéid an Chiste ag 31 Nollaig 2022, agus
- ar idirbhearta an Chiste do 2022.

Bunús leis an tuairim

Rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúcháireachta (ISAnna) mar a fhógraíonn an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasthoras Iniúcháireachta. Tá cur síos ar mo chuid freagrachtaí faoi na caighdeáin seo in aguisín an tuairisc seo. Tá mé neamhspleách ón Ghníomhaireacht agus tá mo chuid freagrachtaí eiticíúla comhlíonta agam i gcomhréir leis na caighdeáin.

Creidim go bhfuil an fhianaise iniúcháireachta atá faighte agam leordhóthanach agus iomchuí le mo thuairim a bhunú uirthi.

Tuairisc ar eolas seachas na ráiteas airgeadais, agus ar nithe eile

Tá eolas eile faoi leith curtha i láthair ag an Ghníomhaireacht leis na ráitis airgeadais i dtaca le oibríocht an Chiste. Cuimsíonn sé tuarascáil bhliantúil an Ghníomhaireachta lena n-áirítear an ráiteas (maidir le rialachas, tuarascáil na stiúrthóirí) agus an ráiteas maidir le rialú inmheánach. Tá cur síos san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo ar mo chuid freagrachtaí maidir le tuairisc a thabhairt ar an eolas sin, agus ar nithe eile faoi leith ar a dtuairiscí trí eisceacht.

Níl aon ní le tuairisciú agam ina leith sin.

Seamus McCarthy

An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

15 Bealtaine 2023

Aguisín a ghabhann leis an tuarascáil

Freagrachtaí Ghníomhaireacht Bainistíocht an Chisteáin Náisiúnta

Leagtar amach freagrachtaí na gcomhalta sa ráiteas maidir le rialú agus i dtuairisc comhalta an Ghníomhaireachta

- ullmhú na ráiteas airgeadais bhliantúil san fhoirm a fhorordaítear faoi alt 46 an Achta um Chuntais Díomhaoine 2001
- cinntiú go dtugtar léargas ceart ar chúrsaí an Chiste ag deireadh na bliana agus idirbhearta na bliana
- rialtacht idirbhearta a chinntiú
- oiriúnacht na húsáide a bhaineann na stiúrthóirí as an mbonn cuntasaióchta gnóthais leantaigh a mheas, agus
- cibé rialú inmheánach a mheasann siad is gá le go bhféadfar ráitis airgeadais a ullmhú atá saor ó mhiráiteas ábhartha, cibé acu mar gheall ar chalaois nó ar bhotún.

Freagrachtaí an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt faoi alt 46 an Achta um Chuntais Díomhaoine 2001 iniúchadh a dhéanamh ar ráitis airgeadais an chiste agus tuarascáil orthu a thabhairt do Thithe an Oireachtais.

Is é cuspoir m'iniúchta dearbhú réasúnta a fháil an bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhiráiteas ábhartha mar gheall ar chalaois nó ar bhotún. Is ionann dearbhú réasúnta agus leibhéal ard dearbhaithe, ach ní ionann é agus ráthaíocht go n-aimseoidh iniúchadh a dhéantar i gcomhréir leis na ISAnna miráiteas ábhartha i gcónaí. Féadfaidh miráitis eascairt as calaois nó botún agus meastar iad a bheith ábhartha más féidir a bheith ag súil go réasúnta go n-imreodh siad tionchar, go haonair nó go comhiomlán, ar chinntí eacnamaíocha a dhéanann úsáideoirí ar bhonn na ráiteas.

Mar chuid d'iniúchadh i gcomhréir leis na ISAnna, úsáidim breithiúnas gairmiúil agus sceipteachas gairmiúil ar feadh an iniúchta. Agus é sin á dhéanamh agam,

- Déanaim rioscaí maidir le miráitis ábhartha sna ráitis airgeadais, cibé acu mar gheall ar chalaois nó ar bhotún, a shainathint agus a mheas; déanaim nósanna imeachta iniúchóireachta a dhearadh agus a chur i bhfeidhm a fhreagraíonn do na rioscaí sin; agus faighim fianaise iniúchóireachta atá leordhóthanach agus iomchuí le mo thuairim a bhunú uirthi. Tá an riosca nach n-aimseofar miráiteas ábhartha mar thoradh ar chalaois níos airde ná an riosca maidir le ceann a eascraíonn as botún, mar go bhféadfadh sé go mbeadh claonpháirteachas, brionnú, easnaimh d'aon ghnó, mífhaisnéis, nó gabháil treise ar an rialú inmheánach i gceist leis.
- Faighim tuiscint ar rialú inmheánach atá ábhartha don iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchóireachta a dhearadh atá oiriúnach sna cúinsí, ach nach bhfuil oiriúnach chun tuairim a chur in iúl maidir le héifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim measúnú ar oiriúnacht na bpolasaithe cuntasaióchta a úsáideadh agus réasúntacht na meastachán cuntasaióchta agus an nocht gaolmhar.

- Tagaim ar tháil maidir le hoiriúnacht na húsáide a bhaintear as an mbonn cuntasaióchta gnóthais leantaigh agus, bunaithe ar an fhianaise iniúchóireachta a fhaightear, maidir le cibé acu an bhfuil éiginnteacht ábhartha ann a bhaineann le himeachtaí nó cúinsí a d'fhéadfadh amhras suntasach a tharraingt ar chumas an Chiste leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach. Má thagaim ar an tátal go bhfuil éiginnteacht ábhartha ann, éilítear orm aird a tharraingt i mo thuarascáil ar an nochtadh bainteach sna ráitis airgeadais nó, mura leor an nochtadh sin, mo thuairim a mhodhnú. Tá mo tháil bunaithe ar an bhfianaise iniúchóireachta a fuarthas suas go dáta mo thuarascála. D'fhéadfadh imeachtaí nó coinníollacha amach anseo, áfach, bheith ina gcúis leis an Chiste scor de bheith ina ghnóthas leantach.

Cuirim in iúl dóibh siúd atá freagrach as rialachas, i measc nithe eile, raon feidhme beartaithe agus uainiú an iniúchta agus tátail shuntasacha an iniúchta, lena n-áirítear aon easnaimh a aimsim le linn m'iniúchta i dtaca le rialachas inmheánach.

Tuairiscím freisin trí eisceacht má, i mo thuairim,

- mura bhfaighim an fhaisnéis agus na mínithe fo léir a theastaigh uaim chun m'iniúchadh a dhéanamh, nó
- mura raibh na taifead cuntasaióchta dóthanach le iniúchadh na ráitis airgeadais a cheadú go fonmhar agus i gceart, nó
- mura bhfuil na ráitis airgeadais ag teacht le na taifead cuntasaióchta.

Eolas nach mbaineann leis na ráitis airgeadais

Ní chumhdaítear le mo thuairim faoi na ráitis airgeadais an t-eolas eile a chuirtear i láthair leis na ráitis sin, agus ní thugaim aon chineál tátail maidir le dearbhú ina leith.

I dtaca le m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais, éilítear orm faoi na ISAnna an t-eolas eile a léamh a cuireadh i láthair agus, le linn dom é sin a dhéanamh, breathnú an bhfuil an t-eolas eile neamh-chomhréireach go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó leis an eolas a fuarthas le linn an iniúchta, nó an cosúil ar shlí eile go bhfuil miráiteas ábhartha déanta ina leith. Más rud é go mbainim an tátal, bunaithe ar an obair atá déanta agam, go bhfuil miráiteas ábhartha ann i dtaca leis an eolas eile sin, éilítear orm é sin a thuairisciú.

Tuairisciú ar nithe eile

Déantar m'iniúchadh trí thagairt do na léirbhreithnithe speisialta a bhaineann le comhlachtaí Stáit maidir lena mbainistíocht agus lena bhfeidhmiú. Tuairiscím má tá nithe ábhartha ann a bhaineann leis an mbealach ina bhfuil gnó poiblí déanta.

Féachaim le fianaise a fháil ar rialtacht idirbhearta airgeadais le linn an iniúchta. Tuairiscím aon chás ábhartha nár cuireadh airgead poiblí i bhfeidhm chun na críocha dá raibh siad ceaptha nó nár chloí idirbhearta leis na húdaráis a rialaíonn iad.


Cuntas Infheistíochta Agus Eisíocaíochtaí

Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022

	Nóta	2022 €000	2021 €000
Airgead a aistríodh chuig an gCiste i leith cuntais dhíomhaoine agus polasaithe árachais nár éilíodh	3	59,047	61,607
Suímeanna a aistríodh chuig an gCuntas Cúlchiste	4	(31,633)	(29,206)
Eisíocaíochtaí	5	(54,504)	(51,695)
Ioncam/(Costas) úis	6	162	(12)
Gluaiseacht don bhliain		(26,928)	(19,306)
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir		124,330	143,636
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig		97,402	124,330

Tá na nótaí tionlacain mar chuid lárnach de na ráitis airgeadais.

Thar ceann na Gníomhaireachta



Frank O'Connor, Príomhfheidhmeannach
Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta



Susan Webb, Cathaoirleach
Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

4 Bealtaine 2023


Cuntas Cúlchiste

Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022

	Nóta	2022 €000	2021 €000
Aisiocaíocht airgid a aistríodh chuig an gCiste	3	(25,974)	(22,848)
Ús ar aisiocaíocht airgid a aistríodh chuig an gCiste	3	(149)	(146)
Aistriú ón gCuntas Infheistíochta agus Eisiocaíochta	4	31,633	29,206
Ioncam/(Costas) Úis	6	249	(8)
Costais Oibriúcháin	7	(2)	(1)
Gluaiseacht don bhliain		5,757	6,203
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir		106,685	100,482
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig		112,442	106,685

Tá na nótaí tionlacain mar chuid lárnach de na ráitis airgeadais.

Thar ceann na Gníomhaireachta



Frank O'Connor, Príomhfheidhmeannach
Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

4 Bealtaine 2023



Susan Webb, Cathaoirleach
Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

Réamhrá

Aithbhreithniú Gnó

Faisnéis Rialachais
agus Chorpóraideach

Ráitis
Airgeadais

Punann
Infheistíochtaí - CISE


Ráiteas Maidir Leis an Staid Airgeadais

Ag 31 Nollaig 2022

	Nóta	2022 €000	2021 €000
Sócmhainní			
Airgead agus Sócmhainní Airgeadais	8	209,867	231,055
Dliteanais			
Dliteanais Iomlán	9	(23)	(40)
Glan-Sócmhainní		209,844	231,015
Ionadaithe ag:			
An Cuntas Infheistíochta agus Eisíocaíochta		97,402	124,330
Cuntas Cúlchiste		112,442	106,685
		209,844	231,015

Tá na nótaí tionlacain mar chuid lárnach de na ráitis airgeadais.

Thar ceann na Gníomhaireachta



Frank O'Connor, Príomhfheidhmeannach

Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

4 Bealtaine 2023



Susan Webb, Cathaoirleach

Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

Nótaí Leis na Ráitis Airgeadais

1. Cúlra

Foráiltear leis an Acht um Chuntais Dhíomhaoine, 2001 (arna leasú) cistí díomhaoine i mbainc, i gcumainn tógála, sa Phost agus airgead iníoctha faoi pholasaithe árachais neamhéilithe, a aistriú faoin Acht um Chuntais Dhíomhaoine, agus ceart athéilimh na gcistí sin a ráthú san am céanna. Sa bhreis air sin, foráiltear do scéim maidir le cistí a íoc amach chun críocha clár nó tionscadal chun cabhrú leis an méid a leanas:

- (a) forbairt phearsanta agus shóisialta daoine atá faoi mhíbhuntáiste eacnamaíoch agus shóisialta,
- (b) forbairt oideachais daoine atá faoi mhíbhuntáiste oideachais, nó
- (c) daoine faoi mhíchumas (de réir bhrí an Achta um Stádas Comhionann 2000).

Is éard atá i gCiste na gCuntas Díomhaoine Cuntas Cúlchiste óna n-íoctar athéilimh agus speansais éagsúla agus Cuntas Infheistíochta agus Eisíocaíochta óna ndéantar infheistíochtaí agus eisíocaíochtaí.

Tá an Ghníomhaireacht freagrach, faoi alt 17 agus faoi alt 18 don Acht um Chuntais Dhíomhaoine, 2001 (arna leasú), as Ciste na gCuntas Díomhaoine a bhunú, a bhainistiú agus a rialú agus tá na cumhachtaí riachtanacha nó teagmhasach ar fad aici chun a cuid feidhmeanna a chur i gcrích (lena n-áirítear an chumhacht chun táillí a ghearradh, atá iníoctha ón gCiste, i ndáil leis an gCiste a bhainistiú agus a rialú). Áirítear leis na feidhmeanna sin:

- eisíocaíochtaí a dhéanamh de réir threoracha an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe¹.
- cothabháil an Chuntais Cúlchiste.
- táillí, costais agus speansais shonraithe a thabhaítear a ghlanadh.
- luach saothair, táillí agus speansais na gcigirí údairithe a ghlanadh.
- aisíocaíocht airgid a aistríodh chuig an gCiste (nóta 10.1).
- plean bliantúil infheistíochta a ullmhú, agus aird ar an bplean eisíocaíochta agus ar aon treoir ón Aire Forbatha Tuaithe agus Pobail².
- infheistíocht aon airgead chun creidmheasa an Chiste nach dteastaíonn, de thuras na huaire, chun dliteanais an Chiste a íoc.
- taifid chuntasaíochta a choinneáil den airgead ar fad a fhaigheann agus a chaitheann an Ghníomhaireacht.
- cuntais bhliantúla a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus cóip de na cuntais arna n-iniúchadh a chur i láthair an Aire Forbatha Tuaithe agus Pobail².
- tuarascáil bhliantúil faoi oibríocht an Chiste a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus cóip de na cuntais arna n-iniúchadh a chur i láthair an Aire Airgeadais agus an Aire Forbatha Tuaithe agus Pobail².

De réir na hAchtanna um Chuntais Dhíomhaoine 2001 go 2012, is é an tAire Forbatha Tuaithe agus Pobail² atá freagrach as riar a dhéanamh ar an bpróiseas trína gceadaíonn an Rialtas na tionscadail agus na cláir lenar féidir cistí ó Chiste na gCuntas Díomhaoine a íoc amach. D'fhoilsigh an Roinn Forbatha Tuaithe agus Pobail Plean Gníomhaíochta um Chuntais Dhíomhaoine do 2023 agus a foilsíodh i Samhain 2022 agus a leagann amach na tionscadail agus na cláir ar ar féidir cistí ó Chiste na gCuntas Díomhaoine a leithdháileadh faoi Scéim Eisíocaíochta na gCuntas Díomhaoine 2023-2025. De réir na hAchtanna, maoinítear cistí do thionscadail agus do chláir fhaofa ó chuntais an Aire Stáit nó na Ranna Stáit ábhartha ar dtús. Ar threoir ón Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe¹, eisíocann an Ghníomhaireacht cistí chun na méideanna a iocadh a aisíoc leis na hAí agus na Ranna Stáit ábhartha.

1 Ón 1 Feabhra 2023 tháinig an tAire Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh an Phlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe.

2 An 27 Iúil 2017, d'aistrigh Ionstraim Reachtúil Uimh. 354 de 2017 feidhmeanna a chuir an Roinn Ealaíon, Oidhreacht, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta i gcrích roimhe seo maidir le Ciste na gCuntas Díomhaoine, chuig an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail. An 22 Meán Fómhair 2020, rinne Ionstraim Reachtúil Uimh. 409 de 2020 cumhachtaí agus dualgais an Aire Forbartha Tuaithe agus Pobail i ndáil le Ciste na gCuntas Díomhaoine a tharmilgean chuig an Aire Stáit sa Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail.

2. Bonn Ullmhúcháin

Rinneadh na ráitis airgeadais a réiteach don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022. Réitítear na ráitis airgeadais ar bhonn fabhrúithe faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil.

Tá sé de cheangal ar GBCN faoi alt 46(1) den Acht um Chuntais Dhíomhaoine, 2001, gach taifead cuntasaíochta iomchuí agus ceart de shuímeanna a fuair nó a chaith an Ghníomhaireacht maidir leis an gCiste a choinneáil. Ullmhíodh na ráitis airgeadais de réir alt 46(1) den Acht um Chuntais Dhíomhaoine 2001 agus iad i bhfoirm atá sonraithe ag an Aire Airgeadais.

Is é an Euro an t-airgeadra tuairiscithe, a chuirtear in iúl leis an tsiombail €, arb é chomh maith airgeadra feidhmeach na Gníomhaireachta é. Rinneadh gach suim sna ráitis airgeadais a shlánú go dtí an míle is cóngaraí ach amháin má tá a mhalairt sonraithe. Cuireann '000' míle in iúl agus 'm' milliúin.

Nótaí Leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

3. Suimeanna carnacha a aistríodh agus a athéilíodh i leith cuntais dhíomhaoinne agus polasaithe árachais nár éilíodh

Institiúidí Airgeadais – Cuntais Dhíomhaoinne

2022 Institiúid	larmhéid Tosaigh 01/01/2022 €000	Aistrithe €000	Gnóthaithe €000	larmhéid Tosaigh 31/12/2022 €000	Ús íoctha €000
ACC Loan Management DAC	5,317	-	(13)	5,304	-
Allied Irish Banks plc	113,247	11,122	(2,605)	121,764	(7)
Bank of America Europe DAC	187	-	-	187	-
Bank of Ireland	120,079	9,291	(4,783)	124,587	(7)
Barclays Bank Ireland plc	344	-	-	344	-
BNP Paribas SA	143	-	-	143	-
Citibank Europe plc	29	-	-	29	-
Citico Bank	39	4	-	43	-
Danske Bank Plc	8,146	330	(70)	8,406	-
EAA Covered Bond Bank	122	-	-	122	-
EBS DAC	44,883	6,040	(6,321)	44,602	(67)
Investec Bank plc	2,005	-	-	2,005	-
Irish Bank Resolution Corporation Ltd (in special liquidation)	617	-	-	617	-
JP Morgan Bank (Ireland) plc	49	-	-	49	-
KBC Bank Ireland plc	10	12	-	22	-
Lloyds Bank	453	1,281	-	1,734	-
Permanent tsb plc	71,510	4,513	(1,454)	74,569	(4)
Pfizer International Bank	31	-	-	31	-
An Post - State Savings Products	88,427	4,070	(2,115)	90,382	(7)
An Post - Post Office Savings Bank	60,905	4,165	(1,369)	63,701	(56)
RBS NV	35	-	-	35	-
The Royal Bank of Scotland plc	420	-	-	420	-
Rabo Bank Ireland DAC	10	75	-	85	-
Scotiabank (Ireland) DAC	93	-	-	93	-
Ulster Bank Ireland DAC	49,344	3,318	(2,714)	49,948	(1)
IOMLÁN (CUNTAIS NÁR ÉILÍODH)	566,445	44,221	(21,444)	589,222	(149)

3. Suimeanna carnacha a aistríodh agus a athéilíodh i leith cuntais dhíomhaoiné agus polasaithe árachais nár éilíodh (ar lean)

Cuideachtaí Árachais – Polasaithe Árachais nár Éilíodh

2022 Institiúid	Iarmhéid Tosaigh 01/01/2022 €000	Aistrithe €000	Gnóthaithe €000	Iarmhéid Tosaigh 31/12/2022 €000	Ús íoctha €000
Cuntais Téarma Shonraigh:					
Ark Life Assurance Co. DAC ³	2,279	1,322	(141)	3	-
Aviva Life and Pensions UK Ltd	5,427	382	(36)	5,773	-
Equitable Life Assurance Society	53	-	-	53	-
Friends First Life Assurance Co. DAC	5,715	201	(56)	5,860	-
Irish Life Assurance plc ³	16,062	1,837	(129)	21,230 ³	-
New Ireland Assurance Co. DAC	1,319	78	(297)	1,100	-
Phoenix Life Ltd	8,748	489	(11)	9,226	-
The Royal London Mutual Insurance Society Ltd	10,955	248	(76)	11,127	-
St. James Gate	11	-	-	11	-
Scottish Legal Life	619	-	-	619	-
Standard Life International DAC	3,300	194	(79)	3,415	-
Sun Life Assurance Society plc	441	102	(55)	488	-
Utmost PanEurope DAC (ex Augura Life Ireland DAC)	-	14	-	14	-
Utmost PanEurope DAC (Ex Scottish Mutual Life)	104	5	(26)	83	-
Zurich Life Assurance plc	6,070	1,694	(202)	7,562	-
Cuntais gan Téarma Sonrach:					
Acorn Life DAC	184	80	(1)	263	-
Ark Life Assurance Co. DAC ³	5,490	479	(196)	3	-
Aviva Life and Pensions UK Ltd	6,054	-	(26)	6,028	-
Equitable Life Assurance Society	22	-	-	22	-
Friends First Life Assurance Co. DAC	3,190	256	(53)	3,393	-
Irish Life Assurance plc ³	12,549	982	(716)	18,588 ³	-
New Ireland Assurance Co. DAC	17,239	1,932	(150)	19,021	-
Phoenix Life Ltd	1,944	338	-	2,282	-
The Royal London Mutual Insurance Society Ltd	17,399	2,547	(468)	19,478	-
St. James Place International plc	7	-	-	7	-
Scottish Legal Life	615	-	-	615	-
Standard Life International DAC	4,313	969	(649)	4,633	-
Sun Life Assurance Society plc	193	24	-	217	-
Utmost PanEurope DAC (ex Augura Life Ireland DAC)	172	12	(2)	182	-
Utmost PanEurope DAC (ex Scottish Mutual Life DAC)	532	-	(16)	516	-
Zurich Life Assurance plc	7,993	641	(1,159)	7,475	-
IOMLÁN NA bPOLASAITHE NÁR ÉILÍODH	138,999	14,826	(4,544)	149,281	-
An Ciste Eastáit Eiséata ⁴	4,400	-	-	4,400	-
Suimeanna Fabhráithe a Athéilíodh	(37)	-	14	(23)	-
AN tIOMLÁN	709,807	59,047	(25,974)	742,880	(149)

Mar gheall ar shlánú, féadfaidh sé nach réitíonn na suimeanna iomlána le chéile.

3 Ark Life Assurance Co. a fuair Irish Life Group. D'aistrigh aistriú Punainne le linn 2022 iarmhéideanna sonraithe Ark Life (€3,460k) agus neamhshonraithe (€5,773k) chuig cuntais shonraithe agus neamhshonraithe Shaol na hÉireann.

4 Forálan alt 28 d'Acht na gCuntas Díomhaoin, 2001 go n-aistreoidh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe cistí i leith eastát eisceithe chuig an gCiste ó Chuntas Taisce Chiste na nEastát Díthiomnach.

Nótaí Leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

3. Suimeanna carnacha a aistríodh agus a athéilíodh i leith cuntais dhíomhaoine agus polasaithe árachais nár éilíodh (ar lean)

Achoimre 2021

2021	Iarmhéid Tosaigh 01/01/2021 €000	Aistrithe €000	Gnóthaithe €000	Iarmhéid Tosaigh 31/12/2021 €000	Ús íoctha €000
Institiúidí Airgeadais	541,625	43,283	(18,463)	566,445	(145)
Cuideachtaí Árachais	125,103	18,324	(4,428)	138,999	-
An Ciste Eastáit Eiséata	4,400	-	-	4,400	-
Suimeanna Fabhráithe a Athéilíodh	(80)	-	43	(37)	(1)
AN tIOMLÁN	671,048	61,607	(22,848)	709,807	(146)

Is féidir miondealú mionsonraithe ar 2021 de réir institiúidí airgeadais aonair agus cuideachtaí dearbhaithe a fheiceáil i ráitis airgeadais 2021 do Chiste na gCuntas Díomhaoine.

Ní aithníonn an Ciste dliteanas i leith airgead Díomhaoine a aistrítear chuig an gCiste (nóta 10.1). Baineann an t-ús a íoctar ar chuntais dhíomhaoine a athéilíodh i leith na tréimhse ó aistriú na gcuntas chuig an gCiste go dtí go n-éilítear iad.

Tá suimeanna in airgeadra eile seachas an euro i gceist leis na suimeanna a aistríodh chuig an gCiste. Dá ndéanfaí athluacháil ar na cuntais sin de réir rátaí malairte ag deireadh na bliana, mhéadófaí an tsuim iomlán a aistríodh chuig an gCiste agus nár athéilíodh fós de €979k agus í ag laghdú ó from €742,881k go €741,901k (2021: €392k ó €709,807k go €709,415k).

4. Aistrithe Chuig an Gcuntas Cúlchiste

Faoi alt 17(4) den Acht um Chuntais Dhíomhaoine, 2001, arna leasú, íocann Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta suim leis an gCuntas Cúlchiste, ó am go ham – suim a shocraíonn an Ghníomhaireacht í – le ceadú ón Aire Forbatha Tuaithe agus Pobail agus le toiliú ón Aire Airgeadais, chun aisíocaíochtaí a dhéanamh ón gCiste agus chun táilli, costais agus speansais éagsúla a ghlanadh. Déantar aistriú inmheánach ón Cuntas Infheistíochta agus Eisiocaíochtaí nuair is gá chun iarmhéid sa Chuntas Chúlchiste a choinneáil ag 15 faoin gcéad, mar atá ceadaithe faoi láthair, de na cistí iomlána díomhaoine a fuair Ciste na gCuntas Díomhaoine agus nár athéilíodh go fóill. Féadfaidh an t-iarmhéid sa chuntas Cúlchiste imeacht ó 15 faoin gcéad san idirthréimhse idir na dátaí athchothromaithe tréimhsiúla.

5. Eisiocaíochtaí

Rinneadh na heisiocaíochtaí seo a leanas ón gCiste le linn na bliana:

	2022 €000	2021 ⁵ €000
Ar Threoir an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe:		
An Roinn Forbatha Tuaithe agus Pobail	12,302	12,481
An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spoirt agus Meán	12,000	10,000
An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíocht agus Óige	10,436	9,250
An Roinn Dlí agus Cirt	9,331	8,734
An Roinn Coimirce Sóisialaí	3,980	5,000
An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht	3,288	3,000
An Roinn Oideachais	1,625	1,108
An Roinn Cosanta	984	942
An Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta	450	300
An Roinn Sláinte	108	350
Seirbhís Phríosúin na hÉireann	-	274
Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide	-	256
	54,504	51,695

5 Leasíodh comparáidí 2021 chun athchatagóiriú méideanna eisioctha idir an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus an Roinn Dlí agus Cirt a léiriú. Níl aon athrú ar na heisiocaíochtaí iomlána in 2021.

6. Ioncam/(Costas) Úis

2022	Cuntas Infheistíochta Cúlchiste €000	Cuntas Cúlchiste €000	2022 €000
Bannaí Státhchiste	162	251	413
Airgead tirim sa Bhanc Ceannais	-	(2)	(2)
	162	249	411
2021	Cuntas Infheistíochta Cúlchiste €000	Cuntas Cúlchiste €000	2021 €000
Airgead tirim sa Bhanc Ceannais	(12)	(8)	(20)

7. Costais Oibriúcháin

	2022 €000	2021 €000
Muirir Bainc	(2)	(1)
	(2)	(1)

Costais Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

Faoi alt 45(1)(c) den Acht um Chuntais Dhíomhaoin, 2001, arna leasú, ceanglaítear ar an nGníomhaireacht na costais agus na táillí riaracháin a thabhaíonn an Gníomhaireacht a thuairisciú agus é ag oibriú faoin reachtaíocht. Sonraítear thíos iad:

	2022 €000	2021 €000
Riarachán Ginearálta ⁶	(175)	(175)

⁶ Is meastachán é seo, a áirítear sna nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais amháin, toisc nár ghearr an Gníomhaireacht na costais seo ar Chiste na gCuntas Díomhaoin.

8. Airgead agus Sócmhainní Airgeadais

	2022 €000	2021 €000
Airgead ag an mBanc Ceannais	1,638	1,055
Taiscí Téarma	207,940	230,000
Ús Infhaighte ar Bhannaí Státhchiste	279	-
Ús Infhaighte ar Iarmhéideanna Airgid	10	-
	209,867	231,055

9. Dlíteanas Eile

	2022 €000	2021 €000
Ús iniúchta ar Airgead i dTaisce	-	(3)
Aiséileamh fabhraithe	(23)	(37)
	(23)	(40)

Nótaí Leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

10. Dlíteanas Teagmhasach an Stáitchiste

10.1 Mar thoradh ar eisiócaíochtaí carntha a rinneadh go dtí seo, tá glansócmhainní an Chiste níos lú ná na cistí díomhaoine a aistríodh agus nár athéilíodh go fóill. Léiríonn an difríocht sin dlíteanas teagmhasach an Stáitchiste a mbeadh ar an bPríomh-Chiste é a íoc sa chás go ndéanfaí an t-airgead ar fad a aistríodh chuig Ciste na gCuntas Díomhaoine a athéileamh.

Amhail an 31 Nollaig 2022, meastar gurb é €533m (2021: €479m). dlíteanas teagmhasach an stáitchiste don Stáitchiste. Déantar dlíteanas teagmhasach an Stáitchiste a mheas mar an difríocht idir airgead glan a aistríodh isteach sa Chiste nach bhfuil athéilíthe fós agus glansócmhainní na Ciste. Níl aon soláthar ná aon mheastachán déanta i dtaca le hús a bhféadfadh sé é a bheith iniúchta ar athéilimh sa todhchaí don tréimhse ó dháta an aistrithe go dtí dáta an athéilimh. Tá anailís bhreise ar dhlíteanas teagmhasach an stáitchiste leagtha amach in nóta 10.2.

Faoi alt 17(7) den Acht um Chuntais Dhíomhaoine, 2001 aon uair nach leor an t-airgead sa Chuntas Infheistíochta agus Eisiócaíochtaí chun an t-easnamh sa Chuntas Cúlchiste a íoc, is féidir íocaíocht a dhéanamh ón bPríomh-Chiste leis an gCuntas Cúlchiste de shuim nach sáraíonn an t-easnamh. Tá sé riachtánach aon airgead íochta ón gCuntas Cúlchiste a aisíoc, a luaithe ab fhéidir go praiticiúil, ó airgead nua aistrithe chun na Ciste ó na hinstiúidí airgeadais i ndiaidh soláthar a dhéanamh d'aon dlíteanais nó d'aon dlíteanais theagmhasacha a bhaineann leis an gCiste.

10.2 Anailís ar Dhlíteanas Teagmhasach an Stáitchiste:

	1 Eanáir 2022 €000	Gluaiseacht le linn na bliana €000	31 Nollaig 2022 €000
Glansócmhainní an Chiste	231,015	(21,171)	209,844
Cistí Díomhaoine a Aistríodh agus nár Athéilíodh	(709,807)	(33,073)	(742,880)
Dlíteanas teagmhasach	(478,792)	(54,244)	(533,036)

10.3 Léirítear an ghluaiseacht i nDlíteanas Teagmhasach an Stáitchiste iontu seo a leanas:

	2022 €000	
Eisiócaíochtaí	54,504	Nóta 5
Ús ar aisíocaíochtaí airgid a aistríodh chuig an gCiste	149	Nóta 3
Costais oibriúcháin	2	Nóta 7
Ioncam Úis	(411)	Nóta 6
Gluaiseacht don bhliain	54,244	Nóta 10.2

11. Toradh Infheistíochta

Faoi alt 45(1)(b) den Acht um Chuntais Dhíomhaoine, 2001, arna leasú, ceanglaítear ar an nGníomhaireacht toradh infheistíochta an Chiste a thuairisciú don Aire Forbatha Tuaithe agus Pobail gach bliain. Ba é an toradh bliantúlaithe ar an gCiste don bhliain ná 0.16% (2021: -0.01%) mar thoradh ar an bhfilleadh ar thimpeallacht dhearfach ráta úis in 2022.

12. Teagmhais Tar Éis Dheireadh na Tréimhse Tuairiscithe

Or tharla aon teagmhas ba ghá a choigeartú nó a nochtadh sna ráitis airgeadais deiridh tar éis dheireadh na tréimhse tuairiscithe.

13. Formheas na Ráiteas Airgeadais

Rinne an Gníomhaireacht na ráitis airgeadais a fhorghabh an 4 Bealtaine 2023.

Ráitis Airgeadais de Chuid

Cúlchiste an Bharrachais Náisiúnta (Teagmhais Eisceachtúla)

Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022

Ciste agus eolas eile	164
Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste	165
Ráiteas maidir leis an Staid Airgeadais	167
Ráiteas Maidir le hIoncam Cuimsitheach	168
Ráiteas maidir le hAthruithe i nGlansócmhainní	169
Ráiteas ar Shreabhadh Airgid	170
Nótaí leis na Ráitis Airgeadais	171

Ciste agus Eolas Eile

Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

(mar thoscaire an Aire Airgeadais ina cháil mar bhainisteoir agus rialtóir Cúlchiste an Bharrachais Náisiúnta (Teagmhais Eisceachtúla))

Duga an Státchiste

Cé an Phoirt Thuaidh

Baile Átha Cliath 1

D01 A9T8

Baincéir

Banc Ceannais na hÉireann

Sráid Wapping Nua

Cé an Phoirt Thuaidh

Baile Átha Cliath 1

D01 F7X3

Iniúcháir

An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste

3A Sráid an Mhéara Uachtarach

Baile Átha Cliath 1

D01 PF72



Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste Comptroller and Auditor General

Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

Cúlchiste an Bharrachais Náisiúnta (Teagmhais Eisceachtúla)

Tuairim maidir leis na ráitis airgeadais

Tá cuntas riaracháin an Cúlchiste an Bharrachais Náisiúnta (Teagmhais Eisceachtúla) (an Chiste) iniúchta agam don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2021 de réir mar a éilítear faoi fhorálacha Alt 12 an Achta um ag Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta 1990 (mar atá arna leasú). Cuimsítear leis na cuntas riaracháin

- an ráiteas maidir leis an staid airgeadais
- an ráiteas maidir le hathruithe i nglansócmhainní
- an ráitwas maidir le hioncam cuimsitheach
- an ráiteas ar shreafaí airgid
- na nótaí gaolmhara, lena n-áirítear achoimre ar pholasaithe shuntasacha cuntasaiochta.

Is é mo thuairim go dtugann an cuntas riaracháin léargas firinneach cóir ar shócmhainní, dliteanais agus ar staid airgeadais an Gníomhaireacht amhail an 31 Nollaig 2022 agus ar a idirbhearta an CHiste le linn na bliana de réir Chaighdeán Tuairiscithe Airgeadais (FRS) 102 – *An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus Poblacht na hÉireann*.

Bunús leis an tuairim

Rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúcháireachta (ISAnna) mar a fhógraíonn an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúcháireachta. Tá cur síos ar mo chuid freagrachtaí faoi na caighdeáin seo in aguisín an tuairisc seo. Tá mé neamhspleách ón Gníomhaireacht agus tá mo chuid freagrachtaí eitiúla comhlíonta agam i gcomhréir leis caighdeáin.

Creidim go bhfuil an fhianaise iniúcháireachta atá faighte agam leordhóthanach agus iomchuí le mo thuairim a bhunú uirthi.

Tuairisc ar eolas seachas na ráiteas airgeadais, agus ar nithe eile

Tá eolas eile faoi leith curtha i láthair ag an Gníomhaireacht leis na ráitis airgeadais. Cuimsíonn sé an tuarascáil bhliantúil an Gníomhaireachta (lena n-áirítear an ráiteas maidir le rialachas, tuarascáil baill an Gníomhaireachta) agus an ráiteas maidir le rialú inmheánach. Tá cur síos san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo ar mo chuid freagrachtaí maidir le tuairisc a thabhairt ar an eolas sin, agus ar nithe eile faoi leith ar a dtuairiscim trí eisceacht.

Níl aon ní le tuairisciú agam ina leith sin.

Seamus McCarthy

An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

15 Bealtaine 2023

Aguisín a ghabhann leis an tuarascáil

Freagrachtaí Ghníomhaireacht Bainistíocht an Chisteáin Náisiúnta

Leagann an ráiteas rialachas agus tuairisc na mbaill amach freagrachtaí na mbaill

- ullmhú na ráiteas airgeadais bhliantúil san fhoirm a fhorordaítear faoi alt 12 an Achta um Ghníomhaireacht Bainistíocht an Chisteáin Náisiúnta 2000 (mar atá arna leasú)
- cinntiú go dtugtar léargas fírinneach cóir sna ráitis airgeadais i gcomhréir le FRS 102
- rialtacht idirbhearta a chinntiú
- oiriúnacht na húsáide a bhaineann na stiúrthóirí as an mbonn cuntasaiochta gnóthais leantaigh a mheas, agus
- cibé rialú inmheánach a mheasann siad is gá le go bhféadfar ráitis airgeadais a ullmhú atá saor ó mhiráiteas ábhartha, cibé acu mar gheall ar chalaois nó ar bhotún.

Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt 12(2) an Achta um Ghníomhaireacht Bainistíocht an Chisteáin Náisiúnta 1990 (mar atá arna leasú) iniúchadh a dhéanamh ar ráitis airgeadais an Ghníomhaireacht agus tuarascáil orthu a thabhairt do Thithe an Oireachtais.

Is é cuspoir m'iniúchta dearbhú réasúnta a fháil an bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhiráiteas ábhartha mar gheall ar chalaois nó ar bhotún. Is ionann dearbhú réasúnta agus leibhéal ard dearbhaithe, ach ní ionann é agus ráthaíocht go n-aimseoidh iniúchadh a dhéantar i gcomhréir leis na ISAnna miráiteas ábhartha i gcónaí. Féadfaidh miráitis eascairt as calaois nó botún agus meastar iad a bheith ábhartha más féidir a bheith ag súil go réasúnta go n-imreodh siad tionchar, go haonair nó go comhiomlán, ar chinntí eacnamaíocha a dhéanann úsáideoirí ar bhonn na ráiteas.

Mar chuid d'iniúchadh i gcomhréir leis na ISAnna, úsáidim breithiúnas gairmiúil agus sceipteachas gairmiúil ar feadh an iniúchta. Agus é sin á dhéanamh agam,

- Déanaim rioscaí maidir le miráitis ábhartha sna ráitis airgeadais, cibé acu mar gheall ar chalaois nó ar bhotún, a shainaithint agus a mheas; déanaim nósanna imeachta iniúcháireachta a dhearadh agus a chur i bhfeidhm a fhreagraíonn do na rioscaí sin; agus faighim fianaise iniúcháireachta atá leordhóthanach agus iomchuí le mo thuairim a bhunú uirthi. Tá an riosca nach n-aimseofar miráiteas ábhartha mar thoradh ar chalaois níos airde ná an riosca maidir le ceann a eascraíonn as botún, mar go bhféadfadh sé go mbeadh claonpháirteachas, brionnú, easnaimh d'aon ghnó, mífhaisnéis, nó gabháil treise ar an rialú inmheánach i gceist leis.
- Faighim tuisceant ar rialú inmheánach atá ábhartha don iniúchadh chun nósanna imeachta iniúcháireachta a dhearadh atá oiriúnach sna cúinsí, ach nach bhfuil oiriúnach chun tuairim a chur in iúl maidir le héifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim measúnú ar oiriúnacht na bpolasaithe cuntasaiochta a úsáideadh agus réasúntacht na meastachán cuntasaiochta agus an nocht a gaolmhar.

- Tagaim ar thátail maidir le hoiriúnacht na húsáide a bhaintear as an mbonn cuntasaiochta gnóthais leantaigh agus, bunaithe ar an fhianaise iniúcháireachta a fhaightear, maidir le cibé acu an bhfuil éiginnteacht ábhartha ann a bhaineann le himeachtaí nó cúinsí a d'fhéadfadh amhras suntasach a tharraingt ar chumas an chomhlachta leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach. Má thagaim ar an tátal go bhfuil éiginnteacht ábhartha ann, éilítear orm aird a tharraingt i mo thuarascáil ar an nochtadh bainteach sna ráitis airgeadais nó, mura leor an nochtadh sin, mo thuairim a mhodhnú. Tá mo thátail bunaithe ar an bhfianaise iniúcháireachta a fuarthas suas go dáta mo thuarascála. D'fhéadfadh imeachtaí nó coinníollacha amach anseo, áfach, bheith ina gcúis leis an Gníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní scor de bheith ina ghnóthas leantach.
- Déanaim measúnú ar chur i láthair, struchtúr agus ábhar foriomlán na ráiteas airgeadais, lena n-áirítear an nochtadh, agus cibé acu an léiríonn na ráitis airgeadais na hidirbhearta agus imeachtaí bunúsacha ar bhealach lena mbaintear cur i láthair cóir amach.

Cuirim in iúl dóibh siúd atá freagrach as rialachas, i measc nithe eile, raon feidhme beartaithe agus uainiú an iniúchta agus tátail shuntasacha an iniúchta, lena n-áirítear aon easnaimh a aimsim le linn m'iniúchta i dtaca le rialachas inmheánach.

Tuairiscím freisin trí eisceacht má, i mo thuairim,

- mura bhfaighim an fhaisnéis agus na mínithe fo léir a theastaigh uaim chun m'iniúchadh a dhéanamh, nó
- mura raibh na taifead cuntasaiochta dóthanach le iniúchadh na ráitis airgeadais a cheadú go fonmhar agus i gceart, nó
- mura bhfuil na ráitis airgeadais ag teacht le na taifead cuntasaiochta.

Eolas nach mbaineann leis na ráitis airgeadais

Ní chumhdaítear le mo thuairim faoi na ráitis airgeadais an t-eolas eile a chuirtear i láthair leis na ráitis sin, agus ní thugaim aon chineál tátail maidir le dearbhú ina leith.

I dtaca le m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais, éilítear orm faoi na ISAnna an t-eolas eile a léamh a cuireadh i láthair agus, le linn dom é sin a dhéanamh, breathnú an bhfuil an t-eolas eile neamh-chomhréireach go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó leis an eolas a fuarthas le linn an iniúchta, nó an cosúil ar shlí eile go bhfuil miráiteas ábhartha déanta ina leith. Más rud é go mbainim an tátal, bunaithe ar an obair atá déanta agam, go bhfuil miráiteas ábhartha ann i dtaca leis an eolas eile sin, éilítear orm é sin a thuairisciú.

Tuairisciú ar nithe eile

Déantar m'iniúchadh trí thagairt do na léirbheithnithe speisialta a bhaineann le comhlachtaí Stáit maidir lena mbainistíocht agus lena bhfeidhmiú. Tuairiscím má tá nithe ábhartha ann a bhaineann leis an mbealach ina bhfuil gnó poiblí déanta.

Féachaim le fianaise a fháil ar rialtacht idirbhearta airgeadais le linn an iniúchta. Tuairiscím aon chás ábhartha nár cuireadh airgead poiblí i bhfeidhm chun na críocha dá raibh siad ceaptha nó nár chloí idirbhearta leis na húdaráis a rialaíonn iad.


Ráiteas Maidir Leis an Staid Airgeadais

Ag 31 Nollaig 2022

	Nóta	2022 €m	2021 €m
Sócmhainní			
Sócmhainní Reatha			
Sócmhainní airgeadais ar chostas amúchta	7	1,000	-
Airgead agus coibhéisí airgid	7	1,000	-
Infháltais	8	6	-
Glansócmhainní		2,006	-

Tá na nótaí tionlacain mar chuid lárnach de na ráitis airgeadais.

Thar ceann na Gníomhaireachta



Frank O'Connor, Príomhfheidhmeannach

Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta



Susan Webb, Cathaoirleach

Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

4 Bealtaine 2023

Réamhrá

Aithbhreithiú Gnó

Faisnéis Rialachais
agus Chorpáirídeach

**Ráitis
Airgeadais**

Punann
Infheistíochtaí - CISE


Ráiteas Maidir le hIoncam Cuimsitheach

Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022

	Nóta	2022 €m	2021 €m
Ioncam			
Ioncam úis	6	6	-
Glanioncam infheistíochta		6	-
Brábús agus ioncam cuimsitheach iomlán don bhliain		6	-

Tá na nótaí tionlacain mar chuid lárnach de na ráitis airgeadais.

Thar ceann na Gníomhaireachta



Frank O'Connor, Príomhfheidhmeannach
Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

4 Bealtaine 2023



Susan Webb, Cathaoirleach
Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta


Ráiteas Maidir le hAthruite i nGlansócmhainní

Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022

	Bliain dár críoch 31 Nollaig 2022 €m	Bliain dár críoch 31 Nollaig 2021 €m
Ranníocaíocht a fuarthas ón Státchiste	2,000	-
Brabús don bhliain	6	-
Méadú i nglansócmhainní	2,006	-
Glansócmhainní ag tús na bliana	-	-
Glansócmhainní ag deireadh na bliana	2,006	-

Tá na nótaí tionlacain mar chuid lárnach de na ráitis airgeadais.

Thar ceann na Gníomhaireachta



Frank O'Connor, Príomhfheidhmeannach
Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

4 Bealtaine 2023



Susan Webb, Cathaoirleach
Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

Réamhrá

Aithbhreithniú Gnó

Faisnéis Rialachais
agus Chorpáirídeach

**Ráitis
Airgeadais**

Punann
Infheistíochtaí - CISE

Ráiteas ar Shreafaí Airgid

Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022

	Bliain dár críoch 31 Nollaig 2022 €m	Bliain dár críoch 31 Nollaig 2021 €m
Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin		
Ceannach infheistíochtaí	(1,000)	-
Eis-sreabhadhó ghníomhaíochtaí oibríochta	(1,000)	-
Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí maoiniúcháin		
Ranníocaíocht a fuarthas ón Státchiste	2,000	-
Insreabhadh glanairgid ó ghníomhaíochtaí maoiniúcháin	2,000	-
Glanméadú in airgead agus coibhéisí airgid	1,000	-
Airgead agus coibhéisí airgid ag deireadh na bliana	1,000	-

Nótaí Leis na Ráitis Airgeadais

1. Cúlra

Bunaíodh Cúlchiste an Bharrachais Náisiúnta (Teagmhais Eisceachtúla) ("an Ciste") ar 31 Deireadh Fómhair 2019 ag tosú an Achta um Barrachas Náisiúnta (Cúlchiste le haghaidh Teagmhais Eisceachtúla), 2019 ("an tAcht um BN(CTE) 2019").

I dtreoracha a d'eisigh an tAire Airgeadais ("an tAire") an 20 Deireadh Fómhair 2020 ("Treoracha 2020"), ordáíodh do Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta ("an Ghníomhaireacht") de bhun alt 12 den Acht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta 1990 ("Acht GBCN 1990"), alt 28 den Acht GBCN (Leasú) 2000, alt 4 agus alt 8 den Acht NS (RFEC) 2019 agus an tOrdú fán Acht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (Leasú) 2000 (Feidhmeanna Infheistíochta a Tharmhligean) 2019 (an "tOrdú"), an méid seo a leanas a dhéanamh:

- 1,500 milliún a aistriú, arb é iarmhéid iomlán an Chiste é amhail ar an dáta sin, chuig Príomhchiste an Stáitchiste (a críochnaíodh an t-aistriú an 28 Deireadh Fómhair 2020);
- cuntas a chaomhnú i leith an Chiste chun ligean don Ghníomhaireacht aon sócmhainní a bhainistiú a fhéadfaí a aistriú isteach sa Chiste amach anseo de réir an Achta NS(RFEC) 2019 agus a mhéid a aistreofar sócmhainní isteach sa Chiste amhlaidh, an Ciste a infheistiú, faoi réir agus de réir Alt 8 d'Acht NS(RFEC) 2019 agus ar mhodh atá i gcomhréir leis na treoirlínte infheistíochta Aireachta atá i gceangal le Treoracha 2020 (agus a leasófar ó am go ham) ("na Treoirlínte Infheistíochta") agus faoi réir agus de réir cibé treoracha ginearálta nó sonracha a eiseoidh an tAire nó an Roinn Airgeadais ó am go ham;
- ní thabhaíonn siad ach cibé costais faoi alt 11 den Acht NS(RFEC) 2019 (ar costais agus eisiocaíocht sheachtracha iad) a chomhaontóidh an Roinn Airgeadais roimh ré; na cuntais go léir is cuí agus is gnách a ullmhú agus a choimeád i ndáil leis an gCiste, a bheidh faoi réir a n-iniúchta ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste; agus
- na cuntais i ndáil leis an gCiste a thabhairt don Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste tráth nach déanaí ná 4 mhí tar éis dheireadh na tréimhe airgeadais lena mbaineann siad agus na cuntais, arna n-iniúchadh amhlaidh, a chur faoi bhráid an Aire mar chuid de thuarascáil bhliantúil na Gníomhaireachta arna cur faoi bhráid an Aire de bhun Alt 13(1) d'Acht GBCN 1990.

De bhun alt 5(2) den Acht NS(RFEC) 2019, ceanglaítear ar an Aire (faoi réir fho-alt (5) – (7) d'alt 5 agus alt 6 d'Acht NS(RFEC) 2019), méid forordaithe €500 milliún a íoc as an bPríomh - Chiste isteach sa Chiste i ngach ceann de 2019, 2020, 2021, 2022 agus 2023. Faoi alt 6(1) den Acht NS(RFEC), 2019, féadfaidh Dáil Éireann, ar thogra arna thionscnamh ag an Aire tráth nach luaithe ná an 1 Samhain de bhliain áirithe, rún a rith á údarú don Aire gan an méid forordaithe a íoc isteach sa Chiste sa bhliain sin. De bhun alt 6(3) den Acht NS(RFEC), 2019, ní fhéadfaidh an tAire togra den sórt sin a dhéanamh mura deimhin leis an Aire ar fhorais réasúnacha go gcuirfeadh sé ualach míchuí ar an airgeadas poiblí dá ndéanfaí an méid forordaithe a íoc isteach sa Chiste mar gheall ar imthosca eisceachtúla. De bhun rúin a rith Dáil Éireann de bhun alt 6(1) den Acht NS(RFEC) 2019, údaraíodh don Aire gan an méid forordaithe a íoc isteach sa Chiste in 2020 nó 2021, mar gheall ar na himthosca eisceachtúla a bhaineann le Brexit agus paindéim COVID-19. Dá réir sin, tar éis an aistrithe thuasluaite €1,500 milliún chuig an Stáitchiste an 28 Deireadh Fómhair 2020, ba é iarmhéid an Chiste ná €Nialas ar feadh na coda eile de 2020 agus in 2021.

An 27 Meán Fómhair 2022 rith Dáil Éireann rún de bhun alt 5(4) den Acht NS(RFEC) 2019 (an "Rún Dála"), chun a cheadú go ndéanfar íocaíocht isteach sa Chiste de shuim €1,500 milliún in 2022 agus suim €3,500 milliún in 2023 as an bPríomh-Chiste. De bhun alt 5(4) den Acht NS(RFEC) 2019, tá íocaíochtaí den sórt sin sa bhreis ar na méideanna forordaithe €500 milliún atá le híoc i ngach ceann de 2022 agus 2023 de bhun alt 5(2) den Acht NS(RFEC) 2019 (faoi réir théarmaí an Achta sin).

An 1 Samhain 2022, ag eascairt as Rún na Dála agus de réir alt 5(2) agus alt 5(4) den Acht NS(RFEC) 2019, aistríodh €2,000 milliún san iomlán chuig an gCiste ón bPríomh-Chiste.

Tá sainchónaí ar an gCiste in Éirinn. Faoi alt 3(1) den Acht NS(RFEC) 2019 ní rachaidh luach iomlán an chiste thar €8,000 milliún ag aon am ar leith. Ní dhéantar é a thrádáil i margadh poiblí, ná ní chomhdaíonn sé a ráitis airgeadais le coimisiún urrús nó le heagraíocht rialála eile chun aon aicme ionstraimí a eisiúint i margadh poiblí.

Cuirtear na ráitis airgeadais i láthair in euro arb é airgeadra feidhmiúil agus cur i láthair an Chiste é.

Nótaí Leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

2. Cuspóir Infheistíochta

Is é cuspóir infheistíochta an Chiste caipiteal a chaomhnú a mhéid is féidir faoi réir dhálaí an mhargaidh atá i réim agus ag an am céanna a áirithiú go bhfuil leachtacht leordhóthanach ag an gCiste i gcónaí.

Déantar an Ciste a infheistiú de réir Alt 8 den Acht NS(RFEC) 2019 agus na dTreoirínte Infheistíochta arna gcomhaontú leis an Aire agus an Plean Infheistíochta Bliantúil (mar a shainmhínítear sna Treoirínte Infheistíochta) arna ullmhú ag an nGníomhaireacht. Agus gach Plean Infheistíochta Bliantúil á ullmhú aici, tá cead ag an nGníomhaireacht aird a thabhairt ar a beartais bhainistíochta riosca féin ó am go ham.

Déanfar aon ioncam agus caipiteal ó infheistíochtaí aibithe, chomh maith le haon insreabhadh isteach sa Chiste, a athinfheistiú de réir na dTreoirínte Infheistíochta agus an Plean Infheistíochta Bliantúil.

3. Bonn Ullmhúcháin

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais don bhliain dár críoch 31 Nollaig 2022. Rinneadh gach suim sna ráitis airgeadais a shlánú go dtí an milliún is cóngaraí ach amháin má tá a mhalairt sonraithe. In áiteanna a bhfuil siad in úsáid, seasann '000' nó 'k' do 'míle', seasann 'm' do 'milliún' gus seasann 'b' do 'billiún'.

Ráiteas Comhlíonta

Rinneadh ráitis airgeadais na Gníomhaireachta a ullmhú le go gcomhlíonann siad an reachtaíocht is infheidhme agus FRS 102 An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn arna eisiúint ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais sa RA le húsáid in Éirinn (Eanáir 2022).

4. Beartais Shuntasacha Chuntasaíochta

Tá na beartais shuntasacha chuntasaíochta agus na modhanna meastacháin glactha ag an Chiste mar a leanas:

4.1 Gnás tomhais

Ullmhaítear na ráitis airgeadais ar bhonn costais stairiúil. Ainmnítear infheistíochtaí ar chostas idirbhirt nuair a aithnítear iad ar dtús agus déantar iad a thomhas ina dhiaidh sin ar chostas amúchta.

4.2 Gnóthas leantach

Tá staid airgeadais an Chiste, a shreafaí airgid agus a staid leachtachta mionsonraithe sna ráitis airgeadais. Ina theannta sin, leagtar amach sna nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais cuspóirí bainistithe riosca airgeadais an Chiste, sonraí faoina shócmhainní airgeadais agus a dhliteanais airgeadais agus a neamhchosaintí ar riosca margaidh, creidmheasa agus leachtachta.

Tá ionchas réasúnach ag an nGníomhaireacht go mbeidh acmhainní leordhóthanacha ag an gCiste chun leanúint ar aghaidh ag feidhmiú go ceann i bhfad. Dá bhrí sin, leanann an Ciste de bhonn gnóthais leantaigh na cuntasaíochta a ghlacadh.

4.3 Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim

Is éard atá in airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim infheistíochtaí gearrthéarmacha, fíorleachtacha atá inchomhshóite go héasca i méideanna airgid thirim atá ar eolas agus atá faoi réir riosca neamhshuntasach athruithe ar luach. Déantar nótaí airgid thirim agus coibhéisí airgid thirim agus nótaí Stáitchiste a chomhlíonann na coinníollacha a bheith ina gcoibhéisí airgid thirim a thomhas ar dtús ag costas idirbhirt agus ina dhiaidh sin a thomhas ag costas amúchta.

4.4 Sócmhainní agus dliteanais airgeadais a aithint agus a thomhas

Aithníonn agus déanann an Ciste a shócmhainní airgeadais agus a dhliteanais airgeadais a thomhas de réir Alt 11 agus Alt 12 de FRS 102. Cinneann an Ciste aicmiú a ionstraimí airgeadais tráth an aitheantais tosaigh.

Tomhas luach cóir

Is éard is 'luach cóir' ann an méid a bhféadfaí sócmhainn a mhalartú ina leith, dliteanas a shocrú, nó ionstraim chothromais a deonaíodh agus a d'fhéadfaí a mhalartú idir páirtithe eolacha toilteanacha in idirbheart ar neamhthuilleamaí.

Tomhas costais amúchta

Is é costas amúchta sócmhainne airgeadais an méid ag a ndéantar an tsócmhainn airgeadais a thomhas ag an aitheantas tosaigh, lúide aisíocaíochtaí príomhshuime, móide nó lúide an amúchadh carnach ag baint úsáide as modh ráta úis éifeachtach aon difríochta idir an méid tosaigh a aithnítear agus an méid aibíochta lúide aon laghdú ar bhearnú nó ar dhochoiscithe ag baint leis.

Aithnítear sócmhainní airgeadais agus dliteanais airgeadais ar dtús nuair a thagann an Ciste chun bheith ina pháirtí i bhforálacha conarthacha na n-ionstraimí. Déantar sócmhainní airgeadais agus dliteanais airgeadais nuair a aithnítear iad ar dtús a thomhas ag praghas an idirbhirt.

4. Beartais Shuntasacha Chuntasaíochta (ar lean)

4.4 Sócmhainní agus dliteanais airgeadais a aithint agus a thomhas (ar lean)

Nótaí Státchiste

Infheistítear an Ciste i bpunann nótaí Státchiste le haibíochtaí idir 1 agus 12 mhí. Rangaítear sealúchais nótaí Státchiste a bhfuil aibíochtaí níos mó ná 3 mhí acu mar shócmhainní airgeadais ar chostas amúchta agus rangaítear iad siúd a bhfuil aibíochtaí níos lú ná 3 mhí acu mar airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim.

4.5 Meastacháin agus breithiúnais chuntasaíochta chriticiúla

Éilíonn ullmhú na ráiteas airgeadais i gcomhréir le FRS 102 go n-úsáidfear meastacháin chuntasaíochta agus breithiúnais chuntasaíochta áirithe a rinne an bhainistíocht agus beartais chuntasaíochta an Chiste á gcur i bhfeidhm agus a bhfuil tionchar suntasach acu ar na méideanna a aithnítear sna ráitis airgeadais.

Níor ceanglaíodh ar an gCiste aon bhreithiúnais chriticiúla a dhéanamh agus a bheartais chuntasaíochta á gcur i bhfeidhm aige.

5. Rioscaí Airgeadais

Tá an Gníomhaireacht freagrach as bainistiú riosca an Chiste. I ndáil leis an gCiste, is é freagracht na Gníomhaireachta ordacháin ón Aire a chur i bhfeidhm agus urrúis iomchuí a luacháil chun críche ráitis airgeadais an Chiste.

Forordaíonn an Gníomhaireacht Beartas agus Creat Bainistíochta Riosca caighdeáin agus sainmhínithe éigeantacha maidir le bainistíocht riosca a bhfuil feidhm acu maidir le gach cuid den Gníomhaireacht agus ar fud na gcatagóirí riosca go léir. Cuirtear na caighdeáin seo i bhfeidhm ansin trí na beartais agus na nósanna imeachta mionsonraithe a rialaíonn bainistíocht catagóirí riosca aonair agus/nó próisis bhainistíochta riosca. Tá Creat Bainistíochta Riosca na Gníomhaireachta bunaithe ar an tsamhail trí líne chosanta agus tá a struchtúr eagraíochtúil agus a struchtúr coiste riosca ailínithe d'fhonn úinéireacht shoiléir agus cuntasacht a bhunú maidir le bainistíocht riosca.

Mar an chéad líne chosanta, is iad Aonaid Ghnó agus Feidhmeanna Corparáideacha na Gníomhaireachta atá freagrach go príomha as rioscaí a úinéireacht agus a bhainistiú ó lá go lá, agus lámháltas riosca agus fonn na Gníomhaireachta á gcur san áireamh agus i gcomhréir lena beartais, nósanna imeachta, rialuithe agus teorainneacha.

Tá an dara líne cosanta, lena n-áirítear feidhm Riosca na Gníomhaireachta, neamhspleách ar bhainistíocht agus oibríochtaí céadlíne agus is é an ról atá aici dúshlán a thabhairt do chinntí a théann i bhfeidhm ar nochtadh na heagraíochta do riosca agus tuairisciú cuimsitheach agus intuigthe a sholáthar ar shaincheisteanna bainistíochta riosca.

Cuimsíonn an tríú líne cosanta an fheidhm Iniúchta Inmheánaigh a sholáthraíonn dearbhú neamhspleách bunaithe ar riosca do phríomhpháirtithe leasmhara maidir le stóinseacht rialachas na Gníomhaireachta, córas bainistíochta riosca agus dearadh agus éifeachtacht oibriúcháin na timpeallachta rialaithe inmheánaigh faoi chlár oibre pleanáilte arna fhaomhadh ag an gCoiste Iniúcháireachta agus Riosca.

Tacaíonn roinnt coistí Gníomhaireachta agus bainistíochta, lena n-áirítear an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca agus na fochoistí Riosca, leis an nGníomhaireacht a cuid freagrachtaí a chomhlíonadh maidir le bainistíocht riosca.

Coistí Gníomhaireachta:

Coiste Iniúcháireachta & Riosca na Gníomhaireachta (ARC)

Cuimsíonn an ARC comhaltaí Bhord na Gníomhaireachta agus cabhraíonn sé leis an nGníomhaireacht:

- maoirseacht ar cháilíocht agus sláine na ráiteas airgeadais, aithbhreithniú agus faireachán ar éifeachtacht na gcóras rialaithe inmheánaigh, an phróisis iniúchta inmheánaigh agus na feidhme comhlíonta, agus aithbhreithniú agus breithniú ar na haschuir ón iniúcháir reachtúil; agus
- formhaoirseacht ar chreat bainistíochta riosca na Gníomhaireachta lena n-áirítear fonn riosca a shocrú, faireachán a dhéanamh ar chloí le rialachas riosca agus a áirithiú go ndéantar rioscaí a shainaithint, a mheasúnú, a bhainistiú agus a thuairisciú i gceart.

Ina theannta sin, déanann an Coiste aithbhreithniú agus monatóireacht ar fheidhmíocht na bhfeidhmeanna iniúchta inmheánaigh, comhlíonta agus bainistíochta riosca, a bhainistíonn Ceannasaí na hIniúcháireachta Inmheánaí, Ceann an Chomhlíonta agus Ceann an Riosca (Airgeadais, Infheistíochta agus Fiontair) faoi seach, ar bhonn laethúil, chun a n-éifeachtacht a mheas.

Nótaí Leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

5. Rioscaí Airgeadais (ar lean)

Coistí Bainistíochta:

Coiste Maoirseachta an Chúlchiste um Barrachas Náisiúnta (Teagmhais Eisceachtúla) (NSOC)

Déanann an NSOC maoirseacht ar infheistíocht na Gníomhaireachta sa Chiste de réir an Ordaithe agus de réir aon ordachán ón Aire. Déanann sé athbhreithniú agus moladh ar an bPlean Infheistíochta Bliantúil do Phríomhfheidhmeannach GBCN gach bliain (le haghaidh moltaí ar aghaidh chuig an nGníomhaireacht) ag féachaint do na Treoirí Infheistíochta agus d'aon treoir shonrach a d'fhéadfadh an tAire nó an Roinn Airgeadais a thabhairt. Déanann sé athbhreithniú ar thuarascálacha ráithiúla ar chur i bhfeidhm an Phlean Infheistíochta Bhliantúil agus déanann sé monatóireacht ar fheidhmíocht agus ar chomhlíonadh an Phlean Infheistíochta Bhliantúil agus na dTreoirí Infheistíochta. Molann sé, i gcás inarb iomchuí, aon leasuithe ar an bPlean Infheistíochta Bliantúil nó ar na Treoirí Infheistíochta.

An Coiste um Bainistiú Riosca Fiontair (ERMC)

Déanann an ERMC maoirseacht ar chur chun feidhme fonn riosca foriomlán na Gníomhaireachta agus ar bhunú na bainistíochta sinsearaí ar chórais iomchuí (lena n-áirítear beartais, nósanna imeachta agus teorainneacha riosca) chun a chinntiú go ndéantar rioscaí fiontair a shainaithint, a thomhas, a mhonatóiriú, a rialú agus a thuairisciú go héifeachtach.

An Coiste um Riosca Creidmheasa Contrapháirtí (CCRC)

Déanann an CCRC maoirseacht agus tugann sé comhairle don ERMC maidir le neamhchosaintí riosca creidmheasa contrapháirtí reatha. Déanann sé comhlíonadh Bheartas Riosca Creidmheasa Contrapháirtí GBCN a fhoirmiú, a chur i bhfeidhm agus a mhonatóiriú, lena n-áirítear aon athruithe beartaithe a bhreithniú agus a mholadh, nuair is cuí, agus cinntíonn sé go ndéantar gach beart iomchuí maidir le beartas ábhartha nó aon sáruithe. Tuairiscíonn sé neamhchosaintí ábhartha ar riosca creidmheasa contrapháirtí agus mionsonraí don ERMC.

An Coiste um Riosca Margaidh agus Leachtachta (MLRC)

Déanann an MLRC maoirseacht agus tugann sé comhairle do ERMC maidir le neamhchosaintí ar riosca margaidh agus leachtachta. Déanann sé comhlíontacht le Beartais Mhargaidh agus Riosca Leachtachta GBCN a fhoirmiú, a chur i bhfeidhm agus a mhonatóiriú, lena n-áirítear aon athruithe beartaithe a bhreithniú agus a mholadh, nuair is cuí, agus cinntíonn sé go ndéantar gach beart iomchuí maidir le beartas ábhartha nó aon sáruithe. Tuairiscíonn sé neamhchosaintí ábhartha riosca margaidh agus riosca leachtachta agus mionsonraí don ERMC.

Agus a chuspóirí infheistíochta á saothrú aige, tá an Ciste neamhchosanta ar rioscaí airgeadais éagsúla: riosca margaidh (lena n-áirítear riosca praghais, riosca ráta úis agus riosca airgeadra), riosca leachtachta agus riosca creidmheasa. Tá an Gníomhaireacht freagrach as bainistíocht riosca ar fheidhmíocht airgeadais an Chiste. I ndáil leis an gCiste, is é freagracht na Gníomhaireachta ordacháin ón Aire a chur i bhfeidhm agus urrúis iomchuí a luacháil chun críche ráitis airgeadais an Chiste.

a) Riosca Margaidh

Is é riosca margaidh an riosca caillteanais nó costais mhéadaithe a eascraíonn as athruithe ar luach sócmhainní agus dliteanas (lena n-áirítear sócmhainní agus dliteanas lasmuigh den chlár comhardaithe) mar gheall ar luaineachtaí i bhfactóirí riosca mar rátaí úis, rátaí malairte eachtraí nó praghsanna margaidh eile. I measc na bhfochatagóirí riosca margaidh tá riosca ráta úis, riosca malairte eachtraí agus riosca praghais margaidh.

b) Riosca Leachtachta

Is é an riosca leachtachta an riosca nach mbeidh an Ciste in ann dóthain acmhainní airgid a ghiniúint chun a oibleagáidí a shocrú ina n-íomláine de réir mar a bheidh siad dlite nó nach féidir leis é sin a dhéanamh ach ar théarmaí atá faoi mhíbhuntáiste ábhartha. Tá beartas infheistíochta an Chiste deartha chun a chinntiú go gcoinnítear leachtacht leordhóthanach chun dliteanais a chomhlíonadh i leith táillí agus caiteachais a íoc, má bhíonn siad dlite agus nuair a bheidh siad dlite.

c) Riosca Creidmheasa

Eascraíonn riosca creidmheasa as an riosca go dteipfidh ar iasachtaí nó ar chontrapháirtí feidhmiú ar oibleagáid as a dtiocfaidh caillteanas príomhshuime nó luaiochta airgeadais.

d) Luacháil Ionstraimí Airgeadais

Faoi FRS 102, Alt 34, ceanglaítear ar an gCiste tomhais luach cóir a aicmiú ag baint úsáide as ordlathas luach cóir a léiríonn tábhacht na n-ionchur a úsáidtear chun na tomhais a dhéanamh. Tá na leibhéil seo a leanas ag an ordlathas luacha chóir: Leibhéal 1 – Praghsanna luaite neamhchoigeartaithe ar mhargaí gníomhacha atá inrochtana ar an dáta tomhais le haghaidh sócmhainní nó dliteanais chomhionanna neamhsrionta;

Leibhéal 2 – Praghsanna luaite i margaí nach ionstraimí gníomhacha nó airgeadais iad a bhfuil ionchuir shuntasacha inbhraite ina leith (lena n-áirítear infheistíochtaí in infheisteoirí is féidir a fhuascailt de ghnáth laistigh de thrí mhí ón dáta tomhais ag Glanluach Sócmhainní), go díreach nó go hindreach. D'fhéadfadh toimhdí an luachálaí a bheith san áireamh leis seo agus tomhas luacha chóir á chinneadh; agus

5. Rioscaí Airgeadais (ar lean)

Coistí Bainistíochta: (ar lean)

An Coiste um Riosca Margaidh agus Leachtachta (MLRC) (ar lean)

d) Luacháil Ionstraimí Airgeadais (ar lean)

Leibhéal 3 - Praghsanna nó luachálacha a éilíonn ionchuir shuntasacha neamh - inbhraite (lena n-áirítear infheistíochtaí i gcistí infheisteora atá srianta ó fhuascailt ar feadh tréimhse éiginnte nó fadaithe ón dáta tomhais agus toimhdí an luachálaí agus tomhas luacha chóir á chinneadh).

Féadfar a áireamh ar theicnící luachála samhlacha glansreafa airgid reatha agus lascainithe, i gcomparáid le hionstraimí comhchosúla a bhfuil praghsanna margaidh inbhraite ann dóibh agus samhlacha luachála eile. I measc na dtuimhde agus na n-ionchur a úsáidtear i dteicnící luachála, féadfar rátaí úis saor ó riosca agus tagarmharcála, leatháin chreidmheasa agus préimheanna eile a úsáidtear chun rátaí lascaine, praghsanna bannaí agus cothromais, rátaí malairte airgeadra eachtraigh, innéacsanna cothromais, iolraithe tuillimh agus iolraithe ioncaim agus luaineachtaí agus comhghaolta praghsanna ionchasacha a mheas. Is é cuspóir na dteicnící luachála tomhas luacha chóir a bhaint amach a léiríonn an praghas a gheofaí chun an tsócmhainn a dhíol nó a d'íocfaí chun an dliteanas a aistriú in idirbheart ordúil idir rannpháirtithe sa mhargadh ar dháta an tomhais.

Déantar anailís sa tábla thíos ar ionstraimí airgeadais arna dtomhas ag luach cóir ar an dáta tuairiscithe de réir an leibhéil san ordlathas luacha chóir.

	Leibhéal 1 €m	Leibhéal 2 €m	Leibhéal 3 €m	Iomlán €m
2022				
Nótaí Stáitchiste	2,000	-	-	2,000
2021				
Nótaí Stáitchiste	-	-	-	-

6. Ioncam Úis

	2022 €m	2021 €m
Ús ar nóta Stáitchiste	6	-

7. Infheistíochtaí an Chiste

Sócmhainní Airgeadais ag Costas Toraidh Amúchta	Toradh	Dáta	Iarmhar Aibíocht Laethanta	€m
Nóta Stáitchiste	1.97%	03 Apr 2023	93	500
Nóta Stáitchiste	2.07%	02 May 2023	122	500
				1,000
Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid				
Nóta Stáitchiste	1.7%	01 Feb 2023	32	500
Nóta Stáitchiste	1.85%	01 Mar 2023	60	500
				1,000

8. Airgead Infhaighte

	2022 €m	2021 €m
Ús Infhaighte	6	-

Baineann ús infhaighte le hús ar nóta stáitchiste.

Nótaí Leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

9. Costais Bainistíochta

De réir na dTreasúra 2020 agus alt 11 den Acht BN(CTE) 2019, ní fhéadfaidh an Gníomhaireacht ach cibé costais sheachtracha agus eisíocaíocht thabhtú i gcomhlíonadh a feidhmeanna tarmilgthe I dtaca leis an gCiste a chomhaontóidh an Roinn Airgeadais roimh ré. Níor thabhaigh an Gníomhaireacht aon chostais nó eisíocaíocht sheachtrach den sórt sin in 2021 nó 2022.

10. Páirtithe Gaolmhara

Meastar go mbíonn páirtithe gaolmhar má tá an cumas ag páirtí amháin an páirtí eile a smachtú nó tionchar suntasach a bheith acu ar an pháirtí eile i gcinntí airgeadais nó oibríochta.

An tAire Airgeadais

Tá bainistíocht agus smacht an Chiste dílsithe don Aire de réir alt 4(1) de Acht an BN(CTE) 2019.

Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

Thairmlig an tAire feidhmeanna áirithe dá chuid don Gníomhaireacht i dtaca le hinfheistíocht an Ciste de réir an Ordú agus Treoracha 2020 a leagadh amach níos mó fúthu i Nóta 1.

11. Teagmhais Tar Éis Dheireadh na Tréimhse Tuairiscithe

Níor tharla aon teagmhais ar ghá iad a choigeartú nó a nochtadh sna ráitis airgeadais tar éis dheireadh na tréimhse tuairiscithe.

12. Formheas na Ráiteas Airgeadais

D'fhorghas an Gníomhaireacht na ráitis airgeadais an 4 Bealtaine 2023.

Ráitis Airgeadais de Chuid

Ciste Infheistíochta Straitéisí D'Éirinn

Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022

Ciste agus Faisnéis Eile	178
Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste	179
Ráiteas maidir leis an Staid Airgeadais	181
Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach	182
Ráiteas maidir le hAthruithe ar Ghlansócmhainní	183
Ráiteas ar Shreafaí Airgid	184
Nótaí leis na Ráitis Airgeadais	185

Ciste agus Faisnéis Eile

Rialtóir agus Bainisteoir

Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta
Duga an Státhiste
Cé an Phoirt Thuaidh
Baile Átha Cliath 1
D01 A9T8

Caomhnóir Domhanda (“Caomhnóir Domhanda”)

Bank of New York Mellon
240 Greenwich Street
Manhattan
Nua-Eabhrac
Stáit Aontaithe Mheiriceá

BNY Mellon SA/NV
Rue Montoyer 46,
1000 An Bhruiséil,
An Bheilg

Baincéirí

Banc Ceannais na hÉireann
Sráid Wapping Nua
Cé an Phoirt Thuaidh
Baile Átha Cliath 1
D01 F7X3

Grúpa AIB
1-4 Sráid Bhagóid Íochtarach
Baile Átha Cliath
D02 X342

Iníúcháir

An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste
3A Sráid an Mhéara Uachtarach
Baile Átha Cliath 1
D01 PF72



Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste Comptroller and Auditor General

Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

Ciste Infheistíochta Straitéisí d'Éirinn

Tuairim maidir leis na ráitis airgeadais

Tá ráitis airgeadais Ciste Infheistíochta Straitéisí d'Éirinn (an Ciste) ullmhaite ag Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (an Gníomhaireacht) iniúchta agam don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022 de réir mar a éilítear faoi fhorálacha Alt 12 an Achta um ag Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta 1990 (mar atá arna leasú). Cuimsítear leis na ráitis airgeadais

- an ráiteas maidir leis an Staid Airgeadais
- an ráiteas ar ioncaim chuimsithigh
- an ráiteas maidir le hAthruite ar Ghlan sócmhainní
- an ráiteas ar shreafaí airgid
- na nótaí gaolmhara, lena n-áirítear achoimre ar pholasaithe shuntasacha cuntasaiochta.

Is é mo thuairim go dtugann siad léargas fírinneach cóir ar shócmhainní, dliteanais agus ar staid airgeadais an Chiste amhail an 31 Nollaig 2022 agus ar a ioncam agus a chaiteachas 2022 de réir Chaighdeán Tuairiscithe Airgeadais (FRS) 102 – *An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus Poblacht na hÉireann*.

Bunús leis an tuairim

Rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúcháireachta (ISAnna) mar a fhógraíonn an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasthoras Iniúcháireachta. Tá cur síos ar mo chuid freagrachtaí faoi na caighdeáin seo in aguisín an tuairisc seo. Tá mé neamhspleách ón Gníomhaireacht agus tá mo chuid freagrachtaí eitiiciúla comhlíonta agam i gcomhréir leis na caighdeáin.

Creidim go bhfuil an fhianaise iniúcháireachta atá faighte agam leordhóthanach agus iomchuí le mo thuairim a bhunú uirthi.

Tuairisc ar eolas seachas na ráiteas airgeadais, agus ar nithe eile

Tá eolas eile faoi leith curtha i láthair ag an Gníomhaireacht leis na ráitis airgeadais i dtaca le oibríocht an Chiste. Cuimsíonn sé an tuarascáil bhliantúil an Gníomhaireachta (lena n-áirítear an ráiteas maidir le rialachas, tuarascáil baill an Gníomhaireachta) agus an ráiteas maidir le rialú inmheánach. Tá cur síos san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo ar mo chuid freagrachtaí maidir le tuairisc a thabhairt ar an eolas sin, agus ar nithe eile faoi leith ar a dtuairiscím trí eisceacht.

Níl aon ní le tuairisciú agam ina leith sin.

Seamus McCarthy

An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

15 Bealtaine 2023

Aguisín a ghabhann leis an tuarascáil

Freagrachtaí Ghníomhaireacht Bainistíocht an Chisteáin Náisiúnta

Leagann an ráiteas rialachas agus tuairisc na mbaill amach freagrachtaí na mbaill

- ullmhú na ráiteas airgeadais bhliantúil san fhoirm a fhorordaítear faoi alt 12 an Achta um Ghníomhaireacht Bainistíocht an Chisteáin Náisiúnta 1990 (mar atá arna leasú)
- cinntiú go dtugtar léargas fírinneach cóir sna ráitis airgeadais i gcomhréir le FRS 102
- rialtacht idirbhearta a chinntiú
- oiriúnacht na húsáide a bhaineann na stiúrthóirí as an mbonn cuntasaiochta gnóthais leantaigh a mheas, agus
- cibé rialú inmheánach a mheasann siad is gá le go bhféadfar ráitis airgeadais a ullmhú atá saor ó mhiráiteas ábhartha, cibé acu mar gheall ar chalaois nó ar bhotún.

Freagrachtaí an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt 12 an Achta an Achta um Ghníomhaireacht Bainistíocht an Chisteáin Náisiúnta 1990 (mar atá arna leasú) iniúchadh a dhéanamh ar ráitis airgeadais an Chiste agus tuarascáil orthu a thabhairt do Thithe an Oireachtais.

Is é cuspoir m'iniúchta dearbhú réasúnta a fháil an bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhiráiteas ábhartha mar gheall ar chalaois nó ar bhotún. Is ionann dearbhú réasúnta agus leibhéal ard dearbhaithe, ach ní ionann é agus ráthaíocht go n-aimseoidh iniúchadh a dhéantar i gcomhréir leis na ISAnna miráiteas ábhartha i gcónaí. Féadfaidh miráitis eascairt as calaois nó botún agus meastar iad a bheith ábhartha más féidir a bheith ag súil go réasúnta go n-imreodh siad tionchar, go haonair nó go comhiomlán, ar chinntí eacnamaíocha a dhéanann úsáideoirí ar bhonn na ráiteas.

Mar chuid d'iniúchadh i gcomhréir leis na ISAnna, úsáidim breithiúnas gairmiúil agus sceipteachas gairmiúil ar feadh an iniúchta. Agus é sin á dhéanamh agam,

- Déanaim rioscaí maidir le miráitis ábhartha sna ráitis airgeadais, cibé acu mar gheall ar chalaois nó ar bhotún, a shainaithint agus a mheas; déanaim nósanna imeachta iniúcháireachta a dhearadh agus a chur i bhfeidhm a fhreagraíonn do na rioscaí sin; agus faighim fianaise iniúcháireachta atá leordhóthanach agus iomchuí le mo thuairim a bhunú uirthi. Tá an riosca nach n-aimseofar miráiteas ábhartha mar thoradh ar chalaois níos airde ná an riosca maidir le ceann a eascraíonn as botún, mar go bhféadfadh sé go mbeadh claonpháirteachas, brionnú, easnaimh d'aon ghnó, mífhaisnéis, nó gabháil treise ar an rialú inmheánach i gceist leis.
- Faighim tuisceant ar rialú inmheánach atá ábhartha don iniúchadh chun nósanna imeachta iniúcháireachta a dhearadh atá oiriúnach sna cúinsí, ach nach bhfuil oiriúnach chun tuairim a chur in iúl maidir le héifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim measúnú ar oiriúnacht na bpolasaithe cuntasaiochta a úsáideadh agus réasúntacht na meastachán cuntasaiochta agus an nocht a gaolmhar.

- Tagaim ar thátail maidir le hoiriúnacht na húsáide a bhaintear as an mbonn cuntasaiochta gnóthais leantaigh agus, bunaithe ar an fhianaise iniúcháireachta a fhaightear, maidir le cibé acu an bhfuil éiginnteacht ábhartha ann a bhaineann le himeachtaí nó cúinsí a d'fhéadfadh amhras suntasach a tharraingt ar chumas an chomhlachta leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach. Má thagaim ar an tátal go bhfuil éiginnteacht ábhartha ann, éilítear orm aird a tharraingt i mo thuarascáil ar an nochtadh bainteach sna ráitis airgeadais nó, mura leor an nochtadh sin, mo thuairim a mhodhnú. Tá mo thátail bunaithe ar an bhfianaise iniúcháireachta a fuarthas suas go dáta mo thuarascála. D'fhéadfadh imeachtaí nó coinníollacha amach anseo, áfach, bheith ina gcúis leis an Gníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní scor de bheith ina ghnóthas leantach.
- Déanaim measúnú ar chur i láthair, struchtúr agus ábhar foriomlán na ráiteas airgeadais, lena n-áirítear an nochtadh, agus cibé acu an léiríonn na ráitis airgeadais na hidirbhearta agus imeachtaí bunúsacha ar bhealach lena mbaintear cur i láthair cóir amach.

Cuirim in iúl dóibh siúd atá freagrach as rialachas, i measc nithe eile, raon feidhme beartaithe agus uainiú an iniúchta agus tátail shuntasacha an iniúchta, lena n-áirítear aon easnaimh a aimsim le linn m'iniúchta i dtaca le rialachas inmheánach.

Tuairiscím freisin trí eisceacht má, i mo thuairim,

- mura bhfaighim an fhaisnéis agus na mínithe fo léir a theastaigh uaim chun m'iniúchadh a dhéanamh, nó
- mura raibh na taifead cuntasaiochta dóthanach le iniúchadh na ráitis airgeadais a cheadú go fonmhar agus i gceart, nó
- mura bhfuil na ráitis airgeadais ag teacht le na taifead cuntasaiochta.

Eolas nach mbaineann leis na ráitis airgeadais

Ní chumhdaítear le mo thuairim faoi na ráitis airgeadais an t-eolas eile a chuirtear i láthair leis na ráitis sin, agus ní thugaim aon chineál tátail maidir le dearbhú ina leith.

I dtaca le m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais, éilítear orm faoi na ISAnna an t-eolas eile a léamh a cuireadh i láthair agus, le linn dom é sin a dhéanamh, breathnú an bhfuil an t-eolas eile neamh-chomhréireach go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó leis an eolas a fuarthas le linn an iniúchta, nó an cosúil ar shlí eile go bhfuil miráiteas ábhartha déanta ina leith. Más rud é go mbainim an tátal, bunaithe ar an obair atá déanta agam, go bhfuil miráiteas ábhartha ann i dtaca leis an eolas eile sin, éilítear orm é sin a thuairisciú.

Tuairisciú ar nithe eile

Déantar m'iniúchadh trí thagairt do na léirbheithnithe speisialta a bhaineann le comhlachtaí Stáit maidir lena mbainistíocht agus lena bhfeidhmiú. Tuairiscím má tá nithe ábhartha ann a bhaineann leis an mbealach ina bhfuil gnó poiblí déanta.

Féachaim le fianaise a fháil ar rialtacht idirbhearta airgeadais le linn an iniúchta. Tuairiscím aon chás ábhartha nár cuireadh airgead poiblí i bhfeidhm chun na críocha dá raibh siad ceaptha nó nár chloí idirbhearta leis na húdaráis a rialaíonn iad.

Ráiteas Maidir Leis an Staid Airgeadais

Ag 31 Nollaig 2022

		Punann Lánroghnach		Punann Faoi Threoir		Iomlán	
	Nóta	2022 €m	2021 €m	2022 €m	2021 €m	2022 €m	2021 €m
Sócmhainní							
Infheistíochtaí	7, 8	7,036	6,721	5,499	4,439	12,535	11,160
lasachtaí agus infháiltais	7, 8	483	684	327	200	810	884
Suimeanna infhaighte trádála agus suimeanna infhaighte eile	9	70	24	3	4	73	28
Iarmhéid dlite ó bhróicéirí		-	34	-	-	-	34
Airgead agus coibhéisí airgid	12	1,268	2,233	452	180	1,720	2,413
Iomlán na Sócmhainní		8,857	9,696	6,281	4,823	15,138	14,519
Dlíteanais							
Díorthaigh	7	(1)	(38)	-	-	(1)	(38)
Iarmhéid dlite chuig bróicéirí	7	(75)	-	-	-	(75)	-
Dlíteanais eile	10	(49)	(11)	-	-	(49)	(11)
Iomlán na nDlíteanas		(125)	(49)	-	-	(125)	(49)
Glansócmhainní an Chiste ag deireadh na bliana							
		8,732	9,647	6,281	4,823	15,013	14,470

Tá na nótaí tionlacain mar chuid lárnach de na ráitis airgeadais.

Thar ceann na Gníomhaireachta

Frank O'Connor, Príomhfheidhmeannach
Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

Susan Webb, Cathaoirleach
Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

4 Bealtaine 2023

Réamhrá

Aithbhreithiú Gnó

Faisnéis Rialachais agus Chiorparáideach

Ráitis Airgeadais

Punann Infheistíochtaí - CISE

Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach

Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022

		Punann Lánroghnach		Punann Faoi Threoir		Iomlán	
	Nóta	2022 €m	2021 €m	2022 €m	2021 €m	2022 €m	2021 €m
Ioncam							
Ioncam úis	4	65	25	8	2	73	27
Ioncam díbhinne	4	12	32	88	-	100	32
Gnáthscair phríobháideach agus ioncam	4	24	39	-	-	24	39
Glanghnóthachan/(glanchaillteanais) ar shócmhainní agus dlíteanais airgeadais ag luach cóir trí bhrabús nó trí chaillteanas		(782)	876	2,617	1,040	1,835	1,916
Glanioncam/(Glanchaillteanais) infheistíochta		(681)	972	2,713	1,042	2,032	2,014
Speansais							
Costais oibriúcháin	5	(33)	(32)	-	-	(33)	(32)
Brabús/(caillteanas) don tréimhse airgeadais roimh cháin		(714)	940	2,713	1,042	1,999	1,982
Cánachas		-	-	-	-	-	-
Brabús/(caillteanas) don tréimhse airgeadais		(714)	940	2,713	1,042	1,999	1,982

Tá na nótaí tionlacain mar chuid lárnach de na ráitis airgeadais.

Thar ceann na Gníomhaireachta

Frank O'Connor, Príomhfheidhmeannach
Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

Susan Webb, Cathaoirleach
Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

4 Bealtaine 2023


Ráiteas Maidir le hAthruithe ar Ghlansócmhainní

Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022

Nóta	Punann Lánroghnach		Punann Faoi Threoir		Iomlán	
	2022 €m	2021 €m	2022 €m	2021 €m	2022 €m	2021 €m
Brabús/(caillteanas) don tréimhse airgeadais	(714)	940	2,713	1,042	1,999	1,982
Aistrithe chuig an Státhiste 11	-	-	(1,456)	(249)	(1,456)	(249)
Sócmhainní aistrithe idir punanna 11	(201)	(95)	201	95	-	-
Méadú/(laghdú) ar ghlansócmhainní	(915)	845	1,458	888	543	1,733
Ghlansócmhainní ag tús na bliana	9,647	8,802	4,823	3,935	14,470	12,737
Ghlansócmhainní ag deireadh na bliana	8,732	9,647	6,281	4,823	15,013	14,470

Tá na nótaí tionlacain mar chuid lárnach de na ráitis airgeadais.

Thar ceann na Gníomhaireachta



Frank O'Connor, Príomhfheidhmeannach
Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

4 Bealtaine 2023



Susan Webb, Cathaoirleach
Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

Ráiteas ar Shreafaí Airgid

Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022

Nóta	Punann Lánroghnach		Punann Faoi Threoir		Iomlán	
	2022 €m	2021 €m	2022 €m	2021 €m	2022 €m	2021 €m
Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin						
Ús a fuarthas	40	39	-	-	40	39
Díbhinní a fuarthas	24	26	93	-	117	26
Ioncam eile a fuarthas	16	22	-	-	16	22
Fáltais ó dhíol infheistíochtaí	6,135	4,993	2,389	591	8,524	5,584
Ceannach infheistíochtaí	(6,584)	(3,777)	(955)	(422)	(7,539)	(4,199)
Comhthaobhacht airgid a fuarthas	1,238	541	-	-	1,238	541
Comhthaobhacht airgid íoctha	(1,105)	(586)	-	-	(1,105)	(586)
Costais oibriúcháin íoctha	(31)	(30)	-	-	(31)	(30)
Éifeacht luainiú ar ráta comhshó	(487)	(232)	-	-	(487)	(232)
Glanairgead insreabhadh/(eis-sreabhadh) ó ghníomhaíochtaí oibríochta	(754)	996	1,527	169	773	1,165
Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí maoiniúcháin						
Aistriú idir punanna	11	(201)	(95)	201	95	-
Aistrithe chuig an Státchiste	11	-	-	(1,456)	(249)	(1,456)
Eis-sreabhadh glanairgead ó ghníomhaíochtaí maoinithe	(201)	(95)	(1,255)	(154)	(1,456)	(249)
Glanméadú in airgead agus coibhéisí airgid	(955)	901	272	15	(683)	916
Airgead tosaigh agus coibhéisí airgid	2,233	1,329	180	165	2,413	1,494
Tionchar luaineachtaí ráta malairte ar airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim	(10)	3	-	-	(10)	3
Airgead agus coibhéisí airgid deiridh	1,268	2,233	452	180	1,720	2,413

Nótaí Leis na Ráitis Airgeadais

1. Cúlra

Cuireadh Ciste Infheistíochta Straitéisí d'Éirinn ("CISE" nó "an Ciste") ar bun an 22 Nollaig 2014 le tosach feidhme Chuid 6 den Acht um Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta 2014 ("Acht GBCN 2014"). Is í Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (an "Gníomhaireacht") rialtóir agus bainisteoir an Chiste. Cuireann Alt 39(1) d'Acht GBCN 2014 d'iallach ar an nGníomhaireacht sócmhainní an Chiste (seachas infheistíochtaí faoi threoir) a choinneáil agus a infheistiú ar bhonn tráchtála ar bhealach ar aidhm dó tacú le gníomhaíocht eacnamaíochta agus fostaíochta sa Stát.

Ina theannta sin, féadfaidh an tAire treoir a thabhairt maidir le hinfeistíochtaí áirithe de réir ailt 42, 42A, 42B, 43 agus 47(4) d'Acht GBCN 2014. Cuireann alt 47A (2) den Acht GBCN 2014 ar chumas an Aire Airgeadais teoracha a thabhairt don Gníomhaireacht maidir le haistriú sócmhainní ón gCiste chuig cistí áirithe eile. Tugtar "Infheistíochtaí Ordaithe" ar infheistíochtaí a choinnítear mar thoradh ar threoracha Aireachta. Sna ráitis airgeadais seo, is mar "Infheistíochtaí faoi Threoir" a thagraítear d'infheistíochtaí a choinnítear de thoradh teoracha ón Aire. Ní mór coinneáil agus bainistiú na nInfheistíochtaí Ordaithe, cleachtadh cearta vótála agus cearta eile a bhaineann leis na hInfheistíochtaí Ordaithe ag an nGníomhaireacht agus diúscairt na nInfheistíochtaí Ordaithe ag an nGníomhaireacht a dhéanamh de réir na dtreoracha arna leagan amach ag an Aire Airgeadais. Déanann an Gníomhaireacht aon ús nó ioncam eile arna fháil i dtaca le taiscí agus/nó urrúis arna gcoinneáil i bpunann Infheistíochtaí Ordaithe an Chiste (an "Phunann Ordaithe") a choinneáil nó a infheistiú i gcomhréir leis an Ordachán ón Aire.

Dílsítear úinéireacht an Chiste don Aire Airgeadais agus ní thrádáiltear é i margadh poiblí agus ní chomhdaítear a ráitis airgeadais le coimisiún urrúis ná le heagras rialála ar bith eile d'fhonn aon chineál ionstraime a eisiúint i margadh poiblí.

Tá na ráitis airgeadais curtha i láthair in euro atá mar airgeadra feidhmiúil agus tuairiscithe an Chiste.

2. Bonn Ullmhúcháin

Rinneadh na ráitis airgeadais a réiteach don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022. Is bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2021 an tréimhse chomparáideach. Rinneadh gach suim sna ráitis airgeadais a shlánú go dtí an milliún nó an míle is cóngaraí ach amháin má tá a mhalairt sonraithe. In áiteanna a bhfuil siad in úsáid, seasann '€000' nó 'k' do 'míle', seasann 'm' do 'milliún' agus seasann 'bn' do 'billiún'.

Beag beann ar an sealúchas suntasach atá ag an gCiste i ngnáthscaireanna Grúpa Bhainc-Aontas Éireann ("BAE") mar chuid dá hInfheistíochtaí faoi Threoir, níl an Gníomhaireacht (mar Rialtóir agus mar Bhainisteoir ar an gCiste) in ann rialú, tionchar ceannasach ná tionchar suntasach a fheidhmiú ar BAE óir tá an rialú vótála i leith na scaireanna forchoimeáda ag an Aire ionas gurb é/i féin amháin a thabharfaidh treoir. Mar sin, ní dhéanann an Gníomhaireacht torthaí agus staid airgeadais BAE a chomhdhlúthú i ráitis airgeadais an Chiste.

Ráiteas Comhlíonta

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais de bhun Alt 12 den Acht um Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta 1990 (arna leasú) ("Acht GBCN 1990") i bhformáid atá ceadaithe ag an Aire Airgeadais, agus ag teacht le FRS 102 *Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais atá infheidhme sa RA agus i bPoblacht na hÉireann* faoi mar atá eisithe ag Comhairle Tuairiscithe Airgeadais sa RA feidhmithe ag Cuntasóirí Cairte na hÉireann.

3. Beartais Shuntasacha Chuntasaíochta

3.1 Gnás tomhais

Tá na ráitis airgeadais ullmhaithe ar bhonn costas stairiúil mionraithe ag cuimsiú díorthaigh luach coir, infheistíocht agus ionstraimí airgeadais eile ainmnithe ag luach cóir trí bhrabús nó caillteanas ar chéad aitheantas.

3.2 Gnóthas leantach

Tá staid airgeadais an Chiste, a shreafaí airgid thirim agus a staid leachtachta mionsonraithe san ráitis airgeadais. Lena chois sin, leagtar amach i nótaí na ráiteas airgeadais cuspóirí bhainistíocht riosca airgeadais an Chiste, mionsonraí a shócmhainní agus a dhliteanaí airgeadais agus a neamhchosaint ar riosca margaidh, creidmheasa agus leachtachta.

Féadann comhaltaí na Gníomhaireachta, ar bhonn réasúnach, bheith ag dúil go mbeadh acmhainní leorga ag an gCiste chun leanúint de bheith ag feidhmiú go ceann tamall de bhlianta. Mar sin, tá an Ciste ag leanúint de ghlacadh le bonn cuntasaíochta gnóthais leantaigh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú.

Nótaí Leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

3. Beartais Shuntasacha Chuntasaíochta (ar lean)

3.3 Meastacháin agus breithiúnais chuntasaíochta criticiúla

Is gá, nuair a bhíonn ráitis airgeadais á n-ullmhú de réir CTA 102, feidhm a bhaint as meastacháin agus breithiúnais áirithe chuntasaíochta a dhéanann lucht bainistíochta nuair a bhíonn polasaithe cuntasaíochta an Chiste á gcur i bhfeidhm agus a mbíonn tionchar suntasach acu ar na suimeanna a aithnítear sna ráitis airgeadais.

Tá na meastacháin agus na breithiúnais bhainteacha sin bunaithe ar thaithí stairiúil agus ar roinnt tosca éagsúla eile a mheastar a bheith réasúnta sna himthosca. Is iad na torthaí a eascraíonn astu an bonn chun na breithiúnais a dhéanamh maidir le luachanna sócmhainní agus dlíteanas a iompar nach bhfuil iomlán le fáil ó fhoinsí eile. D'fhéadfadh difear a bheith idir torthaí iarbhair agus na meastacháin seo.

Príomh fhoinsí éiginnteacht meastacháin

Maidir leis na meastacháin agus toimhdí a bhfuil riosca suntasach ag baint leo go ndéanfaí coigeartú ábhartha dá mbarr ar shuímeanna glanluacha sócmhainní agus dlíteanas, lena áirítear tomhas cóirluacha sócmhainní airgeadais a bhfuil ionchuir shuntasacha dobhreathnaithe acu.

Breithiúnais cuntasaíochta criticiúla i gcur i bhfeidhm polasaithe cuntasaíochta

Ní raibh sé riachtanach ag an gCiste aon bhreithiúnais cuntasaíochta criticiúla a dhéanamh i gcur i bhfeidhm a pholasaithe cuntasaíochta.

3.4 Aistriú airgeadra eachtraigh agus iarmhéideanna

Aistrítear idirbhearta airgeadra eachtraigh go dtí an t-airgeadra feidhmiúil trí úsáid a bhaint as na rátaí malairte atá i réim ag dátaí na n-idirbheart. Aistrítear sócmhainní agus dlíteanas airgeadra eachtraigh go dtí an t-airgeadra feidhmiúil trí úsáid a bhaint as na rátaí malairte atá i réim ag dátaí na n-idirbheart.

3.5 Ús

Aithnítear ioncam agus speansais úis trí úsáid mhodh an ghlanráta úis. Is é an glanráta úis an ráta a lascaíonn go díreach íocaíochtaí measta airgid nó fáiltais mheasta airgid amach anseo, gan caillteanas creidmheasa amach anseo a chur san áireamh, thar shaolré ionchasach na hionstraime airgeadais nó chomh fada leis an gcéad dáta athphraghsála margadhbhunaithe eile go dtí glanshuim ghlanluacha na hionstraime airgeadais ar a chéad aithint.

3.6 Ioncam díbhinne

Aithnítear ioncam díbhinne ar an dáta a socraítear an ceart chun íocaíocht a fháil.

3.7 Cothromas príobháideach agus ioncaim eile

Aithnítear cothromas príobháideach agus ioncaim eile ar bhun fabhruithe.

3.8 Glanghnóthachan/(glanchaillteanas) ar shócmhainní agus dlíteanas airgeadais ag luach cóir trí bhrabús nó trí chaillteanas (FVTPL)

Áirítear le (glanchaillteanas) ó ionstraimí airgeadais ag FVTPL athruithe luach cóir réadaithe agus neamhréadaithe agus gnóthcháin agus caillteanas ag éirigh ó ghluaiseachtaí i malairte eachtraí.

3.9 Táillí agus muirir, agus speansais eile

Lasmuigh do chostais airgeadais a aithníodh thar téarma an fhiachas ag úsáid modh ráta úis eifeachtach, is iondúil gurb ar bhonn fabhruithe a aithnítear táillí agus muirir, agus speansais eile.

3.10 Airgead agus coibhéisí airgid

Cuimsíonn airgead tirim agus coibhéisí airgid tirim infheistíochtaí gearrthréimhseacha, ardleachtachta atá so-inmhalartaithe go suimeanna aitheanta airgid atá faoi réir riosca neamhshuntasach athruithe ar luach. Déantar airgead tirim agus coibhéisí airgid tirim agus billí státchiste, a chomhlíonann na coinníollacha le bheith áirithe mar choibhéis airgid tirim, a thomhas ag luach cóir.

3. Beartais Shuntasacha Chuntasaíochta (ar lean)

3.11 Aithint agus tomhas sócmhainní agus dliteanas airgeadais

Aithníonn agus tomhasann an Chiste a shócmhainní agus dliteanas airgeadais de réir Alt 11 agus 12 de FRS 102. Socraíonn an Chiste rannaíocht a ionstraimí airgeadais ar chéad aithint.

Tomhas luacha chóir

Is é is 'luach cóir' ann an méid ar a bhféadfaí sócmhainn a mhalartú, dliteanas a shocrú nó ionstraim cothromais cheadaithe a mhalartú idir páirtithe toilteanacha feasaacha in idirbheart ar neamhthuilleamaí.

Aithnítear sócmhainní airgeadais agus dliteanas airgeadais ar dtús nuair a dhéantar páirtí de chuid fhorálacha conartha na n-ionstraimí den Chiste. Tomhaistear sócmhainní airgeadais agus dliteanas airgeadais ar aithint tosaigh dóibh ag praghas idirbhirt.

Tomhas costas amúchta

Is é costas amúchta sócmhainn airgeadais an méid ag a dtomhaistear an tsócmhainn airgeadais nuair a aithnítear ar dtús í, lúide aisíocaíochtaí bunairgid, móide nó lúide an t-amúchadh carnach trí úsáid mhodh an ghlanráta úis idir an chéad mhéid a aithníodh agus an méid aibíochta, lúide aon laghdú ar chlúdach nó ar dhobhailitheacht.

Clúdach

Déantar sócmhainn airgeadais nach rangaítear ag FVTPL a mheasúnú ar gach dáta tuairiscithe lena shocrú cé acu atá nó nach bhfuil fianaise oibiachtúil ar bhearnú. Tá sócmhainn airgeadais nó grúpa shócmhainní airgeadais 'bearnaithe' má tá fianaise oibiachtúil ar bhearnú mar gheall ar imeacht amháin nó níos mó a tharla i ndiaidh aithint tosaigh na sócmhainne agus go raibh tionchar ag an imeacht caillteanas ar shreafaí measta airgid na sócmhainne amach anseo ar féidir iad a mheas go hiontaofa.

Áirítear le fianaise oibiachtúil go bhfuil sócmhainní airgeadais bearnaithe nuair atá deacracht shuntasach airgeadais ag an eisitheoir nó ag an bhféichiúnaí, sárú conartha, loiceadh nó faillí in íocaíochtaí úis nó bunairgid, athstruchtúrú an mhéid atá dlite ar théarmaí nach dtoileodh an Ciste de ghnáth, comharthaí go rachaidh iasachtaí i bhféimheacht nó faoi atheagrú airgeadais eile, nó athruithe diúltacha i stádas íocaíochta na n-iasachtaí de dheasca dálaí diúltacha eacnamaíochta náisiúnta nó áitiúla nó athrú diúltach i ndálaí tionscail.

Ríomhtar caillteanas bearnaithe i leith sócmhainn airgeadais a thomhaistear ag costas amúchta mar an difríocht idir a suim ghlanluacha agus luach reatha an tsreafa mheasta airgid, lascainithe ag glanráta úis bunaidh na sócmhainne. Is i mbrabús nó i gcaillteanas a aithnítear caillteanas agus léirítear iad i gcuntas liúntais in aghaidh infháiltais. Leantar d'aithint úis ar an tsócmhainn bhearnaithe. Má tá imeacht a tharlaíonn i ndiaidh aithint an bhearnaithe mar chúis le laghdú mhéid an chaillteanas bhearnaithe, freaschuirtear an laghdú caillteanas bearnaithe trí bhrabús nó caillteanas.

3.12 Sócmhainní agus Dliteanas Airgeadais

Leagtar amach thíos na polasaithe cuntasaíochta suntasacha suntasacha do shócmhainní agus dliteanas airgeadais an Chiste de réir cineál infheistíocht.

Gnáthscaireanna luaite, ionstraimí fiachais agus cistí infheistíochta

Tomhaistear infheistíochtaí ag luach cóir, arb ionann é agus an luach margaidh deiridh neamhchoigeartaithe ar an bpríomh-mhalartán nó ar an bpríomh-mhargadh ar a bhfuil an infheistíocht luaite.

Gnáthscair phríobháideach díreach agus gnáthscair neamhluaite

Tomhaistear infheistíochtaí i scaireanna roghnacha agus i ngnáthscaireanna ar dtús ag an bpraghas idirbhirt lúide costais idirbhirt. I ndiaidh a n-aithint tosaigh, tomhaistear infheistíochtaí is féidir a thomhas go hiontaofa, ag luach cóir agus aithnítear athruithe ina luach cóir i mbrabús agus caillteanas. Fostaíonn an Ciste comhairleoir luachála seachtrach chun a dhearbhu go bhfuil luachanna seilbhe na n-infheistíochtaí sin iomchuí ag deireadh na bliana.

Má mheastar nach féidir luach cóir a thomhas ar bhealach iontaofa, déantar na hinfeistíochtaí sin a thomhas ar chostas lúide bearnú. Ní féidir luach cóir a thomhas ar bhealach iontaofa le haghaidh roinnt gabháltas agus déantar na gabháltais sin a luacháil ar chostas lúide bearnú.

Iasachtaí agus fáltais

Tar éis iasachtaí agus fáltais a aithint ar dtús, déantar iad a thomhas ag costas amúchta agus modh an ráta éifeachtaigh úis á úsáid. Déantar ionstraimí fiachais bunúsacha (neamhúsamhara), atá iníochta nó infhála laistigh de bhliain amháin, a thomhas ag méid neamhlascainithe an airgid nó na comaoine eile a bhfuiltear ag súil go n-íocfaí nó go bhfaighfí é/í (i. gan laige san áireamh) ach amháin sa chás gur ionann an socrú agus idirbheart maoinithe i ndáiríre. Más ionann an socrú agus idirbheart maoinithe, déanann an Ciste an ionstraim fiachais a thomhas ag luach reatha na n-íocaíochtaí todhchaí lascainithe ag ráta úis margaidh le haghaidh ionstraim fiachais chomhchosúil.

Nótaí Leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

3. Beartais Shuntasacha Chuntasaíochta (ar lean)

3.12 Sócmhainní agus Dlíteanais Airgeadais (ar lean)

Cistí infheistíochta neamhluaite (réadmhaoin, gnáthscair phríobháideach, foraoiseacht, bonneagair agus comhthiomsaithe)

I gcás infheistíochtaí neamhluaite i gcistí réadmhaoin, cothromais phríobháidigh, foraoiseachta, bonneagair agus neamhluaite comhthiomsaithe nach bhfuil aon mhargadh gníomhach ann dóibh, tá an luach cóir measta bunaithe ar an luacháil is déanaí arna cur ag an mbainisteoir seachtrach lena mbaineann ar an gciste nó ar an gcomhpháirtíocht sna ráitis iniúchta airgeadais. Sa chás nach bhfuil luacháil iniúchta ar fáil, mar shampla, i gcásanna nach bhfuil deireadh bliana an chiste nó na comhpháirtíochta ag teacht le deireadh bliana an Chiste iontu, baintear úsáid as an luacháil neamhiniúchta is déanaí atá ar fáil.

Déanann bainisteoirí seachtracha luacháil na n-infheistíochtaí sin a mheas trí úsáid a bhaint as modhanna luachála tionscail a bhfuil glacadh leo agus as treoirilínte arna bhfoilsíú ag comhlachtaí tionscail iomchuí. I measc na modheolaíochtaí luachála a d'fhéadfadh a bheith in úsáid ag bainisteoirí seachtracha, tá: iolraí tuillim de chuid cuideachtaí inchomparáide a thrádáiltear go poiblí, sreafaí airgid lascainithe, idirbhearta tríú páirtí, nó eachtraí a thugann bearnú nó feabhas ábhartha ar luach cóir na hinfeistíochta le fios. I gcéad bhliain na húinéireachta, meastar de ghnáth gurb ionann costas agus meastachán cuí ar luach cóir na n-infheistíochtaí seo, ach amháin sa chás go dtugtar bearnú buan ar luach na n-infheistíochtaí le fios.

Is féidir le raon luachanna féideartha bheith ann do na hinfeistíochtaí sin agus is féidir le luachanna córa measta bheith éagsúil leis na luachanna a bheadh in úsáid dá mbeadh luach margaidh ghníomhaigh ann d'infheistíochtaí den sórt sin.

Úsáideann an Ghníomhaireacht luachálacha bainisteoirí seachtracha le luach cóir infheistíochta a shocrú ar aon dul lena próiseas luachála arna mhairsiú ag an gCoiste Bainistíochta Luachála.

Infháltais agus iníochtaí eile agus méideanna dlí do/(ó) tríú páirtithe

Aithnítear infháltais eile ar dtús ag praghsanna idirbhirt lúide costais idirbhirt inchurtha. Aithnítear iníochtaí eile ar dtús ag praghsanna idirbhirt lúide costais idirbhirt inchurtha. I ndiaidh a n-aithint tosaigh, tomhaistear iasachtaí agus infháltais ag costas amúchta trí úsáid an ghlanráta úis, lúide bearnú i gcás infháltais trádála.

Infháltais agus iníochtaí faoi chomhaontuithe d'olacháin agus athcheannaigh agus urrúis a fuarthas ar iasacht

Nuair a cheannaíonn an Ciste sócmhainn airgeadais agus déanann comhaontú go comhuaineach an tsócmhainn chéanna nó sócmhainn an-chosúil a dhíol ar phraghas seasta ar dháta sa todhchaí (comhaontú díolachán freaschurtha agus athcheannaigh), déantar an socrú a chuntas mar bhunionstraim fiachais ag costas amúchta mar cheann bunúsach agus aitheanta sa ráiteas ar staid airgeadais mar infháltas ó chomhaontú díolachán freaschurtha agus athcheannaigh, agus ní aithnítear an bhunsócmhainn i ráiteas airgeadais an Chiste.

Ní bhreithnítear ar ionstraimí airgeadais mar bhunionstraimí airgeadais (ionstraimí airgeadais eile)

Aithnítear ag luach cóir ar dtús ionstraimí airgeadais eile nach gcomhlíonann sainmhíniú bhunionstraimí airgeadais. I ndiaidh a n-aithint tosaigh, tomhaistear ionstraimí airgeadais eile ag luach cóir agus aithnítear athruithe i mbrabús agus caillteanas, ach amháin infheistíochtaí in ionstraimí cothromais nach dtrádáiltear go poiblí agus nuair nach féidir, seachas sin, luach cóir a thomhas go hiontaoifa a thomhaisfear ag costas lúide bearnú.

Ionstraimí airgeadais d'orthacha

Aithnítear ionstraimí airgeadais díorthacha ag luach cóir. Aithnítear láithreach sa bhrabús nó caillteanas an gnóthachan nó caillteanas ar tomhas de réir luacha chóir.

Ionstraimí fiachais neamhluaite

Aithnítear ionstraimí fiachais neamhluaite de réir a luacha chóir. Úsáideann an Ciste comhairleoir luachála seachtrach, nuair is gá, le dearbhú go bhfuil luachanna seilbhe na n-infheistíochtaí sin iomchuí ag deireadh na bliana. Sa chás nach féidir luach cóir a thomhas go hiontaoifa, déantar na hinfeistíochtaí sin a thomhas ag costas lúide laige. Níl tomhas iontaoifa de luach cóir do roinnt ionstraimí fiachais ar fáil agus luacháiltear na hionstraimí fiachais seo ar chostas lúide lagaithe.

Tá nósanna imeachta curtha ar bun ag an nGníomhaireacht chun athbhreithniú tréimhsiúil a dhéanamh ar luacháil infheistíochtaí. Bunaithe ar a tuairim, agus ar an bhfaisnéis ábhartha atá ar fáil di, d'fhéadfadh an Ghníomhaireacht a chinneadh i gcúinsí áirithe go mbeadh sé cuí athrú a dhéanamh ar luacháil na foinse seachtraí d'fhonn luach cóir infheistíochta a thaifeadadh.

3. Beartais Shuntasacha Chuntasaíochta (ar lean)

3.12 Sócmhainní agus Dlíteanais Airgeadais (ar lean)

Ionstraimí fiachais neamhluaithe (ar lean)

Tá Coiste Luachála curtha ar bun ag an gCiste (Nóta 15.7(ii)). Le linn na bliana, bhí an Príomh-Oifigeach Airgeadais agus Oibriúcháin, Príomh-Oifigeach Riosca, an Bainisteoir Rioscaí Sinsearach, Stiúrthóir ISIF agus pearsanra sinsearach eile na Gníomhaireachta agus ISIF ina mbaill den Choiste Luachála. Cabhraíonn an Coiste Luachála leis an nGníomhaireacht chun luacháil infheistíochtaí an Chiste a chinneadh ar na bealaí a leanas:

- aithbhreithniú a dhéanamh ar na luachálacha infheistíochta tréimhsiúla agus ar an mbonn luachála le haghaidh shócmhainní an Chiste de réir an chreata cuntasaíochta arna ghlacadh ag an gCiste;
- na luachálacha ar shócmhainní a sholáthar lena gcuimsiú i ráitis airgeadais bhliantúla an Chiste; agus
- tacú le Coiste Iníúcháireachta agus Riosca GNBS le hathbhreithniú agus faomhadh a dhéanamh ar ráitis airgeadais an Chiste.

3.13 Dí-aithint Sócmhainní agus Dlíteanais Airgeadais

Dí-aithníonn an Ciste sócmhainn airgeadais nuair:

- a bhíonn cearta conartha na sreafaí airgid ón tsócmhainn socraithe nó in éag;
- a théann sí in éag, nó aistrítear chuig páirtí eile gach riosca agus leas úinéireachta de chuid na sócmhainne airgeadais; nó
- cé gut choinnigh an Ciste cuid de riosca agus leas suntasach áirithe úinéireachta, tá stiúir na sócmhainne aistrithe ag an gCiste chuig páirtí eile agus tá an cumas praiticiúil ag an bpáirtí eile an tsócmhainn a dhíol ina hiomláine le tríú páirtí neamhbhainteach; agus féadann siad an cumas sin a fheidhmiú go haontaobhach agus ní gá dóibh srianta breise a chur ar an aistriú. Sa chás seo, dí-aithníonn an Ciste an tsócmhainn agus aithníonn sé ar leith cearta nó oibleagáidí ar bith a choinnítear nó a chruthaítear san aistriú.

Ar dhí-aithint sócmhainn airgeadais, leithdháilfear suim ghlanluacha na sócmhainne aistrithe idir na cearta nó na hoibleagáidí a choinnítear agus iad siúd a aistrítear ar bhonn a luachanna córa coibhéiseacha ar dháta an aistrithe. Tomhaisfear cearta agus oibleagáidí nuachruthaithe ag a luachanna córa ar an dáta sin. Aithneofar i mbrabús nó i gcaillteanas i mblain an aistrithe aon difríocht idir an chomaoin a fhaightear agus na méideanna a aithnítear agus a dhí-aithnítear.

Murab é dí-aithint an toradh a bheidh ar aistriú ar an ábhar gur choinnigh an Ciste rioscaí suntasacha agus leas suntasach úinéireachta i leith na sócmhainne aistrithe, leanfaidh an Ciste d'aithint na sócmhainne aistrithe ina hiomláine agus aithneofar dlíteanas airgeadais i leith na comaoine a fuarthas. Ní dhéanfar an tsócmhainn agus an dlíteanas a fhritháireamh ach amháin nuair a schroichtear coinníollacha fritháireamh. Le linn tréimhsí ina dhiaidh sin, aithneoidh an Ciste aon ioncam ar an tsócmhainn aistrithe agus aon speansais a tabhaíodh ar an dlíteanas airgeadais.

Dí-aithníonn an Ciste dlíteanas airgeadais nuair a urscaoiltear, a chealaítear nó nuair a éagann a oibleagáidí conartha. Aithneoidh an Ciste i mbrabús nó i gcaillteanas aon difríocht idir suim ghlanluacha an dlíteanais airgeadais (nó cuid de dlíteanas airgeadais) a chuirfear ar ceal nó a aistreofar chuig páirtí eile agus an chomaoin a íocadh, lena n-áirítear sócmhainní neamhairgid ar bith a aistreofar nó dlíteanais a ghlacfar.

3.14 Fritháireamh

Déantar sócmhainní cánach iarchurtha agus dlíteanais chánach iarchurtha a fhritháireamh sa ráiteas ar staid airgeadais nuair, agus sa chás seo amháin, go bhfuil ceart reatha agus fritháirimh atá infheidhmithe le dlí ann ag an gCiste na méideanna aitheanta a fhritháireamh agus go bhfuil sé beartaithe aige glanadh ar bhonn glansuime nó an tsócmhainn a réadú agus an dlíteanas a ghlanadh go comhuaineach.

Cuirtear ioncam agus speansais i láthair ar bhonn glansuime i leith gnóthachan agus caillteanas ó ionstraimí ag FVTPL agus gnóthachain agus caillteanais malairte eachtraí.

3.15 Lacáistí infheistíochta

Déantar lacáistí infheistíochta a aithint ar bhonn fabhruithe de ghnáth ag an bpointe a thagann sé chun feasa an Chiste go bhfuil sé i dteideal lacáiste ó bhainisteoir infheistíochta. Sa chás nár cuireadh an lacáiste in iúl don Chiste roimh ré, aithnítear an lacáiste nuair a fhaightear é.

3.16 Comhthaobhacht

Aithnítear airgead arna thaisceadh mar chomhthaobhacht sa Ráiteas ar Staid Airgeadais mar larmhéideanna atá dlite ó bhróicéirí. Is ionann na méideanna sin agus cuntais earlaise, comhthaobhacht airgid le haghaidh urrúis ar iasacht agus díorthaigh agus idirbhearta díolacháin atá le socrú. Aithnítear comhthaobhacht arna taisceadh leis an gCiste mar larmhéideanna atá dlite le bróicéirí sna dlíteanais airgeadais sa Ráiteas ar Staid Airgeadais.

Nótaí Leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

4. Ioncam

4.1 Punann Lánroghnach

	2022 €m	2021 €m
Ioncam úis	65	25
Cothromas príobháideach dhíreach agus cothromas príobháideach ioncam ciste	22	35
Ioncam díbhinne	12	32
Ioncam eile	2	4
	101	96

Áirítear le hioncam eile lacáistí infheistíochta €1.4m (2021: €2.0m), ioncam gníomhaíochta corparáideach €0.5m (2021: €1.4m), ioncam gníomhaíochta ranga €0.04m (2021: €0.03m). Áirítear le hioncam díbhinne aiséilimh chánach iarchoimeádta de € 0.8m in 2022 (2021: €0.7m) agus tá tuilleadh faisnéise faoi seo leagtha amach i nóta 6.

4.2 Punann faoi threoir

	2022 €m	2021 €m
Ioncam díbhinn	88	-
Ioncam úis	8	2
	96	2

5. Costais Oibriúcháin

Is mar seo a leanas atá an tsuim a theastaíonn chun freastal ar chostais bhainistíochta infheistíochta agus riaracháin an Chiste:

5.1 Punann Lánroghnach – táillí agus speansais

	2022 €m	2021 €m
Athmhúirear GBCN	18	17
Táillí bainisteoirí infheistíochta	8	9
Táillí comhairleach	5	5
Táillí Caomhnóirí Domhanda	1	-
Córais agus seirbhísí	1	1
	33	32

Faoi Alt 48 d'Acht GBCN 2014, is gá na speansais a thabhaíonn an Ghníomhaireacht (athmhúirear GBCN) agus a cuid feidhmeanna i leith an Chiste á gcomhlíonadh aici a ghlanadh ón gCiste. B'ionann iad sin agus €18.4m i 2022 (2021: €17.2m).

5.2 Táillí comhairle

I gcomhréir le ceanglais an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016 ("an Cód"), déantar táillí comhairle arna dtabhú ag an gCiste le linn na bliana a nochtadh thíos.

	2022 €m	2021 €m
Dlí	3	3
Comhairle airgeadais agus cánach	2	2
	5	5

Cuirtear na costais sin san áireamh i Nóta 5.1 (Punann Lánroghnach – táillí agus costais) agus cuimsítear aon táillí comhairle arna n-athghearradh trí GNBS leo.

6. Cánachas

Tá ioncam agus brabús an Chiste díolmhaithe ó Cháin Chorporáide na hÉireann de réir Alt 230(1) agus 230 (1A) den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997, arna leasú. Mar sin féin, féadfaidh an Ciste bheith faoi dhliteanas i leith cánacha i ndlínsí thar lear.

Féadfaidh díbhinní agus ús bheith faoi réir cánacha siarchoinneálacha do-aisghabhála eachtracha arna bhforchur ag an tír óna bhfaightear an t-ioncam infheistíochta. Leithdháiltí ioncaim agus gnóthachain a fhaigheann an Ciste óna chuid infheistíochtaí i gcistí réadmhaoine agus gnáthscair phríobháidigh, féadfaidh siad bheith faoi réir cánacha siarchoinneálacha eachtracha freisin. Chomh maith leis sin, féadfaidh an Ciste bheith faoi réir cánacha eachtracha breise a bhíonn inioctha gach bliain ar infheistíochtaí áirithe réadmhaoine agus cothromais phríobháidigh, agus iad bunaithe ar a luachanna sócmhainní ag an dáta tuairiscithe.

	2022 €m	2021 €m
Athéilimh cánach siarchoinneálaí	1	1

Fuair an Ciste aiséileamh €0.8m (2021: €0.7m) i 2022 ar cháin shiarchoinneálach. Tá seo san áireamh in ioncam díbhinn i nóta 4 thuas.

7. Sócmhainní agus Dlíteanais Airgeadais Lánroghnacha

7.1 Struchtúr an chiste agus aistriú

Cuimsítear an Phunann Lánroghnach agus an Phunann Ordaithe sa Chiste Infheistíochta Straitéisí d'Éirinn (CISÉ). Tá sainordú "bunlíne dhúbailte" ag CISÉ chun a choimead agus a infheistiú a dhéanamh ar bhonn tráchtála sa Phunann Lánroghnach, ar bhealach arna dhearadh chun tacú le gníomhaíocht eacnamaíoch agus fostaíocht in Éirinn. I mí na Nollag 2014, aistríodh sócmhainní an Chúlchiste Náisiúnta Pinsean chuig an gCiste Infheistíochta Straitéisí d'Éirinn. Cuireadh Punann Lánroghnach an Chúlchiste Náisiúnta Pinsean (NPRF) ar fáil do CISÉ chun a chumasú dó infheistíochtaí a dhéanamh chun an sainordú sin a chomhlíonadh.

Tá Punann Lánroghnach an Chiste comhdhéanta de Phunann na hÉireann agus an Phunann Domhanda. An Phunann Domhanda mar phunann leachtach arna bhainistiú go coimeádach a sholáthróidh airgead tirim chun deiseanna infheistíochta in Éirinn a mhaoiniú de réir mar a fhorbraíonn siad.

I mBealtaine 2020 mar fhreagairt ar phaindéim COVID-19, thug an tAire Airgeadais treoir don CISÉ ciste €2bn a chur ar fáil, ar a dtugtar an Ciste Cobhsaíochta agus Téarnaimh Paindéime (PSRF) a bhí ina fho - phunann de Phunann Éireannach an Chiste a d'fhéach le hinfeistíocht a dhéanamh i bhfiontair mheánmhéide agus mhórsála in Éirinn a raibh tionchar ag COVID-19 orthu le fócas ar fhiontair a fhostaíonn níos mó ná 250 fostaí nó le láimhdeachas bliantúil os cionn €50m. Lean CISÉ ag tacú le hiarrachtaí cobhsaíochta agus téarnaimh gnólaigh laistigh de phríomhchodanna den gheilleagar go dtí gur dúnadh an PSRF go foirmiúil i mí an Mheithimh 2022.

I mí an Mheithimh 2022, seoladh straitéis athbhreithnithe infheistíochta Tionchair CISÉ, le fócas ar cheithre phríomhthéama infheistíochta: aeráid, tithíocht agus infheistíochtaí cumasúcháin, gnólaigh scálaithe dúchasacha, agus bia agus talmhaíocht. Coinníonn an Ciste an tsolúbthacht chun aghaidh a thabhairt ar aon infheistíochtaí cobhsaíochta a thagann chun cinn ar tosaíochtaí soiléire náisiúnta iad. Nuair is féidir, díreoidh CISÉ ar fhorbairt réigiúnach ar fud na dtéamaí tionchair go léir. Cuimsíonn straitéis CISÉ an cúigiú Téama Náisiúnta agus Riachtanach do chásanna a éillonn ar an gCiste oiriúnú do thosaíochtaí náisiúnta nua, mar shampla Brexit nó paindéim eile.

Nótaí Leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

7. Sócmhainní agus Dlíteanais Airgeadais Lánroghnacha (ar lean)

7.2 Luacháil Lánroghnach Punann

Is ionann an Phunann Lánroghnach lomlán ag 31 Nollaig 2021 agus €9.6bn (2020: €8.8bn). Tá comhdhéanamh an Punann Lánroghnach bunaithe ar cineál infheistíocht mar a leanas:

Infheistíochtaí ag FVTPL ¹	Nóta	2022 €m	2021 €m
Gnáthscaireanna luaite		744	799
Gnáthscair phríobháideach dhíreach		410	396
Ionstraimí fiachais luaite		699	291
Ionstraimí fiachais neamhluaite		110	46
Infheistíochtaí ciste réadmhaoin		189	146
Infheistíochtaí gnáthscair phríobháidigh		1,658	1,787
Infheistíochtaí ciste foraoiseachta		93	78
Infheistíochtaí ciste fuinnimh		45	35
Infheistíochtaí ciste bonneagar		353	318
Cistí infheistíochta luaite		1,337	1,604
Cistí infheistíochta neamhluaite		1,004	1,180
Earraí luaite		239	-
Scaireanna in-chomhshóite tosaíochta		25	23
		6,906	6,703
Íasachtaí agus infháltais ag costais amúchaithe			
Fiachas eile		483	684
Sócmhainní dhíorthaigh ag FVTPL¹			
Conarthaí i malairt eachtrach		123	-
Todhchaíochtaí	13.1	7	15
Roghanna cothromais		-	3
		130	18
Dlíteanais dhíorthaigh ag FVTPL			
Roghanna cothromais		(1)	-
Conarthaí i malairt eachtrach	13.1	-	(38)
		(1)	(38)
Aigead agus Coibhéisí Airgid			
Airgead Tirim		982	1,675
Coibhéisí Airgid		274	553
Billí Státhchiste		12	5
	12	1,268	2,233
Suimeanna infhaighte trádála agus suimeanna infhaighte eile	9	70	24
Iarmhéid dlite (go)/ó bróicéirí		(75)	34
Dlíteanais eile	10	(49)	(11)
Iomlán glansócmhainní lánroghnacha		8,732	9,647

¹ Léiríonn infheistíochtaí ag FVTPL agus Sócmhainní dhíorthaigh ag FVTPL infheistíochtaí sa Ráisteas ar Staid an Airgeadais.

7. Sócmhainní agus Dlíteanais Airgeadais Lánroghnacha (ar lean)

7.3 Luacháil Punann Éireannach

Ag 31 Nollaig 2022 tá €3.86m (2021: €3.8bn) infheistithe sa Phunann Éireannach agus an €5.1bn (2021: €5.8bn) ar fhuíoll infheistithe sa Punann Domhanda. Tá comhdhéanamh an Punann Éireannach bunaithe ar cineál infheistíocht mar a leanas:

Infheistíochtaí ag FVTPL	2022 €m	2021 €m
Infheistíochtaí ciste gnáthscair phríobháideach	1,654	1,787
Infheistíochtaí ciste bonneagar	353	318
Gnáthscaireanna luaite	121	236
Infheistíochtaí ciste réadmhaoine	189	141
Infheistíochtaí gnáthscair phríobháidigh	410	396
Ionstraimí fiachais neamhluaite	110	46
Scaireanna in-chomhshóite tosaíochta	25	24
Infheistíochtaí ciste foraoiseachta	93	78
Ionstraimí fiachais luaite	61	79
Infheistíochta ciste fuinnimh	45	35
	3,061	3,140
Iasachtaí agus infháiltais ag costais amúchaithe		
Fiachas eile	483	684
Airgead Tirim agus coibhéisigh	4	4
Suimeanna infhaighte trádála agus suimeanna infhaighte eile	10	6
Iomlán luacháil Punann Éireannach	3,558	3,834

Tionchar eacnamaíoch ar luachálacha:

I bhfianaise an tsuaite shuntasaigh ar an margadh airgeadais agus na héiginnteachta maicreacnamaíoch domhanda atá fós ina cúis le rátaí úis atá ag ardú agus leis an gcogadh san Úcráin, tá ionchuir luachála infheistíochta áirithe le haghaidh cothromais phríobháidigh Dhíriú agus ionstraimí fiachais neamhluaite ag brath níos mó ar fhaisnéis neamh - inbhraite agus ar thiomhdí réamhbhreathnaitheacha.

8. Punann Faoi Threoir

Sealbhaíonn an Gníomhaireacht Punann Infheistíochtaí faoi Threoir atá faoi réir treoracha arna dtabhairt ag an Aire Airgeadais de bhun altanna 42, 42A, 42B, 43 agus 47(4) d'Acht GBCN 2014. Ní mór sealbhú agus bainistiú Punann na nInfheistíochtaí faoi Threoir, feidhmiú na gceart vótála agus na gceart eile a ghabhann leis na nInfheistíochtaí faoi Threoir ag an nGníomhaireacht agus diúscairt na nInfheistíochtaí faoi Threoir ag an nGníomhaireacht a dhéanamh de réir aon treoracha arna dtabhairt ag an Aire Airgeadais.

Nótaí Leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

8. Punann Faoi Threoir (ar lean)

8.1 Luacháil Punann na nInfheistíochtaí faoi Threoir

	2022 Aonaid Milliúin	2021 Aonaid Milliúin	Luacháil € 2022 In Aghaidh an Aonaid	Luacháil € 2021 In Aghaidh an Aonaid	2022 €m	2021 €m
Banc na hÉireann (Bol)						
Gnáthscaireanna ¹	-	83	-	4.986	-	416
Grúpa AIB cpt (AIB)						
Gnáthscaireanna ²	1,521	1,930	3,616	2,084	5,499	4,023
Iomlán shócmhainní na n-infheistíochtaí faoi threoir					5,499	4,439
lasacht MTTE ³					330	125
Nóta Stáitchiste na hÉireann					-	75
Airgead (Nóta 12, 14.3)					452	180
Infháltais ó infheistíochtaí díolta					-	4
Iomlán					6,281	4,823

1 Chríochnaigh an Ciste díol scairshealbhan treoraithe an Stáit i mBanc na hÉireann an 23 Meán Fómhair 2022, agus ní choinníonn an Stát (trí phunann treoraithe CISE) aon úinéireacht sa Ghrúpa a thuilleadh.

2 Tá luach ghnáthscaireanna AIB bunaithe ar an bpraghas tairisceana luaite. Rinne an Ciste roinnt diúscairtí in 2022 agus laghdaigh sé a scairsheilbh sa Ghrúpa ó 71.12% go 56.8%. Ag smaoineamh ar mhéid na sealúchais sna scaireanna seo, dá ndéanfaí iad a thrádáil i líon beag ceirdeanna móra, d'fhéadfadh tionchar a bheith ann ar an bpraghas tairisceana luaite.

3 Áirítear leis iarmhéid de €3m ús infhaighte (2021: €0.8m).

8.2 Gluaiseacht luacháil na n-infheistíochtaí faoi threoir

	2022 €m	2021 €m
Banc na hÉireann		
Luacháil tosaigh	416	494
Diúscairt scaireanna	(508)	(334)
Gnóthachan infheistíochta le linn na tréimhse	92	256
Luacháil Deiridh	-	416
Grúpa AIB cpt		
Luacháil tosaigh	4,023	3,239
Diúscairt scaireanna	(1,051)	-
Gnóthachan infheistíochta le linn na tréimhse	2,527	784
Luacháil Deiridh	5,499	4,023

9. Suimeanna Infhaighte Trádála agus Suimeanna Infhaighte Eile

9.1 Punann Lánroghnach

	2022 €m	2021 €m
Ús infhaighte	13	8
Dibhínn infhaighte	5	-
Athéilimh chánach in-aisghabhála	2	1
Suimeanna unfhaltha ar urrús díolta	50	15
	70	24

9. Suimeanna Infhaighte Trádála agus Suimeanna Infhaighte Eile (ar lean)

9.2 Punann Faoi Threoir

	2022 €m	2021 €m
Ús infhaighte	3	-
Suimeanna iníoctha i leith urrús a díoladh	-	4
	3	4

10. Dlíteanais Eile

	2022 €m	2021 €m
Suimeanna iníoctha i leith urrús a ceannaíodh	39	2
Speansais fhabhráithe eile	10	9
	49	11

I measc na speansas fhabhráithe eile tá táillí bainisteora infheistíochta €3.4m (2021: €3.3m) agus muirir €3.14m ó GBCN (2021: €2.9m).

11. Aistrithe

11.1 Aistrithe chuig an Státhchiste agus an Aire

	2022 €m	2021 €m
Aistrithe chuig an Státhchiste ó Phunann Faoi Threoir	1,456	249

In 2022, aistríodh €1,456m ó phunann dhirthe an Chiste chuig an Státhchiste de réir mar a d'ordaigh an tAire Airgeadais.

11.2 Aistrithe idir Punann Lánroghnach agus Faoi Threoir

	2022 €m	2021 €m
Glanaistriúcháin chuig an bPunann faoi Threoir ó Phunann Lánroghnach	(201)	(95)

Aistríodh cistí €201m (2021: €95m) ón bPunann Lánroghnach chuig an bPunann Treoraithe chun soláthar iasachtaí do Mhaoiniú Teaghais-Tógála Éireann ("MTTÉ") a mhaoiniú

12. Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Thirim

	2022 €m	2021 €m
Punann lánroghnach		
Airgead Tirim	982	1,675
Cóibhéisí Airgid	274	553
Billí Státhchiste	12	5
	1,268	2,233
Punann faoi threoir		
Airgead Tirim	452	180

Folaíonn coibhéisí airgid nótaí Státhchiste agus cistí gearrthéarmacha a aibíonn laistigh de 90 lá.

Nótaí Leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

13. Gealltanais

13.1 Airgeadra eachtrach agus gealltanais todhchaíochtaí

Ba iad seo a leanas an phríomhshuim bharúlach agus an gnóthachan/(caillteanas)neamhréadaithe ar chonarthaí díorthacha airgeadra a rinne an Ghníomhaireacht agus na bainisteoirí infheistíochta thar ceann an Chiste (gan Infheistíochtaí faoi Threoir san áireamh):

	31 Nollaig 2022 Méid Príomhshuim €m	31 Nollaig 2022 Neamhréadaithe gnóthachan €m	31 Nollaig 2021 Méid Príomhshuim €m	31 Nollaig 2021 Neamhréadaithe gnóthachan/ (caillteanas) €m
GBCN				
Conarthaí i malairt eachtrach	2,616	118	2,676	(35)
Bainisteoirí Infheistíochta				
Conarthaí i malairt eachtrach	2,535	4	1,419	(3)
Todhchaíochtaí airgeadais	162	7	672	15
		129		(23)

Conarthaí i Malairt Eachtrach

Is é beartas an Chiste (gan Infheistíochtaí faoi Threoir san áireamh) a riosca airgeadra eachtraigh a fhálú trí úsáid a bhaint as réamhchonarthaí i malairt eachtrach agus malairtí trasairgeadra. I gcomhréir lena bheartais chuntasaíochta, tugtar cuntas ar dhíorthaigh chun neamhchosaintí a fhálú ar luach cóir agus aithnítear láithreach na gnóthachain agus na caillteanas go léir sa ráiteas ioncaim. Ní éilítear ar bhainisteoirí infheistíochta an Chiste neamhchosaint ar airgeadra a fhálú. Is iad na Bainisteoirí Infheistíochta a dhéanann formhór na n-infheistíochtaí nach bhfuil sa euro a fhálú. Tá cead acu spotchonarthaí agus conarthaí i malairt eachtrach a dhéanamh ar mhaithe le hidirbheartaí urrús a ghlanadh agus a gcuid punanna a bhainistiú arna chomhaontú leis an gCiste. Is ionann an luach barúlach agus iomlán na gconarthaí i malairt eachtrach a bhí amuigh ag deireadh na tréimhse. Féach nóta 15.2 ii).

Todhchaíochtaí

Tá cead ag bainisteoirí infheistíochta an Chiste todhchaíochtaí a fhorghníomhú arna chomhaontú leis an gCiste.

13.2 Gealltanais infheistíochta neamhghlaoite

Rinne an Ciste (gan Infheistíochtaí faoi Threoir san áireamh) ceangaltas leith maoiniú infheistíochtaí. Is iondúil go mbíonn na gealltanais seo iníochta ar éileamh bunaithe ar riachtanais ábhar na hinfeistíochta faoi réir théarmaí agus choinníollacha gach comhaontú. Amhail an 31 Nollaig 2022 ba é €1.9bn (2021: €1.5bn) suim iomlán na ngealltanais gan íoc.

	Achar ama an ghealltanais Blianta	2022 €m	2021 €m
Iomlán na n-infheistíochtaí neamhghlaoite	0-9	1,192	1,189
Iomlán na n-iasachtaí agus na n-infháltas	0-8	712	342
Iomlán na ngealltanais neamhghlaoite		1,904	1,531

Maoiniú Gealltanais

Féachann an Ghníomhaireacht leis an gCiste (gan Infheistíochtaí faoi Threoir san áireamh) a bhainistiú chun a chinntiú go mbeidh a dhóthain leachtachta aige, gan deiseanna tarraingteacha infheistíochta a fhágáil ar lár, chun a ngealltanais a mhaoiniú de réir mar a ghlaitear iad.

Tá an Beartas um Bainistíocht Riosca Leachtachta GBCN infheidhme maidir leis an gCiste. Leagtar amach sa Bheartas seo na híoschaighdeáin inghlactha a chaithfidh siad siúd atá freagrach as idirbheartaíochtaí cisteáin arb iad is cúis le riosca leachtachta laistigh den GBCN a chomhlíonadh. Níl an Ciste faoi réir ceanglas caipitil arna bhforchur go seachtrach amhail an 31 Nollaig 2022.

14. Páirtithe Gaolmhara

14.1 An tAire Airgeadais

Dílsítear úinéireacht an Chiste don Aire Airgeadais de bhun Alt 38(3) d'Acht GBCN 2014. Faoi Alt 46(1) agus 46(2) d'Acht GBCN 2014, féadfaidh an tAire Airgeadais íocaíochtaí a dhéanamh isteach sa Chiste ón bPríomh-Chiste le fafaomhadh rún a cheadaigh dhá Theach an Oireachtais. Sa chás go mbeartaíonn an tAire íocaíocht a dhéanamh isteach sa Chiste, ní mór do Thithe an Oireachtais rún a rith ina bhfaomhtar an íocaíocht sular féidir leis an Aire an íocaíocht a phróiseáil. Tá mionscrúdú déanta ar idirbhearta idie an Chiste agus an tAire Airgeadais i Nóta 11.

14.2 Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

Is í an Ghníomhaireacht a dhéanann rialú agus bainistiú ar an gCiste de bhun Alt 41(1) d'Acht GBCN 2014.

Is coiste reachtúil é Coiste Infheistíochta GBCN a bhfuil foráil dó san Acht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, 1990. Cuidíonn an Coiste leis an nGníomhaireacht maidir le rialáil agus bainistíocht an Chiste (gan Infheistíochtaí faoi Threoir san áireamh) trí chinntí a dhéanamh maidir le fáil agus diúscairt sócmhainní Ciste de réir forálacha Páirt 6 de Acht GBCN 2014 agus an straitéis infheistíochta a ullmhaíodh faoi sin agus taobh istigh de pharaiméadair a fhéadfaidh a bheith leagtha síos ag an nGníomhaireacht, ag cur comhairle ar an nGníomhaireacht maidir le straitéis infheistíochta an Chiste agus ag déanamh maoirseachta ar an straitéis infheistíochta. Tá údarás tarmilgthe ag an nGníomhaireacht chuig an gCoiste Infheistíochta cinntí a dhéanamh maidir le hinfeistíocht agus diúscairt shócmhainní an Chiste, faoi réir nach mbeidh aon infheistíocht aonair níos mó ná € 150m. Molann an Coiste Infheistíochta infheistíochtaí beartaithe os cionn € 150m don Ghníomhaireacht le haghaidh cinnidh i gcás ina dtacaíonn an Coiste Infheistíochta leis an infheistíocht atá beartaithe.

Iarrtar go mbeadh beirt chomhaltaí ceaptha de chuid na Ghníomhaireachta ar an gCoiste Infheistíochta agus nach mó ná cúigear nach comhaltaí den Ghníomhaireacht iad ach a bhfuil saineolas ábhartha substaintiúil agus taithí acu agus a gceapann an Ghníomhaireacht iad le toiliú an Aire Airgeadais.

Faoi Alt 48 d'Acht GBCN 2014, is ón gCiste a ghlanantar speansais na Ghníomhaireachta. Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022 €18.4m a bhí sna speansais seo (2021: €17.2m.).

Príomhphearsanra bainistíochta

Déanann an Ghníomhaireacht an Ciste (gan Infheistíochtaí faoi Threoir san áireamh) a rialú agus a bhainistiú. Déantar na príomhphearsanra bainistíochta agus a gcúiteamh a nochtadh i Ráitis Airgeadais Chuntas Riaracháin na Ghníomhaireachta.

14.3 Corparáid Baincéireachta Straitéisí na hÉireann

Tá an Ciste agus Corparáid Baincéireachta Straitéisí na hÉireann (an "CBSÉ") araon faoi rialú an Aire Airgeadais. Mar chuid de na hInfheistíochtaí Ordaithe, faoi stiúradh an Aire Airgeadais, chuir an Ciste saoráid iasachta dar luach €240m ar fáil don CBSÉ in 2015. Rinneadh €25m den tsaoráid sin a tharraingt anuas in 2016. Le linn 2017, athraíodh an iasacht € 25m ón gCiste chuig an CBSÉ go scaireanna de € 1.00 an ceann i gcaipiteal an SBCI de bhun Alt 11 (7) (a) den Acht SBCI 2014. Coinníonn an tAire Airgeadais na scaireanna a eisiúnn CBSÉ go díreach agus ní an Ciste. I mí Dheireadh Fómhair 2020, liostáil an tAire Airgeadais le haghaidh scaireanna breise i gcaipiteal an CBSÉ. Íocadh síntiús an Aire trí thiontú láithreach go cothromas, de réir Alt 11 (7) (a) den Acht CBSÉ 2014, ar iasacht €50m a thug an Ciste chun an SBCI an 15 Deireadh Fómhair 2020 ag baint úsáide as airgead tirim a coinníodh sa Phunann faoi Threoir. Coinníonn an tAire Airgeadais na scaireanna a eisiúnn CBSÉ go díreach agus ní an Ciste. Amhail an 31 Nollaig 2022, tá iarmhéid nialais ann faoi láthair ar shaoráid iasachta CBSÉ (2021: €Nialas), agus an cistiú tiomanta atá ar fáil faoin tsaoráid sin a bhfuil costas €165m air.

14.4 Maoiniú Teaghais-Tógála Éireann

Tá an Ciste agus Maoiniú Teaghais - Tógála Éireann ("HBFI") faoi rialú an Aire Airgeadais. Mar chuid de na hInfheistíochtaí Treoraithe, faoi stiúir an Aire Airgeadais, chuir an Ciste saoráid iasachta € 730m ar fáil do HBFI in 2019. Amhail an 31 Nollaig 2022 ba é €330m an t-iarmhéid a bhí gan íoc (2021: €125m). Feidhmíonn an iasacht mar shaoráid iasachta imrothlach le dáta aibíochta an 16 Bealtaine 2029.

14.5 Eintitis eile arna rialú ag an Rialtas

Tá Grúpa AIB cpt ina pháirtí gaolmhar de chuid an Chiste agus faoi rialú an Aire Airgeadais. Déantar infheistíocht treoraithe an Chiste i mBainc-Aontas Éireann cpt a nochtadh i Nóta 8.

Nótaí Leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

15. Bainistíocht Riosca Airgeadais – Punann Lánroghnach

Tá an Ghníomhaireacht freagrach as bainistíocht riosca na Punainne Lánroghnaí. Maidir leis an bpunann faoi Threoir, tá sé de chúram ar an nGníomhaireacht treoracha an Aire Airgeadais a fheidhmiú agus urrúis ábhartha a luacháil i gcomhair ráitis airgeadais an Chiste. Is é euro bunairgeadra an Chiste. Is in euro a thugtar na torthaí tomhaiste agus na rioscaí punainne monatóirithe.

I ngnáthchúrsa a chuid gníomhaíochtaí, déanann an Ciste bainistiú gníomhach ar raon éagsúil rioscaí, lena n-áirítear riosca infheistíochta, riosca margaidh, riosca creidmheasa, riosca leachtachta agus riosca oibriúcháin.

Leagann an Beartas agus Creat um Bainistíocht Riosca na Ghníomhaireachta síos caighdeán agus sainmhínte íosta, éigeantacha bainistíocht riosca a bhaineann le gach cuid den Ghníomhaireacht agus ar fud gach catagóir riosca. Ansin, cuirtear na caighdeáin seo i bhfeidhm trí na mionpholasaithe agus mionghnáthaimh a rialaíonn bainistíocht catagóirí aonair agus/nó próisis bainistíochta riosca.

Tá Creatlach Bainistithe Riosca na Ghníomhaireachta faoi réir mhúnla na dtrí-líne-cosanta, agus tá a struchtúr eagraíochtúil agus a struchtúr coiste riosca aillínithe d'fhonn úinéireacht agus cuntasacht shoiléir a bhunú ó thaobh bainistiú riosca de.

Ag an gcéad líne chosanta, is iad Aonaid Ghnó agus Feidhmeanna Corparáideacha na Ghníomhaireachta go príomha atá freagrach as rioscaí a bhainistiú ar bhonn laethúil, ag cur san áireamh lamháltas agus fonn riosca na Ghníomhaireachta, agus i gcomhréir lena cuid beartas, nósanna imeachta, rialuithe agus srianta.

Tá an dara líne, lena gcuimsítear Riosca na Ghníomhaireachta, Comhlíonadh agus feidhmeanna rialaithe eile de chuid na Ghníomhaireachta, neamhspleách ar oibriúcháin agus ar an mbainistíocht líne thosaigh, agus is é an ról atá aici aon chinntí a mbíonn tionchar acu ar neamhchosaint na heagraíochta ar riosca a cheistiú agus tuairisciú cuimsitheach sothuigthe ar cheisteanna bhainistíocht rioscaí agus comhlíonta a sholáthar.

Soláthraíonn an Fheidhm Iniúchta Inmheánaigh, ar chuimsíonn an tríú líne chosanta, deimhniú neamhspleách, riosca-bhunaithe do phríomhpháirtithe leasmhara maidir le stóinseacht comhlíonadh na Ghníomhaireachta, an chóras bainistíochta riosca maidir le dearadh agus éifeachtacht oibriochtúil thimpeallacht an rialaithe inmheánaigh faoi chlár pleanáilte oibre ceadaithe ag an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca.

Tacaíonn roinnt coistí Ghníomhaireachta agus bainistiú, a áiríonn an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca agus fochoistí Riosca, leis an nGníomhaireacht i gcomhlíonadh a cuid feidhmeanna maidir le bainistíocht riosca.

Coistí Ghníomhaireachta:

Coiste Infheistíochta GBCN

Ar Coiste Infheistíochta GBCN tá comhaltaí neamhfheidhmiúcháin agus is iad atá freagrach as cur i bhfeidhm straitéis infheistíochta an Chiste a mhaoirsiú. Tá cur síos ar ról an Choiste i Nóta 14.2.

Coiste Iniúcháireachta agus Riosca an Ghníomhaireachta (CIR)

Cuimsíonn an ARC baill Bhord na Ghiomhaireachta agus cabhraíonn sé le Bord na Ghiomhaireachta:

- i dtaca le maoirseacht ar chaighdeán agus ar shláine na ráitis airgeadais, athbhreithniú agus monatóireacht ar éifeachtacht na gcóras rialaithe inmheánaigh an phróisis iniúchta inmheánaigh, agus déanann athbhreithniú agus breithmheas ar aon aschur ón iniúchóir reachtúil; agus
- i dtaca le maoirseacht ar an gcreat bainistíochta riosca, lena n-áirítear fonn riosca a leagan síos, monatóireacht a dhéanamh ar a mhéid a chloítear le rialachas riosca agus cinntiú go ndéantar rioscaí a aithint, a mheas, a bhainistiú agus a thuairisciú.

Chomh maith leis sin, déanann an Choiste maoirseacht agus athbhreithniú ar fheidhmíocht feidhmeanna iniúchta inmheánaigh agus bainistithe riosca, a dhéanann an Ceannaire Iniúchta Inmheánaigh, an Ceannaire Chomhlíonta agus an Ceannaire Riosca (Airgeadas, Infheistíocht agus Fiontar) araon, bainistiú orthu ar bhonn laethúil, lena éifeachtacht a mheas.

Coistí Bainistíochta:

Coiste Imreithe CISE

Déanann Coiste Imreithe an CISE maoirseacht ar rialachas an phróisis infheistíochta fhoriomlán Punainn na hÉireann agus, trí dhúshlán agus pheirspictíocht neamhspleách, soláthróidh sé dearbhú breise do Choiste Infheistíochta GBCN agus molfaidh sé cinntí infheistíochta maidir le Punann na hÉireann.

15. Bainistíocht Riosca Airgeadais – Punann Lánroghnach (ar lean)

Coistí Bainistíochta (ar lean):

Coiste Bainistíocht Punainne (CBP)

Áirítear an CBP leis an gcéad líne chosanta ar a bhfuil comhaltaí sinsearach den fhoireann infheistíochta Ciste. Is iad príomhfheidhmeanna an CBP moltaí infheistíochta a mheas agus a dhéanamh le Coiste Imreithigh an CISE agus/nó le Coiste Infheistíochta an GBCN agus maoirseacht bhainistíochta a dhéanamh ar infheistíochtaí an Chiste. Trí phróiseas infheistíocht inmheánach an Chiste, féachtar lena chinntiú go luacháiltear go hiomlán gach deis infheistíochta i dtéarmaí tráchtálachta, acmhainn tionchar eacnamaíochta agus cuibhiúlacht i gcomhthéacs foriomlán an Chiste.

An Coiste Bainistíochta Riosca Fiontair (CBRF)

Maoirsíonn an CBRF forfheidhmiú fhoann riosca foriomlán na Gníomhaireachta agus ar lucht ardbhainistíochta agus iad ag bunú córas iomchuí (lena n-áirítear beartais, nósanna imeachta agus teorainneacha riosca) lena chinntiú go ndéantar rioscaí fiontair a shainiú, a thomhas, a mhonatóiriú, a rialú agus a thuairisciú go héifeachtach.

Coiste Riosca Creidmheasa Contrapháirtí (CRCC)

Déanann CRCC maoirseacht ar CBRF agus cuireann sé comhairle air maidir le neamhchosaint i leith riosca creidmheasa contrapháirtí reatha. Cruthaíonn sé Beartais Bainistíochta Riosca Creidmheasa Contrapháirtí na Gníomhaireachta, cuireann sé i bhfeidhm é agus déanann sé monatóireacht ar chomhlíonadh an bheartais sin. Áirítear leis sin machnamh agus moladh, i gcás inarb iomchuí, maidir le haon athruithe beartaithe agus áiríthiú sé go nglactar gach beart iomchuí i leith an bheartais ábhartha nó aon sárúithe ar an mbeartais sin. Déanann sé neamhchosaint ar riosca creidmheasa contrapháirtí ábhartha a thuairisciú chuig CBRF, mar aon leis na sonraí ina leith.

Coiste Riosca Margaidh agus Leachtachta (CRML)

Déanann CRML maoirseacht ar CBRF agus cuireann sé comhairle air maidir le neamhchosaint i leith rioscaí margaidh agus leachtachta. Cruthaíonn sé Beartais Bainistíochta Rioscaí Margaidh agus Leachtachta na Gníomhaireachta, cuireann sé i bhfeidhm é agus déanann sé monatóireacht ar chomhlíonadh an bheartais sin. Áirítear leis sin machnamh agus moladh, i gcás inarb iomchuí, maidir le haon athruithe beartaithe agus áiríthiú sé go nglactar gach beart iomchuí i leith an bheartais ábhartha nó aon sárúithe ar an mbeartais sin. Déanann sé tograí agus measúnuithe riosca maidir le táirgí agus próisis nua státchiste, nó athruithe ábhartha ar tháirgí agus ar phróisis atá ann cheana féin, a aithbhreithniú. Déanann sé neamhchosaint ar rioscaí margaidh agus leachtachta ábhartha a thuairisciú chuig CBRF, mar aon leis na sonraí ina leith.

Coiste Riosca Oibríochtúil agus Rialaithe (CROR)

Is coiste bainistíochta é an CROR a dhéanann aithbhreithniú ar an gcreatlach riosca oibríochtúil agus ar na beartais riosca oibríochtúil bhainteacha agus molann don CBRF iad lena bhfaomhadh. Faireann, aithbhreithníonn agus ceistíonn an CROR rioscaí oibríochtúla GBCN agus tugann tuairisc ar bhainistiú rioscaí oibríochtúla don CBRF.

Coiste Ainmniúcháin

Ceadaíonn agus maoirsíonn an coiste ainmniúcháin Stiúrthóirí agus breathnóirí chuig boird comhlachtaí inar fhesitigh CISE.

15.1 Riosca infheistíochta

Riosca infheistíochta is ea an riosca go n-imíonn feidhmiú infheistíochta ó na straitéisí ábhartha. Tá acmhainn oscailte ag an nGníomhaireacht i leith riosca infheistíochta mar a bhfuil sí toilteanach gach rogha fhéideartha seachadta a bhreithniú agus an rogha is dóichí go n-éireoidh léi a phiocadh agus, lena chois sin, leibhéal inghlactha luacha atá coigeartaithe de réir riosca a chur ar fáil.

D'fhéadfadh brabús níos lú ná mar is féidir nó caillteanais iarbhir chaipitil ar bhunchaiteachas a bheith mar thoradh ar aon diall ó mhandáidí ábhartha infheistíochta. Is den rithábacht, mar sin de, go gcomhtháthaítear go hiomlán bainistíocht leanúnach riosca infheistíochta i ngníomhaíochtaí agus i gcuspóirí an Chiste. Cé go bhféadann riosca infheistíochta teacht aníos mar gheall ar phróisis measúnú inmheánach nó monatóireachta nach bhfuil stóinsithe go leor, féadann réimse foinsí seachtracha bheith taobh thiar de fosta amhail forbairtí diúltacha maicreacnamaíochta nó margaidh, athruithe gan choinne sa reachtaíocht, tearcfheidhmiú infheistíochtaí aonair nó calaois. Tugann Polasaí Riosca Infheistíochta GBCN faoi na ceisteanna seo ar fad agus glacadh leis i dtaca leis an Chiste.

Áirítear le Riosca Infheistíochta na fo-chatagóirí seo a leanas:

- Riosca próiseas infheistíochta: Riosca brabús níos lú ná mar is féidir a thabhuí nó caillteanais chaipitil mar gheall ar phróisis measúnaithe nó faofa moltaí infheistíochta nó monatóireachta ina dhiaidh sin nach bhfuil stóinsithe go leor;
- Riosca tionchair eacnamaíochta: Riosca nach mbainfear amach cuspóir tionchar eacnamaíochta na aon straitéisí infheistíochta ábhartha;

Nótaí Leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

15. Bainistíocht Riosca Airgeadais – Punann Lánroghnach (ar lean)

15.1 Riosca infheistíochta (ar lean)

- Riosca caillteanas buan caipitil: Riosca go gcailleadh an CISE aon tionchar ar infheistíochta áirithe nó go bhfuil margaí neamhleachtach ag am fágáil, a bhfuil caillteanas iomlán caipitil a bhaineann leis an ngealltanas sin mar thoradh; agus
- Riosca comhchruinniú punainne: Riosca de comhchruinniú punainneag éirí as ghabháil do straitéis infheistíochta áirithe. D'fhéadfaidh punann thar comhchruinniú cúpla ghné a ghlacadh – lena n-áirítear earnáil eacnamaíochta/tionscail, tíreolaíochta, contrapháirtí etc.

15.2 Riosca margaidh

Is ionann riosca margaidh agus an riosca de chaillteanas nó de chostais mhéadaithe de thoradh ar athruithe ar luach sócmhainní agus dliteanas (lena n-áirítear sócmhainní agus dliteanas atá lasmuigh den chlár comhardaithe) de bharr luaineachtaí i bhfachtóirí riosca amhail rátaí úis, rátaí malairte eachtraí nó praghsanna margaidh eile. I measc fhochatagóirí an riosca mhargaidh tá riosca ráta úis, riosca malairte eachtraí agus riosca praghais mhargaidh.

Tá glactha ag an gCiste le Straitéis Punainne Domhanda, atá ceaptha le leachtacht leordhóthanach a sholáthar chun ligean don Chiste aistriú go punann atá dírithe ar Éirinn, ar aon dul le sainordú an CISE.

Tá Beartas Bainistíochta Riosca Mhargaidh na Gníomhaireachta infheidhme i leith na Straitéise Cur i nGníomh um an bPunann Dhomhanda. Leagtar amach sa Bheartas sin na híoschaighdeáin atá inghlactha nach mór cloí leo dóibh siúd atá freagrach as idirbhearta cisteáin lena gcruthaítear riosca margaidh laistigh den Straitéis Cur i nGníomh um an bPunann Dhomhanda.

Úsáideann an Ciste díorthaigh chun a neamhchosaint ar airgeadra eachtrach, ráta úis agus rioscaí praghais eile a bhainistiú. Áirítear leis an hionstraim a úsáidtear malairtí ráta úis, réamhchonarthaí, todhchaíochtaí agus roghanna. Ní fheidhmíonn an Ciste cuntasáíocht fhálaithe.

i) Riosca ráta úis

Is é is riosca ráta úis ann an riosca go mbeadh tionchar diúltach ag gluaiseachtaí rátaí úis ar luach bunionsraim airgeadais nó tionchar ar shreafaí airgid an Chiste.

Neamhchosaint ar ráta úis

Leagtar amach sa tábla seo a leanas luach na n-urrús lena bhfabhraítear ús seasta sa phunann lánroghnach agus a bhí neamhchosanta ar riosca athruithe sa luach cóir amhail an 31 Nollaig 2021:

Urrús lena bhfabhraítear ús seasta	2022 €m	2021 €m
A thiocfaidh in aibíocht laistigh de bhliain amháin	197	14
A thiocfaidh in aibíocht idir dhá bhliain agus cúig bliana	597	734
A thiocfaidh in aibíocht tar éis cúig bliana	445	268
Iomlán na n-infheistíochtaí lena bhfabhraítear ús seasta	1,239	1,016

Léirítear sa tábla seo sciar na n-urrús airgeadais atá neamhchosanta ar riosca athruithe sa luach cóir de thoradh athruithe i rátaí úis. Chun críocha notha, tá sócmhainní lena bhfabhraítear ús seasta ar áireamh sa neamhchosaint ar riosca praghais agus sa neamhchosaint ar riosca ráta úis araon. Ní léirítear sa tábla seo neamhchosaint fhéideartha ar bith ar athruithe i rátaí úis a bhaineann le hinfeistíochtaí a shealbhaítear i gcistí infheistíochta.

Mar aon leis na hurrús lena bhfabhraítear ús sa tábla thuas, tá airgead infheistíochta i seilbh an Chiste freisin, lena n-áirítear airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim dar suim €0.3bn (2021: €0.6bn) (Nóta 12) agus cistí leachtacha dar suim €0.3bn (2021: €0.6bn). Sócmhainní lena bhfabhraítear ús atá sna sócmhainní sin. Luaineoidh sreafaí airgid na sócmhainní sin sa todhchaí de réir athruithe i rátaí úis an mhargaidh.

Anailís iogaireachta

Léirítear san anailís iogaireachta thíos mar a rachfaí i bhfeidhm ar ghlansócmhainní trí athruithe san athróg bhainteach riosca a d'fhéadfadh, ar bhonn réasúnach, titim amach ar an dáta tuairiscithe. Tá cinneadh déanta ag an lucht bainistíochta go bhféadfadh, ar bhonn réasúnach, luainiú 50 bonnphointe i rátaí úis titim amach, nuair a chuirtear san áireamh an timpeallacht eacnamaíochta ina bhfeidhmíonn an Ciste.

15. Bainistíocht Riosca Airgeadais – Punann Lánroghnach (ar lean)

15.2 Riosca margaidh (ar lean)

Léirítear sa tábla thíos an tionchar ag méadú 50 bonnphointe i rátaí úis ar urrúis an Chiste a bhfuil ús seasta ag dul leo amhail 31 Nollaig. Bheadh tionchar comhionann ach malartach ar na méideanna atá ar taispeáint ag laghdú rátaí úis den mhéid céanna. Go príomha, is de thoradh laghdú i luach cóir urrúis ráta seasta atá an tionchar. Glactar leis san anailís seo gur ann do chuar líneach ráta úis agus go mbíonn gach athróg eile tairiseach.

Tionchar ar Ghlansócmhainní punainne lánroghnaí	2022	2021
Laghdú €m	(6)	(5)
Laghdú %	(0.07%)	(0.05%)

ii) Riosca malairte eachtraí

Is é is riosca malairte eachtraí ann an riosca go rachadh gluaiseachtaí i rátaí malairte i bhfeidhm ar bhunluach sócmhainní, dliteanas agus ionstraimí díorthacha a ainmnítear in airgeadra eile seachas an euro. Athróidh luach reatha sreafaí airgid de réir mar a athróidh rátaí malairte agus féadann sé seo dul i bhfeidhm ar shreafaí airgid amach anseo fosta.

Tá ceangaltais amuigh ag an gCiste de USD \$328 (USD \$250m) agus GBP £16m (£17m) amhail an 31 Nollaig 2022.

Bainistíocht riosca malairte eachtraí

Féachann an Ciste a riosca airgeadra eachtraigh a bhainistiú trí úsáid a bhaint as réamhchonarthaí i malairt eachtrach agus malairtí trasairgeadra. Mar gheall ar ghluaiseachtaí sa ráta malairte, déanann an brabús/caillteanas ar na réamhchonarthaí i malairt eachtrach fritháireamh ar an athrú i luach infheistíochtaí an Chiste nach bhfuil ainmnithe in euro.

Neamhchosaint ar riosca malairte eachtraí

Leagtar amach sa tábla seo a leanas na luachanna sócmhainní sa Phunann Lánroghnach a bhí neamhchosanta ar riosca airgeadra roimh an bhfálú airgeadra agus ina dhiaidh. Maidir le sealúchais i gcistí infheistíochta, tugann sé mionsonraí ar bhonnairgeadra an chiste iomchuí. Nuair is cuí, bainistíonn an Ghníomhaireacht an neamhchosaint a chruthaíonn bun-infheistíochtaí ciste le cois a bhunairgeadra.

	Airgeadra áitiúil 2022 m	Bonn Airgeadra 2022 €m	Neamhchosaint Ghlan 2022 €m
Dollar SAM	3,659	3,427	32
Dollar na hAstráile	46	29	24
Dollar Cheanada	25	18	4
Coróin na Sualainne	69	6	0
Peso Meicsiceach	62	3	0
Baht na Téalainne	0	0	0
Zloty na Pholainne	0	0	0
Won na Cóiré Theas	0	0	0
Dollar Shingepór	3	2	(1)
Yen na Seapáine	6,509	47	(2)
Dollar na Nua-Shéalainne	2	2	(2)
Seiceal na hIosrael	12	3	(4)
Coróin na hIorua	30	3	(5)
Coróin na Danmhairge	26	3	(9)
Dollar Hong Cong	28	3	(11)
Franc na hEilvéise	11	12	(19)
Punt Shasana	347	391	(91)

Nótaí Leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

15. Bainistíocht Riosca Airgeadais – Punann Lánroghnach (ar lean)

15.2 Riosca margaidh (ar lean)

ii) Riosca malairte eachtraí (ar lean)

	Airgeadra áitiúil 2021 m	Bonn Airgeadra 2021 €m	Neamhchosaint Ghlan 2021 €m
Dollar SAM	4,381	3,889	148
Dollar Shingepór	213	254	10
Won na Cóiré Theas	8	5	1
Dollar na Nua-Shéalainne	2	1	1
Seiceal na hIosrael	1	1	-
Coróin na hIorua	3	-	-
Dollar Hong Cong	3	1	(2)
Dollar na hAstráile	45	4	(2)
Coróin na Sualainne	1	-	(6)
Yen na Seapáine	11	8	(10)
Coróin na Danmhairge	10	9	(14)
Dollar Cheanada	34	4	(20)
Franc na hEilvéise	10	1	(21)
Punt Shasana	2,396	19	(26)

iii) Riosca malairte eachtraí

Anailís íogaireachta

Leagtar amach sa tábla thíos an tionchar ar ghlansócmhainní ag lagú, atá féideartha ar bhonn réasúnach, an euro in aghaidh dhollar SAM faoi 5% amhail 31 Nollaig.

Tionchar ar Ghlansócmhainní punainne lánroghnaí	2022	2021
Laghdú €m	(2)	(7)
Laghdú %	(0.02%)	(0.08%)

Bheadh tionchar combhionann ach malartach ag neartú an euro in aghaidh dhollar SAM ar na méideanna atá ar taispeáint thuas.

iv) Riosca Praghas Margaidh

Is é is riosca praghas margaidh ann an riosca mar gheall ar athrú i luach sócmhainní de thoradh athruithe i bpraghsanna urrús nach mbaineann le hathruithe i rátaí úis ná rátaí malairte, amhail gnáthscaireanna agus tráchtearraí.

15. Bainistíocht Riosca Airgeadais – Punann Lánroghnach (ar lean)

15.2 Riosca margaidh (ar lean)

iv) Riosca Praghas Margaidh (ar lean)

Neamhchosaint ar riosca praghas margaidh

Is ionann an luach sócmhainní sa phunann lánroghnach a bhí neamhchosanta ar riosca praghas margaidh ag an 31 Nollaig agus luach na n-infheistíochtaí mar atá leagtha síos sa tábla seo a leanas:

Neamhchosaint ar riosca praghas margaidh	2022 €m	2021 €m
Cistí Infheistíochtaí luaite	1,337	1,604
Gnáthscaireanna luaite	744	799
Ionstraimí fiachais luaite	699	291
Gnáthscair phríobháideach dhíreach	410	396
Cistí Infheistíochta neamhluaite	1,004	1,180
Ionstraimí fiachais neamhluaite	110	46
Scaireanna tosaíochta in-chomhshóite	25	23
Infheistíochtaí cistí réadmhaoine	189	146
Infheistíochtaí cistí gnáthscair phríobháideach	1,658	1,787
Tráchtearra Luaite	239	-
Infheistíochtaí ciste bonneagar	353	318
Infheistíochtaí ciste foraoiseachta	93	78
Infheistíochtaí ciste fuinnimh	45	35
Sócmhainní ionstraim dhíorthach	130	18
Sócmhainní iomlána airgeadais FVTPL	7,036	6,721
Billí státhchiste	12	5
Dlíteanais ionstraim dhíorthach	(1)	(38)
Nochta go hiomlán ar riosca praghas margaidh	7,047	6,688
Neamhchosanta ar riosca praghas margaidh		
Taiscí agus airgead	1,256	2,228
Iasachtaí agus infháltais	483	684
Infháltais Trádála agus infháltais eile	70	24
Iarmhéid dlite ó/(go) bróicéirí	(75)	34
Dlíteanais Eile	(49)	(11)
Neamhchosanta go hiomlán ar riosca praghas margaidh	1,685	2,959
Iomlán sócmhainní agus dlíteanais Airgeadais na Punainne Lánroghnaí	8,732	9,647

Bainistíocht riosca praghas margaidh

Déanann an Ghníomhaireacht faireachán ar an riosca praghas margaidh, rud ar gné dhilis é den phunann infheistíochta, trí rochtain iomlán thráthúil a chinntiú ar fhaisnéis ábhartha ó bhainisteoirí Infheistíochta an Chiste. Buailéann an Ghníomhaireacht go rialta leis na bainisteoirí Infheistíochta agus déanann sí aithbhreithniú ar fheidhmíocht infheistíochta ag gach cruinniú. Tá anailís gheografach ar phunann lánroghnach an Chiste atá neamhchosanta ar riosca praghas margaidh á léiriú thíos. Léirítear infheistíochtaí Ciste bunaithe ar a dtír ionchorpraithe iomchuí.

Nótaí Leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

15. Bainistíocht Riosca Airgeadais – Punann Lánroghnach (ar lean)

15.2 Riosca margaidh (ar lean)

iv) Riosca Praghas Margaidh (ar lean)

Anailís de réir rangú geografach	2022 €m	2021 €m
An Eoraip	2,798	2,514
Meiriceá Thuaidh	1,561	1,562
Éire	1,861	1,690
Margaí atá ag teacht chun cinn	800	884
An Áise-an tAigéan Ciúin	27	38
Iomlán	7,047	6,688

Ní áirítear san anailís seo iasachtaí agus infháltais, taiscí agus airgead tirim.

Anailís de réir cineál infheistíocht

Leagtar amach sa tábla seo a leanas comhchruinniú shócmhainní agus dhliteanais infheistíocht lánroghnach an Chiste atá neamhchosanta ar riosca praghas margaidh de réir cineál ionstraim ar an dáta tuairiscithe.

Infheistíochtaí ciste cothromais agus bainistithe	2022 €m	2021 €m
Infheistíochtaí cothromais trádáilte ar an malartán	744	799
Tráchtearra luaite	239	-
Infheistíochtaí cothromais neamhliostaithe	2,338	2,364
Gnáthscair Phríobháideach Dhíreach	410	396
Cistí Infheistíochta Neamhluaite	1,004	1,180
Cistí infheistíochta luaite ceannoscailte	902	1,009
Iomlán infheistíochtaí ciste cothromais agus bainistithe	5,637	5,748
Urrúis fiachais		
Urrúis fiachais trádáilte ar an malartán	699	291
Urrúis fiachais eile	135	69
Cistí infheistíochta luaite ceannoscailte	435	595
Iomlán na n-urrús fiachais	1,269	955
Billí Státchiste	12	5
Iomlán na sócmhainní infheistíochta	6,918	6,708
Sócmhainní díorthacha		
Roghanna cothromais	-	3
Réamhchonarthaí airgeadra	7	15
Todhchaíochtaí airgeadra eachtraigh	123	-
Iomlán sócmhainní díorthacha	130	18
Dlíteanais díorthacha		
Todhchaíochtaí airgeadra eachtraigh	-	(38)
Roghanna cothromais	(1)	-
Babhtáil innéacs gnáthscaireanna	-	-
Iomlán dlíteanais díorthacha	(1)	(38)
Iomlán	7,047	6,688

15. Bainistíocht Riosca Airgeadais – Punann Lánroghnach (ar lean)

15.2 Riosca margaidh (ar lean)

iv) Riosca Praghas Margaidh (ar lean)

Anailís íogaireachta

Leagtar amach sa tábla thíos an tionchar ar ghlan sócmhainní na punainne lánroghnaí ag lagú, atá féideartha ar bhonn réasúnach, praghsanna margaidh faoi 5% amhail 31 Nollaig. Is ar bhonn infheistíocht aonair a dhéantar na meastacháin. Glacann an anailís seo leis go bhfanfaidh na hathrógacha eile, go háirithe rátaí úis, tairiseach.

Tionchar ar Ghlan sócmhainní punainne lánroghnaí	2022	2021
Laghdú €m	(352)	(334)
Laghdú %	(4.0%)	(3.5%)

Bheadh éifeacht comthrom ach malartach ag neartu de 5% sna praghsanna margaidh ar na suimeanna a thaispeantar thuas.

15.3 Riosca creidmheasa

Tagann riosca creidmheasa aníos as an riosca nach n-éireoidh le hiasachtóir ná le contrapháirtí oibleagáid a chomhlíonadh agus is caillteanas príomhshuime nó leas airgeadais is toradh dó.

Is as infheistíochtaí in urrúis fiachais a thagann an príomhriosca creidmheasa ar a bhfuil an Ciste neamhchosanta. Chomh maith leis sin, bíonn an Ciste faoi réir riosca creidmheasa contrapháirtí ar airgead agus coibhéisí airgid, iarmhéideanna dlite ó bhróicéirí, trádáil táirgí díorthacha, trádáil agus infháltais eile agus iasachtaí agus infháltais.

Tá Beartas Bainistíochta Riosca Creidmheasa Contrapháirtí na Gníomhaireachta infheidhme i leith na Straitéise Cur i nGníomh um an bPunann Dhomhanda. Leagtar amach sa Bheartas sin na hioschaighdeáin atá inghlactha nach mór cloí leo dóibh siúd atá freagrach as idirbhearta cisteáin lena gcruthaítear riosca creidmheasa laistigh den Straitéis Cur i nGníomh um an bPunann Dhomhanda.

Bainistíocht riosca creidmheasa

Is é an cuspóir atá le riosca creidmheasa a bhainistiú íoslaghdú a dhéanamh ar an tionchar atá ag mainneachtain chreidmheasa ar shócmhainní airgeadais an Chiste. Féachann an Ciste le maolú a dhéanamh ar a neamhchosaint ar riosca creidmheasa contrapháirtí trí mhonatóireacht a dhéanamh ar mhéid a neamhchosanta creidmheasa ar chontrapháirtithe agus ar an acmhainneacht creidmheasa atá ag contrapháirtithe. Roghnaítear contrapháirtithe bunaithe ar a bhfeiliúnacht fhoriomlán, a neart airgeadais, ar a dtimpeallacht rialála agus ar chúinsí ar leith.

D'fhoill smacht a chur ar neamhchosaint an Chiste i gcás mainneachtana, déantar infheistíochtaí ar fud réimse earnálacha tionscail agus eisitheoirí ar mhaithe le comhchruinnithe riosca creidmheasa a laghdú.

Déanann Caomhnóir Domhanda an Chiste urrúis an Chiste a shealbhú i gcuntais leithscartha, nuair is féidir é, ar mhaithe le híoslaghdú a dhéanamh ar an mbaol go laghdóidh luach na n-urrús atá á sealbhú ag an gCaomhnóir Domhanda. I gcás chliseadh Chaomhnóir Domhanda an Chiste, d'fhéadfadh sé go mbeadh lagú sealadach ar chumas an Chiste na hurrúis a aistriú. Is comhalta de mhórmhalartán urrús é Caomhnóir Domhanda an Chiste. Bhí rátaíl chreidmheasa fhadtéarmach Aa2 aige le Moodys an 31 Nollaig 2022 (2021: Aa1). Déanann an Gníomhaireacht monatóireacht ar na rátálacha creidmheasa agus ar leorgacht chaipitil a chaomhnóra ar bhonn rialta.

Ar an 31 Nollaig 2022, bhí €982m (2021: €1,673m) á shealbhú le Banc Ceannais na hÉireann agus €274m leis an gCaomhnóir Domhanda (2021: €549m).

Is ionann an neamhchosaint dhíreach ar riosca creidmheasa sa phunann lánroghnach ag an 31 Nollaig 2022 agus luach anonn na n-urrús airgeadais mar atá leagtha amach thíos.

	Tagairt	2022 €m	2021 €m
Airgead agus coibhéisí airgid (Nóta 12)	(i)	1,268	2,233
Urrúis fiachais	(ii)	834	360
Iasachtaí agus infháltais	(iii)	483	684
Suimeanna infhaighte trádála agus suimeanna infhaighte eile	(iv)	70	58
Sócmhainní díorthacha	(v)	130	18
Iomlán		2,785	3,353

Nótaí Leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

15. Bainistíocht Riosca Airgeadais – Punann Lánroghnach (ar lean)

15.3 Riosca creidmheasa (ar lean)

Bainistíocht riosca creidmheasa (ar lean)

i) Airgead agus coibhéisí airgid

Is le Banc Ceannais na hÉireann agus leis an gCaomhnóir Domhanda, a bhfuil rátáil AAA (2020: AAA) agus Aa1 (Ráta Éarlais LT) (2020: Aa1) acu faoi seach. Cuimsíonn coibhéisí airgid nótaí Stáitchiste, billí Stáitchiste agus cistí gearrthéarmacha an aibíonn lastigh de 90 lá.

ii) Urrúis fiachais

Ar an 31 Nollaig, bhí infheistíocht déanta ag an gCiste in urrúis fiachais arna n-eisiúint ag eintitis a raibh an rátáil* sheachtrach seo a leanas acu:

Rátáil Sheachtrach	2022 €m	2021 €m	2022 %	2021 %
Aa1 go Aa3/AAA go AA	358	3	43%	1%
A1 go A3/A+ go A-	80	2	10%	1%
Baa1 go Baa3/BBB+ go BBB-	67	23	8%	6%
Ba1 go Ba3/BB go BB-	132	203	16%	56%
B1 go B3/B+ go B-	37	58	4%	16%
Caa1 go Caa3/CCC+ go CCC-	6	3	1%	1%
Gan rátáil sheachtrach	154	68	18%	19%
	834	360	100%	100%

iii) Iasachtaí agus fáiltais

Gníomhaireacht	2022 €m	2021 €m	2022 %	2021 %
Gan rátáil sheachtrach	483	684	100%	100%

Athbhreithnítear riosca creidmheasa iasachtaí agus infháiltais mar chuid den phróiseas athbhreithniú bearnúcháin. Ní raibh aon bearnúcháin de dhíth tar éis athbhreithniú.

iv) Infháiltais trádála agus eile

Is é atá anseo go príomha ús atá dlite ar urrús ioncaim sheasta agus suimeanna infhaighte do urrúis díolta.

v) D'orthaigh

Leagtar amach sa tábla thíos anailís ar shócmhainní díorthacha nár íocadh fós amhail 31 Nollaig:

2022	Luach cóir €m	Comhlán barúlach méid €m
Trádáilte ar an malartán	7	162
OTC – déthaobhach eile	123	5,151
Iomlán	130	5,313
2021	Luach cóir €m	Comhlán barúlach méid €m
Trádáilte ar an malartán	15	694
OTC – déthaobhach eile	3	1,237
Iomlán	18	1,931

Feabhsúcháin chreidmheasa chomhthaobhacha agus eile, agus a dtionchar airgeadais

Maolaíonn an Ciste riosca creidmheasa díorthach trí mháistir-comhaontuithe glanluachála agus cúlbhannaí a shealbhú i bhfoirm airgid agus urrúis inmargaidh.

15. Bainistíocht Riosca Airgeadais – Punann Lánroghnach (ar lean)

15.3 Riosca creidmheasa (ar lean)

Bainistíocht riosca creidmheasa (ar lean)

D'orthaigh

Déantar idirbhearta díorthacha ar mhalartán (trí bhróicéir) nó trí mháistir-chomhaontuithe glanluachála de chuid an Chomhlachais Idirnáisiúnta um Bhabhtálacha agus Díorthaigh (ISDA). De réir mháistir-chomhaontuithe glanluachála ISDA i gcúinsí áirithe, m.sh. nuair a tharlaíonn eachtra creidmheasa amhail mainneachtain, déantar gach idirbheart de chuid an chomhaontaithe a scor, meastar luach an scoir agus níl dlite ná iníochta ach glanluach aonair i leith ghlanadh gach idirbheart.

Tagann ionstraimí airgeadais díorthacha lena ngintear riosca creidmheasa contrapháirtí chun cinn ó réamhchonarthaí an Chiste i malairt eachtrach agus óna chonarthaí babhtála trasairgeadra. Ní dhearnadh réamhchonarthaí an Chiste i malairt eachtrach ach amháin le contrapháirtithe ceadaithe laistigh de theorainneacha sainithe. D'fhonn maolú a dhéanamh ar na rioscaí creidmheasa a thagann as idirbhearta díorthacha, déanann an Ciste, i gcásanna áirithe, larscibhinní Tacaíochta Creidmheasa (ITCanna) lena chontrapháirtithe margaidh. I gcás ITCanna, is gá do chontrapháirtithe comhthaobhacht a thaisceadh in imthosca sonraithe.

D'fhéadfadh riosca socraíochta a bheith mar thoradh ar ghníomhaíochtaí an Chiste, is é sin an riosca nach n-íocfaidh contrapháirtí ar dháta socraíochta leis an gCiste téarmaí comhaontaithe idirbhirt. Maidir le formhór na n-idirbheart, maolaíonn an Ciste an riosca seo trí shocraíochtaí a dhéanamh trí bhróicéir lena chinntiú nach socraítear trádáil ach nuair a chomhlíonann an dá pháirtí a n-oibleagáidí socraíochta de réir conartha.

Déantar réamhchonarthaí i malairt eachtrach agus babhtálacha trasairgeadra a shocrú trí Shocraíocht Leantach Nasctha (SLN), áit a réamh-mheaitseáiltear trádálacha roimh dháta na socraíochta le laghdú a dhéanamh ar an mbaol go mainneoidh an tsocraíocht.

15.4 Riosca leachtachta

Is é atá i gceist le riosca leachtachta an fhéidearthacht, thar thréimhse shonrach ama, nach mbeidh go leor airgid ag an gCiste chun a chuid oibleagáidí a chomhlíonadh de réir mar a bhíonn siad dlite. Áirítear le fochatagóirí riosca leachtachta maoiniú riosca leachtachta, athmhaoiniú riosca, riosca comhchruinniú aibíocht agus riosca leachtachta margaidh.

Is é beartas an Chiste maidir le leachtacht a bhainistiú a chinntiú, a oiread agus is féidir, go mbeidh go leor leachtachta i gcónaí aici, faoi dhálaí normálta agus faoi bhrú araon, gan cailleanais doghlachta a thabhtú ná gan clú an Chiste a chur i mbaol.

Tá an Beartas um Bainistíocht Riosca Leachtachta infheidhme i dtaca leis an gCiste. Leagtar amach sa Bheartas seo na caighdeáin fosta inghlachta a chaithfidh siad siúd atá freagrach as idirbheartaíochtaí cisteáin arb iad is cúis le riosca leachtachta laistigh den Ghníomhaireacht a chomhlíonadh.

Meastar infheistíochtaí an Chiste in urrúis liostaithe a bheith inréadaithe toisc go trádáiltear iad ar mhórmhalartáin stoic.

Áirítear le sócmhainní airgeadais an Chiste infheistíochtaí cothromais neamhliostaithe, atá, go hiondúil, neamhleachtach.

Lena chois sin, sealbhaíonn an Ciste infheistíochtaí i gcistí infheistíocht neamhliostaithe, a d'fhéadfadh bheith faoi réir srianta fuascailte. Dá thoradh sin, d'fhéadfadh sé nach mbeadh an Ciste in ann cuid dá infheistíochtaí sna hionstraimí seo a leachtú in am i gcomhair cloí lena riachtanais leachtachta.

Amhail an 31 Nollaig 2022 is 49% (2021: 51%) den Chiste a bhí infheistithe an Chiste.

15.5 Riosca oibríochtúil

Is é is riosca oibríochtúil ann, riosca a bhaineann le cailleanas mar gheall ar phróisis, daoine agus córais inmheánacha easnamhacha nó ar theip orthu nó mar gheall ar imeachtaí seachtracha a rachadh i bhfeidhm ar chumas an Chiste a straitéis ghnó a fheidhmiú. I measc fochatagóirí an riosca oibríochta tá; daoine agus riosca iompraíochta, riosca próisis; riosca athraithe agus tionscadail; riosca teicneolaíochta faisnéise, sonraí agus cibearshlándála; riosca rialachais; riosca triú páirtí; riosca suaite gnó; riosca calaoise; agus riosca dlí agus comhlíonta.

Tá Creat Bainistíochta Riosca Oibríochtúil agus Féinmheasúnacht Riosca agus Rialála infheidhme sa Ghníomhaireacht ina hiomláine. Is é cuspóir an Chreata a chinntiú go mbainistítear riosca oibríochtúil ar dhóigh chuí, chomhtháite ar fud na heagraíochta. Leagtar amach sa Chreat an straitéis, na próisis, critéir riosca, rialuithe agus struchtúir rialachais atá ar bun chun rioscaí oibríochtúla a bhainistiú laistigh den Ghníomhaireacht.

Leagtar amach sa Chreat fosta modheolaíocht an phróisis Riosca agus Féinmheasúnachta Rialaithe ina gcuirtear síos ar an bpróiseas le haghaidh sainaitheint leorga agus thráthúil, measúnú, plé leo, monatóireacht agus tuairisciú i leith na rioscaí a thagann de bharr ghníomhaíochtaí na Gníomhaireachta.

Is foghrúpa den Choiste Riosca Oibríochtúil agus Rialaithe é Coiste Bainistíochta um Leanúnachas Gnó GBCN. Is é ról an ghrúpa seo cur chuige cuí, comhleanúnach a chinntiú i leith bainistíocht leanúnachais ghnó ar fud na Gníomhaireachta agus ról tacaíochta a thabhairt ó thaobh bunú, feidhmiú, monatóireacht agus feabhsú gníomhaíochtaí bainistíochta i leanúnachas gnó.

Nótaí Leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

15. Bainistíocht Riosca Airgeadais – Punann Lánroghnach (ar lean)

15.5 Riosca oibríochtúil (ar lean)

Déantar an measúnú ar leorgacht na rialuithe agus na bpróiseas atá ar bun ag soláthraithe seirbhíse an Chiste maidir le riosca oibríochtúil trí phlé rialta leis na soláthraithe seirbhíse bainteacha agus trí athbhreithniú ar thuairiscí ar rialuithe inmheánacha Rialuithe Eagraíochta Seirbhíse (SOC 1) na soláthraithe seirbhíse, má tá a leithéid ar fáil. Athbhreithníonn an Ghníomhaireacht na torthaí a chuirtear ar fáil i dtuairisc SOC 1 ar rialuithe inmheánacha an chaomhnóra ar bhonn ráithiúil.

15.6 Bainistíocht chaipitil

Níl an Ciste faoi réir riachtanais chaipitil arna gcur i bhfeidhm go seachtrach.

15.7 Luachanna córa na n-ionstraimí Airgeadais

i) Samhlacha luachála

Faigítear go díreach ó mhalartán ar a dtrádáiltear an hionstraimí luachanna córa sócmhainní agus dliteanais airgeadais a thrádáiltear i margaí gníomhacha a fhéadann an Ciste a rochtain ar dháta an tomhais. Maidir le gach ionstraim airgeadais eile, socraíonn an ciste luachanna córa trí úsáid teicnící eile luachála.

Maidir le hionstraimí airgeadais a thrádálann go hannamh agus ar beag a dtrédhearcacht praghais, níl an luach cóir chomh hoibiachtúil agus tá breithiúnais éagsúla de dhíth, ag brath ar leachtacht, éiginnteacht tosca margaidh, toimhdí praghsála agus rioscaí eile a théann i bhfeidhm ar an ionstraim ar leith.

Tomhaiseann an Ciste luachanna córa trí úsáid an ordlathais luacha chóir seo a leanas a léiríonn suntas na n-ionchur a úsáidtear nuair a bhíonn tomhais á ndéanamh:

- Leibhéal 1: An praghsann luaite margaidh neamhchoigeartaithe i margaí gníomhacha d'ionstraimí chomhionanna a bhfuil rochtain ag an aonán air ag dáta tomhais;
- Leibhéal 2: Ionchur seachas praghsanna luaite atá san áireamh laistigh de Leibhéal 1 atá inbhraite go díreach (is é sin, mar phraghsanna) nó go hindíreach (is é sin, díorthaithe ó phraghsanna). Áirítear leis an gcatagóir seo ionstraimí a luacháiltear trí úsáid; praghsanna luaite margaidh i margaí gníomhacha d'ionstraimí den chineál céanna; praghsanna luaite d'ionstraimí comhionanna nó den chineál céanna i margaí a meastar iad a bheith éighníomhach; nó teicnící luachála eile ina bhfuil gach ionchur suntasach inbhraite go díreach nó go hindíreach ó shonraí margaidh; agus
- Leibhéal 3: Ionchuir atá dobhraite (sé sin, iad siúd a bhfuil sonraí margaidh ar fáil dóibh). Áirítear leis an gcatagóir seo gach ionstraim ina gcuimsítear an teicníc luachála ionchuir nach bhfuil bunaithe ar shonraí. Áirítear leis an gcatagóir seo ionstraimí atá bunaithe ar luach ar phraghsanna inbhraite ar ionstraimí ach a bhfuil coigeartuithe nó toimhdí suntasacha de dhíth ina leith le difríochtaí idir na hionstraimí a léiriú.

D'fhéadfadh sé go n-áireofaí le teicnící luachála glanluach reatha agus samhlacha sreabhadh airgid thirim, comparáid le hionstraimí cosúla dá bhfuil praghsanna inbhreathnaithe margaidh agus samhlacha luachála eile. Áirítear le toimhdí agus ionchuir a úsáidtear i dteicnící luachála rátaí úis saor ó riosca agus tagarmharcála, réimsí difríochta chreidmheasa agus préimheanna eile a úsáidtear le meastacháin a dhéanamh ar rátaí lascaire, praghsanna bannaí agus cothromas, rátaí malairte airgeadra eachtraigh, innéacsanna cothromais, iolraigh agus iolraigh ioncaim agus luaineachtaí agus comhghaolta praghsanna a raibh súil leo.

Is é cuspóir teicnící luachála tomhas luacha chóir a shocrú a léiríonn an praghas a gheofaí chun an tsócmhainn a dhíol nó a ioc ar chun an dliteanas a aistriú in idirbheart ordúil idir rannpháirtithe margaidh ar dháta an tomhais.

Úsáidtear sa Chiste samhlacha tomhais a aithnítear go forleathan chun luach cóir ionstraimí coitianta simplí airgeadais nach n-úsáideann ach sonraí margaidh inbhraite a shocrú agus ar beag breith bainistíochta agus meastacháin a bhíonn de dhíth ina leith. Is iondúil go mbíonn praghsanna inbhraite agus samhlacha d'ionchuir ar fáil sna margaí airgeadais i gcomhair fiachais liostaithe agus urrúis cothromais, díorthaigh a thrádáiltear i malartán agus díorthaigh shimplí OTC. De thairbhe praghsanna inbhraite agus samhlacha d'ionchuir a bheith ar fáil, laghdaítear an gá atá le breithiúnas bainistíochta agus meastachán agus laghdaítear an éiginnteacht a bhaineann le socrú luachanna córa. Tá éagsúlacht ag baint le hinfhaighteacht praghsanna inbhraite agus ionchur ag brath ar na táirgí agus na margaí agus is minic athruithe i gceist bunaithe ar imeachtaí sainiúla agus dálaí ginearálta sna margaí airgeadais.

ii) Creat luachála

Tá creat rialú bainistíochta fadbhunaithe ag an gCiste i gcomhair tomhas luachanna córa. An Coiste Luachála ("an Coiste") a mhaoirsíonn an próiseas luachála, is coiste bainistíochta é atá freagrach as forbairt phróisis agus ghnáthaimh an Chiste, déanann siad athbhreithnithe ar bhonn tréimhsiúil ar na gnáthaimh seo agus measann siad a bhfeidhmiú comhleanúnach. Ar an gCoiste tá an Príomhoifigeach Airgeadais agus Feidhmiúcháin, Príomhoifigeach Airgeadais, Príomhoifigeach Riosca, Oifigeach Riosca Sinsearach, Stiúrthóir CISE agus pearsanra eile de chuid na bainistíochta sinsearaí. Cheap an GBCN cuideacht seachtrach le seirbhísí luacháil bainteach le infheistíochtaí Ciste áirithe a chur ar fáil.

15. Bainistíocht Riosca Airgeadais – Punann Lánroghnach (ar lean)

15.7 Luachanna córa na nIonstraimí Airgeadais (ar lean)

ii) Creat luachála (ar lean)

Déantar sainmhíniú ar na próisis agus gnáthaimh luachála ag brath ar an gcineál ionstraime. Nuair a úsáidtear eolas tríú páirtí chun luach cóir a thomhas, déantar agus doiciméadaítear athbheithnithe le tacú leis na luachálacha a thagann dá bharr. Áirítear leis sin:

- a dheimhniú go bhfaomhann an Ciste an tseirbhís bhróicéara nó phraghsála lena úsáid i bpraghsáil an chineál ionstraime airgeadais iomchuí;
- a thuiscint mar a shocraítear an luach cóir agus a mhéad a léiríonn sé idirbhearta iarbhir margaidh;
- nuair a úsáidtear ionstraimí den chineál céanna chun luach cóir a thomhas, mar a choigeartaítear na praghsanna seo chun tréithe na hionstraime a léiriú faoi réir tomhais; agus
- má fhaightear roinnt luachana ar an ionstraimí airgeadais chéanna, mar a shocraítear luach cóir trí úsáid na luachana sin.

Ina theannta sin, déantar athbheithniú seachtrach neamhspleách ar an ann do na staideanna infheistíochta atá san áireamh i bPunann Lánroghnach agus Faoi Threoir an CISE, agus a luacháil, amhail an 31 Nollaig 2021. Déantar anailís sa tábla thíos ionstraimí airgeadais a thomhaistear ag luach cóir ar an dáta tuairiscithe de réir an leibhéil san ordlathas luacha chóir. Tá na méideanna bunaithe ar na luachanna a aithnítear sa ráiteas ar staid airgeadais. Tá gach tomhas luacha chóir thíos athfhillteach.

2022	Leibhéal 1 €m	Leibhéal 2 €m	Leibhéal 3 €m	Iomlán €m
i) Cothromais agus cistí bainistithe				
Gnáthscaireanna luaite	744	-	-	744
Tráchtearraí luaite	239	-	-	239
Gnáthscair phríobháideach dhíreach	-	-	410	410
Cistí infheistíochta luaite	1,337	-	-	1,337
Cistí infheistíochta neamhluaite	-	720	284	1,004
Scaireanna thosaíochta in-chomhshóite	-	-	25	25
ii) Urrúis fiachais				
Urrúis fiachais neamhliostaithe	-	5	105	110
Urrúis fiachais liostaithe	699	-	-	699
iii) Comhpháirtíochtaí teoranta/iontaobhais				
Infheistíochtaí réadmhaoinne	-	-	189	189
Infheistíochtaí ciste gnáthscair phríobháideach	-	-	1,658	1,658
Infheistíochtaí ciste foraoiseachta	-	-	93	93
Infheistíochtaí ciste fuinnimh	-	-	45	45
Infheistíochtaí ciste bonneagar	-	-	353	353
iv) Sócmhainní airgeadais díorthach				
Conarthaí Airgeadra Eachtraigh	-	123	-	123
Todhchaíochtaí	7	-	-	7
	3,026	848	3,162	7,036
v) Dlíteanais airgeadais díorthach				
Roghanna cothromais	-	(1)	-	(1)
	3,026	847	3,162	7,035
Billí státhchiste	12	-	-	12
Iomlán	3,038	847	3,162	7,047

Nótaí Leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

15. Bainistíocht Riosca Airgeadais – Punann Lánroghnach (ar lean)

15.7 Luachanna córa na nIonstraimí Airgeadais (ar lean)

ii) Creat luachála (ar lean)

2021	Leibhéal 1 €m	Leibhéal 2 €m	Leibhéal 3 €m	Iomlán €m
i) Cothromais agus cistí bainistithe				
Gnáthscaireanna luaite	799	-	-	799
Gnáthscair phríobháideach dhíreach	-	-	396	396
Cistí infheistíochta luaite	1,604	-	-	1,604
Cistí infheistíochta neamhluaite	-	819	361	1,180
Infháiltais fhadtéarmacha	-	-	23	23
ii) Urrúis fiachais				
Urrúis fiachais neamhliostaithe	-	-	46	46
Urrúis fiachais liostaithe	291	-	-	291
iii) Comhpháirtíochtaí teoranta/iontaobhais				
Infheistíochtaí réadmhaoin	-	-	146	146
Infheistíochtaí ciste gnáthscair phríobháideach	-	-	1,787	1,787
Infheistíochtaí foraoiseachta	-	-	78	78
Infheistíochtaí fuinnimh	-	-	35	35
Infheistíochtaí bonneagar	-	-	318	318
iv) Sócmhainní airgeadais díorthach				
Conarthaí i malairt eachtrach	3	-	-	3
Roghanna cothromais	-	-	-	-
Todhchaíochtaí	15	-	-	15
	2,712	819	3,190	6,721
v) Dlíteanais airgeadais díorthach				
Conarthaí Airgeadra Eachtraigh	-	(38)	-	(38)
	2,712	781	3,190	6,683
Billí státchiste	5	-	-	5
Iomlán	2,717	781	3,190	6,688

Léirítear sa tábla a leanas réiteach cuntas ó na hiarmhéideanna tosaigh go dtí na hiarmhéideanna deiridh i leith meastacháin luacha chóir i Leibhéal 3 den ordlathas luacha chóir:

	2022 €m	2021 €m
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir	3,190	2,841
Iomlán gnóthachan nó caillteanas i mbrabús nó i gcaillteanas	(22)	518
Ceannacháin	436	475
Díolacháin	(442)	(644)
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig	3,162	3,190

16. Bainistíocht Riosca Airgeadais – Punann Faoi Threoir

16.1 Luachanna córa na nIonstraimí Airgeadais

i) Creat luachála

Is faoi threoir an Aire Airgeadais a dhéantar gach infheistíocht agus diúscairt a bhaineann leis an bPunann faoi Threoir. Maidir leis an bPunann faoi threoir, tá sé de chúram ar an nGníomhaireacht treoracha an Aire Airgeadais a chur i bhfeidhm agus urrúis ábhartha a luacháil i gcomhair ráitis airgeadais an Chiste.

Luacháladh gnáthshealúchas scaireanna an Chiste in AIB ag a phraghas bainteach luaite margaidh amhail an 31 Nollaig 2022 (2001: AIB agus Banc na hÉireann).

Déanann Caomhnóir Domhanda an Chiste infheistíochtaí an Chiste i mBanc na hÉireann agus i mBainc Aontas Éireann a shealbhú. I gcás chliseadh Chaomhnóir Domhanda an Chiste, d'fhéadfadh sé go mbeadh lagú sealadach ann ar chumas an Chiste na hurrúis a aistriú. Is comhalta de mhórmhalartán urrúis é Caomhnóir Domhanda an Chiste agus bhí rátáil chreidmheasa fhadtéarmach A1 aige le Moody's an 31 Nollaig 2022(2020: Aa2). Déantar monatóireacht ar na rátálacha agus ar leorgacht creidmheasa an Chiste ar bhonn rialta agus athbhreithniú na torthaí atá i dtuairisc SOC 1 ar rialuithe inmheánacha an Chaomhnóra Dhomhanda ar bhonn ráithiúil.

Sa tábla thíos tá anailís ar ionstraimí airgeadais ag luach cóir ar an dáta tuairiscithe de réir an leibhéil san ordlathas luacha chóir. Tá na méideanna bunaithe ar na luachanna aitheanta sa Ráiteas ar Staid Airgeadais. Tá gach tomhas luacha chóir thíos athfhillteach.

	Leibhéal 1 Iomlán	
2022	2022 €m	2021 €m
AIB	5,499	4,023
Banc na hÉireann	-	416
	5,499	4,439

Neamhchosaint ar riosca praghas margaidh

Is ionann an luach sócmhainní sa Phunann faoi Threoir a bhí neamhchosanta ar riosca praghas margaidh an 31 Nollaig 2021 agus luach na n-infheistíochtaí mar atá leagtha amach sa tábla seo a leanas:

	2022 €m	2021 €m
Neamhchosaint ar riosca praghas margaidh		
AIB	5,499	4,023
Banc na hÉireann	-	416
	5,499	4,439
Gan neamhchosaint ar riosca praghas margaidh		
Airgead Tirim	452	180
Infháltais ó infheistíochtaí díolta	-	4
Nota Státhiste na hÉireann	-	75
Iasacht MTTÉ	330	125
	782	384
Iomlán na nInfheistíochtaí faoi threoir	6,281	4,823

17. Faisnéis Chomparáideach

Athrangú faisnéis chomparáideach áirithe ar mhaithe le comhsheasmhacht le nochtaithe an bhliain reatha.

Nótaí Leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

18. Teagmhais Tar Éis an Dáta Tuairiscithe

Níor tharla aon teagmhas a éilíonn coigeartú nó nochtadh sna ráitis airgeadais tar éis dheireadh na tréimhse.

19. Formheas na Ráiteas Airgeadais

D'fhormheas an Ghníomhaireacht na ráitis airgeadais an 4 Bealtaine 2023.

Punann Infheistíochtaí Ciste Infheistíochta Stritéisí D'Éirinn

31 Nollaig 2022

Punann Éireannach — Sceideal na nGealltanais Bunaidh

Liosta na ngealltanais stairiúil, le sonraí an bhunluacha, ceart de réir na bliana gealltanais. Ní léirítear leasuithe ina dhiaidh sin ar luach ná ar stádas na ngealltanais aonair sa sceideal thíos

Gealltanais agus leanúint		Bun-Ghealltanais	Cur síos
Bliain	Ainm Dlíthiúil	€m	
Aeráid	2022 Energy Impact Fund SCSp	34	Gealltanais do chiste caipitil fiontair ag céim dhéanach atá dírithe ar an Eoraip arna bhainistiú ag Comhpháirtithe Tionchair Fuinnimh, príomhinfeisteoir domhanda i dteicneolaíochtaí dícharbónaithe.
	2022 EIP Deep Decarbonization Frontier Fund I LP	34	Gealltanais do chiste caipitil fiontair luathchéime atá dírithe ar theicneolaíochtaí agus ar shamhlacha gnó a dhíríonn ar thionchair réabhlóideacha maidir le dlús a chur le dícharbónú. Tá an ciste á bhainistiú ag Energy Impact Partners, príomhinfeisteoir domhanda i dteicneolaíochtaí dícharbónaithe.
	2022 Solas Sustainable Energy Fund ICAV	20	Gealltanais do chiste a sholáthraíonn maoiniú fiachais nuálach do thionscadail éifeachtúlachta fuinnimh cónaithe agus tráchtála.
	2021 Just Climate CAF I (A) SCSp	65	Ciste dícharbónaithe a dhíríonn ar réitigh ardtionchair a éilíonn caipiteal catalaíoch arna bhainistiú ag Just Climate, cuid den ghrúpa Generation Investment Management.
	2020 Shamrock Renewable Products Limited	11	Maoiniú do mhonaróir táirgí breosla téimh inbhuanaithe.
	2020 Urban Volt Ireland Limited	5	Príomhsholáthraí réitigh Soilsithe-mar-Sheirbhís agus réitigh éifeachtúlachta fuinnimh.
	2019 Gore Street Energy Storage Fund Plc.	34	Ag maoiniú tógáil amach infreastruchtúr stóráil fuinnimh le tacú le fás in-athnuaite in Éirinn.
	2018 Capital Stage Ireland Limited Partnership	35	Speisialtóir i bhfeirmeacha gréine fótaíoltach ar scála mór a fhorbairt.
	2018 Temporis Aurora LP	50	Ciste dírithe ar thógáil amach an ghúin nua fuinneamh in-athnuaite in Éirinn.
	2017 Greencoat Renewables PLC	76	Infheisteoir tábhachtach i dtairiscint phoiblí tosaigh d'infheisteoir i bhfuinneamh inathnuaite atá ag féahaint le margadh fuinnimh ghaoithe na hÉireann a chaipitliú.
